CINNEADH (AE) 2025/440 ÓN gCOIMISIÚN

an 8 Iúil 2024

maidir le bearta SA.32014, SA.32015, SA.32016 (2011/C) (ex 2011/NN) arna gcur chun feidhme ag an Iodáil agus ag Réigiún Campania le haghaidh Caremar agus a fhaighteora SNAV/Rifim

(tugadh fógra faoi leis an doiciméad C(2024) 4656)

(Is é an leagan Béarla amháin atá barántúil)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe an chéad fhomhír d'Airteagal 108(2) de,

Ag féachaint don Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, agus go háirithe Airteagal 62(1), pointe (a), de,

Tar éis a iarraidh ar pháirtithe leasmhara a mbarúlacha a chur isteach de bhun na bhforálacha a luaitear thuas ([1]) agus ag féachaint dá gcuid barúlacha,

De bharr an mhéid seo a leanas:

1. NÓS IMEACHTA

(1) An 5 Deireadh Fómhair 2011, tar éis roinnt gearán ([2]) agus malartuithe le húdaráis na hIodáile ([3]), chuir an Coimisiún tús leis an nós imeachta imscrúdaithe foirmiúil i leith bearta éagsúla arna nglacadh ag an Iodáil i bhfabhar cuideachtaí iar-Ghrúpa Tirrenia ('Cinneadh Tosaigh 2011') ([4]). Le cinneadh an 7 Samhain 2012, arna leasú an 19 Nollaig 2012 ('Cinneadh 2012 maidir le Síneadh') ([5]), leathnaigh an Coimisiún an t-imscrúdú foirmiúil chun bearta tacaíochta poiblí breise áirithe a glacadh i bhfabhar na gcuideachtaí sin a chumhdach.

([1]) IO C 28 1.2.2012, lch. 18 agus IO C 84 22.3.2013, lch. 58.

([2]) An 23 Márta 2009, an 9 Nollaig 2009, an 21 Nollaig 2009, an 6 Eanáir 2010, an 27 Meán Fómhair 2010 agus an 12 Deireadh Fómhair 2010, fuair an Coimisiún sé ghearán maidir le bearta tacaíochta éagsúla a ghlac Stát na hIodáile i bhfabhar na gcuideachtaí in iar-Ghrúpa Tirrenia, ina raibh na cuideachtaí loingseoireachta Tirrenia di Navigazione S.p.A. ('Tirrenia'), Adriatica S.p.A. ('Adriatica'), Caremar – Campania Regionale Marittima S.p.A. ('Caremar'), Saremar – Sardegna Regionale Marittima S.p.A. ('Saremar'), Siremar – Sicilia Regionale Marittima S.p.A. ('Siremar'), agus Toremar – Toscana Regionale Marittima S.p.A. ('Toremar').

([3]) Maidir le Caremar, an 29 Iúil 2010, thug údaráis na hIodáile fógra don Choimisiún faoin gcúiteamh seirbhíse poiblí a d'íoc Stát na hIodáile le Caremar in 2009 agus 2010. Cláraíodh an fógra agus na malartuithe ina dhiaidh sin le húdaráis na hIodáile, lenar leathnaíodh, i measc nithe eile, an fógra maidir leis an gcúiteamh a íocadh go dtí deireadh 2011, faoi chás-uimhir N 338/2010. Mar sin féin, cláraíodh an beart ina dhiaidh sin mar chabhair nár tugadh fógra ina leith faoi chás-uimhreacha SA 32014, SA 32015 agus SA 32016 ó cuireadh an tacaíocht Stáit i bhfeidhm sula bhféadfadh an Coimisiún seasamh a ghlacadh maidir lena chomhoiriúnacht leis an margadh inmheánach. An 28 Meán Fómhair 2011, chuir an Iodáil an Coimisiún ar an eolas go raibh sé ar intinn aici cuideachtaí réigiúnacha iar-Ghrúpa Tirrenia, Caremar san áireamh, a phríobháidiú.

([4]) Foilsíodh Cinneadh Tosaigh 2011 in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* (IO C 28, 1.2.2012, lch. 18). D'iarr an Coimisiún ar pháirtithe leasmhara a mbarúlacha a thabhairt faoi na bearta faoi imscrúdú.

([5]) Foilsíodh Cinneadh 2012 maidir le Síneadh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* (IO C 84, 22.3.2013, lch. 58). D'iarr an Coimisiún ar pháirtithe leasmhara a mbarúlacha a thabhairt faoi na bearta faoi imscrúdú.

(2) Chuir an Coimisiún clabhsúr cheana féin ar an nós imeachta imscrúdaithe foirmiúil thuasluaite i ndáil le Tirrenia, Saremar, Siremar, Toremar agus Laziomar trí bhíthin cinntí ar leithligh arna nglacadh le haghaidh gach ceann de na cuideachtaí sin de chuid Ghrúpa Tirrenia ([6]).

(3) Maidir le Caremar, bhain Cinneadh Tosaigh 2011 leis na bearta seo a leanas:

— na cúitimh arna ndeonú chun roinnt bealaí muirí a oibriú idir an 1 Eanáir 2009 agus an 31 Nollaig 2011;

— an tosaíocht feistithe a leagtar síos le Dlí Foraithne Uimh. 135 an 25 Meán Fómhair 2009 ('Dlí Foraithne 135/2009') arna thiontú i nDlí Uimh. 166 an 20 Samhain 2009 ('Dlí 166/2009');

— na bearta a leagtar síos le Dlí Foraithne Uimh. 125 an 5 Lúnasa 2010 ('Dlí Foraithne 125/2010') arna dtiontú i nDlí Uimh. 163 an 1 Deireadh Fómhair 2010 ('Dlí 163/2010'); agus

— próisis phríobháidithe Caremar.

(4) Chuir an Iodáil barúlacha isteach maidir leis na bearta a chumhdaítear le Cinneadh Tosaigh 2011 an 15 Samhain 2011, an 30 Samhain 2011 agus an 16 Márta 2012. Le litir dar dáta an 19 Iúil 2012, chuir údaráis na hIodáile eolas breise ar fáil maidir le príobháidiú Caremar. Níor cuireadh an fhaisnéis sin, ina raibh tuairisc mhionsonraithe ar na coinníollacha arna bhforchur ag Caremar ar thairgeoirí ionchasacha, ar fáil don Choimisiún tráth a glacadh Cinneadh Tosaigh 2011. Sholáthair údaráis na hIodáile tuilleadh faisnéise an 4 Deireadh Fómhair 2012, tar éis iarraidh ar fhaisnéis a sheol an Coimisiún an 18 Iúil 2012.

(5) Chuir Caremar barúlacha isteach maidir le Cinneadh Tosaigh 2011 an 19 agus an 21 Márta 2012, barúlacha a cuireadh ar aghaidh chuig an Iodáil an 26 Márta 2012. An 26 Aibreán 2012, dheimhnigh an Iodáil gur roinn sí barúlacha Caremar.

(6) Fuair an Coimisiún barúlacha freisin ó roinnt cuideachtaí chomh maith le gearáin faoin gcúiteamh a deonaíodh do Caremar as seirbhísí a sholáthar i Murascaill Napoli. Chaith an Coimisiún leis na gearáin sin mar bharúlacha ó pháirtithe leasmhara i gcomhthéacs an nós imeachta imscrúdaithe fhoirmiúil ós rud é gur bhain siad leis an ábhar céanna a chumhdaítear le Cinneadh Tosaigh 2011.

(7) An 28 Feabhra 2012, chuir an chuideachta Alilauro S.p.A. ('Alilauro') gearán isteach inar líomhnaíodh Státchabhair neamhdhleathach do Caremar mar thoradh ar fhadú an Choinbhinsiúin Tosaigh. An 7 Márta 2012, chuir Alilauro a bharúlacha isteach maidir le Cinneadh Tosaigh 2011.

([6]) Le Cinneadh (AE) 2018/261 ón gCoimisiún an 22 Eanáir 2014 maidir le bearta SA.32014 (2011/C), SA.32015 (2011/C), SA.32016 (2011/C) arna gcur chun feidhme ag Réigiún na Sairdíne i bhfabhar Saremar (IO L 49, 22.2.2018, lch. 22), chuir an Coimisiún clabhsúr leis an nós imeachta imscrúdaithe foirmiúil a mhéid a bhaineann le roinnt beart arna nglacadh ag Réigiún na Sairdíne i bhfabhar Saremar. Le Cinneadh (AE) 2022/756 ón gCoimisiún an 30 Meán Fómhair 2021 maidir le bearta SA.32014, SA.32015, SA.32016 (2011/C) (ex 2011/NN) arna gcur chun feidhme ag an Iodáil agus ag Réigiún na Sairdíne i bhfabhar Saremar (IO L 138, 17.5.2022, lch. 19), chuir an Coimisiún clabhsúr leis an nós imeachta imscrúdaithe foirmiúil a mhéid a bhaineann leis na bearta a bhí fágtha a deonaíodh do Saremar. Le Cinneadh (AE) 2020/1412 ón gCoimisiún an 2 Márta 2020 maidir le bearta SA.32014, SA.32015, SA.32016 (11/C) (ex 11/NN) arna gcur chun feidhme ag an Iodáil le haghaidh Tirrenia di Navigazione agus le haghaidh a fhaighteora Compagnia Italiana di Navigazione (IO L 332, 12.10.2020, lch. 45), chuir an Coimisiún clabhsúr leis an nós imeachta imscrúdaithe foirmiúil a mhéid a bhaineann leis na bearta a deonaíodh do Tirrenia agus dá fhaighteoir Compagnia Italiana di Navigazione le haghaidh na tréimhse 2009-2020. Le Cinneadh (AE) 2022/348 ón gCoimisiún an 17 Meitheamh 2021 maidir le bearta SA.32014, SA.32015, SA.32016 (2011/C) (ex 2011/NN) arna gcur chun feidhme ag an Iodáil agus ag Réigiún na Tuscáine le haghaidh Toremar agus a fhaighteoir Moby (IO L 64, 2.3.2022, lch. 6), chuir an Coimisiún clabhsúr leis an nós imeachta imscrúdaithe foirmiúil a mhéid a bhaineann leis na bearta a deonaíodh do Toremar agus dá fhaighteoir Moby S.p.A. le haghaidh na tréimhse 2009-2023. Le Cinneadh (AE) 2022/448 ón gCoimisiún an 17 Meitheamh 2021 maidir le bearta SA.32014, SA.32015, SA.32016 (2011/C) (ex 2011/NN) arna gcur chun feidhme ag an Iodáil le haghaidh Siremar agus a fhaighteora Società Navigazione Siciliana (IO L 97, 24.3.2022, lch. 1), chuir an Coimisiún clabhsúr leis an nós imeachta imscrúdaithe foirmiúil a mhéid a bhaineann leis na bearta a deonaíodh do Siremar agus dá fhaighteoir Società Navigazione Siciliana le haghaidh na tréimhse 2009-2028. Le Cinneadh (AE) 2022/1328 ón gCoimisiún an 30 Meán Fómhair 2021 maidir le bearta SA.32014, SA.32015, SA.32016 (11/C) (ex 11/NN) arna gcur chun feidhme ag an Iodáil agus ag Réigiún Lazio le haghaidh Laziomar (IO L 200, 29.7.2022, lch. 154), chuir an Coimisiún clabhsúr leis an nós imeachta imscrúdaithe foirmiúil a mhéid a bhaineann leis na bearta a deonaíodh do Laziomar agus dá fhaighteoir Compagnia Laziale di Navigazione S.r.l. le haghaidh na tréimhse 2011-2024.

(8) An 29 Feabhra 2012, fuair an Coimisiún barúlacha ó na cuideachtaí Medmar Navi S.p.A. ('Medmar') agus Navigazione Libera del Golfo S.r.l. ('NLG'), an 1 Márta 2012 ón gcuideachta SNAV S.p.A. ('SNAV') agus ón gcomhlachas Associazione Cabotaggio Armatori Partenopei ('ACAP'), an 5 Márta 2012 ón gcuideachta Grandi Navi Veloci ('GNV'). An 16 Márta 2012, chuir an Coimisiún na barúlacha a thug NLG, SNAV, ACAP agus GNV ar aghaidh chuig an Iodáil, barúlacha nár thug an Iodáil freagra orthu, d'ainneoin meabhrúchán a seoladh chuig údaráis na hIodáile an 1 Deireadh Fómhair 2012. An 19 Márta 2012, chuir an Coimisiún barúlacha Medmar ar aghaidh chuig an Iodáil, agus thug an Iodáil freagra orthu sin an 24 Aibreán 2012.

(9) An 7 Samhain 2012, trí bhíthin Chinneadh 2012 maidir le Síneadh, leathnaigh an Coimisiún an nós imeachta imscrúdaithe i leith an chúitimh seirbhíse poiblí a íocadh le cuideachtaí uile iar-Ghrúpa Tirrenia go dtí go raibh an próiseas príobháidithe curtha i gcrích. Maidir le Caremar, bhain an síneadh leis na bearta seo a leanas:

— an cúiteamh a deonaíodh do Caremar ón 1 Eanáir 2012 faoi na coinníollacha céanna agus a deonaíodh in 2011;

— an cúiteamh a bhí le n-íoc as oibriú na seirbhíse poiblí faoin gconradh seirbhíse poiblí nua; agus

— na coinníollacha arna bhforchur ag údaráis na hIodáile ar thairgeoirí féideartha sa nós imeachta maidir le Caremar a dhíol.

— Chuir an Iodáil a barúlacha isteach maidir le Cinneadh 2012 maidir le Síneadh i litreacha an 7 Nollaig 2012 agus an 13 Nollaig 2012.

(10) Fuair an Coimisiún barúlacha freisin ó GNV an 3 Nollaig 2012, ó Medmar an 29 Feabhra 2013 agus an 5 Márta 2013, ó NLG an 5 Márta 2013, agus ó Alilauro an 13 Márta 2013.

(11) Chuir údaráis na hIodáile eolas breise isteach an 26 Feabhra 2013, an 12 Márta 2013 agus an 12 Aibreán 2013 maidir le cúiteamh agus príobháidiú Caremar.

(12) An 20 Meitheamh 2014, tharchuir údaráis na hIodáile chuig an gCoimisiún cóip de chinneadh an 28 Bealtaine 2014 ó Chúirt Réigiúnach Riaracháin Campania lenar cuireadh ar neamhní an nós imeachta tairisceana maidir le príobháidiú Caremar. Chuir údaráis na hIodáile in iúl don Choimisiún go raibh achomharc i gcoinne an chinnidh sin ó Chúirt Réigiúnach Riaracháin Campania ar feitheamh os comhair Chomhairle Stáit na hIodáile. An 10 Feabhra 2015, chuir Comhairle Stáit na hIodáile cinneadh an 28 Bealtaine 2014 ó Chúirt Réigiúnach Riaracháin Campania ar neamhní agus dheimhnigh sí dámhachtain chríochnaitheach ghnó Caremar do SNAV/Rifim S.r.l. ('SNAV/Rifim').

(13) An 15 Iúil 2015, chuir Marworld Ship Management and Service S.p.A. ('Marworld') gearán faoi bhráid an Choimisiúin maidir le nós imeachta príobháidithe Caremar ([7]). Ós rud é gur bhain an gearán le hábhar a chumhdaítear le Cinneadh Tosaigh 2011 agus le Cinneadh 2012 maidir le Síneadh, chaith an Coimisiún leis mar bharúlacha ó pháirtithe leasmhara i gcomhthéacs an phróisis imscrúdaithe fhoirmiúil.

([7]) Chláraigh an Coimisiún an gearán faoi chás SA.42685.

(14) Idir 2014 agus 2019, dhírigh an Coimisiún ar an nós imeachta imscrúdaithe foirmiúil maidir le cuideachtaí eile Ghrúpa Tirrenia, agus tosaíocht á tabhairt do na cuideachtaí Saremar ([8]) agus Tirrenia ([9]), mar a d'iarr údaráis na hIodáile. Mar thoradh ar an imscrúdú, glacadh na cinntí críochnaitheacha sa tréimhse 2014–2022 maidir leis na cuideachtaí Saremar, Tirrenia, Siremar, Toremar agus Laziomar (féach aithris 2). An tráth céanna, an 2 Márta 2020, chríochnaigh an Coimisiún an t-imscrúdú ar chuideachtaí Ghrúpa Tirrenia, seachas Tirrenia, Caremar san áireamh, le haghaidh na tréimhse 1992-2008 ([10]).

(15) An 25 Eanáir 2018, an 14 Márta 2019, an 10 Lúnasa 2021, agus an 8 Nollaig 2022, d'iarr an Coimisiún eolas breise ar údaráis na hIodáile maidir le Caremar. Sholáthair údaráis na hIodáile an fhaisnéis sin an 9 Bealtaine 2018, an 31 Bealtaine 2019, an 14 Meitheamh 2019, an 1 Deireadh Fómhair 2021, an 27 Nollaig 2022 agus an 3 Feabhra 2023. Thairis sin, rinneadh roinnt malartuithe neamhfhoirmiúla trí ríomhphost le húdaráis na hIodáile le linn na tréimhse ó mhí Dheireadh Fómhair 2022 go mí na Bealtaine 2023.

(16) An 29 Bealtaine 2024, chomhaontaigh an Iodáil go heisceachtúil a cearta a dhíorthaíonn ó Airteagal 342 CFAE a tharscaoileadh, i gcomhar le hAirteagal 3 de Rialachán 1/1958 ([11]) agus chomhaontaigh sí go nglacfaí an Cinneadh seo agus go dtabharfaí fógra faoi i mBéarla.

(17) Leis an gCinneadh seo, cuirtear clabhsúr leis an nós imeachta imscrúdaithe foirmiúil ar cuireadh tús leis le Cinneadh Tosaigh 2011 agus ar cuireadh síneadh leis le Cinneadh maidir le Síneadh 2012 in ndáil leis an gcuid a bhaineann leis na bearta a deonaíodh do Caremar agus dá fhaighteoir, is é sin, comhlachas sealadach na ngnóthas SNAV/Rifim.

2. **CÚLRA**

(18) Tá Caremar ag soláthar seirbhísí muiriompair den chuid is mó idir mórthír na hIodáile (Napoli, Sorrento agus Pozzuoli) agus oileáin Mhurascaill Napoli (Capri, Ischia, Procida), agus, go dtí an 1 Meitheamh 2011, idir mórthír na hIodáile (Formia agus Anzio) agus oileáin Ponza agus Ventotene in oileánra Pontino freisin.

(19) Is é Caremar a d'oibrigh na seirbhísí sin faoi chonarthaí seirbhíse poiblí lena ngabhann oibleagáidí seirbhíse poiblí ('OSP'). Cumhdaítear leis an gCinneadh seo na seirbhísí muiriompair arna soláthar ag Caremar ar bhonn an mhéid seo a leanas: (i) an conradh seirbhíse poiblí a bhí le dul in éag ag deireadh 2008 ('an Coinbhinsiún Tosaigh') arna fhadú chun an tréimhse ón 1 Eanáir 2009 go dtí an 31 Iúil 2012 a chumhdach; agus (ii) an conradh seirbhíse poiblí nua lena gcumhdaítear an tréimhse ón 16 Iúil 2015 go dtí an 15 Iúil 2024.

([8]) I litir dar dáta an 14 Bealtaine 2013, d'iarr Réigiún na Sairdíne ar an gCoimisiún na bearta a bhain le Saremar a scaradh ón nós imeachta imscrúdaithe foirmiúil a osclaíodh le Cinneadh Tosaigh 2011 agus a leathnaíodh le Cinneadh 2012 maidir le síneadh agus tosaíocht a thabhairt do na bearta sin, go háirithe i bhfianaise phríobháidiú na cuideachta a bhí ar tí tarlú.

([9]) I nóta dar dáta an 2 Lúnasa 2017, d'iarr údaráis na hIodáile ar an gCoimisiún tosaíocht a thabhairt do chríochnú an imscrúdaithe maidir le Tirrenia agus a fhaighteoir CIN i bhfianaise clásail áirithe sa chonradh díolacháin a tugadh i gcrích le CIN. Ina theannta sin, as na conarthaí seirbhíse poiblí nua uile a tugadh i gcrích le faighteoirí chuideachtaí iar-Ghrúpa Tirrenia, ba é an conradh le CIN an chéad chonradh a chuaigh in éag.

([10]) Cinneadh (AE) 2020/1411 ón gCoimisiún an 2 Márta 2020 maidir leis an Státchabhair Uimh. C 64/99 (ex NN 68/99) arna cur chun feidhme ag an Iodáil le haghaidh na gcuideachtaí loingseoireachta Adriatica, Caremar, Siremar, Saremar agus Toremar (Grúpa Tirrenia) (IO L 332, 12.10.2020, lch. 1).

([11]) Rialachán Uimh. 1 lena gcinntear na teangacha a úsáidfidh Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa (IO 17, 6.10.1958, lch. 385).

(20) Ón 1 Lúnasa 2012 go dtí an 15 Iúil 2015, sholáthair Caremar seirbhísí muiriompair ar bhonn conradh seirbhíse poiblí a síníodh idir Réigiún Campania agus Caremar an 19 Nollaig 2012 (an 'conradh naisc') ([12]). Rinneadh foráil sa chonradh sin maidir le leanúint de na seirbhísí a sholáthair Caremar le linn fhadú an Choinbhinsiúin Tosaigh i Murascaill Napoli ón 1 Lúnasa 2012 (i.e., an dáta a scoir fadú an Choinbhinsiúin Tosaigh a leagtar síos le Dlí 163/2010 d'fheidhm a bheith aige). Bhí an conradh naisc le dul in éag ar dtús an 31 Nollaig 2012 ach cuireadh síneadh leis ar dtús go dtí an 31 Nollaig 2013 agus ina dhiaidh sin le Cinntí Feidhmiúcháin éagsúla de chuid Réigiún Campania ([13]) go dtí an 15 Iúil 2015, is é sin, an dáta a tugadh próiseas príobháidithe Caremar i gcrích agus dáta theacht i bhfeidhm an chonartha seirbhíse poiblí nua le faighteoir Caremar. Ní thagann an conradh naisc faoi raon feidhme an imscrúdaithe fhoirmiúil a cumhdaíodh le Cinneadh Tosaigh 2011 agus le Cinneadh 2012 maidir le Síneadh ([14]), agus dá bhrí sin ní dhéanann an Coimisiún measúnú air sa Chinneadh seo.

(21) Tá gníomhaíochtaí Caremar teoranta do sholáthar seirbhísí poiblí muirí a chuireann údaráis na hIodáile ar a iontaoibh, is iad sin na seirbhísí a chumhdaítear leis an gCoinbhinsiún Tosaigh fadaithe ar dtús, leis an gconradh naisc agus ina dhiaidh sin leis an gconradh seirbhíse poiblí nua.

(22) Bhí Grúpa Tirrenia faoi úinéireacht na hIodáile tríd an gcuideachta Fintecna ([15]) agus áiríodh ann ar dtús sé chuideachta, mar atá Tirrenia, Adriatica S.p.A. ('Adriatica'), Caremar, Saremar, Siremar agus Toremar. Sholáthair na cuideachtaí sin seirbhísí muiriompair faoi chonarthaí seirbhíse poiblí ar leithligh a tugadh i gcrích leis an Iodáil in 1991, agus a bhí i bhfeidhm ar feadh fiche bliain idir Eanáir 1989 agus Nollaig 2008. Bhí 100 % de scairchaipiteal Tirrenia ag Fintecna, ar leis ina dhiaidh sin na cuideachtaí réigiúnacha Adriatica, Caremar, Siremar, Saremar agus Toremar ina n-iomláine. Rinneadh Adriatica, a bhíodh ag oibriú roinnt bealaí idir an Iodáil agus an Albáin, an Chróit, an Ghréig agus Montainéagró, a chumasc le Tirrenia in 2004.

(23) Ba é cuspóir na gconarthaí seirbhíse poiblí sin rialtacht agus iontaofacht na seirbhísí muiriompair a ráthú le haghaidh na mbealaí a cumhdaíodh. Chuige sin, dheonaigh an Iodáil cúiteamh poiblí do chuideachtaí Ghrúpa Tirrenia as na seirbhísí a soláthraíodh faoi na conarthaí seirbhíse poiblí sin.

(24) Foráladh le hAirteagal 1 den Choinbhinsiún Tosaigh gur ghá na calafoirt a bhí le seirbheáil, an cineál soithí a bhí le húsáid agus minicíocht riachtanach na seirbhíse a cuireadh ar iontaoibh Caremar a mhionsonrú trí bhíthin pleananna cúig bliana. Is é an plean cúig bliana deireanach a formheasadh go foirmiúil le haghaidh Caremar an plean a bhaineann leis an tréimhse 2000-2004, ach tarraingíodh suas plean le haghaidh na tréimhse 2005-2008 ach níor fhormheas na haireachtaí inniúla go foirmiúil riamh é. Mhínigh údaráis na hIodáile nárbh fhéidir pleanáil níos fadtéarmaí a dhéanamh a thuilleadh mar gheall ar easpa bhuiséadú na gcistí ba ghá agus go ndearna an rialtas cinntí *ad hoc* ina ionad sin.

([12]) Le Cinneadh Uimh. 502 an 21 Meán Fómhair 2012, d'údaraigh Réigiún Campania conradh naisc le Caremar a thabhairt i gcrích, agus d'fhormheas sé an conradh naisc le Foraithne Feidhmiúcháin Réigiúnach Uimh. 314 an 19 Nollaig 2012 .

([13]) Cuireadh síneadh leis an gconradh naisc roinnt uaireanta go dtí gur tugadh próiseas príobháidithe Caremar chun críche (is é sin, le Cinneadh Feidhmiúcháin Réigiúnach Uimh. 191 an 18 Meitheamh 2013, go dtí an 31 Nollaig 2013; le Cinneadh Feidhmiúcháin Réigiúnach Uimh. 632 an 27 Nollaig 2013, go dtí an 28 Feabhra 2014; le Cinneadh Feidhmiúcháin Réigiúnach Uimh. 60 an 28 Feabhra 2014 go dtí an 30 Aibreán 2014; le Cinneadh Feidhmiúcháin Réigiúnach Uimh. 123 an 29 Aibreán 2014 go dtí an 30 Meitheamh 2014; le Cinneadh Feidhmiúcháin Réigiúnach Uimh. 243 an 27 Meitheamh 2014 go dtí an 31 Nollaig 2014; le Cinneadh Feidhmiúcháin Réigiúnach Uimh. 697 an 23 Nollaig 2014 go dtí an 31 Márta 2015 agus le Cinneadh Feidhmiúcháin Réigiúnach Uimh. 161 an 28 Márta 2015 go dtí an 31 Iúil 2015 ar a dhéanaí). Le Dlí Uimh. 228 an 24 Nollaig 2012, d'údaraigh an Iodáil na hacmhainní is gá a íoc le Réigiún Campania chun leanúnachas críche na seirbhísí muirí sa limistéar réigiúnach a ráthú go dtí go gcuirfí próiseas príobháidithe Caremar i gcrích.

([14]) Féach aithrisí 54 agus 55 de Chinneadh 2012 maidir le Síneadh.

([15]) Tá Fintecna (Finanziaria per i Settori Industriale e dei Servizi S.p.A.) faoi úinéireacht iomlán Aireacht Geilleagair agus Airgeadais na hIodáile agus tá saineolas speisialta aige maidir le bainistíocht ar phróisis scairsheilbhe agus phríobháidithe, chomh maith le bheith ag láimhseáil tionscadal chun cuideachtaí a bhfuil deacrachtaí tionsclaíocha, airgeadais nó eagraíochtúla acu a chuíchóiriú agus a athstruchtúrú.

(25) Rinne an Coimisiún measúnú cheana ar an gCoinbhinsiún Tosaigh idir an Iodáil agus Caremar ina Chinneadh (AE) 2020/1411 ([16]) lenar críochnaíodh an t-imscrúdú Státchabhrach ar chuideachtaí Ghrúpa Tirrenia seachas Tirrenia, le haghaidh na tréimhse 1992-2008 ([17]). Sa chinneadh sin, chinn an Coimisiún gur chabhair a bhí ann cheana an chabhair a deonaíodh do Caremar chun seirbhísí iompair cabatáiste muirí a sholáthar.

(26) Tá na seirbhísí iompair cabatáiste muirí a chuirtear ar fáil deartha go bunúsach chun riachtanais soghluaisteachta na bpobal áitiúil a chomhlíonadh agus bhí siad inchomparáide le gréasán iompair fo-uirbeach ó thaobh minicíochta agus amchláir de, go háirithe maidir le Murascaill Napoli.

3. BEARTA ATÁ FAOI RÉIR AN IMSCRÚDAITHE FHOIRMIÚIL

(27) Baineann an t-imscrúdú foirmiúil a chumhdaítear le Cinneadh Tosaigh 2011 agus le Cinneadh 2012 maidir le Síneadh i leith Caremar leis na bearta seo a leanas:

(a) an cúiteamh a deonaíodh do Caremar as seirbhísí muiriompair a sholáthar faoin gCoinbhinsiún Tosaigh fadaithe (i.e., ón 1 Eanáir 2009 go dtí an 31 Iúil 2012);

(b) an tosaíocht feistithe a leagtar síos le Dlí 166/2009;

(c) na bearta a leagtar síos le Dlí 163/2010;

(d) príobháidiú Caremar, agus na coinníollacha arna bhforchur ag údaráis na hIodáile ar thairgeoirí féideartha san áireamh sa nós imeachta maidir le Caremar a dhíol;

(e) an cúiteamh a deonaíodh chun seirbhísí muiriompair a sholáthar faoin gconradh seirbhíse poiblí nua.

3.1. Seirbhísí muiriompair Caremar a eagrú ón 1 Eanáir 2009 go dtí an 31 Iúil 2012

3.1.1. *An OSP*

(28) Le hAirteagal 26 de Dhlí Foraithne Uimh. 207 an 30 Nollaig 2008 ('Dlí Foraithne 207/2008'), a tiontaíodh i nDlí Uimh. 14 an 27 Feabhra 2009 ('Dlí 14/2009'), leagadh síos fadú aon bhliana amháin ar an gCoinbhinsiún Tosaigh (chomh maith leis na conarthaí seirbhíse poiblí a cuireadh ar iontaoibh chuideachtaí eile Ghrúpa Tirrenia) a bhí le dul in éag an 31 Nollaig 2008 ar dtús, go dtí an 31 Nollaig 2009.

([16]) Cinneadh (AE) 2020/1411 ón gCoimisiún an 2 Márta 2020 maidir leis an Státchabhair Uimh. C 64/99 (ex NN 68/99) arna cur chun feidhme ag an Iodáil le haghaidh na gcuideachtaí loingseoireachta Adriatica, Caremar, Siremar, Saremar agus Toremar (Grúpa Tirrenia) (IO L 332, 12.10.2020, lch. 1).

([17]) An 6 Lúnasa 1999, thionscain an Coimisiún an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 108(2) CFAE i leith an chúitimh a íocadh leis na sé chuideachta de chuid Ghrúpa Tirrenia, lena n-áirítear Caremar. Le linn chéim an imscrúdaithe, d'iarr údaráis na hIodáile go ndéanfaí cás Ghrúpa Tirrenia a dheighilt ionas go bhféadfaí tosaíocht a thabhairt do theacht ar chinneadh críochnaitheach maidir le Tirrenia. Rinneadh an iarraidh sin de bharr an phlean a bhí ag údaráis na hIodáile an Grúpa a phríobháidiú, ag tosú le Tirrenia, agus mar gheall ar an rún a bhí acu luas a chur faoin bpróiseas i ndáil leis an gcuideachta sin. Chinn an Coimisiún go bhféadfadh sé aontú don iarraidh ó údaráis na hIodáile, agus le Cinneadh 2001/851/CE ón gCoimisiún an 21 Meitheamh 2001 maidir leis an Státchabhair a dhámh an Iodáil ar an gcuideachta loingseoireachta Tirrenia di Navigazione (IO L 318, 4.12.2001, lch. 9), chuir sé clabhsúr leis an nós imeachta a tionscnaíodh i leith na cabhrach a dámhadh do Tirrenia. Dearbhaíodh go raibh an chabhair comhoiriúnach faoi réir gealltanas áirithe a thug údaráis na hIodáile. Le Cinneadh 2005/163/CE ón gCoimisiún an 16 Márta 2004 maidir leis an Státchabhair a d'íoc an Iodáil le cuideachtaí loingseoireachta Adriatica, Caremar, Siremar, Saremar agus Toremar (Grúpa Tirrenia) (IO L 53, 26.2.2005, lch. 29), dhearbhaigh an Coimisiún go raibh an cúiteamh a dheonaigh an Iodáil do Caremar agus do chuideachtaí eile de chuid chuideachtaí Ghrúpa Tirrenia (cé is moite de Tirrenia a cumhdaíodh le Cinneadh 2001/851/CE ón gCoimisiún) comhoiriúnach go páirteach leis an margadh inmheánach, go raibh sé comhoiriúnach go páirteach ar choinníoll go n-urramófaí roinnt gealltanas ó údaráis na hIodáile, agus go raibh sé neamh-chomhoiriúnach go páirteach leis an margadh inmheánach. Rinne an Chúirt Ghinearálta Cinneadh 2005/163/CE a neamhniú le breithiúnas an 4 Márta 2009 (cásanna uamtha), *Tirrenia di Navigazione SpA* (T-265/04), *Caremar SpA agus Eile* (T-292/04) agus *Navigazione Libera del Golfo SpA* (T-504/04) *v Coimisiún na gComhphobal Eorpach*, ECLI:EU:T:2009:48. Chun an breithiúnas sin a chomhlíonadh, d'athoscail an Coimisiún an próiseas imscrúdaithe foirmiúil, a críochnaíodh ar deireadh le Cinneadh (AE) 2020/1411 ón gCoimisiún.

(29) Le hAirteagal 19-*ter* de Dhlí Foraithne 135/2009, arna thiontú i nDlí 166/2009, foráladh, i bhfianaise phríobháidiú chuideachtaí Ghrúpa Tirrenia, go n-aistreofaí scairsheilbh Caremar ón máthairchuideachta Tirrenia chuig Réigiún Campania, gan aon chomaoin a dhéanamh. D'aistreodh Réigiún Campania gnó Caremar a oibríonn na naisc iompair le hOileánra Pontino chuig Réigiún Lazio ina dhiaidh sin ar bhonn neamhspleách faoin ainm Laziomar ([18]).

(30) Sonraíodh le hAirteagal 19-*ter* de Dhlí Foraithne 135/2009, arna thiontú i nDlí 166/2009 freisin go gcomhaontófaí conarthaí seirbhíse poiblí nua idir Stát na hIodáile agus Tirrenia agus Siremar faoin 31 Nollaig 2009. Mar an gcéanna, dhéanfaí na seirbhísí réigiúnacha a chumhdach i ndréachtchonarthaí seirbhíse poiblí, a bheadh le comhaontú idir údaráis réigiúnacha na Sairdíne agus na Tuscáine agus Saremar agus Toremar, faoi seach, faoin 31 Nollaig 2009 agus idir Réigiún Campania agus Caremar faoin 28 Feabhra 2010. Chuirfí na dréachtchonarthaí seirbhíse poiblí nua ar tairiscint leis na cuideachtaí iad féin agus shíneofaí iad leis na ceannaitheoirí nuair a bheadh príobháidiú gach ceann de na cuideachtaí sin tugtha chun críche ([19]).

(31) Chuige sin, maidir le Caremar, le hAirteagal 19-*ter* de Dhlí Foraithne 135/2009, arna thiontú i nDlí 166/2009, cuireadh fad breise leis an gCoinbhinsiún Tosaigh ón 1 Eanáir 2010 go dtí an 30 Meán Fómhair 2010.

(32) Le hAirteagal 19-*ter* de Dhlí Foraithne 135/2009, arna thiontú i nDlí 166/2009, leagtar síos freisin uasteorainneacha socraithe bliantúla cúitimh le haghaidh oibriú na seirbhísí poiblí ón 1 Eanáir 2010 (faoi fhadú an Choinbhinsiúin Tosaigh agus faoi na conarthaí seirbhíse poiblí nua chomh maith). A mhéid a bhaineann le Caremar, socraíodh an uasteorainn sin ag EUR 29 869 832 ([20]) ar an iomlán.

(33) Le hAirteagal 1(5bis) de Dhlí Foraithne 125/2010 arna thiontú i nDlí 163/2010, leagtar síos fadú breise an Choinbhinsiúin Tosaigh ón 1 Deireadh Fómhair 2010 go dtí tabhairt i gcrích phróisis phríobháidithe Tirrenia agus Siremar, a tharla an 19 Iúil 2012 agus an 31 Iúil 2012 faoi seach. Dá bhrí sin, a mhéid a bhaineann le Caremar, bhí feidhm ag an gCoinbhinsiún Tosaigh fadaithe go dtí an 31 Iúil 2012.

(34) Ba iad seo a leanas na bealaí OSP a bhí á n-oibriú ag Caremar faoin gCoinbhinsiún Tosaigh fadaithe:


(a) sa tréimhse ón 1 Eanáir 2009 go dtí an 31 Iúil 2012, ocht mbealach i Murascaill Napoli (Capri/Sorrento, Capri/Napoli, Ischia/Procida/Napoli, Ischia/Napoli, Ischia/Procida, Ischia/Procida/Pozzuoli, Procida/Napoli, Procida/Pozzuoli) – sa tréimhse sin ní raibh ach athruithe an-bheag le OSP a forchuireadh ar Caremar i dtéarmaí minicíochtaí agus tráthchlár (mar a achoimrítear in aithris 39); agus

(b) sa tréimhse ón 1 Eanáir 2009 go dtí an 31 Bealtaine 2011 ([21]), trí bhealach in oileánra Pontino (Ponza/Formia, Ponza/Anzio, Formia/Ventotene) – sa tréimhse sin, níor athraigh an OSP, a forchuireadh ar Caremar le haghaidh na mbealaí sin.

([18]) Cuireadh an t-aistriú sin ar bhonn foirmiúil an 1 Meitheamh 2011.
([19]) Airteagal 19-*ter*, mír 10, de Dhlí 166/2009.
([20]) As a dtiocfadh EUR 19 839 226 ó Campania agus EUR 10 030 606 ó Lazio.
([21]) Ón 1 Meitheamh 2011, bhí na bealaí sin á n-oibriú ag Laziomar nuabhunaithe. Rinne an Coimisiún measúnú ar an gcúiteamh a deonaíodh do Laziomar as oibriú na mbealaí sin ón 1 Meitheamh 2011 go dtí an 14 Eanáir 2024 ina chinneadh an 30 Meán Fómhair 2021 maidir le bearta SA.32014, SA.32015, SA.32016 (11/C) (ex 11/NN) arna gcur chun feidhme ag an Iodáil agus ag Réigiún Lazio le haghaidh Laziomar (IO L 200, 29.7.2022, lch. 154), féach fonóta 6.


Fíor 1

Bealaí arna n oibriú ag Caremar i Murascaill Napoli sa tréimhse 2009 – 2012



Fíor 2

Bealaí arna n oibriú ag Caremar in oileánra Pontino sa tréimhse 2009 – 2011



(35) Bhí na hoibleagáidí a ghabhann leis na bealaí a luaitear in aithris 34 mar an gcéanna leis na hoibleagáidí a forchuireadh ar Caremar faoin gCoinbhinsiún Tosaigh agus d'fhan siad beagnach gan athrú, cé is moite de roinnt éagsúlachtaí i dtéarmaí minicíochtaí agus tráthchláir a thug Réigiún Campania isteach thar na blianta sna creataí feistithe (‘*quadri accosti*’), arna bhformheas agus arna bhfoilsiú ag Réigiún Campania, chun an tairiscint a choigeartú d'éileamh an úsáideora, mar a mhínítear thíos.

(36) An 1 Eanáir 2009, is é sin, tráth an chéad fhadaithe ar an gCoinbhinsiún Tosaigh ([22]), bhí an OSP a forchuireadh ar Caremar i dtéarmaí an chineáil soithí, minicíochtaí agus tráthchláir mar an gcéanna leis na cinn a sainíodh faoin gCoinbhinsiún Tosaigh ([23]). Go háirithe:

(a) Ar an mbealach **Capri/Sorrento**, bhí ar Caremar ocht seirbhís mheasctha laethúla a sholáthar i rith na bliana (is é sin, ag glacadh maoine paisinéirí, feithiclí agus poist) ar mhearbhád farantóireachta ('TMV' ([24])) ([25]).

(b) Ar an mbealach **Capri / Napoli**, bhí ar Caremar sé sheirbhís mheasctha laethúla a sholáthar i rith na bliana chuig/ó Napoli (Calata Massa) ([26]) le TMV (turas 50 nóiméad) / bád farantóireachta (turas 1h20) ([27]). Ina theannta sin, bhí ar Caremar ocht seirbhís mheasctha bhreise a sholáthar sa samhradh: seacht seirbhís ar TMV/bád farantóireachta thar thréimhse iomlán an tsamhraidh ([28]) agus ceann eile ar TMV sa tréimhse ón 1 Meitheamh go dtí an 30 Meán Fómhair amháin ([29]).

(c) Ar an mbealach **Ischia/Napoli**, bhí ar Caremar trí sheirbhís mheasctha laethúla a sholáthar i rith na bliana ar bhád farantóireachta chuig Napoli (Calata Massa) ([30]) agus ceithre sheirbhís laethúla do phaisinéirí ar dhuillárthach chuig/ó Napoli (Beverello) ([31]).

(d) Ar an mbealach **Ischia / Procida / Napoli**, bhí ar Caremar ceithre cinn déag de sheirbhísí measctha laethúla a chur ar fáil i rith na bliana, ar bhád farantóireachta chuig / ó Napoli (Calata Massa) ([32]) agus ocht seirbhís paisinéirí laethúla ar dhuillárthach chuig / ó Napoli (Beverello) ([33]).

(e) Ar an mbealach **Ischia/Procida/Pozzuoli**, bhí ar Caremar sé sheirbhís mheasctha laethúla a sholáthar ar bhád farantóireachta i rith na bliana ([34]).

(f) Ar an mbealach **Ischia/Procida**, níor ghá do Caremar aon seirbhís a sholáthar sa bhreis orthu siúd a soláthraíodh cheana féin ar an mbealach Ischia/Procida/Pozzuoli.

(g) Ar an mbealach **Procida/Pozzuoli**, chomh maith leis na seoltaí a bhí le soláthar ar an mbealach Ischia/Procida/Pozzuoli, bhí ar Caremar dhá sheirbhís laethúla do phaisinéirí a sholáthar i rith na bliana ar dhuillárthach ([35]).

([22]) Leagtha síos le Dlí Foraithne 207/2008 a tiontaíodh i nDlí 14/2009, féach aithris 28.

([23]) Cinneadh Feidhmiúcháin Réigiúnach Uimh. 548 an 1 Aibreán 2007.

([24]) Is é TMV acrainm 'Traghetto Motonave Veloce'.

([25]) Is é sin, ó Capri go Sorrento (turas 25 nóiméad) ar **7.00** a.m., **8.40** a.m., **13.40**, agus **18.15**; agus ó Sorrento go Capri (turas 20 nóiméad) ar **7.45** a.m., **9.25** a.m., **14.30**; agus **19.00**.

([26]) Tá roinnt céanna i gcalafort Napoli, agus is iad cé Calata Massa (le haghaidh TMVanna agus báid farantóireachta) agus cé Beverello (le haghaidh duillárthaigh) na céanna is tábhachtaí.

([27]) Is é sin, ó Napoli go Capri ar **5.40** a.m. (ar TMV), **17.00** (ar TMV), agus **18.40** (ar bhád farantóireachta); agus ó Capri go Napoli ar **14.50** (ar bhád farantóireachta), **15.40** (ar TMV), agus **19.50** (ar TMV).

([28]) Is é sin, ó Napoli go Capri ar **7.35** a.m. (ar bhád farantóireachta), **12.15** (ar TMV), **12.55** (ar bhád farantóireachta); agus ó Capri go Napoli ar **5.45** a.m. (ar bhád farantóireachta), **9.30** a.m. (ar bhád farantóireachta), **10.25** (le TMV), **20.05** (le TMV) a aistríodh go dtí 22.20 sa tréimhse idir an 1 Meitheamh go 30 Meán Fómhair).

([29]) Is é sin, ó Napoli go Capri ar **21.10**.

([30]) Is é sin, ó chalafort Ischia go Napoli (turas 1h25) ar **9.00** a.m., **13.50** agus **20.10**.

([31]) Is é sin, ó chalafort Ischia go Napoli (turas 45 nóiméad) ar **6.50** a.m. agus **8.50** a.m.; ó Napoli go calafort Ischia (turas 45 nóiméad) ar **7.50** a.m. agus **18.15**.

([32]) Is é sin, ó Napoli go Procida agus ina dhiaidh sin go Ischia (fad iomlán 1h40) ar **6.25** a.m. (ag imeacht ó Procida ar 7.30 a.m.), ar **8.55** a.m. (ag imeacht ó Procida ar 10.45 a.m.) ar **10.40** a.m. (ag imeacht ó Procida ar 11.55 a.m.), ar **14.30** ó Napoli go Procida (agus imeacht ó Procida ar 15.35), ar **15.40** (ag imeacht ó Procida ar 16.45), ar **17.30** (ag imeacht ó Procida ar 18.35), ar **19.20** (ag imeacht ó Procida ar 20.25); agus ar **21.55** (ag imeacht ó Procida ar 23.00). Ó Ischia go Procida agus ina dhiaidh sin go Napoli (fad iomlán 1h35) ar **6.45** a.m. (ag imeacht ó Procida ar 7.15), ar **12.30** (ag imeacht ó Procida ar 12.55), ar **15.20** (ag imeacht ó Procida ar 16.50), ar **17.15** (ag imeacht ó Procida ar 17.45), ar **19.30** (ag imeacht ó Procida ar 20.00).

([33]) Is é sin, ó Napoli go Procida agus ina dhiaidh sin go Ischia (turas iomlán 1h10) ar **9.55** a.m. (ag imeacht ó Procida ar 10.35 a.m.), ar **13.10** (ag imeacht ó Procida ar 13.50), ar **15.10** (ag imeacht ó Procida ar 15.50) agus ar **20.20** (ag imeacht ó Procida ar 20.55).
Ó Ischia go Procida agus ina dhiaidh sin go Napoli (turas iomlán 1h10) ar **12.00** (ag imeacht ó Procida ar 12.10), ar **14.15** (ag imeacht ó Procida ar 15.05), ar **16.15** (ag imeacht ó Procida ar 16.25), ar **19.10** (ag imeacht ó Procida ar 19.20).

([34]) Is é sin, ó Ischia go Procida agus ina dhiaidh sin go Pozzuoli (turas iomlán 1h) ar **8.30** a.m. (ag imeacht ó Procida ar 8.50), ar **11.20** a.m. (ag imeacht ó Procida ar 11.40), agus ar **17.35** (ag imeacht ó Procida ar 18.00).
Ó Pozzuoli go Procida agus ina dhiaidh sin go Ischia (turas iomlán 1h) ar **9.55** a.m. (ag imeacht ó Procida ar 10.30), ar **13.50** (ag imeacht ó Procida ar 14.20), ar **18.55** (ag imeacht ó Procida ar 19.30).

([35]) Is é sin, ó Procida go Pozzuoli (turas 15 nóiméad) ar **8.25** a.m., agus ó Pozzuoli go Procida (turas 15 nóiméad) ar **8.50** a.m.

(h) Ar an mbealach **Procida/Napoli**, chomh maith leis na seoltaí a bhí le soláthar ar an mbealach Ischia/Procida/Napoli, bhí ar Caremar ceithre sheirbhís laethúla do phaisinéirí a sholáthar i rith na bliana ar dhuillárthach ([36]).

(i) Ar an mbealach **Ponza/Formia**, bhí ar Caremar dhá sheirbhís mheasctha laethúla a sholáthar i rith na bliana ar bhád farantóireachta (turas 2h30), agus seirbhís laethúil amháin do phaisinéirí a sholáthar ar dhuillárthach.

(j) Ar an mbealach **Ponza/Anzio**, bhí ar Caremar dhá sheirbhís ardluais laethúla do phaisinéirí a sholáthar san ardséasúr ó Luan go Satharn agus ceithre sheirbhís mheasctha laethúla ar an Domhnach agus ar laethanta saoire.

(k) Ar an mbealach **Formia/Ventotene**, bhí ar Caremar dhá sheirbhís mheasctha laethúla a sholáthar i rith na bliana ar bhád farantóireachta (turas 2 uair an chloig), agus dhá ([37]) sheirbhís laethúla do phaisinéirí ar dhuillárthach (turas 60 nóiméad).

(37) Níor athraigh an OSP thuasluaite an 1 Eanáir 2010 agus an 1 Deireadh Fómhair 2010, is é sin, tráth an dara agus an tríú fadú a rinneadh ar an gCoinbhinsiún Tosaigh ([38]).

(38) Tar éis comhairliúchán poiblí a rinneadh sa tréimhse Samhain-Nollaig 2010, le Cinneadh Feidhmiúcháin Réigiúnach Uimh. 443 an 9 Lúnasa 2011 agus lena Fhoraithne Feidhmiúcháin cur chun feidhme Uimh. 172 an 21 Meán Fómhair 2011, ghlac Réigiún Campania clár trí bliana (2011-2013) lenar déanadh foráil maidir le seirbhísí íosta i Murascaill Napoli. Maidir le Caremar, deimhníodh leis an gclár sin na bealaí agus na hoibleagáidí a bhí á n-oibriú ag Caremar go stairiúil faoin gCoinbhinsiún Tosaigh agus tugadh isteach roinnt éagsúlachtaí i dtráthchláir na seirbhísí le héifeacht ón 1 Deireadh Fómhair 2011 go dtí an 31 Nollaig 2013 ([39]). Rinne Réigiún Campania mionathrú ar an gclár sin le Cinneadh Feidhmiúcháin Réigiúnach Uimh. 857 an 30 Nollaig 2011 (nár bhain ach le Caremar), lenar tugadh isteach roinnt athruithe ar thráthchláir agus ar mhinicíocht na seirbhísí a leagadh amach sa chlár trí bliana le héifeacht ón 16 Eanáir 2012. Chinn Réigiún Campania na hathruithe sin tar éis na n-iarrataí a rinne pobail agus bardais áitiúla roinnt tráthchlár agus minicíochtaí a choigeartú de réir riachtanais na gcomaitéirí ([40]). Chuir Réigiún Campania síneadh leis an gclár trí bliana 2011-2013 ina dhiaidh sin go dtí deireadh 2015 trí bhíthin gníomhartha reachtacha breise ([41]), agus rinneadh cuid den chonradh seirbhíse poiblí nua de (féach aithris 83).

(39) Is féidir achoimre a dhéanamh mar seo a leanas ar na hathruithe a thug Réigiún Campania isteach ar an OSP arna oibriú ag Caremar i Murascaill Napoli trí bhíthin an chláir trí bliana 2011-2013 a luaitear in aithris 38:

(a) Ar an mbealach **Capri/Sorrento**, bhí ar Caremar ocht seirbhís mheasctha laethúla a sholáthar fós le TMV i rith na bliana (ach bhí tráthchlár 2009 a luaitear in aithris 36 (a) faoi réir coigeartuithe íosta ama faoi dhó, an chéad uair ón 1 Deireadh Fómhair 2011 ([42]) agus an dara huair ón 16 Eanáir 2012 ([43])).

([36]) Is é sin, ó Procida go Napoli (turas 40 nóiméad) ar **6.35** a.m., agus ar **9.20** a.m.; agus ó Napoli go Procida (turas 40 nóiméad) ar **7.30** a.m. agus ar **17.45**.

([37]) Ceithre sheirbhís laethúla ar an Luan.

([38]) Leagtha síos faoi seach le Dlí Foraithne 135/2009 a tiontaíodh i nDlí 166/2009, féach aithris 31, agus le Dlí Foraithne 125/2010 a tiontaíodh i nDlí 163/2010, féach aithris 33.

([39]) Chun tuairisc a fháil ar an bplé as ar eascair sainiú an chláir trí bliana arna ghlacadh le Cinneadh Feidhmiúcháin Réigiúnach Uimh. 443 an 9 Lúnasa 2011, féach aithrisí (178) go (181).

([40]) Go háirithe, an gá atá le seirbhísí iompair leordhóthanacha a áirithiú do mhic léinn a bhfuil cónaí orthu in Ischia ach atá i mbun staidéir in Procida, mar a mhínítear in aithrisí Chinneadh Feidhmiúcháin Réigiúnach Uimh. 857 an 30 Nollaig 2011, a raibh roinnt éagsúlachtaí i dtráthchláir agus méadú beag ar líon na nasc le hoileán Procida i gceist leis.

([41]) Is é sin le Cinneadh Feidhmiúcháin Réigiúnach Uimh. 632 an 27 Nollaig 2012 (lena chumhdaítear an tréimhse go dtí an 30 Meán Fómhair 2014) agus le Cinneadh Feidhmiúcháin Réigiúnach Uimh. 230 an 5 Bealtaine 2015 (lena chumhdaítear an tréimhse go dtí an 31 Nollaig 2015).

([42]) Is é sin, ó Capri go Sorrento (turas 25 nóiméad) ar **7.00** a.m., **8.40** a.m., **13.35** (in ionad 13.40), agus ar **18.30** (in ionad 18.15); agus ó Sorrento go Capri (turas 20 nóiméad) ar **7.45** a.m., **9.25** a.m., **14.25** (in ionad ar 14.30); agus ar **19.00** i dtréimhse an tsamhraidh (agus ar 19.15 i dtréimhse an gheimhridh).

([43]) Is é sin, ó Capri go Sorrento (turas 25 nóiméad) ar **7.00** a.m., **8.40** a.m., **13.35** (in ionad 13.40), agus ar **18.45** (in ionad 18.30); agus ó Sorrento go Capri (turas 20 nóiméad) ar **7.45** a.m., **9.25** a.m., **14.30** (in ionad ar 14.25); agus ar **19.25** (in ionad 19.00 sa samhradh agus 19.15 sa gheimhreadh).

(b) Ar an mbealach **Capri/Napoli,** bhí sé sheirbhís mheasctha laethúla fós le soláthar ag Caremar i rith na bliana ó/chuig Napoli (Calata Massa), le roinnt athruithe ar na tráthchláir ón 1 Deireadh Fómhair 2011 ([44]) agus ón 16 Eanáir 2012 ([45]) i gcomparáid leo siúd a cuireadh i láthair in aithris 36 (b). Tháinig na hocht seirbhís mheasctha bhreise, a bhí le soláthar i dtréimhse an tsamhraidh (féach aithris 36 (b)), chun bheith ann ón 1 Deireadh Fómhair 2011 (le hathruithe beaga ar na tráthchláir ón 16 Eanáir 2012): sé sheirbhís bhreise mheasctha laethúla le soláthar i rith na bliana (agus tráthchláir éagsúla ann do thréimhse an tsamhraidh ([46]) agus do thréimhse an gheimhridh ([47])) agus dhá sheirbhís bhreise eile nach mbeadh le soláthar ach amháin sa tréimhse ón 1 Meitheamh go dtí an 30 Meán Fómhair ([48]).

(c) Ar an mbealach **Ischia/Napoli**, bhí ar Caremar trí sheirbhís mheasctha laethúla a sholáthar ar bhád farantóireachta i rith na bliana (le hathruithe beaga ar na tráthchláir a luaitear in aithris 36 (c) ón 1 Deireadh Fómhair 2011 ([49]) agus ón 16 Eanáir 2012 ([50])). Cuireadh seirbhísí measctha laethúla breise ar bhád farantóireachta san áireamh ón 16 Eanáir 2012, nuair a bhí ar Caremar seoladh breise ar bhád farantóireachta a chur ar fáil chuig calafort Casamicciola ag Ischia ([51]). A mhéid a bhaineann leis na seirbhísí paisinéirí ar dhuillárthach chuig/ó Napoli (Beverello), laghdaíodh an líon seoltaí a bhí le cur ar fáil ag Caremar le himeacht ama. Go deimhin, ón 1 Eanáir 2009 go dtí an 30 Meán Fómhair 2011 b'éigean do Caremar ceithre sheirbhís laethúla do phaisinéirí a sholáthar ar dhuillárthach (féach aithris 36 (c)). Níor cuireadh na ceithre sheoladh sin san áireamh a thuilleadh sa tráthchlár ón 1 Deireadh Fómhair 2011 agus níor tugadh isteach arís iad ach go páirteach ón 16 Eanáir 2012, agus forchuireadh seirbhís laethúil paisinéirí ar Caremar ar dhuillárthach ó Napoli go calafort Ischia ([52]).

(d) Ar an mbealach **Ischia/Procida/Napoli,** bhí ar Caremar roinnt seirbhísí measctha laethúla a sholáthar i rith na bliana ar bhád farantóireachta chuig/ó Napoli (Calata Massa) agus seirbhísí laethúla do phaisinéirí ar dhuillárthach chuig/ó Napoli (Beverello). A mhéid a bhaineann leis na seirbhísí measctha, laghdaíodh líon na seoltaí a bhí le soláthar ag Caremar beagán de réir a chéile le himeacht ama. Go deimhin, laghdaíodh na ceithre cinn déag de sheirbhísí measctha laethúla a bhí le soláthar ag Caremar i rith na bliana (féach aithris 36 (d)) go trí cinn déag ón 1 Deireadh Fómhair 2011 ([53]) (go háirithe ceann ó chalafort Casamicciola ag Ischia ([54]) agus dhá cheann déag chuig/ó chalafort Ischia ([55])), agus laghdaíodh iad tuilleadh go deich gcinn ón 16 Eanáir 2012 ([56]) (go háirithe ceann ó chalafort Casamicciola ag Ischia ([57]) agus naoi gcinn chuig/ó chalafort

([44]) Is é sin, ó Napoli go Capri le TMV: ar **5.35** a.m. (seachas 5.40 a.m.), **12.00**, **17.00**; agus ó Capri go Napoli le TMV: ar **10.25** a.m., **15.30** (in ionad 15.40), agus **19.55** (in ionad 19.50).

([45]) Is é sin, ó Napoli go Capri le TMV: ar **5.35** a.m. (in ionad 5.40 a.m.), **12.00**, **17.25** (in ionad 17.00); agus ó Capri go Napoli le TMV: ar **10.20** a.m. (in ionad 10.25 a.m.), **15.35** (in ionad 15.30), agus **20.15** (in ionad 19.55).

([46]) Is é sin, ó Napoli go Capri ar bhád farantóireachta: ar **7.35** a.m., **13.00**, **18.40**; agus ó Capri go Napoli ar **5.45** a.m., **9.20** a.m., **14.50**. Ón 16 Eanáir 2012, ba é an tráthchlár: ó Napoli go Capri ar bhád farantóireachta: ar **7.25** a.m., **13.00**, agus **18.35**; agus ó Capri go Napoli ar bhád farantóireachta: ar **5.40** a.m., **9.20** a.m., agus **14.50**.

([47]) Is é sin, ó Napoli go Capri ar bhád farantóireachta: ar **9.05** a.m. agus **14.20**; agus ó Capri go Napoli ar bhád farantóireachta: ar **6.45** a.m., **11.00** a.m., **16.15**, **20.10**. Ón 16 Eanáir 2012, ba é an tráthchlár: ó Napoli go Capri ar bhád farantóireachta: ar **9.00** a.m., **14.20**; agus ó Capri go Napoli ar bhád farantóireachta: ar **6.45** a.m., **11.00** a.m., **16.15**, agus **20.10**.

([48]) Is é sin, ó Napoli go Capri ar TMV: ar **21.20** agus ó Capri go Napoli ar TMV ar **23.30**. Ón 16 Eanáir 2012, ba é an tráthchlár: ó Napoli go Capri ar TMV ar **21.35** agus ó Capri go Napoli ar TMV ar **23.50**.

([49]) Is é sin, ó Ischia go Napoli (turas 1h25) ar **8.45** a.m.; agus ó Napoli go Ischia (turas 1h20) ar **16.05** agus **20.25**.

([50]) Is é sin, ó Ischia go Napoli (turas 1h25) ar **8.45** a.m.; agus ceann breise ar **13.50**; agus ó Napoli go Ischia (turas 1h20) ar 20.15 (in ionad 20.25 agus cuireadh an tseirbhís ar 16.05 ar ceal).

([51]) Is é sin, ó Napoli go Ischia (turas 1h15) ar **15.45**.

([52]) Is é sin, ó Napoli go Ischia (turas 1h05) ar **14.45**.

([53]) Cuireadh an seoladh ar 15.40 ó Napoli go Procida agus ina dhiaidh sin go calafort Ischia ar ceal.

([54]) Is é sin, ó Ischia go Procida agus ina dhiaidh sin go Napoli (turas iomlán 1 uair an chloig) ar **12.55** a.m. ó chalafort Casamicciola (ag imeacht ó Procida ar 13.35).

([55]) Is é sin, ó Napoli go Procida agus ina dhiaidh sin go Ischia (fad iomlán 1h35) ar **6.25** a.m. (ag imeacht ó Procida ar 7.30 a.m.), ar **9.10** a.m. (seachas ar 8.55, ag imeacht ó Procida ar 10.20 a.m.); ar **10.45** a.m. (in ionad 10.40 a.m., agus imeacht ó Procida ar 11.45), ar **15.15** (in ionad ar 14.30, ag imeacht ó Procida ar 16.15), ar **17.45** (in ionad ar 17.30, ag imeacht ó Procida ar 18.45), ar **19.30** (in ionad ar 19.20, ag imeacht ó Procida ar 20.30); agus ar **22.15** (in ionad ar 21.55, ag imeacht ó Procida ar 23.15). Ó Ischia go Procida agus ina dhiaidh sin go Napoli (fad iomlán 1h35) ar **7.00** a.m. (in ionad 6.45 a.m., ag imeacht ó Procida ar 7.30), ar **13.55** (in ionad 12.30, ag imeacht ó Procida ar 14.35), ar **15.30** (in ionad 15.20, ag imeacht ó Procida ar 16.15), ar **17.25** (in ionad 17.15, ag imeacht ó Procida ar 18.05), ar **19.55** (in ionad 19.30, ag imeacht ó Procida ar 20.30).

([56]) Cuireadh na seoltaí ar 7.00 a.m. agus ar 13.55 ó Ischia go Procida agus ina dhiaidh sin chuig calafort Ischia ar ceal.

([57]) D'fhan an tráthchlár mar an gcéanna (is é sin, imeacht ar **12.55** ó chalafort Casamicciola (Ischia), féach fonóta 54).

Ischia) ([58]), ach cuireadh dhá sheirbhís mheasctha laethúla leis sa tréimhse ón 15 Meitheamh go dtí an 15 Meán Fómhair ([59]). A mhéid a bhaineann leis na seirbhísí do phaisinéirí, tháinig méadú beag le himeacht ama ar an líon seoltaí a bhí le cur ar fáil ag Caremar. Go deimhin, méadaíodh na hocht seirbhís laethúla do phaisinéirí a bhí le soláthar ag Caremar i rith na bliana (féach aithris 36 (d)) go deich gcinn ón 1 Deireadh Fómhair 2011 ([60]), agus cuireadh dhá sheoladh breise leis sa tréimhse ón 1 Meitheamh go dtí an 30 Meán Fómhair ([61]). Ón 16 Eanáir 2012, laghdaíodh na seirbhísí laethúla do phaisinéirí a bhí le soláthar ag Caremar go naoi gcinn i rith na bliana ([62]), agus coinníodh an dá sheoladh bhreise sa tréimhse ón 1 Meitheamh go dtí an 30 Meán Fómhair i bhfeidhm le hathruithe beaga ama ([63]).

(e) Ar an mbealach **Ischia/Procida/Pozzuoli**, bhí ar Caremar sé seirbhísí measctha laethúil ar bhád farantóireachta a chur ar fáil i rith na bliana. Maidir leis na sé sheirbhís mheasctha a dtugtar tuairisc orthu in aithris 36 (e)), rinneadh roinnt athruithe ar na tráthchláir ón 1 Deireadh Fómhair 2011 agus ón 16 Eanáir 2012. Go deimhin, ón 1 Deireadh Fómhair 2011 bhí ar Caremar seoladh amháin a chur ar fáil chuig calafort Casamicciola in Ischia ([64]) agus cúig sheoladh chuig/ó chalafort Ischia; ([65]) de bhrí, ón 16 Eanáir 2012, bhí ar Caremar dhá sheirbhís mheasctha laethúla a chur ar fáil chuig/ó chalafort Casamicciola in Ischia ([66]) agus cheithre cinn chuig/ó chalafort Ischia ([67]). Ina theannta sin, ón 16 Eanáir 2012, bhí ar Caremar dhá sheirbhís mheasctha bhreise a sholáthar ar bhád farantóireachta sa tréimhse ón 16 Meán Fómhair go dtí an 14 Meitheamh (tréimhse scoile) ([68]).

(f) Ar an mbealach **Ischia/Procida**, ón 1 Eanáir 2009 go dtí an 30 Meán Fómhair 2011 ní raibh ar Caremar aon seirbhís a sholáthar de bhreis ar na seirbhísí a soláthraíodh cheana ar na bealaí Ischia/Procida/Pozzuoli agus Ischia/Procida/Napoli (féach aithris 36 (f)). Níor tháinig aon athrú air sin idir an 1 Deireadh Fómhair 2011 agus an 15 Eanáir 2012. Ón 16 Eanáir 2012, bhí ar Caremar seirbhís laethúil amháin do phaisinéirí a sholáthar i rith na bliana ar dhuillárthach chuig calafort Ischia ([69]) chomh maith leis na seirbhísí a soláthraíodh cheana féin ar na bealaí Ischia/Procida/Pozzuoli agus Ischia/Procida/Napoli.

([58]) Is é sin, ó Napoli go Procida agus ina dhiaidh sin go Ischia (fad iomlán 1h35) ar **6.25** a.m. (ag imeacht ó Procida ar 7.30 a.m.), **10.45** a.m. (ag imeacht ó Procida ar 11.50), ar **15.10** (seachas ar 15.15, ag imeacht ó Procida ar 16.20), athchóirithe ar **17.30** (seachas ar 17.45, ag imeacht ó Procida ar 18.35), ar **19.30** (seachas ar 19.20, ag imeacht ó Procida ar 20.30); agus ar **21.55** (in ionad ar 22.15, ag imeacht ó Procida ar 23.00). Ó Ischia go Procida agus ina dhiaidh sin go Napoli (fad iomlán 1h35) ar **15.20** (in ionad ar 15.30, ag imeacht ó Procida ar 15.50), ar **17.20** (in ionad ar 17.25, ag imeacht ó Procida ar 17.50), ar **19.25** (ag imeacht ó Procida ar 20.30).

([59]) Is é sin, ó Ischia go Procida agus ina dhiaidh sin go Napoli (fad iomlán 1h35) ar **7.00** a.m. (ag imeacht ó Procida ar 7.25); agus ó Napoli go Procida agus ina dhiaidh sin go Ischia (fad iomlán 1h35) ar **9.25** a.m. (ag imeacht ó Procida ar 10.30 a.m.

([60]) Is é sin, ó Napoli go Procida agus ina dhiaidh sin go Ischia (turas iomlán 1h10) ar **8.50** a.m. (seachas ar 9.55, ag imeacht ar 9.30 a.m. ó Procida), ar **11.45** a.m. (ag imeacht ar 12.25 ó Procida), ar **13.10** (ag imeacht ar 13.50 ó Procida), ar **15.10** (ag imeacht ó Procida ar 15.50), agus ar **18.15** (ag imeacht ar 18.55 ó Procida).
Ó Ischia go Procida agus ina dhiaidh sin go Napoli (turas iomlán 1h10) ar **7.30** a.m. (ag imeacht ó Procida ar 7.55 a.m.), ar **10.10** a.m. (ag imeacht ar 10.35 ó Procida), ar **13.05** (in ionad ar 12.00, ag imeacht ar 13.30 ó Procida), ar **14.30** (in ionad ar 14.15, ag imeacht ar 14.55 ag Procida), ar **16.30** (in ionad ar 16.15, ag imeacht ar 16.55 ó Procida).

([61]) Is é sin, ó Ischia go Procida agus ina dhiaidh sin go Napoli ar **19.35** (ag imeacht ar 20.00 ó Procida); agus ó Napoli go Procida agus ina dhiaidh sin go Ischia ar **20.55** (ag imeacht ar 21.30 ó Procida).

([62]) Is é sin, ó Napoli go Procida agus ina dhiaidh sin go Ischia (turas iomlán 1h10) ar **8.40** a.m. (seachas ar 8.50, ag imeacht ar 9.30 a.m. ó Procida), ar **11.45** a.m. (ag imeacht ar 12.25 ó Procida), ar **13.10** (ag imeacht ar 13.50 ó Procida), agus ar **18.15** (ag imeacht ar 18.55 ó Procida).
Ó Ischia go Procida agus ina dhiaidh sin go Napoli (turas iomlán 1h10) ar **6.45** a.m. (in ionad 7.30, ag imeacht ar 7.05 a.m. ó Procida), ar **10.15** a.m. (in ionad 10.10 a.m., ag imeacht ar 10.35 ó Procida), ar **13.00** (in ionad 13.05 a.m., ag imeacht ar 13.15 ó Procida), ar **14.30** (in ionad 14.15, ag imeacht ar 14.55 ó Procida), ar **16.25** (in ionad 16.30, ag imeacht ar 16.45 ó Procida).

([63]) Is é sin, ó Ischia go Procida agus ina dhiaidh sin go Napoli ar **19.35** (ag imeacht ar 20.00 ó Procida); agus ó Napoli go Procida agus ina dhiaidh sin go Ischia ar **21.05** (in ionad 20.55, ag imeacht ar 21.50 ó Procida).

([64]) Is é sin, ó Pozzuoli go Procida agus ina dhiaidh sin go Ischia (turas iomlán 1h15) ar **10.20** a.m. (ag imeacht ar 10.55 a.m. ó Procida).

([65]) Is é sin, ó Ischia go Procida agus ina dhiaidh sin go Pozzuoli (turas iomlán 1 uair an chloig) ar **8.30** a.m. (ag imeacht ó Procida ar 9.10 a.m.), ar **11.30** a.m. (seachas ar 11.20, ag imeacht ó Procida ar 12.10), ar **18.00** (in ionad 17.35, agus ag imeacht ar 18.35 ó Procida). Ó Pozzuoli go Procida agus ina dhiaidh sin go Ischia (turas iomlán 1h15) ar **13.50** (ag imeacht ó Procida ar 14.20); agus ar **19.15** (in ionad 18.55, ag imeacht ó Procida ar 19.45).

([66]) Is é sin, ó Pozzuoli go Procida agus ina dhiaidh sin go Ischia ar **10.15** a.m. (ag imeacht ó Procida ar 10.55 a.m.); agus ó Ischia go Procida agus ina dhiaidh sin go Pozzuoli ar **17.30** ó chalafort Casamicciola (ag imeacht ó Procida ar 18.00).

([67]) Is é sin, ó Ischia go Procida agus ina dhiaidh sin go Pozzuoli ar **8.35** a.m. (ag imeacht ó Procida ar 9.00 a.m.), ar **11.30** a.m. (ag imeacht ó Procida ar 11.55 a.m.); ó Pozzuoli go Procida agus ina dhiaidh sin go Ischia ar **14.00** (ag imeacht ó Procida ar 14.30), agus ar **18.55** (ag imeacht ó Procida ar 19.35).

([68]) Is é sin, ó Ischia go Procida agus ina dhiaidh sin go Pozzuoli ar **7.20** a.m. (ag imeacht ó Procida ar 7.50 a.m.); agus ó Pozzuoli go Procida agus ina dhiaidh sin go Ischia ar **9.00** a.m. (ag imeacht ó Procida ar 9.40).

([69]) Is é sin, ó Procida go Ischia (turas 20 nóiméad) ar **15.30**.

(g) Ar an mbealach **Procida/Pozzuoli**, chomh maith leis na seoltaí a bhí le soláthar ar bhealach Ischia/Procida/Pozzuoli, bhí ar Caremar dhá sheirbhís do phaisinéirí a sholáthar ar dhuillárthach i rith na bliana (féach aithris 36 (g)), bhí athruithe beaga ag na seoltaí sin ar na tráthchláir ón 1 Deireadh Fómhair 2011 ([70]) agus ón 16 Eanáir 2012 ([71]).

(h) Ar an mbealach **Procida/Napoli**, chomh maith leis na seoltaí a bhí le soláthar ar an mbealach Ischia/Procida/Napoli, bhí ar Caremar ceithre sheirbhís laethúla do phaisinéirí a sholáthar i rith na bliana ar dhuillárthach chuig/ó Napoli (Beverello) ([72]) (féach aithris 36 (h)), le hathruithe beaga ar an amchlár idir an 1 Deireadh Fómhair 2011 agus an 16 Eanáir 2012 ([73]).

(40) Faoi Airteagal 1 den Choinbhinsiún Tosaigh fadaithe, bhí ar Caremar an sceideal thuas a chomhlíonadh i gcomhréir leis na hoibleagáidí maidir le leanúnachas agus minicíocht, rialtacht, poncúlacht.

(41) A mhéid a bhaineann le líon, cineál agus toilleadh na soithí atá sannta do na bealaí muirí atá á n-oibriú, tagraítear in Airteagal 1 den Choinbhinsiún Tosaigh fadaithe d'ábhar na bpleananna 5 bliana.

(42) Maidir leis na táillí, faoi Airteagal 4 den Choinbhinsiún Tosaigh fadaithe, bhí ar Caremar leibhéal na dtaraifí a bheartaigh sé a chur i bhfeidhm a thíolacadh (agus údar a thabhairt leis) d'údaráis inniúla na hIodáile ar bhonn bliantúil.

(43) Ní raibh forálacha sa Choinbhinsiún Tosaigh fadaithe maidir le cáilíocht na seirbhíse.

(44) Mionsonraíodh in Airteagal 12 den Choinbhinsiún Tosaigh fadaithe na pionóis a cuireadh i bhfeidhm ar Caremar mar gheall ar mhainneachtain an OSP a chomhlíonadh ach amháin dá gcruthódh Caremar nach raibh an mhainneachtain inchurtha ina leith mar thoradh ar *force majeure*. Faoin gCoinbhinsiún Tosaigh fadaithe, d'fhéadfadh an pionós a bheith idir EUR 800 agus EUR 40 000 ag brath ar thromchúis an tsáraithe.

3.1.2. *An cúiteamh*

(45) I gcás na seirbhísí muiriompair a oibríodh sa tréimhse ón 1 Eanáir 2009 go dtí an 31 Iúil 2012, deonaíodh méid iomlán cúitimh phoiblí EUR 97 835 927 do Caremar.

(46) Léirítear i dTábla 1 an cúiteamh bliantúil a íocadh le Caremar le haghaidh na tréimhse ón 1 Eanáir 2009 go dtí an 31 Iúil 2012 faoin gCoinbhinsiún Tosaigh fadaithe:

([70]) Is é sin, ó Procida go Pozzuoli (turas 15 nóiméad) ar **8.10** a.m. (seachas ar 8.25 a.m.), agus ó Pozzuoli go Procida (turas 15 nóiméad) ar **8.55** a.m. (in ionad ar 8.50 a.m.).

([71]) Is é sin, ó Procida go Pozzuoli (turas 15 nóiméad) ar **8.10** a.m. (in ionad ar 8.25 a.m.), agus ó Pozzuoli go Procida (turas 15 nóiméad) ar **8.50** a.m. (in ionad ar 8.55 a.m.).

([72]) Is é sin, ó Procida go Napoli (turas 40 nóiméad) ar **6.35** a.m., agus ar **9.20** a.m.; agus ó Napoli go Procida (turas 40 nóiméad) ar **7.30** a.m. agus ar **17.45**.

([73]) Is é sin, ó Procida go Napoli (turas 40 nóiméad) ar **6.35** a.m., agus ar **9.25** a.m. (in ionad 9.20 a.m.); agus ó Napoli go Procida (turas 40 nóiméad) ar **7.30** a.m. agus ar **17.30** (in ionad ar 17.45).

Tábla 1

Cúiteamh a íocadh le haghaidh na tréimhse 1 Eanáir 2009 – 31 Iúil 2012 (EUR)

(eur)

Bliain	Cúiteamh
2009	**32 474 450**
2010	**29 869 832**
2011	**24 018 645**
2012 (Eanáir – Iúil)	**11 473 000**

(47) Is mar a leanas a cinneadh méid an chúitimh bhliantúil a deonaíodh do Caremar chun na conarthaí seirbhíse muirí a sholáthar:

— le haghaidh na tréimhse ón 1 Eanáir 2009 go dtí an 31 Nollaig 2009 ar bhonn na bhforálacha reachtacha céanna is infheidhme faoin gCoinbhinsiún Tosaigh (féach aithrisí 48 go 52); agus

— le haghaidh na tréimhse ón 1 Eanáir 2010 go dtí an 31 Iúil 2012, ar bhonn na modheolaíochta nua a leagtar síos i bplé Uimh. 111 de *Comitato Interministeriale per la Programmazione Economica* an 9 Samhain 2007 ([74]), dar teideal 'Critéir maidir le sainiú na n-oibleagáidí seirbhíse poiblí agus na dinimicí táillí in earnáil an chabatáiste mhuirí atá chun leasa an phobail' ('Plé 111/2007') (féach aithris 53).

3.1.2.1. Cúiteamh a deonaíodh ón 1 Eanáir 2009 go dtí an 31 Nollaig 2009

(48) Sonraíodh i bhForaithne Uimh. 501 ón Uachtarán an 1 Meitheamh 1979 ('Foraithne 501/79') na gnéithe éagsúla (ioncaim agus costais) atá le cur san áireamh agus an fóirdheontas a íoctar le hoibreoirí seirbhíse poiblí muirí chun an OSP a sholáthar á ríomh. Thairis sin, rinneadh foráil i nDlí Uimh. 856 an 5 Nollaig 1986 ('Dlí 856/86') maidir le hathruithe áirithe ar an gcóras OSP muirí san Iodáil. Maidir leis na naisc le mór-oileáin agus le hoileáin bheaga, leasaíodh le hAirteagal 11 de sin na critéir chun an cúiteamh seirbhíse poiblí a ríomh. Go deimhin, b'éigean an fóirdheontas a ríomh ar bhonn na difríochta idir ioncaim agus costais na seirbhíse arna gcinneadh le tagairt do mheán-pharaiméadair agus do pharaiméadair oibiachtúla, agus níor mhór toradh réasúnach ar chaipiteal infheistithe a áireamh ann. Leagadh síos freisin san airteagal céanna nár mhór an liosta de na bealaí a fuair fóirdheontas, an mhinicíocht agus na cineálacha long a bhí le húsáid a áireamh sna conarthaí seirbhíse poiblí. Bhí na fóirdheontais le formheas ag na hAirí freagracha.

(49) Léiríodh na prionsabail a leagtar síos i bhForaithne 501/79 agus i nDlí 856/86 sa Choinbhinsiún Tosaigh.

(50) Dá thoradh sin, in 2009, ríomhadh an cúiteamh as seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta a chomhlíonadh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagadh síos leis an gCoinbhinsiún Tosaigh. Go háirithe, chomhfhreagair an cúiteamh do ghlanchaillteanas carntha maidir leis na seirbhísí a oibríodh faoi chóras na seirbhíse poiblí, ar cuireadh méid athraitheach leis a chomhfhreagair don toradh ar chaipiteal infheistithe.

(51) Ba iad seo a leanas na gnéithe costais éagsúla a cuireadh san áireamh chun an cúiteamh arna shainiú ag na húdaráis phoiblí a ríomh: costais choimisiúin, costais fógraíochta, costais le haghaidh seirbhísí do phaisinéirí ar bord, costais luchtaithe, díluchtaithe agus ainlithe, costas pearsanra riaracháin ar tír, costais chothabhála long, costais riaracháin, costais árachais, costais chíosa agus léasaithe, breosla, cánacha agus costais dímheasa.

([74]) *Deliberazione 9 Novembre 2007 - Criteri per la determinazione degli oneri di servizio pubblico e delle dinamiche tariffarie nel settore dei servizi di cabotaggio marittimo di pubblico interesse ('Deliberazione n. 111/2007') (Gazzetta Ufficiale della Repubblica Italiana, Serie Generale No 50 del 28.2.2008).*

(52) A mhéid a bhaineann leis na híocaíochtaí bliantúla, rinneadh foráil sa Choinbhinsiún Tosaigh maidir leis an gcúiteamh seirbhíse poiblí bliantúil a íoc mar a leanas: réamhíocaíocht tosaigh le déanamh faoin 30 Márta gach bliain, arb ionann í agus 70 % den chúiteamh a íocadh an bhliain roimhe sin. An dara híocaíocht, le déanamh faoin 30 Meitheamh, arb ionann í agus 20 % den chúiteamh sa bhliain roimhe sin. Ba é an difríocht idir na méideanna a íocadh agus an t-easnamh idir costais oibriúcháin agus ioncam le linn na bliana reatha, arna mheas ar bhonn thorthaí na mblianta roimhe sin, an t-iarmhéid a bhí le híoc faoin 30 Samhain. Má tharla sé go bhfuair Caremar suim a bhí níos airde ná glanchostas na seirbhísí a soláthraíodh (ioncam lúide caillteanais), ceanglaíodh ar Caremar an difríocht a aisíoc ([75]).

3.1.2.2. Cúiteamh a deonaíodh ón 1 Eanáir 2010 go dtí an 31 Iúil 2012

(53) Ón 1 Eanáir 2010 go dtí an 31 Iúil 2012, rinneadh an cúiteamh le haghaidh oibriú OSP muirí a chinneadh trí chur i bhfeidhm modheolaíochta nua a leagtar síos i bPlé 111/2007.

(54) De réir a bhrollaigh, eisíodh Plé 111/2007 i bhfianaise phríobháidiú na gcuideachtaí poiblí a oibríonn seirbhísí muirí faoi chóras seirbhíse poiblí ([76]). Cuireadh forálacha Phlé 111/2007 i bhfeidhm i leith na seirbhísí arna soláthar ag cuideachtaí Ghrúpa Tirrenia ó 2010 ar aghaidh, lena n-áirítear Caremar, fiú roimh theacht i bhfeidhm na gconarthaí seirbhíse poiblí nua lena mbaineann tar éis na bpríobháidithe lena mbaineann.

(55) Faoi Phlé 111/2007, bhí leibhéal an chúitimh OSP bunaithe ar an ghlanchostais ba ghá chun na hoibleagáidí seirbhíse poiblí a chomhlíonadh chomh maith le toradh iomchuí. Cinneadh an leibhéal toraidh sin *ex ante* le haghaidh na tréimhse rialála iomláine a cumhdaíodh leis an gconradh seirbhíse poiblí. In aon chás, cuireadh uasteorainn le méid iomlán an chúitimh a deonaíodh chuig leibhéal na n-acmhainní poiblí a leithdháiltear de réir an dlí ar an gconradh seirbhíse poiblí ábhartha, más ísle é ná leibhéal an chúitimh a chainníochtaítear ar bhonn mhodheolaíocht an ghlanchostais.

(56) Rinneadh cainníochtú ar an nglanchostas ba ghá chun an OSP a urscaoileadh ar bhonn na difríochta idir na costais agus na hioncaim a chláraigh an chuideachta chun an tseirbhís mhuirí phoiblí a oibriú. Go háirithe, tá na costais agus na hioncaim le sainaithint in aghaidh an bhealaigh agus tá na costais is coiteann do ghníomhaíochtaí seirbhíse poiblí agus do ghníomhaíochtaí tráchtála (más ann dóibh) le leithdháileadh go trédhearcach ar bhonn na gcritéar *ex ante* atá i gceangal leis an gconradh seirbhíse poiblí ábhartha agus a dtugtar tuairisc orthu i dtuarascáil thiomnaithe.

(57) Déantar an ráta toraidh ar chaipiteal a ríomh ar bhonn meánchostas ualaithe an chaipitil ('WACC'). Déanfar an toradh riachtanach ar chothromas ([77]) a ríomh agus úsáid á baint as an tSamhail Phraghsála i leith Sócmhainní Caipitiúla. Ar bhonn na samhla sin, díorthaítear an costas cothromais mar fheidhm de na nithe seo a leanas: (i) an ráta saor ó riosca; (ii) an Béite (meastachán ar phróifíl riosca na cuideachta i gcoibhneas leis an margadh cothromais); (iii) an biseach riosca cothromais arna sannadh don mhargadh cothromais.

(58) Go háirithe, ríomhadh an costas cothromais trí bhiseach a chur i bhfeidhm as riosca breise a iompar ar an ráta toraidh ar ghníomhaíochtaí saor ó riosca. Ríomhfar an biseach sin mar bhiseach riosca an mhargaidh arna iolrú faoina Bhéite, lena dtomhaistear an méid riosca a bhaineann le gníomhaíocht shonrach i gcoibhneas leis an margadh.

(59) De réir Phlé 111/2007, comhfhreagraíonn an ráta toraidh ar ghníomhaíochtaí saor ó riosca don mheántoradh comhlán ar bhannaí tagarmhairc deich mbliana thar an dá mhí dhéag roimhe sin dá bhfuil sonraí ar fáil ina leith.

([75]) Faoi Airteagal 3(10) den Choinbhinsiún Tosaigh, ní mór don chuideachta aon mhéid róchúitimh a thagann as cuntais dheimhnithe na cuideachta a aisíoc laistigh de 15 lá ó fhormheas chláir chomhardaithe na cuideachta le haghaidh na bliana ábhartha.

([76]) De bhun Airteagal 1, pointe 999, de Dhlí Uimh. 296 an 27 Nollaig 2006 agus Airteagal 1, pointe e), d'Fhoraithne Reachtach Uimh. 430 an 5 Nollaig 1997.

([77]) An ráta toraidh inmhianaithe d'infheisteoir cothromais i bhfianaise phróifíl riosca na cuideachta agus na sreafaí airgid a bhaineann leis.

(60) Le Plé 111/2007, socraítear préimh riosca margaidh 4 %. Thairis sin, i gcás seirbhís a oibrítear ar bhonn neamheisiach, déantar 2,5 % breise a chur leis an bpréimh riosca margaidh a thugtar de luach saothair don oibreoir as an riosca níos mó a ghlactar leis a bhíonn á iompar aige.

(61) Sa chleachtas, áfach, ní féidir leis an méid cúitimh a íoctar le Caremar dul thar an uasteorainn EUR 29 869 832 ([78]) in aghaidh na bliana mar a leagtar síos le Dlí 166/2009 (féach aithris 32). Cé go gcuireann Dlí 166/2009 uasteorainn leis an gcúiteamh bliantúil a íoctar le gach cuideachta de chuid Tirrenia as oibriú na seirbhísí muirí atá faoi réir an chórais seirbhíse poiblí, tá coimircí áirithe i bPlé 111/2007 freisin lena chuirtear ar chumas na n-oibreoirí sin a gcostais oibriúcháin a chumhdach go leordhóthanach.

(62) Go háirithe, de réir Phlé 111/2007, ní mór raon feidhme na seirbhísí, na huastáillí a leagtar amach sa chonradh seirbhíse poiblí agus an cúiteamh a deonaíodh iarbhír a shainiú *ex ante* chun cumhdach a dheonú don soláthraí seirbhíse ar iomlán na gcostas chun an tseirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta a oibriú. Is í an fhoirmle seo a leanas is infheidhme:

$$VA(RSP) + VA(AI(X)) = VA(CA)$$

i gcás inarb amhlaidh:

gurb ionann *VA(RSP)* agus luach lascainithe an chúitimh chun na hoibleagáidí seirbhíse poiblí a chomhlíonadh;

gurb ionann VA(AI(X)) agus luach lascainithe ioncaim eile (fáltais ó tháillí agus fáltais eile);

gurb ionann (VA(CA)) agus luach lascainithe na gcostas oibriúcháin, aisíocaíocht fiachais agus an toradh ar chaipiteal.

(63) Más rud é, *ex post*, le linn oibriú na seirbhíse OSP, gur chosúil go raibh an cúiteamh a deonaíodh níos ísle ná an méid ba ghá chun na costais oibriúcháin incháilithe a chumhdach, agus na hioncaim eile á gcur san áireamh, ní fhéadfadh an chuideachta brath ar aon athbhreithniú uathoibríoch cúlghabhálach ar mhéid an chúitimh OSP, ná ní fhéadfadh sé athbhreithniú den sórt sin a iarraidh le linn na tréimhse rialála a chumhdaítear leis an gconradh, ach ní fhéadfadh sé a iarraidh ar údaráis inniúla na hIodáile ach ceann amháin de na bearta seo a leanas a ghlacadh amach anseo: d'fhéadfaí raon feidhme na ngníomhaíochtaí fóirdheonaithe a laghdú, nó de rogha air sin d'fhéadfaí athbhreithniú a dhéanamh ar an eagraíocht seirbhíse (e.g. cineál na long), nó d'fhéadfaí na huastáillí a mhodhnú.

(64) Thairis sin, déantar coigeartú gach bliain ar an uasteorainn táille is infheidhme maidir le gach seirbhís, glan ar chánacha agus ar dhleachtanna calafoirt, ar bhonn foirmle phraghasteorann mar a leanas:

$$\Delta T = \Delta P - X$$

i gcás inarb amhlaidh:

ΔT gurb ionann agus an t-athrú céatadáin san uasteorainn táillí;

ΔP gurb ionann agus an ráta boilscithe don bhliain tagartha;

X gurb ionann agus fíor-ráta coigeartaithe bliantúil na huasteorann táillí, a leagtar síos sa Choinbhinsiún, agus a fhanann gan athrú fad is a mhaireann an Coinbhinsiún.

(65) Sonraítear i bPlé 111/2007 freisin gur féidir an uasteorainn táillí a choigeartú chun éagsúlachtaí i gcostais bhreosla a léiriú, agus gnáthphraghsanna atá ar fáil go poiblí á nglacadh mar thagairt.

(66) Maidir leis na híocaíochtaí bliantúla, lean na prionsabail chéanna, is infheidhme faoi fhadú an Choinbhinsiúin Tosaigh mar a shonraítear in aithris 52, de bheith infheidhme sa tréimhse ón 1 Eanáir 2009 go dtí an 31 Iúil 2012.

([78]) As a dtiocfadh EUR 19 839 226 ó Campania agus EUR 10 030 606 ó Lazio.

3.2. **Príobháidiú Caremar**

(67) Le Cinneadh Uimh. 444 an 9 Lúnasa 2011, leag Feidhmeannas Réigiúnach Réigiún Campania síos na treoirlínte cur chun feidhme maidir le forghníomhú an nós imeachta srianta ([79]) chun Caremar a phríobháidiú, agus maidir le conradh seirbhíse cabatáiste muirí poiblí a dhámhachtain ar fhaighteoir Caremar chun seirbhísí muiriompair a sholáthar thar thréimhse 9 mbliana mar mhalairt ar chúiteamh seirbhíse poiblí.

(68) Le Foraithne Feidhmiúcháin Uimh. 202 an 12 Iúil 2012 lena leagtar síos na réamhnósanna imeachta, sheol Réigiún Campania an próisis srianta, áit arb é an praghas ab fhearr an critéar dámhachtana a roghnaíodh.

(69) Foilsíodh an glao chun tús a chur leis an nós imeachta san Fhorlíonadh a ghabhann le h*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* an 17 Iúil 2012, agus in *Gazzetta Ufficiale della Repubblica Italiana* Uimh. 86 an 25 Iúil 2012, agus ar shuíomh gréasáin Réigiún Campania.

(70) Ní raibh aon cheanglais theicniúla ann maidir le rochtain ar an tairiscint. Go deimhin, cé gur áiríodh sa dréachtghlao bunaidh ar thairiscintí le haghaidh Caremar ceanglais theicniúla agus airgeadais áirithe (is é sin, méideanna réamhchinntithe de mhuirmhílte agus láimhdeachas in earnáil an mhuiriompair) a d'fhágfadh nach bhféadfadh ach cuideachtaí loingseoireachta páirt a ghlacadh sa phróiseas tairisceana, tar éis na malartuithe idir údaráis na hIodáile agus an Coimisiún an 26 Deireadh Fómhair 2011, an 22 Nollaig 2011 agus an 14 Márta 2012 i ndiaidh Chinneadh Tosaigh 2011, leasaigh údaráis na hIodáile an glao deiridh ar thairiscintí trí na critéir theicniúla a bhaint ón scóráil agus trí cheanglais airgeadais a bhaineann le hacmhainneacht leordhóthanach eacnamaíoch agus airgeadais a chur ina n-ionad, rud a léireofaí le deimhniú ó dhá institiúid airgeadais ar a laghad a bhfuil acmhainneacht eacnamaíoch agus airgeadais EUR 6 mhilliún nó glansócmhainní EUR 6 mhilliún ar a laghad acu.

(71) Tar éis fhoilsiú an ghlao ar thairiscintí, ar dhul in éag spriocdháta an 21 Meán Fómhair 2012 chun léirithe spéise a chur isteach, léirigh deich bpáirtí spéis páirt a ghlacadh sa nós imeachta tairisceana (is iad sin: Alilauro Gruson S.p.A. ('Aligruson'), Delcomar S.r.l., Moby, NLG, Palumbo Shipyard, Rifim, SNAV, TTT lines S.p.A, Vetor, Usticalines S.p.A.)

(72) Le Foraithne Feidhmiúcháin Uimh. 34 an 21 Feabhra 2013, d'fhormheas Réigiún Campania torthaí an imscrúdaithe le linn na céime réamhcháiliúcháin, rud a cheadaigh gur ligeadh isteach gach páirtí seachas Vetor chuig an gcéad chéim eile (an chéim tairisceana).

(73) Le Foraithne Feidhmiúcháin Uimh. 78 an 17 Bealtaine 2013, tugadh cuireadh do naonúr iarrthóirí incháilithe tairiscint a chur isteach ([80]). Sa chuireadh chun tairisceana bhí an dréachtchonradh nua 9 mbliana a bhí le síniú idir an tairgeoir rathúil agus Réigiún Campania agus eolas níos mionsonraithe maidir leis an nós imeachta tairisceana ([81]). Go háirithe, tugadh le fios sa chuireadh gurb é seo a leanas an critéar dámhachtana:

([79]) Próiseas dhá chéim a bhí sa nós imeachta tairisceana srianta dá dtagraítear in Airteagal 55(6) de Chód Conarthaí Poiblí na hIodáile – Foraithne Reachtach Uimh. 163/2006 (*il Codice dei Contratti pubblici*), nach bhféadfadh ach na hoibreoirí sin ar tugadh cuireadh dóibh chuig an gcéim tairisceana tairiscintí a chur isteach.

([80]) Foilsíodh Foraithne Feidhmiúcháin Uimh. 78 an 17 Bealtaine 2013 in *Iris Oifigiúil Réigiún Campania* Uimh. 28 an 27 Bealtaine 2013 agus ar shuíomh gréasáin Réigiún Campania. Ag an am céanna, d'fhoilsigh Réigiún Campania ar a shuíomh gréasáin soiléirithe freisin ar an gcuireadh chun tairiscint a chur isteach i bhfoirm freagraí ar cheisteanna coitianta.

([81]) I dteannta an dréachtchonartha nua 9 mbliana a bhí le síniú idir an tairgeoir rathúil agus Réigiún Campania, áiríodh san fhaisnéis sin dréachtchonradh díolacháin Caremar, an dréachtshamhail den phlean gnó a bhí ar na páirtithe a leanúint chun a dtairiscint a chur i láthair, dréachtshamhail tairisceana agus dréachtshamhail de dhearbhú gealltanais a bhféadfadh na páirtithe a leanúint chun a dtairiscint a chur isteach agus na rialacha a bhí le leanúint chun rochtain a fháil ar áitreabh Caremar agus ar an seomra sonraí). A mhéid a bhaineann leis an nós imeachta, cuireadh na páirtithe ar an eolas maidir le huainiú agus coinníollacha na nithe seo a leanas, i measc nithe eile: i) rochtain ar sheomra sonraí an nós imeachta tairisceana agus ar áitreabh ghnó Caremar; ii) na tairiscintí a chur isteach; iii) ráthaíocht a chur isteach chun tacú leis an tairiscint; iv) dámhachtain na tairisceana (lena n-áirítear an critéar dámhachtana); v) an fhéidearthacht soiléirithe a iarraidh maidir leis an tairiscint.

‘an praghas is fearr is ionann agus an difríocht is ísle, a fhaightear tríd an bpraghas a thairgtear do cheannach na scaireanna i bhfabhar na tairisceana is ísle (x), de thoradh chur i bhfeidhm na foirmle seo a leanas, a dhealú ó luach an chúitimh atá á lorg ag an iomaitheoir:

$$X = (a — Da * 75\ \%) — 6$$

i gcás inarb amhlaidh:

— *is* ionann a agus méid na comaoine do na seirbhísí íosta ar bhonn an chuiridh chun tairisceana dá dtagraítear i bpointe 2.1 (b);

— *is é Da * 75 %* méid na lascaine arna tairiscint ar bhonn na tairisceana arna iolrú faoin bhfachtóir ceartaitheach chun dáileadh 9 mbliana an laghdaithe sin a chur san áireamh; agus

— *Is* é 6 méid an phraghais scaire dá dtagraítear i bpointe 2.1 (a) arna thairiscint suas.’

(74) Thairis sin, a mhéid a bhaineann leis an íosphraghas ar Caremar a dhíol, luadh suim EUR 6 000 000 ar a laghad sa chuireadh ([82]), ach i gcás uasmhéid an chúitimh seirbhíse poiblí, ní mó an tsuim ná EUR 19 839 226 in aghaidh gach ceann de na 9 mbliana a mhairfidh an conradh.

(75) Ar dhul in éag don sprioc-am, fuarthas trí thairiscint ó na hiarrthóirí seo a leanas: (i) comhlachas sealadach na ngnóthas SNAV/Rifim S.r.l. (‘SNAV/Rifim’); (ii) Aligruson; (iii) TTT Lines S.p.A. i gcomhlachas sealadach, arna bunú le comhpháirtithe Marittima S.r.l., Marworld, Davimar Eolia Navigazione S.r.l. Rinne an coiste tairisceana an dara ceann a eisiamh ar deireadh toisc nach raibh sé in ann ráthaíocht airgeadais oiriúnach a sholáthar chun tacú lena thairiscint.

(76) An 4 Deireadh Fómhair 2013, thug Marworld fógra do Réigiún Campania maidir le hachomharc a taisceadh le Cúirt Riaracháin Réigiúnach Campania lena ndearnadh agóid i gcoinne an chinnidh eisiaimh, i measc nithe eile.

(77) Le Foraithne Feidhmiúcháin Uimh. 178 an 29 Deireadh Fómhair 2013, dheimhnigh Réigiún Campania an rangú arna tharraingt suas ag an gcoiste tairisceana ([83]), mar a leagtar amach thíos, a cinneadh ar bhonn na luachanna uimhriúla arna sloinneadh le gach tairiscint agus an fhoirmle a leagtar amach sa litir chuiridh á cur i bhfeidhm (féach aithris 73), thairg SNAV/Rifim EUR 111 395 812 (lena n-áirítear EUR 6 000 001 chun Caremar a fháil), ach thairg Aligruson EUR 128 556 568 (lena n-áirítear EUR 6 000 060 chun Caremar a fháil). Tar éis a thairisceana rathúla sa nós imeachta tairisceana, dámhadh an tairiscint ar SNAV/Rifim.

(78) Le breithiúnas an 5 Meitheamh 2014, chuir Cúirt Riaracháin Réigiúnach Réigiún Campania dámhachtain na tairisceana ar neamhní, ós rud é nár cheart cuireadh a bheith faighte ag aon cheann den triúr iarrthóirí chun na tairisceana. Rinne Réigiún Campania achomharc i gcoinne an bhreithiúnais sin. Le breithiúnas an 10 Feabhra 2015, chuir Cúirt Riaracháin Uachtarach na hIodáile breithiúnas Chúirt Riaracháin Réigiúnach Réigiún Campania ar neamhní, agus dá bhrí sin choinnigh sí cinneadh an choiste tairisceana.

([82]) De réir na faisnéise a chuir an Iodáil ar fáil, ríomhadh bonnphraghas ceantála Caremar ar EUR 6 000 000, trí na gnóthachain chaipitiúla ar an gcabhlach a chur le luach a ghlansócmhainní de réir na leabhar an 31 Nollaig 2010 (i.e., EUR 4 470 008), agus comhpháirt chineálach cháilmheasa a bhaineann leis an bhfíoras gur chuideachta é Caremar a raibh a fhios gnó agus a láithreacht féin fréamhaithe sa chríoch, agus gur branda aitheanta é ar an margadh inar oibrigh sé.

([83]) Chuir an coiste tairisceana an rangú sin ar fáil go poiblí ag a sheisiún poiblí an 29 Iúil 2013. Ar an ócáid sin, chuir an coiste tairisceana in iúl go seolfaí an tairiscint bhuaiteach chuig an údarás conarthach (is é sin, Réigiún Campania) lena fíorú. Le Foraithne Feidhmiúcháin Uimh. 130 an 2 Lúnasa 2012, chinn Réigiún Campania an nós imeachta fíorúcháin lánroghnach a thionscnamh faoi Airteagal 86(3) d’Fhoraithne Reachtach Uimh. 136/2006 ag iarraidh ar an gcoiste tairisceana measúnú a dhéanamh ar leordhóthanacht na tairisceana a chuir SNAV/Rifim isteach. Rinne an coiste tairisceana ina sheisiún an 16 agus an 27 Meán Fómhair 2013 mionscrúdú ar na toimhdí airgeadais ba bhonn leis an tairiscint a thíolaic SNAV/Rifim agus dhearbhaigh sé oiriúnacht agus iontaofacht na tairisceana. Chuir an coiste tairisceana torthaí an nós imeachta fíorúcháin in iúl ag a sheisiún poiblí an 16 Deireadh Fómhair 2013 áit ar dheimhnigh sé freisin an liosta rangaithe a cuireadh ar fáil go poiblí an 29 Iúil 2013.

(79) Tar éis bhreithiúnas Chúirt Riaracháin Réigiúnach Réigiún Campania lenar coinníodh cinneadh an choiste tairisceana an tairiscint a dhámhachtain do SNAV/Rifim, chuir SNAV/Rifim forghníomhú a thairisceana faoi réir dheimhniú Réigiún Campania nár athraíodh coinníollacha airgeadais Caremar i gcomparáid leo siúd a ndearna na tairgeoirí measúnú orthu le linn an nós imeachta tairisceana a rinneadh in 2013. Tar éis do Réigiún Campania a fháil amach go raibh cothromas Caremar an 31 Nollaig 2024 EUR 2 155 008 níos ísle ná an leibhéal cothromais a bhí i bhfeidhm nuair a bhí tairiscint rathúil déanta ag SNAV/Rifim, chinn Réigiún Campania cothromas Caremar a athbhunú chuig an leibhéal a bhí i bhfeidhm ag deireadh 2013. Dá bhrí sin, le Cinneadh Réigiúnach Uimh. 316 an 21 Bealtaine 2015 ([84]) dheonaigh Réigiún Campania EUR 2 155 008 do Caremar, faoi réir é a bheith faighte ag an tairgeoir a n-éireodh leis, chun staid airgeadais Caremar a athbhunú ag an luach a bhí i bhfeidhm tráth na tairisceana rathúla chun Caremar a fháil.

(80) Síníodh an conradh díolacháin idir Réigiún Campania agus SNAV/Rifim an 16 Iúil 2015 agus ar an dáta sin aistríodh úinéireacht scaireanna uile Caremar ó Réigiún Campania chuig SNAV/Rifim ar an bpraghas seasta EUR 6 000 001.

(81) Ós rud é gur eintiteas comhchoiteann a bhí sa cheannaitheoir, dhíol agus cheannaigh SNAV agus Rifim scaireanna Caremar, agus iad ag glacadh leis na hoibleagáidí conarthacha uile i gcomhpháirt agus go leithleach, is é sin, cheannaigh SNAV 75 000 scair agus cheannaigh Rifim na 75 000 scair a bhí fágtha, rud a bhí cothrom le 50 % de scairchaipiteal iomlán Caremar ag gach ceann acu.

3.3. **An conradh seirbhíse poiblí nua**

3.3.1. *An OSP*

(82) An 16 Iúil 2015, shínigh Réigiún Campania agus Caremar an conradh seirbhíse poiblí nua chun seirbhísí muiriompair a sholáthar. Tá an conradh seirbhíse poiblí sin i bhfeidhm ar feadh 9 mbliana (is é sin, go dtí an 15 Iúil 2024 agus an dáta sin san áireamh).

(83) Baineann an OSP a fhorchuirtear ar Caremar (agus dá bhrí sin ar a fhaighteoir SNAV/Rifim) le soláthar seirbhísí muiriompair sceidealaithe paisinéirí agus/nó paisinéirí, feithiclí (lena n-áirítear feithiclí tarrthála) agus maoine poist, ag rátaí réamhchinntithe, ar bháid farantóireachta agus soithí tapa (rud a chiallaíonn TMV i gcás seirbhísí measctha nó duillárthach i gcás seirbhísí paisinéirí amháin) de réir na sceideal a léirítear sa chlár muiriompair a leagtar amach i gCinneadh Feidhmiúcháin Réigiúnach Uimh. 443 an 9.8.2011 ó Réigiún Campania (arna sholáthar mar Iarscríbhinn D den chonradh seirbhíse poiblí nua), arna leasú le Cinneadh Feidhmiúcháin Réigiúnach Uimh. 857 an 30.12.2011 ó Réigiún Campania (arna sholáthar mar Iarscríbhinn E den chonradh seirbhíse poiblí nua), agus na leasuithe a d'fhéadfaí a dhéanamh orthu ina dhiaidh sin.

(84) A mhéid a bhaineann leis na bealaí muirí atá le hoibriú, ní mór do Caremar seirbhísí muiriompair a sholáthar ar na hocht mbealach seo a leanas de réir na sceideal a léirítear in Iarscríbhinní D agus E a ghabhann leis an gconradh seirbhíse poiblí nua: Capri/Napoli, Capri/Sorrento, Ischia/Napoli, Ischia/Procida/Napoli, Ischia/Procida/Pozzuoli, Ischia/Procida, Procida/Pozzuoli agus Procida/Napoli.

(85) Is ionann mionsonraí an OSP i dtéarmaí chineál na soithí (bád farantóireachta, TMV, duillárthach), sceidil agus minicíochta (bliantúil/séasúrach) ar gach bealach agus na sonraí a chuirtear i bhfeidhm faoin gCoinbhinsiún Tosaigh fadaithe ón 16 Eanáir 2012, mar a thuairiscítear in aithris 39).

(86) Faoi Airteagal 8(4)(d) den chonradh seirbhíse poiblí nua, ní mór do Caremar an OSP a chomhlíonadh i gcomhréir leis na hoibleagáidí maidir le leanúnachas agus minicíocht, rialtacht, poncúlacht. Soiléiríodh in Airteagal 8(4)(l) gur ghá comhlíonadh na n-oibleagáidí sin a áirithiú i gcónaí, le linn ghnáth-athchóiriú agus athchóiriú urghnách soithí freisin.

([84]) Arna fhoilsiú in *Iris Oifigiúil Réigiún Campania* Uimh. 35 an 8 Meitheamh 2015. Deimhníodh an cinneadh sin le Foraithne Uimh. 116 ón Uachtarán an 15 Iúil 2015 arna fhoilsiú in *Iris Oifigiúil Réigiún Campania* Uimh. 45 an 20 Iúil 2015.

(87) Faoi Airteagal 8(4)(c) den chonradh seirbhíse poiblí nua, a mhéid a bhaineann le seirbhísí measctha, ní mór do Caremar tosaíocht a thabhairt d'iompar maoine poist (laistigh de theorainn 12 mhéadar líneacha) má cheanglaíonn an soláthraí seirbhíse poist uilechoitinne amhlaidh. Ina theannta sin, faoi Airteagal 9 den chonradh seirbhíse poiblí nua, tá sé d'oibleagáid ar Caremar, arna iarraidh sin ag Réigiún Campania, suas le deich dturas bhreise in aghaidh na bliana a sholáthar, gan cúiteamh breise, chun riachtanais seirbhíse poiblí urghnácha a chomhlíonadh.

(88) Maidir le líon, cineál agus toilleadh na soithí a shanntar do na muirbhealaí a oibrítear, faoi Airteagal 8(1), Airteagal 8(4)(m) agus Airteagal 8(5) den chonradh seirbhíse poiblí nua, tá sé d'oibleagáid ar Caremar seacht gcinn ar a laghad de na soithí a luaitear in Iarscríbhinn H den chonradh a úsáid (nó líon coibhéiseach, nó a a choibhéis ó thaobh saintréithe teicniúla, toilleadh agus compord) agus a ráthú i gcónaí go mbeidh soitheach cúltaca ar fáil a bhfuil na saintréithe a shonraítear san Iarscríbhinn H sin aige. Ina theannta sin, tá sé d'oibleagáid ar Caremar éifeachtúlacht na soithí a luaitear in Iarscríbhinn H a ráthú i gcónaí ([85]).

(89) Maidir leis na táillí, faoi Airteagal 8(4)(e) agus Airteagal 13 den chonradh seirbhíse poiblí nua, ní mór do Caremar na taraifí a leagtar síos le Cinneadh Feidhmiúcháin Réigiúnach Uimh. 183 an 29 Aibreán 2011 agus le Cinneadh Feidhmiúcháin Réigiúnach Uimh. 67 an 7 Márta 2013, dá bhforáiltear mar Iarscríbhinní B agus C den chonradh seirbhíse poiblí, agus na leasuithe a d'fhéadfaí a dhéanamh orthu ina dhiaidh sin, a chomhlíonadh. Is féidir le Caremar coigeartú na dtaraifí ar bhoilsciú a iarraidh ar Réigiún Campania ar bhonn bliantúil, ach féadfaidh Réigiún Campania a chinneadh gan an coigeartú a iarrtar a dheonú nó an coigeartú a deonaíodh cheana a chur ar fionraí ([86]). Thairis sin, faoi Airteagal 8(4)(b) ní mór do Caremar iompar práinneach a sholáthar saor in aisce le haghaidh othair le hotharcharr ón tseirbhís sláinte náisiúnta.

(90) Maidir le cáilíocht na seirbhíse, faoi Airteagal 8(4)(v) den chonradh seirbhíse poiblí nua b'éigean do Caremar na caighdeáin cháilíochta a leagtar amach in Airteagal 11 den chonradh seirbhíse poiblí nua a chomhlíonadh i dtéarmaí poncúlachta, compord taistil agus faisnéise d'úsáideoirí mar a shonraítear in Iarscríbhinn O den chonradh seirbhíse poiblí nua lena sainaithnítear freisin na pionóis is infheidhme i gcás nach gcomhlíontar na caighdeáin sin. Ina theannta sin, faoi Airteagal 8(4)(f), ní mór do Caremar na leibhéil cháilíochta a leagann Réigiún Campania síos in '*Carta di Servizio*' a glacadh faoi Chinneadh Feidhmiúcháin Réigiúnach Uimh. 3 an 16 Márta 2012 a chomhlíonadh.

(91) I dteannta na bpionós a leagtar síos in Iarscríbhinn O as mainneachtain na híoschaighdeáin cháilíochta a shainaithnítear in Airteagal 11 den chonradh seirbhíse poiblí nua a chomhlíonadh, sonraítear in Airteagal 25 den chonradh seirbhíse poiblí nua pionóis bhreise as mainneachtain an OSP arna fhorchur ar Caremar a chomhlíonadh (e.g. oibleagáidí leanúnachais agus rialtachta ([87]), poncúlachta ([88]), taraifí ([89])) mura gcruthaíonn Caremar nach bhfuil an mhainneachtain inchurtha ina leith mar thoradh ar *force majeure*.

([85]) Airteagal 8(4)(m) den chonradh seirbhíse poiblí nua.

([86]) Airteagal 13(4) agus 13(5) den chonradh seirbhíse poiblí nua.

([87]) Mar shampla, socraítear le hAirteagal 25(1)(A) den chonradh seirbhíse poiblí nua pionós EUR 80/míle in aghaidh gach turais nach ndéantar agus foráiltear pionós breise EUR 5 000 i gcás nach ndéantar an turas céanna níos mó ná seacht n-uaire in aon mhí amháin. Más rud é, i dtréimhse trí mhí, nach ndéanann Caremar an turas céanna faoi dhó ar feadh níos mó ná seacht n-uaire in aon mhí amháin, déantar cúram an chonartha seirbhíse poiblí a chúlghairm.

([88]) Mar shampla, socraítear le hAirteagal 25(1)(B) den chonradh seirbhíse poiblí nua pionós EUR 150 le haghaidh gach cumarsáide réasúnaithe a chailltear laistigh de 24 uair an chloig de mhoilleanna os cionn 30 nóiméad. Is é EUR 500 an pionós in aghaidh gach moille os cionn 30 nóiméad má bhaineann an mhoill le turas ar bhain moill os cionn 30 nóiméad dó cheana féin sa mhí chéanna.

([89]) Mar shampla, foráiltear le hAirteagal 25(1)(I) den chonradh seirbhíse poiblí nua maidir le pionós EUR 1 500 i gcás dhá ghearán i scríbhinn i ráithe maidir le sárú taraifí, méadaítear an pionós go EUR 5 000 i gcás an tríú gearán laistigh den ráithe chéanna.

3.3.2. *An cúiteamh*

(92) An bunluach saothair bliantúil, ar bhonn an nós imeachta tairisceana le haghaidh an chúitimh faoin gconradh nua as OSP a chomhlíonadh ar na bealaí muirí a shainaithnítear in aithris 84, shocraigh Réigiún Campania é ag EUR 178 553 034 thar thréimhse an chonartha 9 mbliana (EUR 19 839 226 in aghaidh na bliana), faoi réir athbhreithniú anuas. Ba é EUR 97 010 073 (EUR 10 778 897 in aghaidh na bliana ([90])) an méid a thairg SNAV/Rifim, agus a socraíodh mar thoradh ar an tairiscint, le lascaine EUR 81 542 961 thar thréimhse 9 mbliana an chonartha. Socraíodh an cúiteamh le haghaidh na tréimhse 16 Iúil 2015 – 31 Nollaig 2015 ag EUR 4 940 327,79 ([91]).

(93) Faoi Airteagal 16 den chonradh seirbhíse poiblí nua, déantar an cúiteamh seirbhíse poiblí a chainníochtú ar bhonn na modheolaíochta a leagtar síos i bPlé 111/2007 ([92]), ar dá réir nach féidir leis an gcúiteamh dul thar a bhfuil riachtanach chun na glanchostais arna dtabhú chun an OSP a chomhlíonadh (cothromaíocht eacnamaíoch-airgeadais) a chumhdach, lena n-áirítear brabús réasúnach (féach aithrisí (55) go (66)).

(94) Foráiltear le hAirteagal 17 den chonradh seirbhíse poiblí nua nach mór do na páirtithe, gach trí bliana, na coinníollacha maidir le cothromaíocht eacnamaíoch an chonartha a sheiceáil, i gcomhréir leis na critéir chobhsaíochta a leagtar síos i nDíospóireacht 111/2007. I gcás dialltaí ón gcothromaíocht chonarthach sin (e.g. i gcás tearc-chúitimh de níos mó ná 5 % den chúiteamh iomlán), déantar foráil le hAirteagal 17 den chonradh seirbhíse poiblí nua maidir le sásra athchothromúcháin lena ndéantar meastóireacht ar na paraiméadair uile atá nasctha le híocaíocht an chúitimh. I gcás nach leor méid an chúitimh chun na costais oibriúcháin arna dtabhú i soláthar na seirbhíse a chumhdach, ceadaítear leis an gconradh seirbhíse poiblí nua athbhreithniú a dhéanamh ar phríomhpharaiméadair an chúitimh, is iad sin an córas táillí, laghdú ar raon feidhme na seirbhísí poiblí arna dtairiscint nó sócmhainní ábhartha na cuideachta chun na seirbhísí a sholáthar. I gcás róchúitimh, ní mór do Réigiún Campania an cúiteamh a íocadh le haghaidh na chéad tréimhse rialála eile a laghdú, agus aon róchúiteamh a íocadh cheana a aisghabháil (féach Airteagail 17(4) agus 18).

(95) Íoctar an cúiteamh gach bliain i dtrí thráthchuid: déantar réamhíocaíocht tosaigh faoin 30 Aibreán gach bliain, arb ionann í agus 70 % den chúiteamh; is ionann an dara híocaíocht, a dhéantar faoin 30 Meán Fómhair, agus 20 % den chúiteamh; íocfar an méid dlite, tar éis asbhaintí agus pionóis a asbhaint, faoin 31 Eanáir den bhliain dár gcionn ([93]).

(96) Faoi Airteagal 18 den chonradh seirbhíse poiblí nua, ní mór aon róchúiteamh a aisíoc le Réigiún Campania laistigh de 30 lá ón iarraidh ó Réigiún Campania. Sa tréimhse ón 16 Iúil 2015 go dtí an 31 Nollaig 2017, sainaithníodh sa nós imeachta fíorúcháin gur tharla róchúiteamh EUR 835 057, a tugadh ar ais do Réigiún Campania. Le haghaidh na tréimhse ón 1 Eanáir 2018 go dtí an 31 Nollaig 2021, laghdaíodh an cúiteamh bliantúil EUR 10 778 897 go dtí EUR 9 093 983 mar thoradh ar an bpróiseas fíorúcháin a bhain leis an tréimhse go dtí an 31 Nollaig 2017. Ar bhonn na gcuntas airgeadais a bhí ar fáil, sainaithníodh róchúiteamh EUR 1 389 811 sa nós imeachta fíorúcháin le haghaidh na mblianta 2018 go 2021, róchúiteamh a tugadh ar ais do Réigiún Campania.

(97) Faoi Airteagal 20 den chonradh seirbhíse poiblí nua, tá cumhachtaí maoirseachta ag Réigiún Campania ar an gconradh agus déanann sé faireachán ar a fheidhmíocht chuí, ar leordhóthanacht agus cáilíocht shócmhainní an oibreora, ar chomhlíonadh oibleagáidí dlíthiúla agus ar bhaint amach na gcuspóirí cáilíochta le linn chomhlíonadh an OSP.

([90]) Luaitear an méid seo a leanas in Airteagal 16(2) den chonradh seirbhíse poiblí nua: '*Ní fhéadfaidh an cúiteamh dá dtagraítear thuas, ar feadh ré an chonartha seirbhíse seo, a bheith níos mó ná EUR 10 778 897 don bhliain féilire, i dteannta CBL, a léirítear síos sa Tairiscint*.'

([91]) Airteagal 16(3) den chonradh seirbhíse poiblí nua.

([92]) Airteagal 16(1) den chonradh seirbhíse poiblí nua.

([93]) Airteagal 16(5) den chonradh seirbhíse poiblí nua. Sonraíodh in Airteagal 16(6) den chonradh seirbhíse poiblí nua go n-íoctar an cúiteamh le haghaidh na tréimhse 16 Iúil 2015 – 31 Nollaig 2015 in dhá thráthchuid: an chéad tráthchuid 70 % faoin 15 Lúnasa 2015 agus an dara tráthchuid 30 % faoin 31 Eanáir 2016.

(98) Tar éis athbhreithniú tréimhsiúil a dhéanamh ar chothromaíocht eacnamaíoch an chonartha faoi Airteagal 17, laghdaigh Réigiún Campania an cúiteamh a bunaíodh roimh ré ar bhonn an nós imeachta tairisceana (EUR 10 778 897) go EUR 9 093 983 le haghaidh na tréimhse 2018-2021 agus rinneadh é a laghdú a thuilleadh go EUR 9 087 149 le haghaidh na tréimhse 2022-2024. Léirítear i dTábla 2 an cúiteamh a bunaíodh roimh ré agus an cúiteamh a íocadh go hiarbhír le Caremar le haghaidh na tréimhse Lúnasa 2015-2021.

Tábla 2

Cúiteamh arna bhunú agus arna íoc le Caremar faoin gconradh seirbhíse poiblí nua (EUR) 2015-2021 *(EUR)*

(EUR)

Bliain	Cúiteamh bunaithe	Cúiteamh a íocadh
2015 (ó mhí Iúil 2015)	10 778 897	**4 961 000**
2016	10 778 897	**10 778 000**
2017	10 778 897	**10 778 897**
2018	9 093 983	**10 363 306**
2019	9 093 983	**8 462 289**
2020	9 093 983	**10 365 064**
2021	9 093 983	**8 593 982**

3.4. An tosaíocht feistithe

(99) Foráladh le hAirteagal 19-*ter*, mír 21, de Dhlí Foraithne 135/2009 a tiontaíodh i nDlí 166/2009, chun leanúnachas críche leis na hoileáin a ráthú agus chun a OSP a chomhlíonadh, go gcoinneodh cuideachtaí iar-Ghrúpa Tirrenia, lena n-áirítear Caremar, an feistiú a leithdháileadh cheana agus an tosaíocht i leithdháileadh sliotán i gcomhréir leis na nósanna imeachta arna leagan amach ag na hÚdaráis Mhuirí mar a bunaíodh le Dlí Uimh. 84 an 28 Eanáir 1994 agus le Cód Muirí na hIodáile.

3.5. Na bearta arna leagan síos le Dlí 163/2010

(100) Leagadh síos le Dlí 163/2010 an fhéidearthacht go n-úsáidfeadh cuideachtaí iar-Ghrúpa Tirrenia, Caremar san áireamh, ar bhonn sealadach, na hacmhainní airgeadais a gealladh cheana ([94]) le haghaidh uasghrádú agus nuachóiriú an chabhlaigh chun riachtanais phráinneacha nua leachtachta a chumhdach ina ionad sin. Ceanglaíodh ar na gnóthais úd de chuid iar-Ghrúpa Tirrenia a bhain úsáid as an bhféidearthacht sin, áfach, na cistí tiomnaithe sin a athshlánú sa chaoi agus go mbeidís fós in ann na huasghráduithe ba ghá a dhéanamh ar a longa. Bhí gá leis na huasghráduithe sin chun caighdeáin nua idirnáisiúnta sábháilteachta a chomhlíonadh i ndiaidh Chomhaontú Stócólm 1996 ([95]).

(101) Go háirithe, cuireadh EUR 23 750 000 ar leataobh chun na huasghráduithe do Ghrúpa Tirrenia ina iomláine a íoc, á tharraingt as dhá shaoráid ([96]). Bhain Caremar úsáid as na saoráidí sin chun a longa a uasghrádú.

([94]) Mar a leagtar síos le hAirteagal 19, mír 13a, de Dhlí Foraithne Uimh. 78 an 1 Iúil 2009, arna thiontú i nDlí Uimh. 102 an 3 Lúnasa 2009 ('Dlí 102/2009'), agus le hAirteagal 19-*ter*, mír 19, de Dhlí 166/2009.

([95]) Sonraíodh na caighdeáin sábháilteachta sin ansin i dTreoir 98/18/CE ón gComhairle an 17 Márta 1998 maidir le rialacha agus caighdeáin sábháilteachta le haghaidh longa paisinéirí (IO L 144, 15.5.1998, lch. 1), a trasuíodh le Foraithne Reachtach Uimh. 45 an 4 Feabhra 2000, Treoir 2003/24/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Aibreán 2003 lena leasaítear Treoir 98/18/CE ón gComhairle maidir le rialacha agus caighdeáin sábháilteachta le haghaidh longa paisinéirí (IO L 123, 17.5.2003, lch. 18), a trasuíodh le Foraithne Reachtach Uimh. 52 an 8 Márta 2005, agus Treoir 2003/25/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Aibreán 2003 maidir le ceanglais shonracha chobhsaíochta le haghaidh longa paisinéirí róró (IO L 123, 17.5.2003, lch. 22), a trasuíodh le Foraithne Reachtach Uimh. 65 an 14 Márta 2005.

([96]) Na cistí uile (is é sin, EUR 7 000 000) dá bhforáiltear le hAirteagal 19-*ter*, mír 19, de Dhlí 166/2009 agus EUR 16 750 000 as na cistí dá bhforáiltear le Dlí 102/2009.

(102) Ina theannta sin, leagadh síos an méid seo a leanas freisin in Airteagal 1 de Dhlí 163/2010:

(a) Leasaítear Airteagal 19-*ter* de Dhlí Foraithne 135/2009, a tiontaíodh le modhnuithe i nDlí 166/2009, trí mhír 24 bis a thabhairt isteach. De réir na míre sin, tairbhíonn gach gníomh oifigiúil agus oibríocht oifigiúil i gcur chun feidhme fhorálacha Airteagal 19-*ter*, míreanna 1 go 15, de Dhlí 166/2009 de dhíolúine fhioscach. Baineann na míreanna sin le léirscaoileadh na hearnála cabatáiste mhuirí trí phríobháidiú Ghrúpa Tirrenia, lena n-áirítear a réamhbheart, i.e. aistriú na gcuideachtaí réigiúnacha chuig na Réigiúin faoi seach;

(b) chun leanúnachas na seirbhíse poiblí a áirithiú agus chun tacú le próiseas príobháidithe iarchuideachtaí ghrúpa Tirrenia, féadfaidh na Réigiúin atá i gceist úsáid a bhaint as acmhainní *Fondo Aree Sottoutilizzate* ('FAS') ([97]) de bhun Dhíospóireacht Uimh. 1 de *Comitato Interministeriale per la Programmazione Economica* an 6 Márta 2009 ([98]).

4. **NÓS IMEACHTA MAIDIR LE SÁRÚ UIMH. 2007/4609**

(103) I ndiaidh malartuithe roimhe seo idir seirbhísí an Choimisiúin agus an Iodáil, rinne Ard-Stiúrthóir an Choimisiúin atá freagrach as fuinneamh agus iompar eolas a iarraidh ar an Iodáil an 19 Nollaig 2008. Bhain an iarraidh sin i measc nithe eile, le forbhreathnú ar na bealaí seirbhíse poiblí ag an am agus ar an saindualgas seirbhíse poiblí arna shamhlú ag an Iodáil faoi na Coinbhinsiúin nua a moladh. Thairis sin, iarradh ar an Iodáil tuilleadh mionsonraí a sholáthar maidir leis na pleananna um phríobháidiú Ghrúpa Tirrenia.

(104) I litir uaithi an 28 Aibreán 2009, thug an Iodáil freagra mionsonraithe ar iarraidh an Choimisiúin an 19 Nollaig 2008. Luaigh an Iodáil na nithe seo a leanas sa litir sin, i measc nithe eile:

(a) b'éigean síneadh a chur leis na Coinbhinsiúin Tosaigh go dtí an 31 Nollaig 2009 sa chaoi agus go mbainfí amach léirscaoileadh na hearnála cabatáiste mhuirí san Iodáil trí phríobháidiú Ghrúpa Tirrenia;

(b) b'éigean cúiteamh seirbhíse poiblí a dheonú do Ghrúpa Tirrenia sa chaoi agus go n-áiritheofaí leanúnachas críche leis na hoileáin trí bhíthin naisc mhuirí nach raibh á soláthar go sásúil ag oibreoirí príobháideacha ar an margadh;

(c) bhí bailchríoch curtha ar phróiseas críochnúil cuíchóirithe ar na bealaí faoin 10 Márta 2009. Cuireadh na gnéithe ábhartha sóisialta, fostaíochta agus eacnamaíocha san áireamh sa phróiseas sin, mar aon leis an ngá atá ann naisc fíor-riachtanacha le haghaidh leanúnachas críche a choimirciú agus áiríodh leis comhairliúchán leis na sé Réigiún lena mbaineann. Is é a bheadh mar thoradh ar an gcuíchóiriú sin laghdú ar ghlanchostas na seirbhíse poiblí de thuairim agus EUR 66 mhilliún agus iomarcaíocht thart ar 600 ball den chriú thar Ghrúpa Tirrenia ina iomláine. Mheabhraigh an Iodáil freisin gur chomhlánaigh cuíchóiriú 2009 iarrachtaí a rinneadh roimhe sin (in 2004, 2006 agus 2008) chun na seirbhísí a bhí á n-oibriú ag Grúpa Tirrenia a laghdú;

(d) ba iad seo a leanas na cuspóirí: (i) na naisc a raibh gá leo chun leanúnachas críche a áirithiú idir na hoileáin agus an mhórthír agus idir na hoileáin féin a choinneáil ar bun, agus an ceart chun sláinte, staidéir agus gluaiseachta a choimeád; (ii) naisc a chuíchóiriú i gcás oibreoirí príobháideacha a bhí ag soláthar na naisc chéanna thar an tréimhse chéanna ama, agus ráthaíochtaí comhchosúla cáilíochta agus leanúnachais acu; (iii) naisc shamhraidh agus mhearluais nach n-iompraítear ach daoine leo, a chuíchóiriú;

(e) thug an Iodáil forbhreathnú sa litir ar na bealaí a bhí á n-oibriú ag cuideachtaí Ghrúpa Tirrenia le linn 2008 agus ar an líon laghdaithe bealaí a d'oibreodh cuideachtaí Ghrúpa Tirrenia in 2009. De réir na hIodáile, ba iad na bealaí sa chás deireanach sin ba bhonn leis na Coinbhinsiúin nua a bhí le tabhairt i gcrích le húinéirí nua chuideachtaí Ghrúpa Tirrenia.

([97]) Is ciste náisiúnta é an Ciste do Limistéir Thearcúsáidte (*Fondo Aree Sottoutilizzate*) lena dtacaítear le cur chun feidhme bheartas Réigiúnach na hIodáile. Tá a chuid acmhainní curtha in áirithe do réigiúin arna sainaithint amhlaidh ag an Iodáil den chuid is mó.

([98]) *Gazzetta Ufficiale della Repubblica Italiana* Uimh. 137 an 16 Meitheamh 2009.

(105) Chuir Ard-Stiúrthóir an Choimisiúin atá freagrach as fuinneamh agus iompar litir chuig an Iodáil an 21 Nollaig 2009 inar tugadh dá n-aire dóibh inter alia, i bhfianaise an ollchóirithe radacaigh a rinneadh ar earnáil an chabatáiste mhuirí san Iodáil, agus mar gheall ar an tionchar mór sóisialta a d'imreodh an príobháidiú, dá mba rud é go ndéanfaí na tairiscintí ar bhonn conradh simplí seirbhíse poiblí, gurbh inghlactha cuideachtaí loingseoireachta a bhfuil na conarthaí sin acu a chur chun tairisceana - i bprionsabal agus mar eisceacht - chun comhlíontacht a áirithiú le critéar an neamh-idirdhealaithe idir longúinéirí an Aontais mar a leagtar síos i Rialachán (CEE) Uimh. 3577/92 ón gComhairle ([99]). Thug an Coimisiún dá aire nach gceanglaítear le Rialachán (CEE) Uimh. 3577/92 ar na Ballstáit a gcuideachtaí muiriompair a phríobháidiú ach an margadh sonrach sin amháin a léirscaoileadh.

(106) An 29 Eanáir 2010 ([100]), sheol an Coimisiún litir fógra fhoirmiúil maidir le Rialachán (CEE) Uimh. 3577/92 a bheith á chur chun feidhme go mícheart. Mheabhraigh an Coimisiún sa litir sin go gceanglaítear leis an Rialachán sin, aon uair a thugann Ballstát conarthaí seirbhíse poiblí i gcrích nó a fhorchuireann sé OSP, go ndéanfaidh sé amhlaidh ar bhonn neamh-idirdhealaitheach i leith longúinéirí uile an Aontais. Foráiltear in Airteagal 4(3) den Rialachán sin go bhféadfaidh conarthaí seirbhíse poiblí atá ann faoi láthair fanacht i bhfeidhm suas go dtí dáta éaga an chonartha ábhartha. Thug an Coimisiún dá aire, áfach, gur lean cuideachtaí Ghrúpa Tirrenia de sheirbhísí muiriompair a oibriú tar éis do na conarthaí seirbhíse poiblí faoi seach dul in éag. Bhí na coinbhinsiúin sin, go háirithe, le dul in éag ag deireadh 2008 ach d'fhadaigh an Iodáil arís agus arís eile iad. Dá bhrí sin, d'iarr an Coimisiún ar an Iodáil a cuid barúlacha a thíolacadh.

(107) An lá céanna agus ar leithligh, thug Ard-Stiúrthóir an Choimisiúin atá freagrach as fuinneamh agus iompar freagra ar litir na hIodáile an 22 Eanáir 2010. Chuir an tArd-Stiúrthóir i dtábhacht nár bhain a fhreagra ach le comhlíonadh Rialachán (CEE) Uimh. 3577/92 agus nár bhain sé le saincheisteanna Státchabhrach. Ina fhianaise sin, chuir an tArd-Stiúrthóir in iúl gur leor na réasúnuithe a tugadh maidir le bealaí áirithe chun cuid den amhras a cuireadh in iúl roimhe sin a bhaint. Mheabhraigh an tArd-Stiúrthóir nach bhféadann conarthaí seirbhíse poiblí ach bealaí dá bhfuil teip mhargaidh ann a chumhdach.

(108) Thug an Iodáil freagra an 29 Márta 2010 ar litir fógra fhoirmiúil an Choimisiúin an 29 Eanáir 2010.

(109) An 10 Meán Fómhair 2010, chuir an Iodáil in iúl don Choimisiún gur cuireadh moill ar an nós imeachta iomaíoch le haghaidh an chonartha lena mbaineann, i measc nithe eile, bealaí Oileánra Pontino, a bhí á n-oibriú ag Caremar ag an am. Ina dhiaidh sin, le Dlí 163/2010 fadaíodh na Coinbhinsiúin tosaigh tuilleadh go dtí deireadh phróisis phríobháidithe Tirrenia agus Siremar (féach freisin aithris 33).

(110) I bhfianaise na bhforbairtí sin, sheol an Coimisiún litir fógra fhoirmiúil chomhlántach an 24 Samhain 2010. Luaigh an Coimisiún an méid seo a leanas sa litir sin:

(a) cuireadh síneadh le Coinbhinsiún Tosaigh Caremar, i measc cinn eile, go huathoibríoch agus gan aon nós imeachta iomaíoch;

(b) cé gur leanadh de chur i bhfeidhm na gconarthaí seirbhíse poiblí atá i gceist, níor tugadh i gcrích aon nós imeachta iomaíoch, i gcás Caremar i measc cinn eile;

(c) d'fhorchoimeád sé an ceart chun tuairim réasúnaithe a thabhairt más gá (agus aon bharúil a thabharfadh an Iodáil á cur san áireamh).

(111) An 21 Meitheamh 2012, ghlac an Coimisiún tuairim réasúnaithe maidir le faduithe an OSP a cuireadh ar iontaoibh trí chuideachta (Caremar, Laziomar agus Saremar) de chuid iar-Ghrúpa Tirrenia. Ós rud é gur tugadh na nósanna imeachta tairisceana le haghaidh na dtrí chuideachta eile (Tirrenia, Toremar agus Siremar) chun críche le linn 2011 ([101]), níor cumhdaíodh na cuideachtaí sin leis an tuairim réasúnaithe. Thug an Coimisiún dá aire nach raibh nósanna imeachta iomaíocha curtha i bhfeidhm ag an Iodáil chun conradh seirbhíse poiblí a dhámhachtain le haghaidh cabatáiste muirí oibrithe ag Caremar, i measc oibreoirí eile, níos mó ná 3 bliana tar éis ghnáthdhul in éag na gCoinbhinsiún Tosaigh faoi seach. Cuireadh síneadh uathoibríoch agus éiginnte leis na Coinbhinsiúin sin, rud a chuir cosc ar longúinéirí eile de chuid an Aontais dul san iomaíocht chun na conarthaí sin a fháil.

([99]) Rialachán (CEE) Uimh. 3577/92 ón gComhairle an 7 Nollaig 1992 lena ndéantar prionsabal na saoirse chun seirbhísí a sholáthar a chur i bhfeidhm maidir le muiriompar laistigh de na Ballstáit (cabatáiste muirí) (IO L 364, 12.12.1992, lch. 7).

([100]) Glacadh an litir fógra fhoirmiúil an 28 Eanáir 2010 ach níor tugadh fógra don Iodáil fúithi go dtí an lá dar gcionn.

([101]) Fiú murar tharla aistriú foirmiúil na húinéireachta ar Tirrenia, Toremar agus Siremar ach in 2012.

(112) An 8 Lúnasa 2012, thug an Iodáil freagra ar an tuairim réasúnaithe, agus dúirt sí go raibh, nó go mbeadh, fógraí tairisceana maidir le conarthaí seirbhíse poiblí nua a dhámhachtain do na cuideachtaí dearlaicthe foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Go háirithe, le haghaidh Caremar, foilsíodh an fógra an 20 Iúil 2012 agus le haghaidh Laziomar seoladh an fógra lena fhoilsiú an 1 Lúnasa 2012.

(113) An 14 Eanáir 2014, tháinig CLN chun bheith ar an úinéir nua ar Laziomar agus shínigh sé conradh seirbhíse poiblí 10 mbliana le haghaidh naisc le hOileánra Pontino.

(114) An 16 Iúil 2015, ghlac SNAV/Rifim úinéireacht ar Caremar, ar cuireadh conradh seirbhíse poiblí 9 mbliana ar a iontaoibh.

(115) I litir dar dáta an 15 Iúil 2016, chuir an Iodáil in iúl don Choimisiún gur tugadh i gcrích príobháidiú chuideachtaí uile iar-Ghrúpa Tirrenia. An 8 Nollaig 2016, chinn an Coimisiún clabhsúr a chur leis an nós imeachta um shárú.

5. FORAIS LE TIONSCNAMH AN NÓS IMEACHTA AGUS LE SÍNEADH A CHUR LEIS

5.1. An cúiteamh as seirbhísí muiriompair a sholáthar ón 1 Eanáir 2009 go dtí an 31 Iúil 2012

5.1.1. *Cabhair a bheith ann*

(116) I gCinneadh Tosaigh 2011 uaidh, ba é réamhthuairim an Choimisiúin nach raibh sainiú an OSP soiléir go leor agus, dá bhrí sin, nár lig sé don Choimisiún teacht ar chonclúid chinnte an raibh earráidí follasacha ann. Go háirithe, ní raibh léargas iomlán ag an gCoimisiún maidir leis na hoibleagáidí iarbhír a forchuireadh ar Caremar maidir le hoibriú na mbealaí i Murascaill Napoli agus in Oileánra Pontino i gcomparáid leis na seirbhísí a thairg iomaitheoirí ar chuid de na bealaí sin (féach aithrisí 194, 203, 205 agus 208 de Chinneadh Tosaigh 2011). Ina theannta sin, maidir leis na bealaí i Murascaill Napoli, bhí amhras ar an gCoimisiún maidir lena dhlisteanaí atá sé an bhuaine, i gcalafoirt an oileáin san oíche, a mheas mar fhíorsheirbhís phoiblí agus d'iarr sé ar údaráis na hIodáile a shonrú an gceadaítear iompar ar héileacaptar le paiteolaíochtaí áirithe, agus eolas a sholáthar maidir le hinfhaighteacht agus acmhainneacht seirbhísí malartacha iompair leighis (féach aithris 206 de Chinneadh Tosaigh 2011).

(117) Ba é réamhthuairim an Choimisiúin gur comhlíonadh an dara critéar de bhreithiúnas Altmark ([102]) toisc gur suíodh roimh ré na paraiméadair a bhí mar bhonn le ríomh an chúitimh agus gur comhlíonadh leo na ceanglais trédhearcachta (féach aithris 239 de Chinneadh Tosaigh 2011). Go háirithe, thug an Coimisiún dá aire in aithris 240 de Chinneadh Tosaigh 2011 gur tugadh tuairisc ar na paraiméadair sin sa Choinbhinsiún Tosaigh (le haghaidh cúitimh a bhaineann leis an mbliain 2009) agus i bPlé 111/2007 (le haghaidh cúitimh ó 2010 ar aghaidh).

(118) Mheas an Coimisiún, áfach, gur chosúil nár comhlíonadh an tríú critéar de bhreithiúnas Altmark agus go mb'fhéidir gur tugadh róchúiteamh do na hoibreoirí as na cúraimí seirbhíse poiblí a dhéanamh (féach aithris 244 de Chinneadh Tosaigh 2011). Go háirithe, chuir an Coimisiún amhras in iúl maidir le comhréireacht an chúitimh a íocadh le cuideachtaí iar-ghrúpa Tirrenia ó 2009 i leith, i bhfianaise easpa sainiú soiléir na n-oibleagáidí a forchuireadh ar na cuideachtaí sin (féach aithris 245 de Chinneadh Tosaigh 2011). Ar an gcaoi chéanna, bhí amhras ar an gCoimisiún ar léirigh an biseach riosca 6,5 %, a bhfuil feidhm aige ó 2010 ar aghaidh, leibhéal iomchuí riosca ós rud é gur chosúil *prima facie* nár ghlac Caremar chuige féin na rioscaí a iompraítear de ghnáth in oibriú na seirbhísí sin (féach aithris 247 de Chinneadh Tosaigh 2011).

([102]) Breithiúnas an 24 Iúil 2003, *Altmark Trans GmbH agus Regierungspräsidium Magdeburg v Nahverkehrsgesellschaft Altmark GmbH, agus Oberbundesanwalt beim Bundesverwaltungsgericht*, C-280/00, AE:C:2003:415.

(119) Ba é réamhthuairim an Choimisiúin freisin nár comhlíonadh an ceathrú critéar Altmark a mhéid nár cuireadh fadú an Choinbhinsiúin Tosaigh amach chun tairisceana (féach aithris 249 de Chinneadh Tosaigh 2011). Thug an Coimisiún dá aire thairis sin nach bhfuair sé aon fhianaise chun tacú leis an argóint gur sholáthair Caremar na seirbhísí ar an gcostas is lú don phobal i ndáiríre (féach aithris 251 de Chinneadh Tosaigh 2011).

(120) Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an réamhchonclúid i gCinneadh Tosaigh 2011 gur Státchabhair de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE a bhí sa chúiteamh seirbhíse poiblí a íocadh leis na hoibreoirí le linn fhadú an Choinbhinsiúin Tosaigh (féach aithris 255 de Chinneadh Tosaigh 2011). Ina theannta sin, bhí an Coimisiún den tuairim gur cheart an chabhair sin a mheas mar chabhair nua (féach aithris 257 de Chinneadh Tosaigh 2011).

(121) I gCinneadh um Shíneadh 2012, chuir an Coimisiún an t-amhras céanna in iúl freisin maidir leis an gcúiteamh a deonaíodh do Caremar ó mhí Eanáir 2012 go dtí a phríobháidiú (féach aithrisí 42, 180 agus 181 de Chinneadh 2012 maidir le Síneadh).

5.1.2. *Comhoiriúnacht*

(122) I gCinneadh Tosaigh 2011, ba é réamhthuairim an Choimisiúin go raibh an cúiteamh seirbhíse poiblí le haghaidh na mblianta 2009, 2010 agus 2011 lasmuigh de raon feidhme Chinneadh 2005/842/CE ([103]) ón gCoimisiún agus chreat an Chomhphobail maidir le Státchabhair i bhfoirm cúiteamh seirbhíse poiblí ([104]) ('Creat SGEI 2005'). Dá bhrí sin, rinne an Coimisiún measúnú ar an mbeart sin go díreach faoi Airteagal 106(2) CFAE agus shuigh sé go raibh amhras air maidir le cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh na coinníollacha comhoiriúnachta is infheidhme (féach aithris 315 de Chinneadh Tosaigh 2011).

(123) I gCinneadh 2012 maidir le Síneadh, thug an Coimisiún dá aire gur tháinig pacáiste nua maidir le seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta i bhfeidhm an 31 Eanáir 2012, pacáiste arb é a bhí ann Cinneadh 2012/21/AE ([105]) ón gCoimisiún agus Creat 2011 maidir le seirbhísí lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta ('Creat SGEI 2011'). Ba é réamhthuairim an Choimisiúin, áfach, nach bhféadfaí a mheas go raibh an cúiteamh seirbhíse poiblí faoi fhadú an Choinbhinsiúin Tosaigh comhoiriúnach leis an margadh inmheánach agus díolmhaithe ón gceanglas fógra faoi Chinneadh 2012/21/AE toisc nár comhlíonadh leis an bhfadú sin Airteagal 4 de Rialachán (CEE) Uimh. 3577/92 lena leagtar síos an coinníoll, i gcás ina dtugann Ballstát conarthaí seirbhíse poiblí i gcrích nó a bhforchuireann sé oibleagáidí seirbhíse poiblí, go ndéanfaidh sé amhlaidh ar bhonn neamh-idirdhealaitheach i leith longúinéirí uile an Chomhphobail (féach aithris 256 de Chinneadh 2012 maidir le Síneadh). Níor chuir an Coimisiún as an áireamh go bhféadfadh an cúiteamh seirbhíse poiblí a deonaíodh faoin gCoinbhinsiún Tosaigh fadaithe teacht, i bprionsabal, faoi Chreat SGEI (féach aithris 258 de Chinneadh 2012 maidir le Síneadh), ach ní raibh eilimintí leordhóthanacha ag an gCoimisiún chun teacht ar chonclúid ina leith sin (féach aithris 267 de Chinneadh 2012 maidir le Síneadh).

5.2. **Príobháidiú Caremar**

(124) I gCinneadh 2012 maidir le Síneadh, chuir an Coimisiún amhras in iúl maidir le cé acu a bhí nó nach raibh an nós imeachta tairisceana chun Caremar a dhíol trédhearcach agus neamhchoinníollach go leordhóthanach chun a áirithiú gur tharla an díolachán ar phraghas an mhargaidh (féach aithris 242 de Chinneadh 2012 maidir le Síneadh). Go háirithe, mheas an Coimisiún go mb'fhéidir gur chuir díol ghnó Caremar mar aon le cur ar iontaoibh an chonartha seirbhíse poiblí nua srian le líon na dtairgeoirí nó go raibh tionchar aige ar an bpraghas díola (féach aithris 243 de Chinneadh 2012 maidir le Síneadh).

([103]) Cinneadh 2005/842/CE ón gCoimisiún an 28 Samhain 2005 maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 86(2) de Chonradh CE maidir le Státchabhair i bhfoirm cúitimh seirbhíse poiblí arna dheonú do ghnóthais áirithe a gcuirtear ar a n-iontaoibh seirbhísí lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta a oibriú (IO L 312, 29.11.2005, lch. 67).

([104]) Creat Comhphobail le haghaidh Státchabhair i bhfoirm cúitimh seirbhíse poiblí (IO C 297, 29.11.2005, lch. 4).

([105]) Cinneadh 2012/21/AE ón gCoimisiún an 20 Nollaig 2011 maidir le hAirteagal 106(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a chur i bhfeidhm ar Státchabhair i bhfoirm cúitimh seirbhíse poiblí arna tabhairt do ghnóthais áirithe a bhfuil ar a n-iontaoibh seirbhísí ar mhaithe leis an leas eacnamaíoch i gcoitinne a oibriú (IO L 7, 11.1.2012, lch. 3).

(125) Mheas an Coimisiún freisin, ar bhonn na faisnéise a bhí ar fáil agus Cinneadh 2012 maidir le Síneadh á eisiúint aige, go mbeadh aon chabhair a d'fhéadfadh teacht chun cinn le linn an phróisis príobháidithe neamh-chomhoiriúnach (féach aithris 305 de Chinneadh 2012 maidir le Síneadh).

5.3. **An conradh seirbhíse poiblí nua**

5.3.1. *Cabhair a bheith ann*

(126) I gCinneadh 2012 maidir le Síneadh, ba é réamhthuairim an Choimisiúin nár chomhlíon an cúiteamh a íocadh le Caremar na critéir a leagtar síos i mbreithiúnas *Altmark* agus, dá bhrí sin, gurbh ionann é agus cabhair de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE. Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid sin ós rud é: (i) bhí iomaitheoirí ar chosúil go raibh seirbhísí comhchosúla á dtairiscint acu i láthair ar a laghad ar bhealaí áirithe a bhí á n-oibriú ag Caremar agus ní raibh faisnéis leordhóthanach ar fáil a chuirfeadh ar a chumas don Choimisiún teacht ar chonclúid maidir le cé acu a bhí nó nach raibh an tseirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta ina léiriú ar fhíor-riachtanas seirbhíse poiblí nárbh fhéidir le fórsaí margaidh iad féin a chomhlíonadh; (ii) gur cosúil gur tugadh róchúiteamh don oibreoir as an tseirbhís phoiblí a sholáthar mar thoradh ar ríomh an chúitimh de bhun Dhíospóireacht 111/2007 ar na cúiseanna céanna a cuireadh in iúl i gCinneadh Tosaigh 2011; (iii) gur cosúil nár comhlíonadh an ceathrú critéar de bhreithiúnas *Altmark*ós rud é gur cuireadh an tseirbhís phoiblí chun tairisceana ar an gcoinníoll go bhfaigheadh an tairgeoir rathúil an chuideachta Caremar ina hiomláine. Mheas an Coimisiún go bhféadfadh sé go mbeadh costas níos ísle don phobal ann dá mbeadh an conradh seirbhíse poiblí curtha chun tairisceana gan an ceanglas ceannaigh.

5.3.2. *Comhoiriúnacht*

(127) Maidir le comhoiriúnacht an chúitimh do Caremar, i gCinneadh 2012 maidir le Síneadh, thug an Coimisiún dá aire gur chosúil, ar bhonn na faisnéise a chuir údaráis na hIodáile ar fáil, nach raibh feidhm ag Cinneadh 2012/21/AE. In aon chás, níorbh fhéidir leis an gCoimisiún teacht ar chonclúid maidir le cur i bhfeidhm Chinneadh 2012/21/AE toisc nár soláthraíodh an conradh sínithe ag an gcéim sin (féach aithris 283 de Chinneadh 2012 maidir le Síneadh). Ní bhfuair an Coimisiún aon fhaisnéis (e.g., an líon paisinéirí a iompraíodh sa 2 bhliain roimh bhliain an chur in iontaoibh) chun scrúdú a dhéanamh ar na coinníollacha comhoiriúnachta eile i gCinneadh 2012/21/AE. Rinne an Coimisiún measúnú ansin ar an gcabhair ar bhonn Chreat SGEI 2011 ach shuigh sé go raibh amhras air maidir le cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh coinníollacha comhoiriúnachta an Chreata sin go háirithe a mhéid a bhaineann le fíorsheirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta a bheith ann ar gach bealach agus leibhéal an bhrabúis réasúnaigh a tugadh do Caremar (féach aithrisí 298 agus 300 de Chinneadh 2012 maidir le Síneadh).

5.4. **An tosaíocht feistithe**

(128) I gCinneadh Tosaigh 2011, ba é réamhthuairim an Choimisiúin, a mhéid nár tugadh luach saothair don tosaíocht feistithe, gur buntáiste rialála é an beart nach mbaineann aon aistriú acmhainní Stáit leis agus nach féidir leis, dá bhrí sin, cáiliú mar Státchabhair (féach aithris 278 de Chinneadh Tosaigh 2011). Dá dtabharfaí luach saothair don tosaíocht feistithe, mheas an Coimisiún, a mhéid a sholáthraíonn Caremar fíorsheirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta agus nach ndeonaítear an tosaíocht sin ach i ndáil le bealaí a chumhdaítear leis an tseirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta, nach mbeadh buntáiste eacnamaíoch breise mar thoradh uirthi ós rud é go mbeadh sí ina dlúthchuid de sholáthar seirbhíse lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta (féach aithris 279 de Chinneadh Tosaigh 2011). Mar sin féin, d'iarr an Coimisiún ar an Iodáil agus ar thríú páirtithe tuilleadh faisnéise a sholáthar maidir leis an mbeart sin (féach aithris 280 de Chinneadh Tosaigh 2011).

(129) Ós rud é gur léirigh sé amhras maidir le dlisteanacht mhisean na seirbhíse lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta, ní raibh an Coimisiún in ann teacht ar chonclúid maidir le comhoiriúnacht an bhirt dá measfaí gur chabhair é (féach aithris 319 de Chinneadh Tosaigh 2011).

5.5. **Na bearta a leagtar síos le Dlí 163/2010**

(130) In aithris 289 de Chinneadh Tosaigh 2011, ba é réamhthuairim an Choimisiúin gur Státchabhair i bhfabhar chuideachtaí iar-Ghrúpa Tirrenia, lena n-áirítear Tirrenia, a bhí sna bearta uile a leagtar síos le Dlí 163/2010. Áiríodh orthu sin: (i) an úsáid a d'fhéadfaí a bhaint, chun críoch leachtachta, as na cistí a cuireadh i leataobh chun na longa a uasghrádú; (ii) na díolúintí fioscacha a bhain leis an bpróiseas príobháidithe; (iii) an úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as acmhainní FAS. D'iarr an Coimisiún ar an Iodáil a shoiléiriú an raibh gá le gach ceann de na bearta sin chun an tseirbhís phoiblí a sholáthar agus cén chaoi a raibh gá leo.

(131) Ba é réamhthuairim an Choimisiúin freisin gur dhócha gur chabhair oibriúcháin a bhí sna bearta sin lena laghdófaí na costais a bheadh ar Caremar, agus ar chuideachtaí eile iar-Ghrúpa Tirrenia, a sheasamh iad féin murach sin agus, dá bhrí sin, gur cheart a mheas go bhfuil na bearta sin neamh-chomhoiriúnach leis an margadh inmheánach (féach aithris 320 den Chinneadh Tosaigh).

6. **BARÚLACHA Ó CAREMAR**

6.1. **Maidir leis an OSP agus an timpeallacht iomaíoch**

(132) Áitíonn Caremar gur sainíodh na OSPanna go beacht le gníomhartha Réigiún Campania agus gur thug Réigiún Campania, i sainiú an OSP a forchuireadh ar Caremar, aird chuí ar thimpeallacht iomaíoch na seirbhísí muirí a soláthraíodh i Murascaill Napoli agus ar riachtanais mhuiriompair an phobail áitiúil.

(133) De réir Caremar, déantar foráil maidir leis sainiú an OSP a fhorchuirtear ar Caremar leis an gCoinbhinsiún Tosaigh, leis na pleananna 5 bliana agus leis na creataí feistithe ('*quadri accosti*'), arna bhformheas agus arna bhfoilsiú ag Réigiún Campania, chun an tairiscint a choigeartú don éileamh ó úsáideoirí. Maidir leis an leibhéal seirbhísí a bhí ag teastáil, thug Caremar dá aire nár bhain an OSP leis an mbealach a raibh seirbhís le déanamh air amháin ach gur áiríodh leis roinnt oibleagáidí a bhaineann le leanúnachas agus minicíocht seoltaí, rialtacht agus poncúlacht, táillí, agus ceanglais eile maidir le hacmhainneacht agus saintréithe na soithí a bhí le húsáid, rud a léirigh fíor-riachtanas seirbhíse poiblí.

(134) Sholáthair Caremar eolas mionsonraithe maidir leis na bealaí muirí éagsúla, chun a léiriú gur oibrigh sé i gcomhréir le ceanglais shonracha arna cheapadh chun ceanglais seirbhíse poiblí a chomhlíonadh (e.g., an oibleagáid an chéad seoladh ar maidin chuig an mórthír a oibriú, agus an gá dá bharr sin fanacht thar oíche na soithí ar an oileán a áirithiú, le costais bhreise), agus ar an gcaoi sin idirdhealú a dhéanamh idir a ról i ndáil lena iomaitheoirí. Mhínigh Caremar, chun na hoibleagáidí sin a áirithiú, go bhfanann criú Caremar i mbun seirbhíse ar feadh 16 uair an chloig in aghaidh an lae (an t-uasmhéid a cheadaítear faoi dhlíthe ábhartha) in aghaidh an tsoithigh.

(135) Maidir leis an timpeallacht iomaíoch i Murascaill Napoli agus in Oileánra Pontino, dúirt Caremar gurbh é an t-aon oibreoir amháin é a bhí i gcónaí in ann seirbhís mhuiriompair rialta iontaofa a thairiscint a bhfuil sé d'aidhm aici nasc gan uaim na n-oileán leis an mórthír a áirithiú. Chuir Caremar in iúl go bhfuil ról lárnach aige maidir le comhlíonadh phrionsabal an leanúnachais críche a áirithiú toisc nach raibh fórsaí an mhargaidh amháin in ann ionchais agus riachtanais phobail na n-oileán maidir le seirbhísí rialta agus díreacha a chomhlíonadh riamh chun nascacht idir na hoileáin agus an mhórthír a áirithiú. Dar le Caremar, is é is cúis leis sin go bhfuil roinnt oileán, ina bhfuil daonra an-dlúth, i Murascaill Napoli, rud dá bhfreagraíonn gan dabht an t-éileamh laethúil ar nascacht rialta (e.g., chun críoch gairmiúla nó oideachais).

6.2. **Maidir le comhlíontacht fhadú an Choinbhinsiúin Tosaigh le critéir Altmark**

(136) Áitíonn Caremar nach Státchabhair é an cúiteamh a fuarthas le linn fhadú an Choinbhinsiúin Tosaigh toisc gur comhlíonadh na ceithre choinníoll charnacha a leagtar síos i gcásdlí Altmark.

(137) A mhéid a bhaineann leis an gcéad chritéar Altmark, áitíonn Caremar gur cuireadh comhlíonadh OSP arna shainiú go soiléir ar a iontaoibh agus dá bhrí sin go gcomhlíontar an chéad chritéar (féach na barúlacha a sholáthraítear faoi roinn 6.1).

(138) A mhéid a bhaineann leis an dara critéar Altmark, meabhraíonn Caremar gur bunaíodh na critéir chun an cúiteamh a ríomh roimh ré (i.e., sa Choinbhinsiún tosaigh agus sa phlé tosaigh 111/2007) ar bhealach oibiachtúil agus trédhearcach, agus dá bhrí sin comhlíontar an dara critéar Altmark freisin.

(139) A mhéid a bhaineann leis an tríú critéar Altmark, áitíonn Caremar nár sháraigh an cúiteamh a soláthraíodh le linn thréimhse an fhadaithe an méid ba ghá chun na costais bhreise arna nginiúint ag an tseirbhís a chumhdach, agus na fáltais ábhartha agus brabús réasúnach á gcur san áireamh, agus go gcomhlíontar an tríú critéar Altmark dá réir sin. Mar fhreagra ar amhras an Choimisiúin gur tugadh róchúiteamh do Caremar ó 2010 i leith as feidhmíocht an OSP, áitíonn Caremar nár leor an cúiteamh a íocadh chun na costais a tabhaíodh as an OSP a chomhlíonadh a chumhdach, agus, ina theannta sin, nár deonaíodh aon chorrlach brabúis.

(140) Ar deireadh, a mhéid a bhaineann leis an gceathrú critéar Altmark, deir Caremar, in éagmais próiseas tairisceana poiblí, gur cinneadh an cúiteamh ar bhonn anailís ar chostais gnóthais éifeachtúil (e.g. costais soithí atá dímheasta go hiomlán, optamú an chóimheasa idir an criú agus an fheidhmíocht, na táillí is ísle a choinneáil d'ainneoin costais bhreosla mhéadaithe).

6.3. **Maidir le comhlíonadh Airteagal 106 (2) CFAE leis an gCoinbhinsiúin Tosaigh fadaithe**

(141) Deir Caremar, chun críocha an mheasúnaithe comhoiriúnachta, mar a luaitear in aithris 308 de Chinneadh Tosaigh 2011, nach mór trí choinníoll charnacha a chomhlíonadh:

(a) ní mór na seirbhísí a bheith ina seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta;

(b) ní mór don Stát na seirbhísí a chur go leordhóthanach ar iontaoibh an tairbhí;

(c) ní mór an cúiteamh a bheith comhréireach leis an gcostas a ghintear trí sheirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta a sholáthar.

(142) A mhéid a bhaineann leis an gcéad choinníoll, míníonn Caremar go gcuirtear na seirbhísí i gcrích i gcomhréir le ceanglais phoiblí shonracha, rud a lena n-áirithítear leanúnachas críche dá réir (féach na barúlacha a sholáthraítear faoi roinn 6.1).

(143) Maidir leis an dara coinníoll, áitíonn Caremar go ndéanann sé na seirbhísí muirí mar a chuirtear ar a iontaoibh leis an gCoinbhinsiún Tosaigh, ina leagtar síos go mionsonraithe an OSP a fhorchuirtear ar Caremar.

(144) Ar deireadh, maidir le coinníoll na comhréireachta, athdhearbhaíonn Caremar gur tearc-chúitíodh é, mar shampla sna blianta 2010 agus 2011, mar a léiríodh i gcuntais na cuideachta.

6.4. **Maidir leis an tosaíocht feistithe**

(145) Áitíonn Caremar nach dtugann deonú na tosaíochta feistithe aon bhuntáiste eacnamaíoch agus, dá bhrí sin, nach féidir an beart sin a shaintréithriú mar Státchabhair. Ina theannta sin, cuireann Caremar in iúl go láidir nach n-úsáidtear an tosaíocht feistithe ach amháin chun a oibleagáidí faoin gconradh seirbhíse poiblí a chomhlíonadh.

6.5. **Maidir leis na bearta a leagtar síos le Dlí 163/2010**

(146) A mhéid a bhaineann leis na bearta tacaíochta airgeadais a deonaíodh do Caremar faoi Dhlí 163/2010, deimhníonn Caremar gur leithdháileadh EUR 2 115 000 air chun nuachóiriú a dhéanamh ar a chabhlach agus chun na críche sin amháin. Molann Caremar, dá bhrí sin, nach Státchabhair dó iad na bearta dá bhforáiltear i nDlí 163/2010 toisc go bhfuil gá leo chun an OSP a chuirtear ar iontaoibh Caremar a mhaoiniú.

7. **BARÚLACHA Ó IOMAITHEOIRÍ CAREMAR**

7.1. **Barúlacha ó Medmar**

7.1.1. *Maidir leis an OSP agus an timpeallacht iomaíoch*

(147) Chuir Medmar in iúl go bhfuil na bearta Státchabhrach a chumhdaítear le Cinneadh Tosaigh 2011 agus coinníollacha an mhargaidh fós mar an gcéanna leo siúd a chumhdaítear le Cinneadh 2005/163/CE. Baineann na bearta Státchabhrach sin leis an méid seo a leanas: (a) cúiteamh a deonaíodh gach bliain do Caremar as bealach Napoli/Capri a oibriú, ar ordaíodh le Cinneadh 2005/163/CE ina leith gach deontas do Caremar a aisghabháil; agus (b) cúiteamh a deonaíodh gach bliain do Caremar as bealach Ischia/Procida a oibriú, ar ordaíodh le Cinneadh 2005/163/CE don Iodáil srian a chur le líon na nasc arna n-oibriú ag Caremar agus gan ach na glanchaillteanais oibriúcháin a d'fhulaing Caremar a chúiteamh. De réir Medmar, glacadh Cinneadh 2005/163/CE toisc go raibh an earnáil phríobháideach in ann seirbhísí a thairiscint a bhí inchomparáide leis na seirbhísí a thairg Caremar, le sócmhainní inchomparáide.

(148) Thug Medmar dá aire gur chuir Réigiún Campania OSP ar iontaoibh Caremar agus Medmar araon na naisc Ischia/Procida, Procida/Napoli agus Ischia/Procida/Pozzuoli a oibriú. Murab ionann agus Caremar, áfach, ní bhfuair Medmar aon chúiteamh as na seirbhísí sin a oibriú. Níor seoladh aon nós imeachta tairisceana poiblí chun na gnóthais atá in ann an OSP a sholáthar ar an gcostas is lú don phobal a shainaithint. Ina ionad sin, chuir Réigiún Campania d'oibleagáid ar ghnóthais phríobháideacha comhaontú 'gníomhartha tíolactha' a shíniú faoina gceanglaítear orthu OSP a oibriú ar théarmaí agus ar choinníollacha arna leagan amach ag Réigiún Campania (ar sceideal ama agus ar tháillí). De réir Medmar, dá mba rud é nach mian leis na gnóthais phríobháideacha na 'gníomhartha tíolactha' sin a shíniú, dhiúltófaí údarú dóibh aon seirbhís a oibriú sa limistéar.

(149) D'áitigh Medmar nach raibh aon ghá le Réigiún Campania OSP le cúiteamh a chur ar iontaoibh Caremar, ós rud é go bhféadfadh Medmar an tseirbhís chéanna a sholáthar gan chúiteamh.

(150) Go háirithe, mhínigh Medmar gur oibrigh sé seoltaí laethúla in 2011, mar a leanas:

— Ischia/Napoli: seacht seoladh laethúla (lena n-áirítear stad in Procida i gcúig cinn díobh);

— Ischia/Pozzuoli: 13 sheoladh laethúla chomh maith le nasc laethúil amháin go Casamicciola i rith shéasúr an tsamhraidh.

(151) Ar an láimh eile, de réir Medmar, d'oibrigh Caremar líon níos ísle seoltaí ar na bealaí sin, mar a leanas:

— Ischia/Napoli: 11 sheoladh laethúla móide trí sheoladh le linn shéasúr an tsamhraidh;

— Ischia/ Procida/Pozzuoli: Trí sheoladh in aghaidh an lae.

(152) Ina theannta sin, chuir Medmar i dtábhacht go bhfuil cáilíocht na seirbhísí agus na soithí a imscartar ag teacht le cáilíocht Caremar. Thairis sin, oibríonn gnóthais phríobháideacha eile sa réigiún céanna.

(153) Sna himthosca sin, tháinig Medmar ar an gconclúid nach raibh sé riachtanach OSP a chur ar iontaoibh Caremar agus, dá bhrí sin, nach raibh sé comhoiriúnach le CFAE.

(154) Má mheasann an Coimisiún gur gá OSP a chur ar iontaoibh, áitíonn Medmar go sáraíonn an cúram sin Airteagal 4(1) agus (2) de Rialachán (CEE) Uimh. 3577/92, ar dá réir *'[...] aon uair a thugann Ballstát conarthaí seirbhíse poiblí i gcrích nó a fhorchuireann sé oibleagáidí seirbhíse poiblí, déanfaidh sé amhlaidh ar bhonn neamh-idirdhealaitheach i leith longúinéirí uile an Chomhphobail' agus '[...] ní mór aon chúiteamh as oibleagáidí seirbhíse poiblí a bheith ar fáil do longúinéirí uile an Chomhphobail'*.

(155) Ina theannta sin, d'áitigh Medmar gur theip ar an Iodáil eolas a sholáthar maidir leis na méideanna a deonaíodh le haghaidh gach nasc a bhí á oibriú ag Caremar.

7.1.2. *Maidir leis an tosaíocht feistithe*

(156) Áitíonn Medmar go sáraítear leis an tosaíocht feistithe a thugtar do Caremar Airteagal 4(1) agus (2) de Rialachán (CEE) Uimh. 3577/92 a mhéid a thugtar na naisc is fearr do Caremar ag na huaireanta is brabúsaí ó thaobh an gheilleagair de, agus ar an gcaoi sin go ndéantar idirdhealú in aghaidh longúinéirí an Aontais agus go gcuirtear cosc orthu a gceart chun seirbhísí a sholáthar i margadh oscailte a fheidhmiú.

(157) Tagraíonn Medmar freisin don mholadh a d'eisigh Údarás Iomaíochta na hIodáile, *Autorità Garante della Concorrenza e del Mercato* ('AGCM'), an 13 Iúil 2009 maidir le haisghairm na forála ([106]) faoina gceadaítear tosaíocht feistithe do Caremar dá sheirbhísí. De réir AGCM, tá baol ann go gcuirfidh an fhoráil sin deireadh leis an iomaíocht toisc go gcuirtear cosc ar chuideachtaí príobháideacha naisc a oibriú laistigh d'uaireanta atá brabúsach ó thaobh an gheilleagair de.

7.1.3. *Maidir leis na bearta a leagtar síos le Dlí 163/2010*

(158) Cuireann Medmar in iúl gur chuir an Iodáil fad leis an gCoinbhinsiún Tosaigh faoi Dhlí 163/2010 go dtí deireadh an phróisis príobháidithe. Sáraítear leis an bhfadú sin Rialachán (CEE) Uimh. 3577/92 a mhéid nár roghnaíodh an gealltanas, a bhí ceaptha an OSP a chomhlíonadh, de bhun próiseas tairisceana poiblí, agus ar an gcaoi sin déantar idirdhealú in aghaidh Medmar.

(159) Ina theannta sin, de réir Airteagal 19 de Dhlí 163/2010, deonaíodh EUR 2 115 000 do Caremar chun a chabhlach a nuachóiriú, méid arb ionann é, dar le Medmar, agus cabhair oibriúcháin, atá neamh-chomhoiriúnach dá bhrí sin. Thairis sin, le Dlí 163/2010 deonaíodh rochtain do Caremar agus do chuideachtaí eile iar-Ghrúpa Tirrenia ar EUR 49 000 000 chun riachtanais leachtachta a chumhdach, méid atá, i dtuairim Medmar, ina chabhair oibriúcháin freisin, agus atá neamh-chomhoiriúnach dá bhrí sin.

(160) Ar deireadh, áitíonn Medmar gur cabhair neamh-chomhoiriúnach iad na díolúintí fioscacha a bhaineann le próiseas príobháidithe Caremar.

7.2. **Barúlacha ó SNAV agus ACAP**

(161) Maidir le OSP a chur ar iontaoibh Caremar, d'áitigh SNAV agus ACAP, nár comhlíonadh critéar Altmark lena gceanglaítear fíorsheirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta a bheith ann agus nach raibh aon ghá leis an dul ar iontaoibh atá i gceist, toisc go raibh na bealaí arna n-oibriú ag Caremar á n-oibriú ag gnóthais phríobháideacha freisin. Go háirithe, d'oibrigh SNAV na bealaí seo a leanas:

— Sorrento/Capri: seacht seoladh laethúla i rith na seachtaine, cúig sheoladh ag an deireadh seachtaine;

— Napoli/Ischia: ceithre sheoladh laethúla, trí cinn díobh sin trí Procida;

— Procida/Ischia: ceithre sheoladh laethúla;

— Procida/Napoli: ceithre sheoladh laethúla;

(162) Áitíonn SNAV agus ACAP gur Státchabhair neamh-chomhoiriúnach de réir bhrí Airteagal 107 CFAE é an tseirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta a chur ar iontaoibh Caremar agus an cúiteamh gaolmhar.

7.3. **Barúlacha ó GNV**

(163) Bhain barúlacha GNV leis an tosaíocht feistithe agus leis na bearta a leagtar síos le Dlí 163/2010.

(164) Maidir leis an tosaíocht feistithe, thug GNV dá aire go raibh Caremar agus cuideachtaí eile Ghrúpa Tirrenia in ann an tairbhe is mó a bhaint, ó thaobh amanna agus feistithe de, as na deiseanna iompair paisinéirí a chuir an margadh ar fáil, ag roghnú na n-amanna is áisiúla le haghaidh feistiú, rud a d'fheabhsaigh a seasamh i ndeighleog an iompair paisinéirí chun aimhleasa cuideachtaí príobháideacha iomaíocha.

([106]) Airteagal 19-*ter* de Dhlí Foraithne 135/2009.

(165) A mhéid a bhaineann leis na bearta a leagtar síos le Dlí 163/2010, mhaígh GNV gur chabhair oibriúcháin a bhí sna bearta sin ar éirigh le Caremar, chomh maith le cuideachtaí eile Ghrúpa Tirrenia, costais a sheachaint a chaithfí a íoc de ghnáth trína n-acmhainní airgeadais féin.

7.4. **Barúlacha ó Alilauro**

(166) Mhaígh Alilauro go raibh Réigiún Campania, roimh phríobháidiú Caremar, ag baint mí-úsáid as a cheannasacht trí chomhordú a dhéanamh ar an trácht go léir i Murascaill Napoli trí OSP a leithdháileadh agus trí leibhéal na dtaraifí a chinneadh. De réir Alilauro, bhí coinbhleacht leasa ann, rud a thug ar Réigiún Campania gan an tairiscint phoiblí a sheoladh chun Caremar a dhíol.

(167) Thairis sin, d'áitigh Alilauro go raibh na bealaí uile a chumhdaigh Caremar á n-oibriú ag oibreoirí príobháideacha eile freisin, gan aon chúiteamh poiblí a fháil, ach go bhfuil an líomhain maidir le géarú costas Caremar mar thoradh ar láithreacht éigeantach soithí i gcalafoirt oileánacha gan bhunús, mar gheall ar shoithí príobháideacha a bheith i láthair i gcalafoirt nó toisc, i gcás seirbhísí sláinte éigeandála, go bhféadfaí iad sin a sholáthar le mótarbháid a tógadh go speisialta chun na críche sin, chomh maith le héileacaptair.

7.5. **Barúlacha ó NLG**

(168) De réir NLG, ní raibh aon fhíorghá poiblí ar bhealach Napoli/Capri toisc gur oibrigh NLG dhá oiread seoltaí laethúla chuig oileán Capri, a mheas sé a bheith coibhéiseach le seoltaí Caremar ó thaobh cháilíocht, leanúnachas agus chompord an tsoithigh de.

(169) Ina theannta sin, cheistigh NLG gur tharla faduithe an Choinbhinsiúin Tosaigh gan tairiscint phoiblí a chur isteach roimh ré, rud a rinne idirdhealú in aghaidh NLG.

(170) Ina theannta sin, d'áitigh NLG gur cabhair neamhdhleathach agus neamh-chomhoiriúnach iad na bearta a leagtar síos le Dlí 163/2010 mar gheall ar a gcineál mar chabhair oibriúcháin, cé gur sárú breise a bhí i dtosaíocht feistithe Caremar, toisc gur chuir sé ar a chumas do Caremar leas a bhaint as na bealaí agus na sceidil ama is fearr.

7.6. **Barúlacha ó Marworld**

(171) Mhaígh Marworld gur dheonaigh Réigiún Campania cabhair do Caremar le linn an phróisis príobháidithe. Go háirithe, chuir Marworld in iúl le Cinneadh Réigiúnach Uimh. 316 an 21 Bealtaine 2015 gur dheonaigh Réigiún Campania EUR 2 155 008 do Caremar, faoi réir é a fháil ag SNAV/Rifim, chun staid airgeadais Caremar a athbhunú ag an luach a bhí i bhfeidhm nuair a thairg SNAV/Rifim EUR 6 000 001 chun Caremar a fháil.

8. **BARÚLACHA ÓN IODÁIL**

8.1. **Maidir leis an OSP agus an timpeallacht iomaíoch**

(172) Míníonn an Iodáil nach ndéanann Caremar a ghníomhaíochtaí ach amháin i bhfeidhmiú OSP agus go bhfuil inniúlacht beagnach eisiach ag Caremar i réimse iompair feithiclí agus lasta (e.g. maoine poist) ó oileáin Mhurascaill Napoli go dtí an mhórthír, ar beag an leas tráchtála a bhaineann leis, agus go ndíríonn iomaitheoirí go bunúsach ar iompar paisinéirí (féach go háirithe aithrisí 182 go 185).

(173) De réir na hIodáile, freastalaíonn an OSP a chuirtear ar iontaoibh Caremar ar fhíor-riachtanas reatha pobal atá bunaithe ar na hoileáin, nach dócha go soláthróidh fórsaí an mhargaidh astu féin dóibh, go háirithe a mhéid a bhaineann le leanúnachas críche agus minicíocht seoltaí, a rialtacht agus a bponcúlacht, chomh maith le roinnt ceanglas maidir le hacmhainneacht long agus criúnna.

(174) Chun a léiriú gurb ann d'fhíoréileamh ó úsáideoirí ar na seirbhísí muirí lena mbaineann, sholáthair an Iodáil sonraí faoi thrácht Caremar ar na bealaí OSP a chumhdaítear leis an gCoinbhinsiún Tosaigh fadaithe, leis an gconradh droichid agus leis an gconradh seirbhíse poiblí nua.

(175) A mhéid a bhaineann leis na bealaí i Murascaill Napoli, léiríonn na sonraí a bhaineann le seirbhísí muirí Caremar ar na bealaí sin sa tréimhse 2009-2021 (féach Táblaí ó 3 go 8 thíos) go raibh éileamh ó úsáideoirí i gcónaí, ní hamháin ar thrácht paisinéirí ach ar thrácht measctha freisin (is é sin, lena n-áirítear feithiclí agus lasta). Thairis sin, de réir na hIodáile, is léiriú soiléir é gur fhan trácht Caremar cobhsaí thar na blianta gur shásaigh tairiscint Caremar éileamh úsáideoirí a tháinig ón bpobal áitiúil – atá sách cobhsaí toisc go dteastaíonn an tseirbhís mhuiriompair ó chónaitheoirí ar bhonn laethúil i rith na bliana – agus nach ndearna luaineachtaí an tráchta turasóireachta difear dó.

Trácht paisinéirí

Tábla 3

Paisinéirí a iompraíodh sna blianta 2009 go 2014

Bealaí	2009	2010	2011	2012	2013	2014
Capri/Sorrento	314 180	330 513	279 657	261 687	272 779	263 354
Capri/Napoli	458 399	480 394	416 602	420 772	417 729	463 006
Ischia/Procida/Napoli (1)	1 699 501	1 710 889	1 242 689	1 228 687	1 662 685	1 662 737
Ischia/Procida/Pozzuoli (2)	316 538	333 832	419 320	415 943	398 620	389 428

(1) Áiríodh sa trácht ar an mbealach sin trácht ar na deighleoga Ischia/Procida, agus Procida/Napoli, agus ar an mbealach díreach Ischia/Napoli. Sholáthair an Iodáil freisin an miondealú in aghaidh na deighleoige ar thrácht paisinéirí Caremar le haghaidh na mblianta 2011-2021 lena léirítear gur fhan an trácht in aghaidh na deighleoige cobhsaí thar na blianta freisin.

(2) Áiríodh sa trácht ar an mbealach sin trácht ar an deighleog Procida/Pozzuoli. Sholáthair an Iodáil freisin an miondealú in aghaidh na deighleoige ar thrácht paisinéirí Caremar le haghaidh na mblianta 2011-2021 lena léirítear gur fhan an trácht in aghaidh na deighleoige cobhsaí thar na blianta freisin.

Tábla 4

Paisinéirí a iompraíodh sna blianta 2015 go 2021

Bealaí	2015	2016	2017	2018	2019	2020	2021
Capri/Sorrento	249 908	266 393	259 228	259 228	244 645	[100 000 – 200 000]	[100 000 – 200 000]
Capri/Napoli	461 000	522 662	577 263	601 251	632 857	[300 000 – 400 000]	[400 000 – 500 000]
Ischia/Procida/Napoli (1)	1 653 493	1 835 132	1 990 603	1 981 824	2 093 347	[1 000 000 - 2 000 000]	[1 000 000 - 2 000 000]
Ischia/Procida/Pozzuoli (2)	383 164	412 319	400 977	399 792	398 994	[200 000 – 300 000]	[300 000 – 400 000]

(1) Áiríodh sa trácht ar an mbealach sin trácht ar na deighleoga Ischia/Procida, agus Procida/Napoli, agus ar an mbealach díreach Ischia/Napoli.
(2) Áiríodh sa trácht ar an mbealach sin trácht ar an deighleog Procida/Pozzuoli.

Feithiclí

Tábla 5

Feithiclí a iompraíodh sna blianta 2009 go 2014

Bealaí	2009	2010	2011	2012	2013	2014
Capri/Sorrento	8 473	10 617	11 246	11 041	16 555	16 532
Capri/Napoli	20 513	20 659	20 541	19 435	23 601	24 417
Ischia/Procida/Napoli (1)	74 733	68 959	71 065	64 208	76 738	77 773
Ischia/Procida/Pozzuoli (2)	48 110	46 674	49 568	59 461	71 879	69 451

(1) Áiríodh sa trácht ar an mbealach sin trácht ar na deighleoga Ischia/Procida, agus Procida/Napoli, agus ar an mbealach díreach Ischia/Napoli. Sholáthair an Iodáil an miondealú in aghaidh na deighleoige de thrácht Caremar le haghaidh na mblianta 2013-2021 freisin, lena léirítear gur fhan an líon feithiclí a d'iompair Caremar ar gach deighleog cobhsaí le himeacht na mblianta.

(2) Áiríodh sa trácht ar an mbealach sin trácht ar an deighleog Procida/Pozzuoli. Sholáthair an Iodáil an miondealú in aghaidh na deighleoige de thrácht Caremar le haghaidh na mblianta 2013-2021 freisin, lena léirítear gur fhan an líon feithiclí a d'iompair Caremar ar gach deighleog cobhsaí le himeacht na mblianta.

Tábla 6

Feithiclí a iompraíodh sna blianta 2015 go 2021

Bealaí	2015	2016	2017	2018	2019	2020	2021
Capri/Sorrento	16 650	18 587	17 578	18 110	18 679	[10 000 - 20 000]	[10 000 – 20 000]
Capri/Napoli	24 397	24 503	25 920	26 348	27 528	[20 000 - 30 000]	[20 000 – 30 000]
Ischia/Procida/Napoli (1)	93 769	90 080	83 052	74 932	79 265	[70 000 - 80 000]	[90 000 – 100 000]
Ischia/Procida/Pozzuoli (2)	65 930	70 001	65 724	64 840	64 554	[40 000 - 50 000]	[60 000 – 70 000]

(1) Áiríodh sa trácht ar an mbealach sin trácht ar na deighleoga Ischia/Procida, agus Procida/Napoli, agus ar an mbealach díreach Ischia/Napoli.

(2) Áiríodh sa trácht ar an mbealach sin trácht ar an deighleog Procida/Pozzuoli.

Lastas (méadair líneacha)

Tábla 7

Lasta arna iompar (méadair líneacha) sna blianta 2009 go 2014

Bealaí	2009	2010	2011	2012	2013	2014
Capri/Sorrento	82 930	91 218	95 889	99 318	122 742	109 932
Capri/Napoli	228 310	222 050	221 238	216 563	238 656	238 602
Ischia/Procida/Napoli (1)	268 111	243 034	218 932	189 496	323 259	306 694
Ischia/Procida/Pozzuoli (2)	86 664	80 566	76 346	118 274	124 758	120 259

(1) Áiríodh sa trácht ar an mbealach sin trácht ar na deighleoga Ischia/Procida agus Procida/Napoli, agus ar an mbealach díreach Ischia/Napoli. Sholáthair an Iodáil an miondealú in aghaidh na deighleoige de thrácht Caremar le haghaidh na mblianta 2013-2021 freisin lena léirítear gur fhan na méadair líneacha lasta arna n iompar ag Caremar ar gach deighleog cobhsaí thar na blianta.

(2) Áiríodh sa trácht ar an mbealach sin trácht ar an deighleog Procida/Pozzuoli. Sholáthair an Iodáil an miondealú in aghaidh na deighleoige de thrácht Caremar le haghaidh na mblianta 2013-2021 freisin lena léirítear gur fhan na méadair líneacha lasta arna n iompar ag Caremar ar gach deighleog cobhsaí thar na blianta.

Tábla 8

Lasta arna iompar (méadair líneacha) sna blianta 2015 go 2021

Bealaí	2015	2016	2017	2018	2019	2020	2021
Capri/Sorrento	107 316	112 092	110 778	110 454	112 212	[80 000 - 90 000]	[100 000 - 200 000]
Capri/Napoli	229 044	252 138	254 826	253 680	261 906	[200 000 – 300 000]	[200 000 - 300 000]
Ischia/Procida/Napoli (1)	306 439	293 423	292 172	295 761	283 142	[200 000 – 300 000]	[300 000 - 400 000]
Ischia/Procida/Pozzuoli (2)	209 392	196 346	185 996	189 423	126 693	[80 000 - 90 000]	[90 000 – 100 000]

(1) Áiríodh sa trácht ar an mbealach sin trácht ar na deighleoga Ischia/Procida, agus Procida/Napoli, agus ar an mbealach díreach Ischia/Napoli.
(2) Áiríodh sa trácht ar an mbealach sin trácht ar an deighleog Procida/Pozzuoli.

(176) Maidir leis na bealaí in oileánra Pontino, nach raibh á n-oibriú ach ag Caremar idir an 1 Eanáir 2009 agus an 31 Bealtaine 2011 ([107]), sholáthair an Iodáil an líon paisinéirí a raibh Caremar ag freastal orthu ar na bealaí sin sna blianta 2009 agus 2010 agus an líon feithiclí a iompraíodh ar na bealaí sin sna blianta 2009, féach Tábla 9. De réir na hIodáile, leis na sonraí sin, cé gur páirtsonraí atá i gceist leo ([108]), is féidir a mheas go raibh an t-éileamh ann ó úsáideoirí ar na bealaí sin agus cobhsaí.

Tábla 9

Paisinéirí agus feithiclí a iompraíodh sna blianta 2009 agus 2010

Bealaí	2009		2010	
	Paisinéirí	Feithiclí	Paisinéirí	Feithiclí
Anzio/Ponza	31 494	2 808	32 202	N/B
Formia/Ponza	157 055	13 926	165 370	N/B
Formia/Ventotene	99 087	3 063	106 886	N/B

(177) A mhéid a bhaineann le cur i bhfeidhm chritéir bhreithiúnas *SNCM* ([109]) maidir le staid an mhuiriompair i Murascaill Napoli, áitíonn an Iodáil nach iomchuí na critéir sin a mhéid a shainítear leo anailís chainníochtúil amháin ar bhonn na comparáide idir soláthar agus éileamh iompair, nach gcuirtear saintréithe sonracha riachtanais seirbhíse poiblí an phobail áitiúil san áireamh léi.

([107]) Ón 1 Meitheamh 2011 i leith, bhí na bealaí in oileánra Pontino á seirbhísiú ag Laziomar.
([108]) De réir na hIodáile, níorbh fhéidir na sonraí eile maidir le trácht paisinéirí in 2011, feithiclí a iompraíodh in 2010 agus 2011, agus trácht lastais sna blianta 2009-2011 a aisghabháil a thuilleadh.
([109]) Breithiúnas an 1 Márta 2017, *Société nationale maritime Corse Méditerranée (SNCM) v An Coimisiún*, T-454/13, ECLI:EU:T:2017:134, míreanna 130 agus 134.

(178) A mhéid a bhaineann le sainiú an éilimh ó na húsáideoirí agus ar thairiscint mhargaidh, mhínigh an Iodáil go raibh na roghanna a rinne Réigiún Campania maidir le minicíochtaí agus tráthchláir na seirbhísí a bhí le soláthar ag Caremar ar na bealaí a cumhdaíodh leis an gCoinbhinsiún Tosaigh fadaithe ar bhonn na riachtanas a chuir na húdaráis áitiúla in iúl agus lean siad pléití leis na cuideachtaí loingseoireachta a bhí ag feidhmiú i Murascaill Napoli maidir lena gcumas na seirbhísí a sholáthar ar théarmaí an mhargaidh nó faoi OSP arna fhorchur go haontaobhach.

(179) Go háirithe, mhínigh an Iodáil go leagtar síos an creat nós imeachta le haghaidh sainiú an OSP in earnáil an mhuiriompair ag Réigiún Campania le hAirteagal 17 de Dhlí Réigiúnach Uimh. 3 an 28 Márta 2002 ar dá réir nach mór do Réigiún Campania dul i gcomhairle leis na húsáideoirí seirbhíse agus leis na soláthraithe seirbhíse sula sainítear raon feidhme an OSP. Thairis sin, de réir an airteagail chéanna, ní mór raon feidhme an OSP a fhíorú, agus a athbhreithniú más gá, gach 3 bliana. A mhéid a bhaineann leis an gCoinbhinsiún Tosaigh fadaithe, bhí an OSP a sholáthair Caremar ón 1 Eanáir 2009 go dtí an 30 Meán Fómhair 2011 ar bhonn comhairliúchán poiblí a rinne Réigiún Campania in 2006-2007 ([110]). Maidir le raon feidhme an OSP, ó thaobh minicíochtaí agus tráthchlár de (d'fhan na bealaí OSP féin gan athrú), rinneadh athbhreithniú air in 2011 le Cinneadh Feidhmiúcháin Réigiúnach Uimh. 443 an 9 Lúnasa 2011 ar bhonn comhairliúchán poiblí a rinneadh in 2010-2011 (seoladh é i mí na Samhna 2010).

(180) Sholáthair an Iodáil sonraí na n-oibreacha as ar eascair glacadh Chinneadh Feidhmiúcháin Réigiúnach Uimh. 443 an 9 Lúnasa 2011 inar ghlac Réigiún Campania clár trí bliana (2011-2013) de sheirbhísí íosta i Murascaill Napoli (féach aithris 38) a tháinig i bhfeidhm an 1 Deireadh Fómhair 2011. Bhain an clár sin le gach oibreoir seirbhísí muirí i Murascaill Napoli. Maidir le Caremar, le Cinneadh Feidhmiúcháin Réigiúnach Uimh. 857 an 30 Nollaig 2011, thug Réigiún Campania roinnt athruithe beaga isteach ar na tráthchláir agus ar na minicíochtaí a bhí le hoibriú ag Caremar le héifeacht ón 16 Eanáir 2012.

(181) Mhínigh an Iodáil, tar éis an chomhairliúcháin phoiblí a rinneadh sa tréimhse Samhain-Nollaig 2010, ag tús 2011, gur thug Réigiún Campania cuireadh d'ionadaí bhardais Mhurascaill Napoli chuig cruinnithe teicniúla chun na riachtanais phoiblí a sainaithníodh sa chomhairliúchán poiblí a phlé, i bhfianaise an athbhreithnithe ar chlár na seirbhísí muiriompair i Murascaill Napoli ([111]). An 22 Iúil 2011, bhuail Réigiún Campania leis na cuideachtaí loingseoireachta a bhí ag feidhmiú i Murascaill Napoli (NLG, Alilauro, Aligruson, SNAV, ACAP) chun na riachtanais seirbhíse poiblí arna sainaithint ag an Réigiún a phlé in éineacht leis na húdaráis áitiúla agus chun infhaighteacht an mhargaidh a fhíorú chun seirbhísí leordhóthanacha a sholáthar chun na riachtanais sin a shásamh. Deimhníodh sa phlé nach gcuirfeadh an margadh amháin na seirbhísí uile a d'aithin Réigiún Campania mar sheirbhísí riachtanacha ar fáil chun riachtanas an phobail a shásamh. An 28 Iúil 2011, tháinig Réigiún Campania le chéile arís le hionadaithe oileáin Mhurascaill Napoli chun sonraíochtaí an chláir trí bliana (2011-2013) a shainiú i dtéarmaí minicíochtaí agus tráthchlár ([112]). Tar éis clár trí bliana (2011-2013) seirbhísí íosta a ghlacadh i Murascaill Napoli

([110]) Le Cinneadh Feidhmiúcháin Réigiúnach Uimh. 548 an 2 Aibreán 2007.

([111]) Mar shampla, an 25 Feabhra 2011, thug Réigiún Campania cuireadh d'ionadaithe bhardais Ischia chuig cruinniú teicniúil an 2 Márta 2011 maidir le sainiú chlár na seirbhísí muiriompair idir Napoli / Pozzuoli agus Ischia. Le linn an chruinnithe sin, leag ionadaithe bhardais Ischia béim ar an ngá a bhí le naisc chuig/ó Ischia a áirithiú: (a) ag tús an lae agus le linn na hoíche chun soláthar earraí a cheadú; (b) idir 6.30 a.m. agus 9.00 a.m. chun go mbeadh mic léinn agus oibrithe in ann comaitéireacht laethúil a dhéanamh i dtreo Napoli/Pozzuoli agus idir 12.30 agus 15.00 chun go mbeadh siad in ann comaitéireacht a dhéanamh ar ais go Ischia; (c) idir 9.00 a.m. agus 12.30, agus idir 15.00 agus 18.00, chun ligean do dhaonra Ischia gníomhaíochtaí a dhéanamh ar an mórthír i rith an lae agus filleadh ar Ischia i rith an lae, agus thairis sin ceadaíodh leis na creataí ama sin rochtain ar sheirbhísí iompair iarnróid agus eitlíochta ar an mórthír gan gá le fanacht thar oíche in Napoli/Pozzuoli; (d) idir 18.00 agus 24.00 chun leanúnachas críche a áirithiú freisin i gcaitheamh na hoíche agus chun rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí cultúrtha a cheadú.

([112]) Sa chomhthéacs sin, mar shampla, d'iarr ionadaí Ischia an chéad imeacht ar maidin ó Casamicciola a chur siar ó 7.00 a.m. go 7.10 a.m. D'iarr bardas Capri dhá sheoladh bhreise chuig/ó Napoli, is é sin ó Napoli go Capri ar 18.10 agus ó Capri go Napoli ar 19.10. D'iarr bardas Procida an turas ar dhuillárthach ó Procida a chur siar ó 6.30 a.m. go 6.40 a.m., agus go mbeadh ar na soithí a bheadh ag imeacht ó Ischia ar 10.35 a.m. go Napoli ag stopadh ag Procida. Thug Réigiún Campania na hiarrataí dá aire agus d'iarr sé am chun a n-indéantacht a fhíorú.

(féach aithris 38), rinne bardas Procida gearán nach ndearnadh freastal leordhóthanach air faoin gclár nua trí bliana ([113]). Dá bhrí sin, an 7 Deireadh Fómhair 2011, thug Réigiún Campania cuireadh d'ionadaithe bhardais Mhurascaill Napoli chuig cruinniú teicniúil chun coigeartuithe a d'fhéadfaí a dhéanamh ar an gclár trí bliana a glacadh a phlé.

(182) A mhéid a bhaineann leis an timpeallacht iomaíoch, mheas an Iodáil nár chomhlíon na seirbhísí a sholáthair iomaitheoirí Caremar riachtanais chónaitheoirí na n-oileán ar bhealach iomchuí. Mhínigh an Iodáil, mar gheall ar dhlús fíor-ard daonra oileáin Capri ([114]), Ischia ([115]) agus Procida ([116]), a chuimsíonn le chéile níos mó ná 96 000 cónaitheoir (is é sin, thart ar 3 % de níos mó ná 3 mhilliún cónaitheoir i gCúige Napoli lena mbaineann na hoileáin sin) ([117]), gur gá an muiriompar a bheith beagnach chomh minic le hiompar áitiúil de thalamh, chun riachtanais na mac léinn agus na n-oibrithe a shásamh, agus iad ag taisteal go dtí an mhórthír nó ón mórthír gach lá.

(183) Go dtí 2017, le clár na seirbhísí muiriompair i Murascaill Napoli, grúpáladh na seirbhísí muiriompair faoi na trí chatagóir seo a leanas:

(a) Seirbhísí margaidh – Is féidir le cuideachtaí loingseoireachta muirí oibriú i Murascaill Napoli faoi réir údarú roimh ré ([118]). Roghnaíonn an chuideachta loingseoireachta muirí tráthchlár agus minicíocht na seirbhíse tráth a dhéantar iarratas ar údarú chun an bealach a oibriú. Níl sé d'oibleagáid ar an oibreoir margaidh an tseirbhís a sholáthar ach, mura soláthraítear an tseirbhís nó cuid di – mar shampla, ag uaireanta áirithe nó ar laethanta áirithe – ar feadh tréimhse áirithe ama, cúlghairtear an t-údarú chun oibriú i gcás na seirbhísí nach soláthraítear ([119]).

([113]) Go háirithe, thug ionadaithe Procida dá n-aire nach raibh ach 18 dturas trí Procida as an 41 turas a bhí cláraithe ó Ischia agus d'iarr siad líon níos airde stadanna in Procida.

([114]) Is é achar iomlán oileán Capri 10.4 ciliméadar cearnach agus tá dhá bhardasacht ann (Capri agus Anacapri) le thart ar 13 900 cónaitheoir. Tá thart ar 7 300 cónaitheoir i mbardas Capri (rud a chiallaíonn dlús daonra de thart ar 1 800 cónaitheoir in aghaidh an chiliméadair chearnaigh) agus tá thart ar 6 600 cónaitheoir i mbardas Anacapri (rud a chiallaíonn dlús daonra de thart ar 1 000 cónaitheoir in aghaidh an chiliméadair chearnaigh). Foinse: https://www.italiapedia.it (léite an 31.5.2024).

([115]) Is é achar iomlán oileán Ischia 46.3 ciliméadar cearnach agus tá sé bhardas ann (Barano d'Ischia, Casamicciola Terme, Forio, Ischia, Lacco Ameno, Serrara Fontana) le thart ar 61 500 cónaitheoir agus is é an tríú oileán is mó daonra san Iodáil é (i ndiaidh na Sicile agus na Sairdíne) in ainneoin nach bhfuil sé ach ar an ochtú oileán is mó san Iodáil. Tá thart ar 18 600 cónaitheoir i mbardas Ischia (rud a chiallaíonn dlús daonra de thart ar 2 300 cónaitheoir in aghaidh an chiliméadair chearnaigh), tá thart ar 9 800 cónaitheoir i mbardas Barano d'Ischia (rud a chiallaíonn dlús daonra de thart ar 900 cónaitheoir in aghaidh an chiliméadair chearnaigh), tá thart ar 8 300 cónaitheoir i mbardas Casamicciola Terme (rud a chiallaíonn dlús daonra de thart ar 1 500 cónaitheoir in aghaidh an chiliméadair chearnaigh), tá thart ar 17 000 cónaitheoir i mbardas Forio (rud a chiallaíonn dlús daonra de thart ar 1 300 cónaitheoir in aghaidh an chiliméadair chearnaigh), tá thart ar 4 600 cónaitheoir i mbardas Lacco Ameno (rud a chiallaíonn dlús daonra de thart ar 2 300 cónaitheoir in aghaidh an chiliméadair chearnaigh), tá thart ar 3 200 cónaitheoir i mbardas Serra Fontana (rud a chiallaíonn dlús daonra de thart ar 480 cónaitheoir in aghaidh an chiliméadair chearnaigh). Foinse: https://www.italiapedia.it (léite an 31.5.2024).

([116]) Is é achar iomlán oileán Procida 4.1 ciliméadar cearnach agus tá sé comhdhéanta de bhardas amháin (bardas Procida) le thart ar 10 600 cónaitheoir (rud a chiallaíonn dlús daonra de thart ar 2 500 cónaitheoir in aghaidh an chiliméadair chearnaigh). Foinse: https://www.italiapedia.it (léite an 31.5.2024).

([117]) Foinse: https://www.italiapedia.it (léite an 31.5.2024).

([118]) Mhínigh an Iodáil go raibh an córas údaraithe sin bunaithe go dtí an 9 Eanáir 2017 ar Fhoraithne Feidhmiúcháin Réigiúnach Uimh. 80 an 21 Feabhra 2003. Faoi Airteagal 4 den fhoraithne sin, tugadh an t-údarú chun oibriú do na cuideachtaí loingseoireachta a chomhlíon na ceanglais a forordaíodh leis an dlí chun seirbhísí muiriompair a oibriú. Ón 10 Eanáir 2017, tá an córas údaraithe bunaithe ar Chinneadh Feidhmiúcháin Réigiúnach Uimh. 442 an 2 Lúnasa 2016.

([119]) Mar shampla, le Foraithne Feidhmiúcháin Uimh. 269 de 2012, chúlghair Réigiún Campania an t-údarú a tugadh an 21 Meán Fómhair 2011 do Medmar chun na seirbhísí seo a leanas a oibriú ar bhealach Ischia (Casamicciola) / Pozzuoli: ó Ischia go Pozzuoli ar 6.00 a.m., ar 14.00, ar 17.45; agus ó Pozzuoli go Ischia ar 11.00 a.m., 15.40, agus 19.30. Cúlghaireadh an t-údarú toisc nár oibrigh Medmar na seirbhísí sin riamh. A mhéid a bhaineann leis an seoladh ó Ischia go Pozzuoli ar 20.30, rud a d'fhág nár oibrigh Medmar ach Dé hAoine/Dé Sathairn/Dé Domhnaigh ón 15 Meitheamh go dtí an 15 Meán Fómhair, níor fhan an t-údarú i bhfeidhm ach amháin don chuid de na seirbhísí a soláthraíodh go héifeachtach.

(b) Seirbhísí OSP gan chúiteamh – D'fhéadfadh cuideachtaí loingseoireachta muirí atá údaraithe chun bealach a oibriú a bheith faoi réir OSP (ó thaobh minicíochta, rialtachta, cineálacha soithí a úsáidtear agus uastáillí de) gan chúiteamh ([120]). Bhain na OSPanna sin le seirbhísí muiriompair a shainaithin Réigiún Campania mar sheirbhísí tábhachtacha chun leanúnachas a áirithiú idir an mhórthír agus na hoileáin. Mar sin féin, mar a mhínigh an Iodáil, ní raibh aon smacht iarbhír ag Réigiún Campania ar sholáthar éifeachtach na seirbhísí sin toisc go bhféadfadh na hoibreoirí muirí stop a chur lena soláthar ar a n-áisiúlacht, gan aon phionós, trí réamhfhógra 45 lá a thabhairt. Murar soláthraíodh an tseirbhís nó cuid di – e.g. ag uaireanta áirithe nó ar laethanta áirithe – ar feadh tréimhse áirithe ama, rinneadh an t-údarú chun oibriú a chúlghairm i gcás na seirbhísí nár soláthraíodh. Thairis sin, mhínigh an Iodáil go bhféadfadh iomaitheoirí Caremar a iarraidh ar Réigiún Campania i gcónaí na seirbhísí OSP uile a forchuireadh orthu, nó cuid díobh, a chur ar fionraí go sealadach. Tharla sé sin, mar shampla, in 2009 nuair a d'iarr cuid d'iomaitheoirí Caremar ar Réigiún Campania an líon seirbhísí OSP a bhí le soláthar acu i Murascaill Napoli a laghdú agus na huastáillí a d'fhéadfaidís a ghearradh ar na seirbhísí OSP a bhí fágtha a mhéadú, mar gheall ar na deacrachtaí airgeadais a bhí roimh oibreoirí muirí mar gheall ar an ngéarchéim eacnamaíoch ([121]). Ar an ócáid sin, chinn Réigiún Campania, tar éis dó comhairliúchán poiblí a dhéanamh maidir leis na riachtanais áitiúla, gan na huastáillí ar bhealaí OSP a mhéadú agus cuid de na seirbhísí OSP a sholáthair iomaitheoirí Caremar ar bhealaí ([122]) áirithe a chur ar fionraí go sealadach ([123]). Thairis sin, chuir an Iodáil in iúl, idir deireadh mhí na Nollag 2010 agus an 1 Deireadh Fómhair 2011, gurbh iad Caremar, Gestour agus Procida Lines amháin na cuideachtaí a bhí ag soláthar seirbhísí muirí i Murascaill Napoli faoi OSP ós rud é gur dhiúltaigh gach oibreoir loingseoireachta eile go tobann leanúint de na seirbhísí a sholáthar faoi OSP ([124]). Go bunúsach, chuir an Iodáil in iúl nár oibrigh an córas OSP sin toisc gur ghlac na hoibreoirí loingseoireachta leis an mbealach a oibriú faoi OSP arna shainaithint ag Réigiún Campania díreach chun an sliotán ama ábhartha a fháil sa chreat feistithe arna fhormheas agus arna fhoilsiú ag Réigiún Campania. I ndáiríre, is minic nár soláthraíodh na seirbhísí ([125]) nó nár soláthraíodh na seirbhísí sin i gcomhréir leis an OSP (ó thaobh uainiúcháin agus uasphraghsanna de ([126])), go háirithe le linn an tséasúir chiúin. Ar an gcúis sin, chuir an Iodáil i dtábhacht nach raibh na seirbhísí a chuir iomaitheoirí Caremar ar fáil faoi OSP inchomparáide leis na seirbhísí a chuir Caremar ar fáil ní hamháin ó thaobh minicíochtaí de ach ó thaobh iontaofachta de freisin (e.g. poncúlacht, cáilíocht agus ar bhealach níos ginearálta ó thaobh ráthaíocht oibríochta de).

([120]) D'fhan an córas OSP neamhchúitithe sin i bhfeidhm go dtí an 9 Eanáir 2017. Ón 10 Eanáir 2017, ba é Caremar an t-aon oibreoir muirí amháin a bhí faoi réir OSP i Murascaill Napoli, agus bhí gach oibreoir eile fós faoi réir an chórais údaraithe amháin.

([121]) Luaitear an pointe sin freisin in aithrisí Fhoraithne Feidhmiúcháin Réigiúnach Uimh. 374 de 2009 ina meabhraítear litreacha an 25 Márta 2009 agus an 22 Meitheamh 2009 a sheol iomaitheoirí Caremar chuig Réigiún Campania maidir leis an laghdú ar líon na seirbhísí OSP agus maidir leis an méadú ar na huastáillí a d'fhéadfaí a ghearradh ar úsáideoirí ar na bealaí OSP a bhí fágtha.

([122]) Ón 15 Iúil 2009 go dtí an 15 Meán Fómhair 2009.

([123]) Ba iad Capri/Sorrento, Capri/Napoli, Ischia/Procida/Napoli, agus Ischia/Napoli na bealaí a bhí i gceist. Níor cuireadh na seirbhísí OSP nár sholáthair iomaitheoirí Caremar ar na bealaí sin san áireamh sa mheasúnú ar an timpeallacht iomaíoch i Murascaill Napoli.

([124]) Le Foraithne Feidhmiúcháin Réigiúnach Uimh. 402 de 2010, thug Réigiún Campania an staid dá aire, chuir sé an creat feistithe a bhí i bhfeidhm an tráth sin ar fionraí agus ghlac sé creat feistithe éigeandála a bhí i bhfeidhm go dtí an 30 Meán Fómhair 2011. Ar bhonn an chreata feistithe éigeandála sin, ba é Caremar an t-aon oibreoir muirí amháin a bhí ag fónamh faoi OSP ar na bealaí Capri/Sorrento, Capri/Napoli, Ischia/Napoli, Ischia/Procida/Napoli, Ischia/Procida/Pozzuoli, Ischia/Procida, agus Procida/Napoli; ach d'oibrigh Gestour agus Procida Lines faoi OSP ar an mbealach Procida/Pozzuoli.

([125]) Chuir Údarás Iomaíochta na hIodáile in iúl freisin gur minic a chuir iomaitheoirí Caremar i Murascaill Napoli an tseirbhís ar ceal nó ar fionraí, ina chinneadh Uimh. 25295 an 28 Eanáir 2015, a glacadh i gcás I689C lenar ghearr Údarás Iomaíochta na hIodáile pionós ar na cuideachtaí NLG, Alilauro, Alicost S.p.A., Alilauro Gruson S.p.A., Medmar, SNAV, Servizi Liberi Marittimi Giuffrè & Lauro S.r.l., Consorzio Linee Marittime Partenopee in liquidazione, Gescab S.r.l. agus Associazione Cabotaggio Armatori Partenopei, as comhaontú cothrománach a chur chun feidhme lenar cuireadh srian ar iomaíocht sa mhargadh muiriompair paisinéirí i Murascaill Napoli ó bhí 1998 ann (féach go háirithe pointe 255 de chinneadh Uimh. 25295 ó Údarás Iomaíochta na hIodáile an 28 Eanáir 2015).

([126]) Ghearr Údarás Iomaíochta na hIodáile pionós ar Medmar agus Alilauro in 2012 as cleachtais tráchtála a chuir cosc ar thicéid a fháil ar na taraifí laghdaithe do chónaitheoirí (Cinneadh Uimh. 23258 ó Údarás Iomaíochta na hIodáile an 31 Eanáir 2012 i gcás PS5983 maidir le Medmar agus Cinneadh Uimh. 23264 ó Údarás Iomaíochta na hIodáile an 31 Eanáir 2012 i gcás PS7667 maidir le Alilauro).

(c) Seirbhísí OSP le cúiteamh – Tá na seirbhísí a chumhdaítear leis an gconradh seirbhíse poiblí arna thabhairt i gcrích le Caremar faoi réir OSP i dtéarmaí leanúnachais agus minicíochta, rialtachta, poncúlachta, cáilíochta, cineálacha agus acmhainneachta na soithí a úsáidtear, agus táillí, in aghaidh cúitimh. Mhínigh an Iodáil go mbaineann na seirbhísí sin le hamanna den lá is mó a bhfuil gá ag comaitéirí le muiriompar (go luath ar maidin, go luath san iarnóin, agus um thráthnóna) ([127]). Bhí sé i gceist leis an gcreat conarthach, lena chóras pionós, soláthar na seirbhísí sin a áirithiú.

(184) Mhínigh an Iodáil nach raibh iomaitheoirí Caremar *de facto* ag soláthar na seoltaí uile a luadh sna creataí feistithe (‘*quadri accosti*’) a d’fhormheas agus a d’fhoilsigh Réigiún Campania. Ba é ba chúis leis sin, ar thaobh amháin, gur údaraíodh do chuideachtaí loingseoireachta a bhí ag oibriú ar théarmaí an mhargaidh, ach nach raibh oibleagáid orthu, na sliotáin ama a sainaithníodh sna creataí feistithe sin a oibriú, agus, ar an taobh eile, nár gearradh pionós éifeachtach ar chuideachtaí loingseoireachta a bhí ag oibriú faoi OSP i gcás neamhsholáthar na seirbhíse OSP ([128]).

(185) Ag féachaint do na creataí feistithe a d’fhormheas agus a d’fhoilsigh Réigiún Campania do na blianta ábhartha agus do na seirbhísí a chuir iomaitheoirí Caremar ar fáil go héifeachtach sa tréimhse ón 1 Eanáir 2009 go dtí an 31 Iúil 2012, mhínigh an Iodáil gurbh é seo a leanas an staid iomaíoch i Murascaill Napoli:

(a) Ar an mbealach **Capri/Sorrento**, chomh maith le Caremar, bhí ceithre chuideachta loingseoireachta eile údaraithe chun oibriú ar an mbealach: Aligruson, NLG, SNAV agus, sna blianta 2009 - 2010, Ali Maritime Agency S.r.l. (‘Alimar’). De réir na hIodáile, áfach, níor chomhlíon na seirbhísí a sholáthair na cuideachtaí sin an riachtanas seirbhíse poiblí a shainaithin Réigiún Campania, arbh é a bhí ann naisc leordhóthanacha (seirbhísí measctha) a áirithiú le linn na bliana ar fad lena gcuirfí ar chumas chónaitheoirí Capri comaitéireacht laethúil a dhéanamh chuig an mórthír ar chúiseanna gairmiúla nó staidéir (is é sin, leis an bhféidearthacht a gcarranna a thabhairt leo) chomh maith le seachadadh earraí chuig na hoileáin (lena n-áirítear maoine poist). Go deimhin, mar a luaitear in aithrisí (36)(a) agus (39)(a), bhí ar Caremar dhá sheoladh turais fillte ar maidin a ráthú i rith na bliana ó/chuig Capri ar dhuillárthach, turas fillte amháin ag seoladh go luath san iarnóin agus turas fillte amháin ag seoladh tráthnóna. Os a choinne sin, níor sholáthair iomaitheoirí Caremar ach seirbhísí muiriompair do phaisinéirí (ba é sin mar a bhí i gcás NLG ([129]) agus Alimar ([130])) nó d’oibrigh siad seirbhísí measctha freisin ach i dtréimhse an tsamhraidh amháin (ba é sin mar a bhí i gcás SNAV ([131]) agus Aligruson ([132])).

([127]) Chuir an Iodáil i dtábhacht go n-éilíonn an cineál sin tráthchláir ar Caremar soitheach a choinneáil ar an oileán i rith na hoíche (le costais bhreise nach n-íocann iomaitheoirí Caremar).

([128]) Ní raibh de phríomhthoradh ar neamhsholáthar na seirbhíse thar thréimhse fhada ama, a luaithe a d’fhionn na húdaráis inniúla é, ach cúlghairm an údaraithe chun an sliotán ama ábhartha a oibriú (i gcás seirbhís a oibrítear ar théarma an mhargaidh agus i gcás seirbhís a oibrítear faoi OSP araon).

([129]) Chuir NLG dhá sheoladh laethúla ar fáil le linn an tséasúir chiúin agus seacht seoladh laethúla san ardséasúr (trí sheoladh faoi OSP, is é sin dhá sheoladh a d’fhág Sorrento ar 9.40 a.m. agus ar 13.10, agus (ó 2010) seoladh amháin a d’fhág Capri ar 8.55). Thug an Iodáil dá haire nach raibh seirbhísí NLG ar bhealach Capri/Sorrento in iomaíocht i ndáiríre le seirbhísí Caremar toisc go ndeimhnítear leis an bhfíoras nár bhain barúlacha NLG le bealach Capri/Sorrento ach le bealach Napoli/Capri amháin (féach aithris 168).

([130]) De réir na hIodáile, údaraíodh do Alimar dhá sheoladh paisinéirí laethúla a oibriú, ceann amháin ó Capri go Sorrento ar 6.00 a.m. agus ceann amháin ó Sorrento go Capri ar 22.55, ón 1 Iúil go dtí an 31 Lúnasa amháin.

([131]) Maidir leis na seirbhísí measctha, faoi chláir mhuiriompair 2007 agus 2011 araon (is é sin, ó 2009 ar aghaidh) údaraíodh do SNAV deich seoladh laethúla a oibriú le TMV (sé cinn ó Capri go Sorrento ar 7.35 a.m., 9.15 a.m., 12.10, 15.55, 17.40, agus 18.05; agus ceithre cinn ó Sorrento go Capri ar 8.10 a.m., 11.25 a.m., 13.50, 16.35) i dtréimhse an tsamhraidh amháin (go háirithe, ón 1 Aibreán go dtí an 3 Samhain).

([132]) Maidir leis na seirbhísí measctha, faoi chláir mhuiriompair 2007 agus 2011 araon (mar shampla, ó 2009 ar aghaidh) údaraíodh do Aligruson ceithre sheoladh laethúla a oibriú (dhá sheoladh ó Sorrento go Capri ar 11.30 a.m. agus 14.00; agus dhá sheoladh ó Capri go Sorrento ar 12.30 agus 18.05) i dtréimhse an tsamhraidh amháin.

(b) Ar an mbealach **Capri/Napoli**, chomh maith le Caremar, bhí ceithre chuideachta loingseoireachta eile údaraithe chun oibriú ar an mbealach sin: SNAV ([133]), NLG ([134]), Consorzio Linee Marittime Neapolis ('Neapolis') ([135]) agus Metrò del Mare S.c.a.r.l. ('Metrò del Mare') ([136]). Níor sholáthair na hoibreoirí sin uile ach seirbhísí iompair mhuirí do phaisinéirí, áfach, ach b'éigean do Caremar seirbhísí measctha a sholáthar (féach aithris 36 (b) agus 39)(b)). De réir na hIodáile, níor chomhlíon na seirbhísí a sholáthair iomaitheoirí Caremar an riachtanas seirbhíse poiblí a shainaithin Réigiún Campania, arbh é a bhí ann naisc leordhóthanacha (seirbhísí measctha) a áirithiú le linn na bliana ar fad lena gcuirfí ar chumas chónaitheoirí Capri comaitéireacht laethúil a dhéanamh chuig an mórthír ar chúiseanna gairmiúla nó staidéir (is é sin, leis an bhféidearthacht a gcarranna a thabhairt leo) chomh maith le seachadadh earraí chuig na hoileáin (lena n-áirítear maoine poist).

(c) Ar an mbealach **Ischia/Napoli**, chomh maith le Caremar, bhí dhá chuideachta loingseoireachta eile údaraithe chun oibriú ar an mbealach: Alilauro (a sholáthraíonn seirbhísí do phaisinéirí amháin) agus Medmar (a sholáthraíonn seirbhísí measctha amháin). De réir na hIodáile, níor leor na seirbhísí a chuir iomaitheoirí Caremar ar fáil chun riachtanais phoiblí an phobail áitiúil a shásamh. A mhéid a bhaineann leis na seirbhísí do phaisinéirí, d'oibrigh Alilauro den chuid is mó le linn thréimhse an tsamhraidh agus soláthraíodh na seirbhísí (teoranta) a soláthraíodh i rith na bliana faoi OSP ag tráthanna éagsúla seachas na cinn a sholáthair Caremar (féach aithrisí 36 (c) agus 39 (c)). Go deimhin, ón 1 Eanáir 2009 go dtí an 30 Meán Fómhair 2011, d'oibrigh Alilauro 20 seoladh ar dhuillárthach (19 faoi OSP agus 1 ar théarmaí an mhargaidh) ar fad i dtréimhse an tsamhraidh cé is moite de sheirbhís OSP amháin ([137]). Ón 1 Deireadh Fómhair 2011, d'oibrigh Alilauro 14 sheoladh ar dhuillárthach (cúig cinn faoi OSP i rith na bliana ([138]) agus 9 gcinn ar théarmaí an mhargaidh i dtréimhse an tsamhraidh amháin). A mhéid a bhaineann leis na seirbhísí measctha, d'oibrigh Medmar le linn thréimhse an tsamhraidh den chuid is mó agus cuireadh na seirbhísí (teoranta) a soláthraíodh i rith na bliana nó sa gheimhreadh amháin ar fáil faoi OSP ag amanna éagsúla seachas na cinn a sholáthair Caremar (féach aithrisí (36)(c) agus (39)(c)). Go deimhin, ón 1 Eanáir 2009 go dtí an 30 Meán Fómhair 2011, d'oibrigh Medmar 19 seoladh ar bhád farantóireachta/TMV (12 faoi OSP agus 7 ar théarmaí an mhargaidh) i dtréimhse an tsamhraidh amháin, agus ní go laethúil i gcónaí. Ón 1 Deireadh Fómhair 2011, d'oibrigh Medmar 23 sheoladh ar bhád farantóireachta/TMV (17 ar théarmaí an mhargaidh, iad uile i dtréimhse an tsamhraidh, agus sé cinn faoi OSP. As na sé sheirbhís a oibríodh faoi OSP, ní raibh ach dhá sheoladh ann i rith na bliana ([139]), ní raibh dhá sheoladh ann ach sa gheimhreadh amháin ([140]) agus ní raibh dhá sheoladh ann ach sa samhradh ([141])).

([133]) In 2009, 2010 agus cuid de 2011, sholáthair SNAV 12 sheirbhís laethúla do phaisinéirí ar a mbealach a raibh 11 sheoladh le duillárthach sa samhradh (go páirteach faoi OSP agus go páirteach faoin gcóras údaraithe) agus seoladh amháin le duillárthach i rith na bliana (ó Capri go Napoli ar 8.10 a.m., faoi OSP). Ón 1 Deireadh Fómhair 2011, d'oibrigh SNAV 25 sheirbhís laethúla do phaisinéirí ar an mbealach ar dhuillárthach, ar seoladh 13 sheoladh laethúla díobh i rith na bliana, iad uile faoi OSP (ar soláthraíodh 11 díobh i gcomhpháirt le NLG).

([134]) In 2009, 2010 agus cuid de 2011, níor sholáthair NLG seirbhísí muirí laethúla do phaisinéirí ar an mbealach ach sa samhradh (21 sheoladh ar dhuillárthach), go páirteach faoi OSP agus go páirteach faoin gcóras údaraithe. Ón 1 Deireadh Fómhair 2011, d'oibrigh NLG 34 seirbhís laethúla ar an mbealach do phaisinéirí ar dhuillárthach, ar sheoltaí laethúla 15 díobh i rith na bliana. Soláthraíodh dhá sheoladh de na 15 sheoladh laethúla sin (is é sin na seoltaí ó Capri go Napoli ar 9.35 a.m. agus ar 11.35 a.m.) ar théarmaí an mhargaidh, soláthraíodh na 13 sheoladh eile faoi OSP (soláthraíodh 11 de na seirbhísí OSP sin i gcomhpháirt le SNAV).

([135]) Comhfhiontar ab ea Neapolis a bunaíodh an 31 Lúnasa 2004 idir NLG (sciar 50 %) agus SNAV (sciar 50 %). D'oibrigh sé ar an mbealach sna blianta 2009, 2010 agus 2011. In 2009-2010, bhí ar Neapolis ocht seoladh laethúla a sholáthar ar dhuillárthach faoi OSP ar an mbealach, go háirithe ó Capri go Napoli ar 6.50 a.m. (i gcaitheamh na bliana), 8.50 a.m. (i rith an tsamhraidh amháin), 14.10 (i gcaitheamh na bliana); 17.25 (sa samhradh amháin); agus ó Napoli go Capri ar 7.55 a.m. (sa samhradh amháin), 10.00 a.m. (sa samhradh amháin); 16.05 (sa samhradh amháin); agus 20.05 (sa samhradh amháin). In 2011, laghdaíodh na seirbhísí go cúig cinn agus oibríodh iad i rith na bliana faoi dhálaí an mhargaidh (faoin gcóras údaraithe), go háirithe ó Capri go Napoli ar 8.50 a.m., 14.10, agus 17.30; agus ó Napoli go Capri ar 10.00 a.m., 16.05.

([136]) Ba chomhfhiontar é Metrò del Mare a bunaíodh an 20 Bealtaine 2002 idir NLG (sciar 20 %), SNAV (sciar 40 %), Alilauro (sciar 20 %) agus Aligruson (sciar 20 %). D'oibrigh sé ar an mbealach sna blianta 2009 agus 2010. In 2009-2010, bhí ar Metrò del Mare ceithre sheoladh (beagnach gach lá) a chur ar fáil sa samhradh ar dhuillárthach faoi OSP ar an mbealach, go háirithe ó Capri go Napoli ar 10.30 a.m., agus ar 10.50 a.m.; agus ó Napoli go Capri ar 16.30 agus ar 17.05.

([137]) Is é sin, an ceann ó Napoli go Ischia ar **9.35** a.m.

([138]) Is é sin, ó Ischia go Napoli ar **6.30** a.m., **9.25** a.m. agus **19.55**; agus ó Napoli go Ischia ar **7.35** a.m. agus **20.10**. Mar a luaitear in aithris 39 (c), ní raibh ar Caremar seirbhísí do phaisinéirí a sholáthar ar an mbealach sin sa tréimhse ón 1 Deireadh Fómhair 2011 go dtí an 15 Eanáir 2012, agus ón 16 Eanáir 2012 ní raibh air ach seirbhís laethúil amháin do phaisinéirí a sholáthar ar dhuillárthach ó Napoli go dtí Ischia ar **14.45**.

([139]) Is é sin, ó Napoli go Ischia ar **8.35** a.m. agus ar **14.10**.

([140]) Is é sin, ó Ischia go Napoli ar **16.35** agus ó Napoli go Ischia ar **18.30**.

([141]) Is é sin, ó Ischia go Napoli ar **17.00** agus ó Napoli go Ischia ar **18.30**.

(d) Ar an mbealach **Ischia/Procida/Napoli**, chomh maith le Caremar, bhí dhá chuideachta loingseoireachta eile ar an mbealach: Medmar, a údaraíodh chun seirbhísí measctha a oibriú ar an mbealach ([142]) ach, de réir na hIodáile, nár oibríodh riamh nó geall leis sin; agus SNAV, a d'oibrigh ocht seirbhís laethúla do phaisinéirí ar dhuillárthach faoi OSP. De réir údaráis na hIodáile, ní raibh seirbhísí SNAV inchomparáide leis na seirbhísí do phaisinéirí a bhí le soláthar ag Caremar. Ar an gcéad dul síos, maidir leis an tréimhse ón 1 Eanáir 2009 go dtí an 30 Meán Fómhair 2011, bhí seirbhísí SNAV go léir (ach ceann amháin ([143])) comhchruinnithe i séasúr an tsamhraidh, ach bhí ar Caremar a sheirbhísí uile a sholáthar i rith na bliana (féach aithris 36 (d)). Ar an dara dul síos, cé gur mhéadaigh an líon seoltaí a sholáthair SNAV i rith na bliana go seacht seoladh ([144]) (as ocht seoladh ([145])) ón 1 Deireadh Fómhair 2011 agus gur chuir Caremar dhá sheoladh leis sa tréimhse ón 1 Meitheamh go dtí an 30 Meán Fómhair (féach aithris 39 (d)), d'oibrigh SNAV ag amanna éagsúla den lá ná mar a d'oibrigh Caremar.

(e) Ar an mbealach **Ischia/Procida/Pozzuoli**, chomh maith le Caremar, ní raibh ach cuideachta loingseoireachta amháin eile údaraithe chun oibriú ar an mbealach, Medmar, a d'oibrigh seirbhísí measctha den chuid is mó, áfach, gan stad in Procida. Go deimhin, maidir leis an tréimhse ón 1 Eanáir 2009 go dtí an 30 Meán Fómhair 2011, d'oibrigh Medmar 39 seirbhís mheasctha san iomlán ar bhád farantóireachta idir Ischia agus Pozzuoli (a raibh a bhformhór i dtréimhse an tsamhraidh amháin ([146])), nach raibh ach trí sheirbhís mheasctha ina measc ag a raibh stad in Procida ([147]). Ón 1 Deireadh Fómhair 2011, d'oibrigh Medmar 40 seirbhís mheasctha san iomlán ar bhád farantóireachta idir Ischia agus Pozzuoli, nach raibh ach ceithre sheirbhís mheasctha acu le stad in Procida ([148]). De réir údaráis na hIodáile, ní raibh seirbhísí Medmar ag a raibh stad in Procida inchomparáide leis na seirbhísí a sholáthair Caremar ó thaobh minicíochtaí agus tráthchláir de (féach aithrisí (36)(e) agus (39)(e)). Go háirithe, maidir leis na seirbhísí a soláthraíodh i rith na bliana, d'oibrigh Caremar sé sheirbhís mheasctha laethúla – trí cinn ó Ischia (ar 8.35 a.m., 11.30 a.m. agus 17.30) agus trí cinn ó Pozzuoli (ar 10.15 a.m., 14.00 agus 18.55) – ach d'oibrigh Medmar dhá sheirbhís mheasctha laethúla ó Ischia (ar 2.30 a.m. agus 18.55) agus dhá sheirbhís ó Pozzuoli (ar 4.10 a.m. agus 20.30). Maidir leis na seirbhísí breise a chuir Caremar ar fáil le linn na tréimhse scoile ón 16 Eanáir 2012, bhí ar Caremar na seirbhísí ó Ischia ar 7.20 a.m. agus ó Pozzuoli ar 9.00 a.m. a ráthú, cé nár chuir Medmar aon seoladh ar an mbealach le stad in Procida sa tréimhse sin ([149]).

([142]) De réir na gcreataí feistithe, sa tréimhse ón 1 Eanáir 2009 go dtí an 30 Meán Fómhair 2011, bhí ar Medmar dhá sheirbhís mheasctha laethúla ar bhád farantóireachta a oibriú i rith na bliana faoi OSP, is é sin ó Ischia ar **22.00** (ag imeacht ó Procida ar 22.40); agus ó Napoli ar **24.00** (ag imeacht ó Procida ar 1.00 a.m.). Ón 1 Deireadh Fómhair 2011, bhí ar Medmar dhá sheirbhís laethúla mheasctha a oibriú faoi OSP i rith na bliana, is é sin ó Ischia ar **6.25 a.m.** (ag imeacht ó Procida ar 7.25) agus ar **10.35 a.m.** (ag imeacht ó Procida ar 11.15) agus seirbhís mheasctha amháin i rith thréimhse an tsamhraidh (ach ní gach lá i gcónaí) ó Ischia ar **22.20** (ag imeacht ó Procida ar 23.00).

([143]) Is é sin, an tseirbhís ó Ischia go Procida agus ina dhiaidh sin go Napoli ag imeacht ó Casamicciola ar **9.45** a.m. (agus ó Procida ar **10.05** a.m.).

([144]) Is é sin, ó Ischia go Procida agus ina dhiaidh sin go Napoli ag imeacht ó Casamicciola ar **7.10** a.m. (agus ó Procida ar **7.30** a.m.), **9.45** a.m. (agus ó Procida ar **10.10** a.m.), **13.50** (agus ó Procida ar **14.15**), **17.40** (agus ó Procida ar **18.05**); agus ó Napoli go Procida agus ina dhiaidh sin go Ischia ar **8.25** a.m. (agus ó Procida ar **9.05** a.m.), **16.20** (agus ó Procida ar **17.00**), **19.00** (agus ó Procida ar **19.40**). Rinneadh na seoltaí sin go léir a oibriú faoi OSP.

([145]) Ba é an t-aon seoladh a oibríodh le linn an tsamhraidh amháin an t-aon seoladh a oibríodh ar théarmaí an mhargaidh freisin. I dtréimhse an tsamhraidh, údaraíodh do SNAV seirbhísí do phaisinéirí a oibriú ar dhuillárthach ó Ischia go Procida agus ina dhiaidh sin go Napoli ag imeacht ó Casamicciola ar **11.25** a.m. (agus ó Procida ar 11.45 a.m.).

([146]) Níor cuireadh ach trí sheoladh as 39 ar fáil i rith na bliana (faoi OSP) – dhá sheoladh ar bhealach Ischia/Procida/Pozzuoli agus seoladh amháin ar bhealach díreach Ischia (Casamicciola)/Pozzuoli – agus cuireadh seoladh amháin ar fáil le linn na tréimhse scoile amháin (ón 16 Meán Fómhair go dtí an 14 Meitheamh). Níor cuireadh na 35 sheoladh eile ar fáil ach amháin i dtréimhse an tsamhraidh.

([147]) Dhá sheirbhís faoi OSP le soláthar i rith na bliana, is é sin ó Ischia (Casamicciola) go Procida agus ina dhiaidh sin go Pozzuoli ar **2.30** a.m.; agus ó Pozzuoli go Procida agus ina dhiaidh sin Ischia (Casamicciola) ar **4.10** a.m.; agus seirbhís amháin ar théarmaí an mhargaidh, is é sin ó Ischia go Procida agus ina dhiaidh sin go Pozzuoli ar **7.30** a.m., áfach, nár cuireadh ar fáil ach amháin le linn na tréimhse scoile (ón 16 Meán Fómhair go dtí an 14 Meitheamh).

([148]) Bhí na ceithre sheirbhís sin go léir faoi OSP le soláthar i rith na bliana, is é sin ó Ischia (Casamicciola) go Procida agus ina dhiaidh sin Pozzuoli ar **2.30** a.m. agus **18.55**; agus ó Pozzuoli go Procida agus ina dhiaidh sin Ischia (Casamicciola) ar **4.10** a.m. agus **20.30**.

([149]) Stop Medmar ag soláthar na seirbhíse ó Ischia ar 7.30 ar théarmaí an mhargaidh le linn na tréimhse scoile.

(f) Ar an mbealach **Ischia/Procida**, chomh maith le Caremar, bhí seacht gcuideachta loingseoireachta eile údaraithe chun oibriú ar an mbealach, mar chuid de bhealach níos leithne den chuid is mó (e.g. Ischia/Procida/Napoli nó Ischia/Procida/Pozzuoli): ar thaobh amháin Medmar (a mhéid a bhaineann le seirbhísí measctha) ([150]) agus SNAV (a mhéid a bhaineann le seirbhísí paisinéirí) ([151]), ag oibriú go páirteach faoi OSP agus go páirteach ar théarmaí an mhargaidh, agus ar an taobh eile, Alilauro ([152]), Ippocampo S.r.l ('Ippocampo') ([153]), Rumore S.r.l. ('Rumore') ([154]), Marine Club S.r.l. ('Marine Club') ([155]), agus Capitan Morgan S.r.l. ('Capitan Morgan') ([156]), nach raibh ag oibriú ach ar théarmaí an mhargaidh amháin. De réir na hIodáile, bhí na seirbhísí a sholáthair an margadh ró-ilroinnte, róbheag agus éagobhsaí ([157]) chun go measfaí iad uile le chéile a bheith inchomparáide fiú leis na seirbhísí OSP a sholáthair Caremar. Deimhníodh é sin ós rud é, tar éis an chomhairliúcháin phoiblí a reáchtáladh in 2011, gur mheas Réigiún Campania gur ghá ón 16 Eanáir 2012 seirbhís laethúil bhreise do phaisinéirí a chur leis an OSP a sholáthair Caremar ar an mbealach cheana féin ar dhuillárthach ó Procida go Ischia ar 15.30 i rith na bliana chun riachtanais chomaitéireachta na gcónaitheoirí ar na hoileáin a chomhlíonadh (féach aithris 39 (f)).

(g) Ar an mbealach **Procida/Pozzuoli**, chomh maith le Caremar, bhí trí chuideachta loingseoireachta eile údaraithe chun oibriú ar an mbealach: Procida Lines S.r.l. ('Procida Lines'), Gestour S.r.l. ('Gestour') agus Ippocampo. De réir na hIodáile, áfach, bhí acmhainneacht theoranta ag na soithí a d'úsáid iomaitheoirí Caremar chun an tseirbhís a sholáthar agus ní raibh siad in ann paisinéirí le soghluaisteacht laghdaithe ná

([150]) Ón 1 Eanáir 2009 go dtí an 30 Meán Fómhair 2011, údaraíodh do Medmar ceithre sheirbhís mheasctha laethúla a oibriú chuig Ischia/ó Ischia: trí cinn i rith na bliana faoi OSP (ó Procida ar **1.10** a.m.; agus ó Ischia ar **2.30** a.m. agus ar **22.00**) agus ceann amháin le linn na tréimhse scoile ar théarmaí an mhargaidh (ó Ischia ar **7.30** a.m.). Ón 1 Deireadh Fómhair 2011, údaraíodh do Medmar ocht seirbhís mheasctha laethúla a oibriú chuig/ó Ischia, sé cinn i rith na bliana (ó Procida ar **5.00** a.m., agus **21.20**) agus ó Ischia ar **2.30** a.m., **6.25** a.m., **10.35** a.m., **18.55**) agus dhá sheirbhís i dtréimhse an tsamhraidh amháin (ó Procida ar **1.30** a.m. agus ó Ischia ar **22.20**), iad uile faoi OSP. Mhínigh an Iodáil, áfach, nach raibh roinnt de na seirbhísí ar an mbealach á n-oibriú tráth ar bith nó geall leis sin ag Medmar (go háirithe, na seirbhísí a bhain leis an deighleog Ischia/Procida).

([151]) Ón 1 Eanáir 2009 go dtí an 30 Meán Fómhair 2011, d'oibrigh SNAV 14 sheirbhís laethúla do phaisinéirí ar dhuillárthach chuig/ó Ischia, ceithre cinn i rith na bliana – go háirithe, trí cinn faoi OSP (ó Ischia ar **7.10** a.m., **9.45** a.m., agus ó Procida ar **13.10**), agus ceann amháin ar théarmaí an mhargaidh (ó Ischia ar **8.30** a.m.) - agus 10 gcinn i rith an tsamhraidh amháin – go háirithe, sé cinn faoi OSP (ó Procida ar **9.00** a.m., **17.00**, **19.05**, agus **19.20**; agus ó Ischia ar **13.35**, **17.40**) agus ceithre cinn faoi dhálaí an mhargaidh (ó Procida ar **7.50** a.m., **17.50**; agus ó Ischia ar **18.30** agus **19.45**). Ón 1 Deireadh Fómhair 2011, d'oibrigh SNAV 16 sheirbhís laethúla do phaisinéirí ar dhuillárthach chuig/ó Ischia, naoi gcinn i rith na bliana: go háirithe, ocht gcinn faoi OSP (ó Ischia ar **7.10** a.m., **9.45** a.m., **13.50, 17.40**; agus ó Procida ar **9.05** a.m., **13.15, 17.00, 19.40**), agus ceann ar théarmaí an mhargaidh (ó Ischia ar **8.30** a.m.); agus seacht gcinn le linn thréimhse an tsamhraidh amháin faoi dhálaí an mhargaidh (ó Procida ar **7.50** a.m., **11.00** a.m., **17.50, 19.20**; agus ó Ischia ar **11.25** a.m., **18.30** agus **19.45**).

([152]) Ón 1 Eanáir 2009 go dtí an 30 Meán Fómhair 2011, údaraíodh do Alilauro trí sheirbhís laethúla do phaisinéirí a sholáthar ar dhuillárthach go Ischia, ar théarmaí margaidh i dtréimhse an tsamhraidh, go háirithe ó Procida ar **8.35** a.m., ar **12.35** a.m., agus ar **18.35**. Ón 1 Deireadh Fómhair 2011, ní raibh Alilauro údaraithe a thuilleadh an bealach a oibriú.

([153]) Ón 1 Eanáir 2009 go dtí an 30 Meán Fómhair 2011, údaraíodh Ippocampo dhá sheirbhís mheasctha a sholáthar ar théarmaí an mhargaidh ach sa samhradh amháin agus ní gach lá i gcónaí (ar an deireadh seachtaine den chuid is mó), is é sin ó Ischia ar **9.25** a.m. agus ó Procida ar **17.00**. Ón 1 Deireadh Fómhair 2011, údaraíodh Ippocampo sé sheirbhís mheasctha a sholáthar ar théarmaí an mhargaidh i rith an tsamhraidh amháin agus ní gach lá i gcónaí, is é sin ó Ischia ar **9.25** am, **11.40** am, **14.30**; agus ó Procida ar **11.00** a.m., **13.00** agus **17.00**.

([154]) Ón 1 Eanáir 2009 go dtí an 30 Meán Fómhair 2011, údaraíodh do Rumore ceithre sheirbhís mheasctha a sholáthar ar théarmaí an mhargaidh, ar i rith an tsamhraidh amháin a bhí trí cinn acu agus ní ar bhonn laethúil i gcónaí (ó Procida ar **12.20** agus **18.30**; agus ó Ischia ar **15.10**) agus ceann amháin go laethúil i rith na bliana (ó Ischia ar **10.40** a.m.). Níor tháinig aon athrú ar sheirbhísí ná ar sceideal ama Rumore ón 1 Deireadh Fómhair 2011.

([155]) Ón 1 Eanáir 2009 go dtí an 30 Meán Fómhair 2011, údaraíodh do Marine Club seirbhís mheasctha amháin a sholáthar ar théarmaí an mhargaidh ar an Déardaoin i dtréimhse an tsamhraidh (ó Procida ar **12.15**). Ón 1 Deireadh Fómhair 2011, ní raibh Marine Club údaraithe a thuilleadh an bealach a oibriú.

([156]) Ón 1 Eanáir 2009 go dtí an 30 Meán Fómhair 2011, údaraíodh do Capitan Morgan dhá sheirbhís mheasctha laethúla a sholáthar ar théarmaí an mhargaidh i dtréimhse an tsamhraidh (ó Ischia ar **15.10** agus ó Procida ar **18.00**). Ón 1 Deireadh Fómhair 2011, údaraíodh do Capitan Morgan trí sheirbhís mheasctha laethúla a sholáthar ar théarmaí an mhargaidh i dtréimhse an tsamhraidh (ó Ischia ar **15.10** agus **18.35**; agus ó Procida ar **18.00**).

([157]) Mar shampla, bhí oibreoirí loingseoireachta níos lú, ar nós Ippocampo, Rumore, Marine Club agus Capitan Morgan, ag baint úsáid as soithí níos lú agus níos lú cumhachta acu ná iad siúd a d'úsáid Caremar, agus nach raibh ina ann oibriú ach nuair a bhí an aimsir go maith, rud a bhí difriúil ó na soithí a d'úsáid Caremar.

paisinéirí le cathaoir rothaí a iompar. Thairis sin, níor soláthraíodh na seirbhísí a sholáthair iomaitheoirí Caremar ach amháin i dtréimhse an tsamhraidh agus níor soláthraíodh iad ar bhonn laethúil fiú (ba é sin cás Ippocampo) ([158]) nó, in aon chás, cuireadh ar fionraí nó ar ceal iad go minic agus, dá bhrí sin, níorbh fhéidir leo na leibhéil rialtachta chéanna a sholáthar agus a sholáthair Caremar (i gcás Procida Lines) ([159]). Go deimhin, de réir na hIodáile, sa tréimhse 2012-2015 ní raibh ach Gestour ([160]) ag feidhmiú i rith na bliana ar an mbealach seachas Caremar. Mar sin féin, chuir an Iodáil in iúl nach raibh seirbhísí Gestour inchomparáide le seirbhísí Caremar i dtéarmaí fhad an turais mhuirí (bhí ar Caremar an tseirbhís a sholáthar ar dhuillárthach, turas 15 nóiméad, agus Gestour á oibriú ar bhád farantóireachta, turas 50 nóiméad).

(h) Ar an mbealach **Procida/Napoli**, chomh maith le Caremar, bhí dhá chuideachta loingseoireachta eile údaraithe chun oibriú ar an mbealach: SNAV ([161]) (seirbhísí do phaisinéirí a sholáthar ar dhuillárthach) agus Medmar ([162]) (seirbhísí measctha a sholáthar ar bhád farantóireachta). De réir na hIodáile, ní raibh na seirbhísí do phaisinéirí a chuir SNAV ar fáil i rith na bliana inchomparáide leis na seirbhísí a chuir Caremar ar fáil ag amanna éagsúla den lá.

(186) A mhéid a bhaineann le staid iomaíoch na mbealaí muirí arna seirbhísiú ag Caremar in oileánra Pontino sa tréimhse 2009-2011, mhínigh an Iodáil an méid seo a leanas:

(a) Ar bhealach **Ponza/Formia**, chomh maith le Caremar, ní raibh ach cuideachta loingseoireachta amháin eile ar an mbealach, Vetor S.r.l. ('Vetor') a d'oibrigh dhá sheirbhís laethúla do phaisinéirí ar dhuillárthach i rith na bliana faoi OSP (ag imeacht ó Ponza ar 8.30 a.m. agus ó Formia ar 16.00). De réir na hIodáile, ní raibh seirbhísí Vetor iontaofa toisc gur minic a chuir Vetor an seoladh ar ceal, go háirithe i gcás drochaimsire, agus nach raibh siad inchomparáide in aon chás leis na seirbhísí measctha a sholáthair Caremar lenar ráthaíodh nasc laethúil do na cónaitheoirí i rith na bliana freisin le haghaidh iompar feithiclí agus lasta. A mhéid a

([158]) Ón 1 Eanáir 2009 go dtí an 30 Meán Fómhair 2011, údaraíodh do Ippocampo ceithre sheirbhís mheasctha a sholáthar i rith thréimhse an tsamhraidh (ar an Domhnach amháin den chuid is mó), is é sin ó Procida ar **18.45** agus ar **20.00** agus ó Pozzuoli ar **19.20** agus **20.50**. Níor tháinig aon athrú ar na seirbhísí sin ó thaobh amchláir de freisin ón 1 Deireadh Fómhair 2011.

([159]) Ón 1 Eanáir 2009 go dtí an 30 Meán Fómhair 2011, údaraíodh do Procida Lines 16 sheirbhís mheasctha a sholáthar i rith na bliana ach ní gach lá i gcónaí, 11 ar théarmaí an mhargaidh (ó Procida ar **5.50** a.m., **10.45** a.m., **15.25**, **17.30**, **19.15**; agus ó Pozzuoli ar **5.05** a.m., **9.25** a.m., **13.35**, **16.25**, **18.25**, **20.00**) agus cúig cinn faoi OSP (ó Procida ar **4.00** a.m. (ar an Aoine amháin), **7.50** a.m., **12.40**; ó Pozzuoli ar **7.05** a.m., **11.50** a.m.). Ón 1 Deireadh Fómhair 2011, údaraíodh do Procida Lines 15 sheirbhís mheasctha a sholáthar i rith na bliana ach ní gach lá i gcónaí, 14 ar théarmaí an mhargaidh (ó Procida ar **4.00** a.m. (ar an Aoine amháin), **7.50** a.m., **10.45** a.m., **12.40**, **15.25**, **17.30, 19.15**; agus ó Pozzuoli ar **5.05** a.m., **7.05** a.m., **11.50** a.m., **13.35, 16.25**, **18.25**, **20.00**) agus ceann faoi OSP (ó Procida ar **5.50** a.m.). Mhínigh an Iodáil, áfach, gur ar éigean a soláthraíodh na seirbhísí sin riamh sa tréimhse 2012-2015. Mar shampla, a mhéid a bhaineann leis an tseirbhís faoi OSP, nuair a fionnadh nach raibh Procida Lines ag comhlíonadh an OSP, le Foraithne Feidhmiúcháin Uimh. 18 an 29 Feabhra 2012 chúlghair Réigiún Campania an seirbhís OSP ó Procida Lines agus chuir sé faoi chúram Gestour í go dtí an 31 Nollaig 2012.

([160]) Ón 1 Eanáir 2009 go dtí an 30 Meán Fómhair 2011, sholáthair Gestour 13 seirbhís mheasctha laethúla ar bhád farantóireachta (turas 50 nóiméad) i rith na bliana, ocht seirbhís ar théarmaí an mhargaidh (ó Pozzuoli ar **6.00** a.m., **8.30** a.m., **10.35** a.m., **12.55**; ó Procida ar **6.50** a.m., **9.30** a.m., **11.20** a.m., **17.05**) agus cúig sheirbhís faoi OSP (ó Pozzuoli ar **15.05, 17.55**; **19.50;** ó Procida ar **14.05**, **18.55**). Ón 1 Deireadh Fómhair 2011, sholáthair Gestour naoi seirbhís mheasctha laethúla ar bhád farantóireachta (turas 50 nóiméad) i rith na bliana ar théarmaí an mhargaidh (ó Pozzuoli ar **6.00** a.m., **8.30** a.m., **10.35** a.m., **12.55**, **19.50**; ó Procida ar **6.50** a.m., **9.30** a.m., **11.20** a.m., **18.55**).

([161]) Ón 1 Eanáir 2009 go dtí an 30 Meán Fómhair 2011, d'oibrigh SNAV naoi seirbhís laethúla do phaisinéirí ar dhuillárthach faoi OSP, dhá sheirbhís i rith na bliana (is é sin ó Procida ar **7.35** a.m. agus **10.05** a.m.) agus seacht seirbhís i dtréimhse an tsamhraidh (is é sin ó Napoli (Beverello) ar **8.20** a.m., **12.30**, **16.20**, **18.40**, **18.45**; agus ó Procida ar **13.50** agus **18.00**). Ón 1 Deireadh Fómhair 2011, d'oibrigh SNAV deich seirbhís laethúla do phaisinéirí ar dhuillárthach (turas 20 nóiméad), a raibh ocht gcinn díobh i rith na bliana faoi OSP (is é sin ó Procida ar **7.30** a.m., **10.10** a.m., **14.15, 18.05**) agus ó Napoli (Beverello) ar **8.25** a.m., **12.30**, **16.20,** agus **19.00**); agus dhá sheirbhís sa samhradh amháin ar théarmaí an mhargaidh (ó Procida ar **11.45** a.m. agus ó Napoli (Beverello) ar **18.45**).

([162]) Ón 1 Eanáir 2009 go dtí an 30 Meán Fómhair 2011, d'oibrigh Medmar dhá sheirbhís mheasctha laethúla ar bhád farantóireachta (turas 60 nóiméad) faoi OSP i rith na bliana, is é sin ó Napoli (Calata Massa) ar **24.00** agus ó Procida ar **22.40**. Ón 1 Deireadh Fómhair 2011, d'oibrigh Medmar dhá sheirbhís mheasctha faoi OSP i rith na bliana, is é sin ó Napoli (Calata Massa) ar **00.20** a.m. agus ó Procida ar **11.15** a.m., agus seirbhís mheasctha amháin faoi OSP i dtréimhse an tsamhraidh (ní gach lá i gcónaí) ó Procida ar **23.00**.

bhaineann leis na seirbhísí do phaisinéirí, mhínigh an Iodáil go raibh sé de cheangal ar Caremar na soithí a choinneáil ar an oileán thar oíche chun an chéad seoladh den lá a áirithiú (ar 5.30 a.m. ó Ponza) agus nasc laethúil leis an mórthír a ráthú ar chúiseanna staidéir agus oibre (filleadh ar Ponza ar 17.30). Bhí sé i gceist freisin go mbeadh soithí ar fáil ar an oileán thar oíche chun muiriompar chuig an mórthír a áirithiú i gcás éigeandáil leighis nach bhféadfaí a shásamh trí aeriompar éigeandála (e.g. héileacaptair).

(b) Ar an mbealach **Ponza/Anzio**, chomh maith le Caremar, ní raibh ach cuideachta loingseoireachta amháin eile ar an mbealach, Vetor, a d'oibrigh dhá sheirbhís laethúla do phaisinéirí ar dhuillárthach san ardséasúr ar théarmaí an mhargaidh, agus, le linn an tséasúir chiúin, níor oibrigh Vetor ach dhá sheoladh ar an Satharn faoi OSP. De réir na hIodáile, bhí údar le seirbhísí measctha Caremar ar fhorais forbartha sóisialta agus eacnamaíche agus bhí siad dírithe ar a áirithiú go bhféadfadh paisinéirí a raibh feithiclí acu turas fillte a bheith acu ó/chuig Ponza i rith na bliana. A mhéid a bhaineann le seirbhísí do phaisinéirí, mhínigh an Iodáil nach raibh seirbhísí Vetor iontaofa toisc gur minic a chuir Vetor an seoladh ar ceal, go háirithe i gcás drochaimsire.

(c) Ar an mbealach **Formia/Ventotene**, chomh maith le Caremar, bhí dhá chuideachta loingseoireachta eile a d'oibrigh an bealach: Vetor agus *Società Navigazione Arcipelago Ponziano S.r.l.* ('SNAP'). Chuir Vetor seirbhís laethúil amháin do phaisinéirí ar fáil ar dhuillárthach le linn an tséasúir chiúin agus seirbhís amháin do phaisinéirí ar dhuillárthach gach Luan san ardséasúr, faoi OSP araon. Sholáthair SNAP seirbhís laethúil amháin do phaisinéirí san ardséasúr ar dhuillárthach ar théarmaí an mhargaidh. De réir na hIodáile, bhí gá le seirbhísí Caremar chun ligean do chónaitheoirí Ventotene taisteal go dtí an mhórthír ar chúiseanna gairmiúla nó staidéir, ós rud é gur áirithigh Caremar an chéad turas den lá ó Ventotene ar bhád farantóireachta ar 5.30 a.m. agus seirbhís laethúil do phaisinéirí ó Ventotene ar dhuillárthach ar 6.45 a.m. Thairis sin, ós rud é gur fhan soithí Caremar thar oíche ar an oileán, cheadaigh siad muiriompar go dtí an mhórthír i gcás éigeandáil leighis.

(187) Maidir le barúlacha Medmar (féach roinn 7.1), cháiligh an Iodáil mar chonclúidí páirteacha agus neamhiomlána na conclúidí ar ar tháinig Medmar maidir le coibhéis a seirbhísí leo siúd a sholáthair Caremar. De réir na hIodáile, ní dhéanann Medmar ach comparáid idir a sheirbhísí agus na seirbhísí a sholáthraíonn Caremar ar bhealaí áirithe, gan ach minicíocht laethúil na seoltaí a úsáid mar thagairt, agus nach ndéantar aon mheasúnú i bhfianaise an tráthchláir, na séasúrachta, na gcineálacha iompair agus na dtáillí. Go háirithe, a mhéid a bhaineann le bealach Ischia/Procida/Pozzuoli, chuir an Iodáil i dtábhacht gurb é Caremar an t-aon chuideachta a sholáthair seirbhísí muiriompair atá iontaofa go leor tráth shainiú an OSP agus go raibh an bealach fíor-riachtanach i gcónaí chun freastal ar riachtanais soghluaisteachta na mac léinn ar an dá oileán, chomh maith leis na ceanglais sláinte a bhaineann leis an bhféidearthacht go sroichfeadh cónaitheoirí Procida ospidéil Pozzuoli agus Ischia.

(188) Mar fhreagra ar mhaíomh Medmar nach raibh aon chúiteamh ag teastáil ó Caremar as na seirbhísí a soláthraíodh toisc go raibh roinnt seirbhísí á soláthar ag Medmar freisin faoi OSP gan chúiteamh ar na bealaí céanna, mhínigh an Iodáil, agus an OSP á chur ar iontaoibh aici, go ndearna sí amhlaidh de bhun Rialachán (CEE) Uimh. 3577/92, lena gceadaítear OSP a dhámhachtain go cothrománach ar na longúinéirí leasmhara uile. Rinneadh OSP a chur ar iontaoibh in dhá chéim. Ar an gcéad dul síos, d'fhorchuir an Iodáil OSP ar oibreoirí leasmhara ar bhealaí áirithe gan chúiteamh. Ar an dara dul síos, i gcás nár mhian le cuideachtaí na bealaí a oibriú gan chúiteamh, bheadh nós imeachta tairisceana poiblí seolta ag Réigiún Campania chun an gnóthas a shainaithint ar a ndámhfaí conradh seirbhíse poiblí agus cúiteamh comhghaolaithe. Dá bhrí sin, i dtuairim Réigiún Campania, ghlac Medmar leis an OSP a oibriú gan chúiteamh, mar a luaitear sa Ghníomh tíolactha arna shíniú ag an gcuideachta.

(189) Go ginearálta, i bhfianaise an OSP a forchuireadh ar Caremar agus na OSPanna a forchuireadh ar a iomaitheoirí (féach aithrisí (182) go (186)), áitíonn an Iodáil gurb ionann seirbhísí na n-iomaitheoirí atá faoi réir OSP go bunúsach agus seirbhísí ar ghlac iomaitheoirí Caremar leo a dhéanamh i gcomhthéacs a ngníomhaíochtaí muirí féin. Ní raibh na OSPanna sin inchomparáide leo siúd a bhí le soláthar ag Caremar, toisc go bhféadfaí na hoibreoirí a scaoileadh trí fhógra gearr a thabhairt do Réigiún Campania, agus thairis sin ní raibh na hoibleagáidí seirbhíse poiblí faoi réir pionós i gcás mainneachtain iad a chomhlíonadh. Ar deireadh, níor fhág na OSPanna sin a forchuireadh ar iomaitheoirí Caremar gur cuireadh deireadh leis an gconradh seirbhíse poiblí a tugadh i gcrích le Caremar chun leanúint de riachtanais na n-údarás áitiúil maidir le leanúnachas críche a chomhlíonadh, mar a d'fhíoraigh Réigiún Campania go tréimhsiúil faoin athbhreithniú ar na cláir mhuirí inar cuireadh san áireamh na seirbhísí a soláthraíodh faoin OSP agus an conradh seirbhíse poiblí a tugadh i gcrích le Caremar.

8.2. **Maidir le príobháidiú Caremar**

(190) Deir an Iodáil, tar éis iarraidh ar eolas ón gCoimisiún an 26 Deireadh Fómhair 2011 agus barúlacha an Choimisiúin an 22 Nollaig 2011 agus an 14 Márta 2012, gur leasaigh sí an cuireadh chun tairisceana le haghaidh phríobháidiú Caremar i gcomhréir le ceanglais an Choimisiúin arb é is aidhm leo trédhearcacht agus neamh-idirdhealú an phróisis a áirithiú.

(191) Mar shampla, cuireadh deireadh le haon idirdhealú ar bhonn náisiúntacht an oibreora eacnamaíoch a raibh an tairiscint á tairiscint aige. In aon chás, cuireann an Iodáil i dtábhacht nach raibh aon choinníoll sna sonraíochtaí tairisceana lenar tugadh le tuiscint cothabháil na foirne a bhí fostaithe ag Caremar, ná aon choinníoll a bhain leis na caidrimh fostaíochta atá ann cheana leis an gcuideachta.

(192) Ina theannta sin, mhodhnaigh an Iodáil an ceanglas incháilitheachta a bhaineann le hacmhainneacht eacnamaíoch agus airgeadais, trí dheireadh a chur leis na clásail nár cheadaigh ach do chuideachtaí loingseoireachta a bheith rannpháirteach sa phróiseas tairisceana, rud a cheadaigh uas-rannpháirtíocht agus an t-ualú is fearr i gcoinne luachanna eacnamaíocha an phróisis. A mhéid a bhaineann leis an gcritéar dámhachtana, deimhníonn an Iodáil gurbh é an glanphraghas ab airde an critéar roghnúcháin.

(193) Measann an Iodáil, dá bhrí sin, gur cheart próiseas príobháidithe Caremar, cé nár ceapadh é mar dhíol scaireanna ar an stocmhalartán, a mheas mar phróiseas trédhearcach, neamhchoinníollach agus neamh-idirdhealaitheach, agus ar an gcaoi sin an rannpháirtíocht uasta a áirithiú.

8.3. **Maidir le comhlíontacht an chonartha seirbhíse poiblí nua le critéir Altmark**

(194) Áitíonn an Iodáil go gcomhlíonann an conradh seirbhíse poiblí nua ceithre chritéar *Altmark* ar na cúiseanna seo a leanas:

(a) maidir leis an gcéad chritéar Altmark, áitíonn an Iodáil go mbaineann an misean poiblí a shainítear sa chonradh le bealaí cabatáiste oileáin a nascann mórthír na hIodáile le calafoirt na n-oileán beag. Is é is aidhm leis na bealaí sin, ó thaobh rialtachta agus minicíochta de, seirbhís a áirithiú atá fíor-riachtanach d'fhorbairt eacnamaíoch na n-oileán, agus ag an am céanna freastal ar riachtanais soghluaisteachta riachtanacha phobail na n-oileán, lena n-áirithítear éifeachtacht an chirt chun leanúnachas críche a ráthaítear go bunreachtúil. Ina theannta sin, sainaithnítear go soiléir sa chonradh nua na seirbhísí a bheidh le déanamh, na cineálacha soithí a bheidh le húsáid, na sliotáin ama a bheidh le hurramú, lena n-áirítear seoltaí tráthnóna agus oíche agus na srianta ar tháillí a bheidh le comhlíonadh;

(b) níor chuir an Coimisiún i gcoinne an dara critéar Altmark ina Chinneadh Tosaigh 2011;

(c) maidir leis an tríú critéar Altmark, eisiann an Iodáil aon fhéidearthacht go bhfaigheadh Caremar cúiteamh a sháraíonn an méid a bhí riachtanach chun na costais arna dtabhú i gcomhlíonadh OSP a chumhdach, agus na fáltais ábhartha agus brabús réasúnach as comhlíonadh na n-oibleagáidí sin á gcur san áireamh. Go háirithe, áitíonn an Iodáil go n-áirítear sa chonradh seirbhíse poiblí nua clásail aisghlámtha leordhóthanacha toisc, mar a fhoráiltear mar shampla in Airteagal 18 de, dar teideal '*Aisghabháil róchúitimh*',nár mhór don chuideachta aon róchúiteamh a thabhairt ar ais laistigh de 30 lá ón iarraidh ábhartha. Is é sin a tharla le haghaidh na blianta airgeadais 2015, 2016 agus 2017, agus 2018 agus 2019, i gcás, i gcomhréir leis an nós imeachta fíorúcháin dá bhforáiltear sa chonradh, inar braitheadh róchúiteamh le haghaidh na dtréimhsí sin agus inar aisghabhadh é (féach aithris 96);

(d) Measann an Iodáil go gcomhlíontar an ceathrú critéar Altmark freisin, ós rud é go raibh dámhachtain an chonartha seirbhíse poiblí faoi réir próiseas tairisceana trédhearcach agus iomaíoch, le rannpháirtíocht roinnt oibreoirí, lenar ceadaíodh an tairgeoir a bhí in ann na seirbhísí a sholáthar ar an gcostas is lú is féidir a roghnú. I ndáil le hamhras an Choimisiúin maidir leis an gconradh seirbhíse poiblí nua a chuachadh le príobháidiú Caremar, soiléiríonn an Iodáil go ndearnadh na coigeartuithe uile is gá, ar bhonn iarraidh an Choimisiúin, ar na dréachtdoiciméid tairisceana chun iad a thabhairt i gcomhréir leis an gcreat reachtach ábhartha.

8.4. **Maidir leis an mbiseach riosca 6,5 % a leagtar síos i bPlé 111/2007 ó 2010 ar aghaidh agus an 10,55 % a cuireadh i bhfeidhm le haghaidh an chonartha seirbhíse poiblí nua**

(195) I gCinneadh Tosaigh 2011, ba é réamhthuairim an Choimisiúin nár chosúil gur léiríodh leibhéal iomchuí riosca leis an mbiseach riosca 6,5 %, ós rud é nach ndealraíonn sé go nglacann oibreoirí na rioscaí a iompraítear de ghnáth in oibriú seirbhísí muiriompair (féach aithris 247 de Chinneadh Tosaigh 2011).

(196) De réir na hIodáile, is cosúil go bhfuil réamhchonclúidí an Choimisiúin bunaithe ar mhíthuiscint ar pharaiméadar an bhisigh riosca. Ní cúiteamh é an biseach riosca chun costais a chumhdach a bheadh ar an oibreoir a sheasamh ar aon chaoi agus é i mbun a ghníomhaíochtaí, ós rud é, mar mhalairt air sin, go mbeadh caillteanas i gceist leis an ngníomhaíocht. Áitíonn an Iodáil nach gcinnfeadh aon fhiontraí riamh gníomhaíocht a dhéanamh chun a chostais a chlúdach agus chun na críche sin amháin. Go deimhin, leis an tríú critéar Altmark déantar foráil maidir le toradh réasúnach ar chaipiteal (brabús) a d'éileodh gnóthas tipiciúil chun measúnú a dhéanamh ar cé acu a sholáthrófaí nó nach soláthrófaí an tseirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta ar feadh fhad iomlán na tréimhse iontaoibhe. Dá bhrí sin, is é an biseach riosca atá i gceist an luach saothair is gá chun an OSP a chomhlíonadh, rud a fhabhraíonn don fhiontraí a thabhaíonn agus a bhainistíonn an riosca gnó.

(197) Cuireann an Iodáil i dtábhacht go gcinntear an biseach riosca trí úsáid a bhaint as anailísí maicreacnamaíocha lena sanntar meánbhiseach riosca don tír thagartha nó don limistéar tagartha don earnáil lena mbaineann. De réir Scoil Ghnó IESE, bheadh 6,4 % ina bhiseach riosca tíre oiriúnach don Iodáil. Dá bhrí sin, tá an biseach sin go hiomlán i gcomhréir leis an mbiseach riosca 4 % a sainaithníodh i bPlé 111/2007, le méadú 2,5 % le haghaidh seirbhísí neamheisiacha (biseach riosca 6,5 %). Soiléiríonn an Iodáil gur chomhfhreagair an biseach riosca 6,5 % freisin don ráta toraidh ar chaipiteal infheistithe a fuair Caremar in 2009 le linn na chéad bhliana d'fhadú an Choinbhinsiúin Tosaigh. Thairis sin, tagraíonn an Iodáil do Chinneadh ón gCoimisiún an 13 Meitheamh 2017 maidir le mearnasc muirí paisinéirí san Iodáil idir Messina agus Reggio Calabria, áit nár cuireadh i gcoinne na modheolaíochta ríofa, agus úsáid á baint as an 8 % seasta mar ráta luacha saothair ionchasach. Go háirithe, sa chás deireanach sin, ghlac an Coimisiún le ráta 8 % a bhí comhdhéanta den bhiseach riosca 6,5 % dá dtagraítear i bPlé 111/2007, i bhfianaise nach raibh dámhachtain ceart eisiach i gceist leis an gconradh, móide méadú breise 1,5 %, i bhfianaise thréimhse ghearr an chonartha.

(198) Úsáideadh an ráta (comhlán) 6,5 % go dtí 2015, ach ina dhiaidh sin, maidir leis an gconradh seirbhíse poiblí nua, socraíodh an ráta toraidh ar chaipiteal infheistithe a cuireadh san áireamh chun críoch cúitimh ag 10,55 %, ráta a measadh a bheith ina bhrabús réasúnach ag féachaint don riosca a d'iompair Caremar agus na seirbhísí OSP á soláthar aige. Áitíonn an Iodáil go bhfuil an ráta níos airde ná na conarthaí roimhe seo — lenar socraíodh ráta 6,5 % — mar gheall ar an riosca ard fiontraíochta a bhfuil Caremar neamhchosanta air mar gheall ar an tearc-chúiteamh dóchúil a d'fhéadfadh teacht chun cinn thar na 9 mbliana d'fhad an chonartha seirbhíse poiblí nua (e.g. luaineacht praghsanna breosla). Cuireann an Iodáil in iúl go bhfuil aon tearc-chúiteamh atá cothrom le nó níos lú ná 5 % den chúiteamh iomlán á iompar go hiomlán ag Caremar faoin gconradh seirbhíse poiblí nua ach go bhfuil sé neamhchosanta freisin ar riosca an tearc-chúitimh os cionn 5 % den chúiteamh iomlán. Go deimhin, níl an sásra athchothromúcháin dá bhforáiltear in Airteagal 17 den chonradh seirbhíse poiblí nua éigeantach (ní cheadaítear ach athbhreithniú ar phríomhpharaiméadair an chúitimh, rud a chiallaíonn nach gá do Réigiún Campania glacadh leis) agus, i bhfianaise a ghnéithe (i.e., easpa cúlghabhálachta, an fhéidearthacht an cúiteamh a choigeartú trí bhíthin athruithe ar pharaiméadair sholáthar na seirbhíse amháin), níl ach éifeachtaí teoranta aige ar chothromaíocht

eacnamaíoch an chonartha. De réir na hIodáile, (i) tá aon tearc-chúiteamh (fiú níos airde ná 5 % den chúiteamh iomlán), a tabhaíodh sna chéad 3 bliana den chonradh agus sna 3 bliana deireanacha den chonradh ar Caremar, ós rud é nach dtéann an sásra athchothromúcháin i ngleic ach le paraiméadair an chúitimh a bhaineann le soláthar na seirbhíse, agus don todhchaí amháin; (ii) tá aon tearc-chúiteamh ar Caremar atá cothrom le 5 % nó níos lú ná sin arna thabhú sna 6 bliana atá fágtha den chonradh; agus (iii) d'fhéadfadh tearc-chúiteamh os cionn 5 % a bheith ag gabháil dó i ngach ceann de na 6 bliana atá fágtha den chonradh nó i gcuid díobh mura ndéantar an sásra athchothromúcháin a ghníomhachtú nó a ghníomhachtú ach ar feadh 3 bliana as na 6 bliana.

8.5. **Maidir le comhlíontacht an chonartha seirbhíse poiblí nua le Creat SGEI 2011**

(199) Soiléiríonn an Iodáil gur dámhadh an tseirbhís tar éis próiseas soláthair phoiblí oscailte, trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach. Leis an tseirbhís nasctha mhuirí idir oileáin Mhurascaill Napoli, áirithítear leanúnachas críche, rud a chuireann soghluaisteacht ar fáil do chónaitheoirí a úsáideann an tseirbhís ar bhonn laethúil le haghaidh riachtanais oibre agus staidéir. Sna cásanna sin, níl an tseirbhís a sholáthraítear inchomparáide i dtéarmaí rialtacht agus mhinicíocht na nasc, ná i dtéarmaí an chineáil soithigh. Thairis sin, ní mó an cúiteamh ná an méid is gá chun na costais a thabhaítear agus an OSP á chomhlíonadh a chumhdach, agus brabús réasúnta á chur san áireamh. Ar deireadh, bunaíodh méid an chúitimh i gcomhthéacs próiseas tairisceana, ar bhonn na gcritéar a leagtar amach i bPlé 111/2007.

(200) Sa chomhthéacs sin, áitíonn an Iodáil gur cuireadh sásraí i bhfeidhm (e.g., trí Airteagal 17 den chonradh seirbhíse poiblí – fíorú ar chothromaíocht airgeadais eacnamaíoch – agus Airteagal 18 den chonradh seirbhíse poiblí – róchúiteamh a aisghabháil) chun cosc a chur ar róchúiteamh a thabhairt do Caremar de bhun phointe 49 de Chreat SGEI 2011.

(201) Thairis sin, maidir le cé acu a rinneadh nó nach ndearnadh comhairliúchán poiblí sular tugadh an conradh seirbhíse poiblí nua i gcrích de bhun phointe 14 de Chreat SGEI 2011, cuireann an Iodáil i dtábhacht gur toradh é sainiú na bpleananna straitéiseacha le haghaidh naisc mhuirí de sheirbhís réigiúnach lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta i Réigiún Campania ar phróiseas cinnteoireachta casta lena mbaineann, i measc grúpaí eile, na húdaráis áitiúla lena mbaineann agus comhlachais trádála. Rinne Réigiún Campania seiceáil rialta ar staid an mhargaidh agus ar leordhóthanacht na seirbhísí poiblí leis na riachtanais a chuireann údaráis áitiúla agus úsáideoirí in iúl, trí bhíthin imscrúduithe margaidh doimhne a thugtar cothrom le dáta go rialta.

8.6. **Maidir leis an tosaíocht feistithe agus na bearta a leagtar síos le Dlí 163/2010**

(202) Shoiléirigh an Iodáil go n-íocann gach oibreoir farantóireachta, lena n-áirítear Caremar, táillí rialta leis na húdaráis chalafoirt ábhartha as feistiú. Maidir leis an tosaíocht feistithe, áfach, aithníonn an Iodáil nár íoc Caremar aon táille bhreise. Deir an Iodáil nár cuireadh an fhoráil maidir le tosaíocht feistithe i bhfeidhm riamh. Ní thugtar luach saothair i leith na tosaíochta feistithe; dá bhrí sin, soláthraítear leis an mbeart buntáiste rialála, nach mbaineann aon aistriú acmhainní Stáit leis agus nach dtagraítear ann ach do bhealaí a chumhdaítear le OSP. Dá bhrí sin, de réir na hIodáile, ní Státchabhair atá sa bheart.

(203) Maidir leis na bearta a leagtar síos le Dlí 163/2010, cuireann an Iodáil in iúl go bhfuair Caremar EUR 2 115 000, a úsáideadh go heisiach chun a longa a uasghrádú chun rialacháin sábháilteachta idirnáisiúnta a chomhlíonadh ([163]) agus nár úsáideadh riamh chun críoch leachtachta. Ina theannta sin, a mhéid a bhaineann leis na buntáistí cánach, soiléiríonn an Iodáil nár bhain Caremar tairbhe as na buntáistí sin, ach, a mhéid a bhaineann le cistí FAS, nár eisíocadh iad sin le Caremar. Go háirithe, shoiléirigh an Iodáil gur chuir Airteagal 1, mír 5-*ter*, de Dhlí 163/2010 ar a gcumas do na Réigiúin acmhainní FAS a úsáid chun cuid den chúiteamh seirbhíse poiblí tráthrialta a chistiú, agus leanúnachas na seirbhísí poiblí muirí a áirithiú dá réir sin, i gcás nár leor na leithreasuithe buiséid agus nach raibh na hacmhainní FAS ceaptha mar chúiteamh breise le haghaidh Caremar ná SNAV/Rifim (nó aon cheann eile de chuideachtaí iar-Ghrúpa Tirrenia ná a bhfaighteoirí faoi seach).

9. **MEASÚNÚ**

9.1. **Cabhair a bheith ann de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE**

(204) Foráiltear de réir Airteagal 107(1) CFAE ‘aon chabhair arna deonú ag Ballstát nó arna deonú trí bhíthin acmhainní Stáit i bhfoirm ar bith, agus a bhéarfaidh nó is baolach a bhéarfadh saobhadh ar iomaíocht trí thaobhú le gnóthais áirithe nó le táirgeadh earraí áirithe, bheidh sí comhoiriúnach leis an margadh inmheánach sa mhéid go dtéann sí i gcion ar an trádáil idir Ballstáit’.

(205) Is critéir charnacha iad na critéir a leagtar síos le hAirteagal 107(1) CFAE. Dá bhrí sin, ní mór gach ceann de na coinníollacha thuasluaite a chomhlíonadh chun a chinneadh cé acu atá nó nach bhfuil na bearta ar tugadh fógra ina leith ina Státchabhair de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE. Is é sin, ba cheart don tacaíocht airgeadais:

(a) a bheith á deonú ag Ballstát nó trí bhíthin acmhainní Stáit,

(b) a bheith i bhfabhar gnóthais áirithe nó táirgeadh earraí áirithe,

(c) iomaíocht a shaobhadh nó a bheith ina bagairt go saobhfar an iomaíocht léi,

(d) dul i gcion ar an trádáil idir na Ballstáit.

(206) Tugann an Coimisiún dá aire go bhfuil an tosaíocht feistithe nasctha go dlúth le feidhmiú seirbhíse lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta ag Caremar agus ag a fhaighteoir SNAV/Rifim. Dá bhrí sin, déanfar measúnú ar an mbeart sin go comhpháirteach leis an gcúiteamh seirbhíse poiblí lena mbaineann a deonaíodh do na cuideachtaí sin (féach ranna 9.1.1 agus 9.1.2).

(207) Thairis sin, tugann an Coimisiún dá aire gur cheart measúnú a dhéanamh ar an gconradh seirbhíse poiblí nua idir an Iodáil agus Caremar i gcomhpháirt le príobháidiú Caremar. Tá measúnú comhpháirteach den sórt sin iomchuí toisc gur eagraigh an Iodáil, go bunúsach, tairiscint le haghaidh an chonartha seirbhíse poiblí nua faoina raibh ar an tairgeoir buaiteach scairchaipiteal iomlán Caremar a fháil chun an OSP a leagtar síos sa chonradh seirbhíse poiblí sin a chomhlíonadh. Ní raibh aon fhéidearthacht sa tairiscint tairiscintí ar leithligh a chur isteach maidir le príobháidiú Caremar agus maidir leis an gconradh seirbhíse poiblí nua.

9.1.1. *An cúiteamh seirbhíse poiblí agus an tosaíocht feistithe a deonaíodh do Caremar ón 1 Eanáir 2009 go dtí an 31 Iúil 2012, faoin gCoinbhinsiún Tosaigh fadaithe*

9.1.1.1. Acmhainní Stáit

(208) Chuaigh an Iodáil ar iontaoibh Caremar chun seirbhísí muiriompair a oibriú ar bhealaí sonracha mar a shonraítear sa Choinbhinsiún Tosaigh, a ndearnadh fadú air. Tugadh an Coinbhinsiún Tosaigh i gcrích leis an Stát, agus d’íoc an Stát agus Réigiún Campania an cúiteamh seirbhíse poiblí a tháinig as sin le haghaidh Caremar as a mbuiséad féin. Dá bhrí sin, tá an cúiteamh seirbhíse poiblí do Caremar inchurtha i leith an Stáit agus tugtar é trí acmhainní Stáit.

([163]) Leithdháil Caremar EUR 1 410 00 ón méid sin chun uasghrádú a dhéanamh ar dhá cheann de na soithí a aistríodh ina dhiaidh sin chuig Laziomar saor in aisce (Quirino agus Tetide). Úsáideadh an méid a bhí fágtha, EUR 705 000, chun uasghrádú a dhéanamh ar shoitheach atá fós faoi úinéireacht Caremar.

(209) Tugann an Coimisiún dá aire, de réir na hIodáile, go n-íocann na hoibreoirí farantóireachta uile táillí tráthrialta leis na húdaráis ábhartha chalafoirt as feistiú ach nár íoc Caremar aon táille bhreise as an tosaíocht feistithe. Measann an Coimisiún mar sin féin gur fhéad an Iodáil a roghnú, i bprionsabal, táille bhreise a ghearradh ar an tosaíocht feistithe sin agus gur lig sí ioncaim Stáit thar ceal nuair nach ndearna sí amhlaidh. Thairis sin, ós rud é go dtugtar an tosaíocht feistithe le dlí (féach aithris 99) tá sí inchurtha i leith an Stáit.

9.1.1.2. Roghnaíocht

(210) Ní mór do bheart a bheith roghnaíoch chun go gcáileofar mar Státchabhair é. Tá beart roghnaitheach mura ndámhtar é ach ar ghnóthais áirithe, agus ní bhfaighidh gnóthais eile atá i staid dhlíthiúil agus fhíorasach inchomparáide laistigh den earnáil chéanna nó d'earnálacha eile (ag cur san áireamh gur cheart do na hoibreoirí eacnamaíocha uile a gcostais féin a chumhdach i bprionsabal) an buntáiste céanna. Is do Caremar amháin a dheonaítear an cúiteamh seirbhíse poiblí as soláthar na seirbhísí muirí atá i gceist, agus dá bhrí sin is cúiteamh roghnaitheach é ([164]). Ós rud é nár tugadh an tosaíocht feistithe ach do chuideachtaí iar-Ghrúpa Tirrenia, agus Caremar san áireamh, tá sí roghnaíoch freisin.

9.1.1.3. Buntáiste eacnamaíoch

(211) Meabhraíonn an Coimisiún go bhféadfaí, faoi choinníollacha áirithe a shainítear go docht, nach buntáiste eacnamaíoch atá i gcúitimh seirbhíse poiblí a dheonaítear do chuideachta.

(212) Go háirithe, chinn an Chúirt Bhreithiúnais i mbreithiúnas *Altmark*, i gcás nach mór beart Stáit a mheas mar chúiteamh as na seirbhísí arna soláthar ag na gnóthais is faighteoirí chun OSP a chomhlíonadh, ionas nach bhfaigheann na gnóthais sin buntáiste airgeadais iarbhír agus nach bhfuil d'éifeacht ag an mbeart, dá bhrí sin, iad a chur i staid iomaíoch níos fabhraí ná na gnóthais atá i mbun iomaíochta leo, nach dtagann beart den sórt sin faoi raon feidhme Airteagal 107(1) CFAE.

(213) Shoiléirigh an Chúirt Bhreithiúnais freisin, áfach, chun go n-éalódh cúiteamh seirbhíse poiblí den sórt sin ó cháiliú mar Státchabhair i gcás ar leith nach mór ceithre chritéar charnacha ('critéir *Altmark*'), a dtugtar achoimre orthu thíos, a chomhlíonadh:

— ní mór OSP a bheith le comhlíonadh ag an ngnóthas faighteora iarbhír agus ní mór na hoibleagáidí sin a bheith sainithe go soiléir ('*Altmark* 1');

— ní mór na paraiméadair ar ar a mbonn a ríomhtar an cúiteamh a bhunú roimh ré ar bhealach oibiachtúil trédhearcach ('*Altmark 2*');

— ní fhéadfaidh an cúiteamh a bheith níos mó ná an méid is gá chun na costais uile nó cuid de na costais arna dtabhú i gcomhlíonadh OSP a chumhdach, agus na fáltais ábhartha agus brabús réasúnach as comhlíonadh na n-oibleagáidí sin á gcur san áireamh ('*Altmark* 3');

— más rud é, maidir leis an ngnóthas atá le hoibleagáidí seirbhíse poiblí a chomhlíonadh, i gcás sonrach, nach roghnaítear é de bhun nós imeachta soláthair phoiblí trína bhféadfaí an tairgeoir atá in ann na seirbhísí sin a sholáthar ar an gcostas is lú don phobal a roghnú, ní mór an leibhéal cúitimh is gá a chinneadh ar bhonn anailíse ar na costais a thabhódh gnóthas tipiciúil, atá dea-riartha agus a soláthraítear modhanna iompair leordhóthanacha dó ionas go bhfuil sé in ann na ceanglais seirbhíse poiblí is gá a chomhlíonadh, le linn dó na hoibleagáidí sin a chomhlíonadh, agus na hioncaim ábhartha agus brabús réasúnach as comhlíonadh na n-oibleagáidí á gcur san áireamh ('*Altmark 4*').

(214) Shonraigh an Coimisiún conas a chuireann sé critéir Altmark i bhfeidhm ina Theachtaireacht maidir le cur i bhfeidhm rialacha Státchabhrach maidir le cúiteamh a dheonaítear chun seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta a sholáthar ([165]) ('Teachtaireacht SGEI').

([164]) Breithiúnas an 13 Nollaig 2017, *An Ghréig v An Coimisiún*, T-314/15, ECLI:EU:T:2017:903, mír 79.

([165]) Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le cur i bhfeidhm rialacha Státchabhrach an Aontais Eorpaigh maidir le cúiteamh a dheonaítear chun seirbhísí lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta a sholáthar (IO C 8, an 11.1.2012, lch. 4).

(215) Ós rud é nach mór critéir *Altmark* a chomhlíonadh go carnach, mura gcomhlíonfaí aon cheann de na critéir sin thiocfadh an Coimisiún ar an gconclúid go dtugtar buntáiste eacnamaíoch don tairbhí leis an mbeart atá faoi mheasúnú. Sa chás sin, déanfaidh an Coimisiún measúnú ansin ar dtús ar urramú *Altmark* 4.

(216) Foráiltear le *Altmark 4* nach mór an méid is lú is gá a bheith sa chúiteamh chun nach gcáileofar mar Státchabhair é. Meastar an critéar sin a bheith comhlíonta má roghnaíodh faighteoir an chúitimh seirbhíse poiblí de bhun nós imeachta tairisceana, trína bhféadtar an tairgeoir atá in ann na seirbhísí a sholáthar ar an gcostas is lú don phobal a roghnú, nó dá uireasa sin, má ríomhadh an cúiteamh trí thagairt a dhéanamh do na costais atá ag gnóthas éifeachtúil.

(217) I gcás aon cheann de fhaduithe an Choinbhinsiúin Tosaigh, sa tréimhse ón 1 Eanáir 2009 go dtí an 31 Iúil 2012, níor roghnaíodh Caremar tar éis nós imeachta tairisceana poiblí, rud a d'fhágfadh go bhféadfaí an tseirbhís a chur ar iontaoibh ar an gcostas is lú don phobail. Ní dhearna an Iodáil ach síneadh a chur leis an gcóras atá i bhfeidhm cheana féin trí bhíthin fhaduithe an Choinbhinsiúin Tosaigh, rud a thugann teideal don oibreoir réamhbhunaithe leanúint de chúiteamh a fháil as an OSP a chomhlíonadh.

(218) Thairis sin, níor thug an Iodáil aon chruthúnas don Choimisiún go ndearnadh leibhéal an chúitimh a chinneadh ar bhonn anailíse ar na costais a thabhódh gnóthas tipiciúil, atá dea-riartha agus a soláthraítear modhanna iompair leordhóthanacha dó ionas go bhfuil sé in ann na ceanglais seirbhíse poiblí is gá a chomhlíonadh, le linn dó na hoibleagáidí sin a chomhlíonadh, agus na hioncaim ábhartha agus brabús réasúnach as comhlíonadh na n-oibleagáidí á gcur san áireamh.

(219) Maidir leis an gcúiteamh a soláthraíodh faoin gCoinbhinsiún Tosaigh fadaithe, chuir Caremar eolas isteach a bhain le cur i bhfeidhm chritéir Altmark. Maidir le hargóint Caremar go gcomhlíontar an ceathrú critéar Altmark toisc gur ríomhadh an cúiteamh ar bhonn costais gnóthais éifeachtúil (féach aithris 140), ar na cúiseanna a mhínítear in aithrisí 220 go 222, measann an Coimisiún nach leor an t-eolas a sholáthraítear chun caighdeán dlíthiúil an choinníll sin a chomhlíonadh, mar a mhínítear i dTeachtaireacht SGEI (féach go háirithe pointí 69 go 76).

(220) Ar an gcéad dul síos, ní critéar leordhóthanach é go raibh costais níos ísle ag Caremar i gcomparáid lena iomaitheoirí, astu féin, chun a mheas gur gnóthas dea-riartha é Caremar. D'fhéadfadh costais níos ísle eascairt freisin as dímheas sócmhainní (e.g. soithí) arb ionann é agus modh cuntasaíochta chun luach sócmhainní cuideachta a ríomh le himeacht ama agus nach féidir, dá bhrí sin, a úsáid chun éifeachtúlacht na cuideachta a thomhas.

(221) Ar an dara dul síos, an líomhain gur bhain Caremar úsáid as a lucht saothair ar feadh na n-uaireanta uasta a cheadaítear leis an gconradh fostaíochta, agus ar an gcaoi sin an cóimheas idir costas pearsanra agus feidhmíocht foirne a bharrfheabhsú, níor comhthacaíodh í le haon fhaisnéis maidir le cóimheasa anailíseacha atá ionadaíoch don táirgiúlacht, agus níl cleachtas den sórt sin maidir le saothrú lucht saothair Caremar curtha i gcomparáid le struchtúir chostais gnóthas eile san earnáil.

(222) Ar an tríú dul síos, áitíonn Caremar, d'ainneoin an mhéadaithe shuntasaigh ar phraghas an bhreosla le linn thréimhse fhadú an Choinbhinsiúin Tosaigh, gur lean sé den OSP a thairiscint ar na táillí is ísle ar an margadh agus gan coigeartú cúitimh a iarraidh. Measann an Coimisiún nach leor an argóint sin chun a mheas gur gnóthas éifeachtúil é Caremar. Níor sholáthair Caremar aon eolas breise lenar léiríodh, mar shampla, tionchar an chleachtais sin i gcuntais airgeadais na cuideachta, ná níor chuir sé a struchtúr costais i gcomparáid le struchtúir chostais gnóthas eile san earnáil. Mar thoradh air sin, níor shainaithin Caremar tagarmharc, a bhféadfaí measúnú a dhéanamh ar bhainistíocht éifeachtúil líomhnaithe a sheirbhíse ina choinne.

(223) Dá bhrí sin, is é conclúid an Choimisiúin nár comhlíonadh *Altmark* 4 sa chás seo maidir le fadú an Choinbhinsiúin Tosaigh.

(224) Ós rud é nach gcomhlíontar na ceithre chritéar *Altmark* go carnach sa chás seo, is é conclúid an Choimisiúin gur tugadh buntáiste eacnamaíoch do Caremar leis an gcúiteamh as bealaí muirí a oibriú faoi fhadú an Choinbhinsiúin Tosaigh.

(225) Maidir leis an tosaíocht feistithe, meabhraíonn an Coimisiún ar dtús gur mheas AGCM dhá uair ar a laghad go bhfuil luach eacnamaíoch ag an mbeart sin ([166]). Mar sin féin, ní íocann Caremar aon táille as an tosaíocht feistithe. Mar sin féin, tugann an Coimisiún dá aire go bhféadfadh an tosaíocht feistithe, go teoiriciúil ar a laghad, costais an oibreora a laghdú (e.g. toisc go bhféadfadh an feistiú ráthaithe laghdú ar agaí feithimh i gcalafoirt agus ar chostais bhreosla dá thoradh sin) nó a chuid ioncaim a mhéadú (e.g. toisc go bhféadfadh éileamh ó phaisinéirí a bheith níos mó ag amanna áirithe seachas a chéile). Go deimhin, a mhéid a cheadaítear próiseas nasctha níos tapúla leis an tosaíocht feistithe, d'fhéadfadh sé gurbh fhearr le húsáideoirí na seirbhíse muiriompair an t-oibreoir a thairbhíonn den bheart sin. Fiú mura mbeadh na héifeachtaí sin ann ach in imthosca teoranta nó mura mbeidís ach measartha beag, is buntáiste eacnamaíoch do Caremar í an tosaíocht feistithe mar sin féin.

9.1.1.4. Éifeacht ar iomaíocht agus ar thrádáil

(226) I gcás ina dtugann Ballstát cabhair do ghnóthas a láidríonn a sheasamh i gcomparáid le gnóthais eile atá i mbun iomaíochta i dtrádáil laistigh den Aontas, ní mór a mheas go bhfuil difear á dhéanamh do na gnóthais sa chás deireanach sin ([167]). Is leordhóthanach go dtéann faighteoir na cabhrach sin in iomaíocht le gnóthais eile ar mhargaí atá oscailte don iomaíocht ([168]).

(227) Sa chás seo, oibríonn an tairbhí in iomaíocht le gnóthais eile a sholáthraíonn seirbhísí muiriompair san Aontas, go háirithe ó theacht i bhfeidhm Rialachán (CEE) Uimh. 4055/86 ón gComhairle ([169]) agus Rialachán (CEE) Uimh. 3577/92, lena léirscaoiltear margadh an mhuiriompair idirnáisiúnta agus an chabatáiste mhuirí, faoi seach. Dá bhrí sin, is dóigh don chúiteamh as bealaí muirí a oibriú faoi fhadú an Choinbhinsiúin Tosaigh difear a dhéanamh do thrádáil an Aontais agus saobhadh ar iomaíocht a bhreith laistigh den mhargadh inmheánach. Ar na cúiseanna céanna, seastar leis an gconclúid sin maidir leis an tosaíocht feistithe.

9.1.1.5. Conclúid

(228) Ós rud é go gcomhlíontar na critéir uile a leagtar síos in Airteagal 107(1) CFAE, is é conclúid an Choimisiúin gur Státchabhair do Caremar atá sa chúiteamh seirbhíse poiblí a deonaíodh do Caremar sa tréimhse ón 1 Eanáir 2009 go dtí an 31 Iúil 2012, ar bhonn fhaduithe comhleanúnacha an Choinbhinsiúin Tosaigh, chomh maith leis an tosaíocht feistithe le haghaidh na mbealaí seirbhíse poiblí.

9.1.1.6. Cabhair nua nó cabhair atá ann faoi láthair

(229) Tugann an Coimisiún dá aire ar dtús nach ndéantar measúnú sa Chinneadh seo ar an gcúiteamh a deonaíodh do Caremar (an tráth sin) as OSP muirí a oibriú go dtí deireadh 2008 (féach aithris 17). Tá an measúnú ar an gcúiteamh sin, agus ar cé acu is féidir nó nach féidir é a aicmiú mar chabhair atá ann cheana ar bhonn Airteagal 4(3) de Rialachán (CEE) Uimh. 3577/92, faoi réir Chinneadh (AE) 2020/1411 (féach aithris 25).

([166]) Cinneadh (AE) 2020/1412, aithris 265.

([167]) Breithiúnas an 17 Meán Fómhair 1980, *Philip Morris v An Coimisiún*, 730/79, ECLI:EU:C:1980:209, mír 11; Breithiúnas an 22 Samhain 2001, *Ferring*, C-53/00, ECLI:EU:C:2001:627, mír 21; Breithiúnas an 29 Aibreán 2004, *An Iodáil* v *an Coimisiún*, C-372/97, ECLI:EU:C:2004:234, mír 44.

([168]) Cás an 30 Aibreán 1998, *Het Vlaamse Gewest v An Coimisiún*, T-214/95, ECLI:EU:T:1998:77.

([169]) Rialachán (CEE) Uimh. 4055/86 ón gComhairle an 22 Nollaig 1986 lena ndéantar prionsabal na saoirse chun seirbhísí a sholáthar a chur i bhfeidhm maidir le muiriompar idir na Ballstáit agus idir na Ballstáit agus tríú tíortha (IO L 378 an 31.12.1986).

(230) De réir Airteagal 1(c) de Rialachán (AE) 2015/1589 ón gComhairle ([170]), ciallaíonn cabhair nua '*gach cabhair, is é sin le rá, scéimeanna cabhrach agus cabhair aonair, nach cabhair í atá ann faoi láthair, lena n-áirítear athruithe ar chabhair atá ann faoi láthair*'. Thairis sin, foráiltear le hAirteagal 108(3) CFAE nach mór fógra a thabhairt don Choimisiún in am trátha maidir le pleananna chun cabhair atá ann faoi láthair a dheonú nó a athrú agus nach bhféadfar iad a chur chun feidhme go dtí go mbeidh cinneadh críochnaitheach ann de bharr an nóis imeachta ([171]). I gcomhréir le seasamh Chúirteanna an Aontais ([172]), measann an Coimisiún gur leor fad birt cabhrach a raibh dáta soiléir éaga aige (i.e., 31 Nollaig 2008) a leasú (is é sin, a fhadú) chun é a chlaochlú ina chabhair nua gan beann ar cé acu a athraíodh nó nár athraíodh saintréithe eile an bhirt. Tá feidhm ag an réasúnaíocht sin maidir leis an gCoinbhinsiún Tosaigh fadaithe a bhí i gceist mar bhunús dlí leis na faduithe sealadacha (i.e., go dtí príobháidiú Caremar a fógraíodh in 2009, féach aithris 29) den OSP cúititheacuireadh ar iontaoibh Caremar faoin gCoinbhinsiún Tosaigh.

(231) Ar na cúiseanna thuas, measann an Coimisiún, gan beann ar aicmiú an chúitimh a deonaíodh do Caremar (an tráth sin) suas go dtí deireadh 2008 mar chabhair a bhí ann cheana le Cinneadh (AE) 2020/1411, gur cheart an cúiteamh seirbhíse poiblí a deonaíodh do Caremar ón 1 Eanáir 2009 go dtí an 31 Iúil 2012, ar bhonn fhaduithe comhleanúnacha an Choinbhinsiúin Tosaigh, a mheas mar chabhair nua. Tá feidhm ag an gconclúid sin freisin maidir leis an tosaíocht feistithe is infheidhme le linn na tréimhse sin.

9.1.2. *Dámhachtain an chonartha seirbhíse poiblí nua arna chuachadh le príobháidiú Caremar*

(232) Chun teacht ar chonclúid maidir le cé acu atá nó nach bhfuil dámhachtain an chonartha seirbhíse poiblí nua arna chuachadh le príobháidiú Caremar ina buntáiste do Caremar agus dá fhaighteoir, de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE, ní mór don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar urramú chritéir Altmark (féach aithris 213).

9.1.2.1. Altmark 1

(233) Meabhraíonn an Coimisiún nach bhfuil aon sainmhíniú comhionann beacht ann ar sheirbhís a d'fhéadfadh a bheith ina seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta faoi dhlí an Aontais, de réir bhrí an chéad chritéar Altmark nó de réir bhrí Airteagal 106(2) CFAE ([173]). Is mar seo a leanas atá an fhoclaíocht i bpointe 46 den Teachtaireacht:

'In éagmais rialacha sonracha de chuid an Aontais a shainíonn raon feidhme maidir le seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta a bheith ann, tá lamháil leathan discréide ag Ballstáit chun seirbhís ar leith a shainiú mar sheirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta agus cúiteamh a dheonú don soláthraí seirbhíse. Tá inniúlacht an Choimisiúin chuige sin teoranta do sheiceáil cibé a rinne, nó nach ndearna, Ballstát earráid fhollasach le linn dó an tseirbhís a shainiú mar sheirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta agus do mheasúnú a dhéanamh ar aon Státchabhair atá mar chuid den chúiteamh sin. I gcás ina bhfuil rialacha sonracha de chuid an Aontais ann tá discréid faoi cheangal eile ag na rialacha sin, gan dochar do dhualgas an Choimisiúin measúnú a dhéanamh ar cibé ar sainíodh, nó nár sainíodh, an tseirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta i gceart chun críoch rialaithe Státchabhrach.'

(234) Dá bhrí sin, tá údaráis náisiúnta i dteideal a bheith den tuairim go bhfuil seirbhísí áirithe ar mhaithe leis an leas ginearálta agus nach mór iad a oibriú trí bhíthin OSP chun a áirithiú go gcosnófar leas an phobail nuair nach leor fórsaí margaidh chun a ráthú go soláthrófar iad ar an leibhéal nó ar na coinníollacha is gá.

([170]) Rialachán (AE) 2015/1589 ón gComhairle an 13 Iúil 2015 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le hAirteagal 108 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a chur i bhfeidhm (IO L 248, 24.9.2015, lch. 9).

([171]) Cás an 26 Deireadh Fómhair 2016, *P DEI agus an Coimisiún v Alouminion tis Ellados*, C-590/14, ECLI:EU:C:2016:797, mír 45.

([172]) Breithiúnas an 6 Márta 2002 (cásanna uamtha), *Territorio Histórico de Álava - Diputación Foral de Álava* (T-127/99), *Comunidad Autónoma del País Vasco agus Gasteizko Industria Lurra, SA* (T-129/99) *agus Daewoo Electronics Manufacturing España, SA* (T-148/99) *v Coimisiún na gComhphobal Eorpach*, ECLI:EU:T:2002:59, mír 175.

([173]) Cás T 289/03 *BUPA agus Eile v An Coimisiún* [2008] ECR II 81, mír 96. Féach freisin an Tuairim ón Abhcóide Ginearálta Tizzano i gCás C 53/00 *Ferring*, ECR I 9069 agus an Tuairim ón Abhcóide Ginearálta Jacobs i gCás C 126/01, *GEMO*, [2003] ECR I 13769.

(235) I réimse an chabatáiste, leagadh síos rialacha mionsonraithe de chuid an Aontais lena rialaítear OSP i Rialachán (CEE) Uimh. 3577/92 agus, chun scrúdú a dhéanamh ar státchabhair a d'fhéadfadh a bheith ann do ghnóthais atá páirteach sa mhuiriompar, i dtreoirlínte an Chomhphobail maidir le Státchabhair don mhuiriompar ('Treoirlínte Muirí') ([174]).

(236) Foráiltear le hAirteagal 4(1) de Rialachán (CEE) Uimh. 3577/92:

'Féadfaidh Ballstát conarthaí seirbhíse poiblí a thabhairt i gcrích le hoibleagáidí seirbhíse poiblí mar chuid díobh, nó oibleagáidí seirbhíse poiblí a fhorchur ar chuideachtaí loingseoireachta atá rannpháirteach i seirbhísí rialta chuig oileáin, ó oileáin agus idir oileáin agus na hoibleagáidí sin mar choinníoll chun seirbhísí cabatáiste a sholáthar. I gcás ina dtugann Ballstát conradh seirbhíse poiblí i gcrích nó ina bhforchuireann sé oibleagáidí seirbhíse poiblí, déanfaidh sé amhlaidh ar bhonn neamh-idirdhealaitheach i leith longúinéirí uile an Chomhphobail.'

(237) Leagtar amach in Airteagal 2(3) de Rialachán (CEE) Uimh. 3577/92 go bhféadfar na nithe seo a leanas a chumhdach le conradh seirbhíse poiblí: seirbhísí iompair a chomhlíonann caighdeáin sheasta maidir le leanúnachas, rialtacht, toilleadh agus cáilíocht, seirbhísí iompair breise, seirbhísí iompair ar rátaí sonraithe agus seirbhísí iompair atá faoi réir coinníollacha sonracha, go háirithe i ndáil le catagóirí áirithe paisinéirí nó bealaí áirithe agus leasuithe ar sheirbhísí chun freastal ar riachtanais iarbhír.

(238) I gcomhréir le roinn 9 de na Treoirlínte Muirí, 'féadfar oibleagáidí seirbhíse poiblí a fhorchur nó conarthaí seirbhíse poiblí a thabhairt i gcrích le haghaidh na seirbhísí a shonraítear in Airteagal 4 de Rialachán (CEE) Uimh. 3577/92', i.e. seirbhísí sceidealaithe chuig oileáin, ó oileáin agus idir oileáin.

(239) Tá sé mar thoradh ar chásdlí seanbhunaithe nach bhféadfar OSP a fhorchur ach amháin má tá údar cuí leis mar gheall ar an ngá atá le seirbhísí rialta leordhóthanacha muiriompair a áirithiú nach féidir a áirithiú trí fhórsaí an mhargaidh amháin ([175]). Deimhnítear sa Teachtaireacht maidir le léirmhíniú Rialachán (CEE) Uimh. 3577/92 ([176]) *'gur faoi na Ballstáit (lena n-áirítear údaráis réigiúnacha agus áitiúla i gcás inarb iomchuí) agus ní faoi na longúinéirí atá sé a chinneadh cé na bealaí a n-éilítear OSP ina leith. Go háirithe, féadfar OSP a bheartú le haghaidh seirbhísí cabatáiste oileáin rialta (sceidealta) i gcás ina dteipeann ar an margadh seirbhísí leordhóthanacha a sholáthar'*. Thairis sin, sainmhínítear OSP in Airteagal 2(4) de Rialachán (CEE) Uimh. 3577/92 mar oibleagáidí *'nach nglacfadh an longúinéir atá i gceist air féin, dá mbeadh sé ag féachaint dá leas tráchtála féin, nó nach nglacfadh sé air féin an oiread céanna ná faoi na coinníollacha céanna'*.

(240) I gcomhréir leis an gcásdlí ([177]), chun a fhíorú cibé acu atá nó nach bhfuil fíor-riachtanas seirbhíse poiblí ann agus cibé acu a bhí nó nach raibh sé riachtanach agus comhréireach, agus dá bhrí sin, cibé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh an chéad chritéar Altmark, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar an méid a leanas:

(a) an raibh, nó nach raibh, **éileamh ó úsáideoirí ann**;

(b) cibé acu an raibh, nó nach raibh, na hoibreoirí margaigh in ann an t-éileamh sin a chomhlíonadh in éagmais oibleagáid a fhorchuireann na húdaráis phoiblí **(teip mhargaidh a bheith ann)**;

(c) an mbeadh sé neamhleor dul i muinín OSP chun an ganntanas sin a leigheas (**an cur chuige is lú díobháil**).

([174]) Teachtaireacht C(2004) 43 ón gCoimisiún – Treoirlínte ón gComhphobal maidir le Státchabhair don mhuiriompar (IO C 13, 17.1.2004, lch. 3).

([175]) Breithiúnas an 20 Feabhra 2001, *Asociación Profesional de Empresas Navieras de Líneas Regulares (Analir) agus Eile agus Administración General del Estado*, C-205/99, ECLI:EU:C:2001:107.

([176]) Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún lena nuashonraítear agus lena gceartaítear an Teachtaireacht maidir leis an léirmhíniú ar Rialachán (CEE) Uimh. 3577/92 ón gComhairle lena ndéantar prionsabal na saoirse chun seirbhísí a sholáthar a chur i bhfeidhm maidir le muiriompar laistigh de na Ballstáit (cabatáiste muirí), (COM(2014) 232 final an 22.4.2014).

([177]) Breithiúnas an 1 Márta 2017, *Société nationale maritime Corse Méditerranée (SNCM) v An Coimisiún*, T-454/13, ECLI:EU:T:2017:134, míreanna 130 agus 134.

Éileamh ó úsáideoirí

(241) Faoin gconradh seirbhíse poiblí nua, cuireadh ar iontaoibh Caremar seirbhísí sceidealta muiriompair paisinéirí, feithiclí (lena n-áirítear feithiclí tarrthála) agus maoine poist a sholáthar, ag rátaí réamhshocraithe, trí bháid farantóireachta agus soithí tapa (rud a chiallaíonn TMV i gcás seirbhísí measctha nó duillárthach i gcás seirbhísí paisinéirí amháin) de réir na sceideal a léirítear sa chlár muiriompair atá leagtha amach ag Réigiún Campania, mar a chuirtear i láthair i roinn 3.3.1. Bhain an OSP a forchuireadh ar Caremar leis na calafoirt a bhfreastalaítear orthu, leis an gcineál soithí a shanntar do na naisc mhuirí a oibrítear faoin gcóras seirbhíse poiblí, le minicíocht, sceideal ama agus leanúnachas na seirbhíse, le cáilíocht na seirbhíse, agus leis na huastáillí atá le gearradh (féach aithrisí 83 go 91).

(242) Tugann an Coimisiún dá aire go bhfuil sé i gceist leis an OSP a forchuireadh ar Caremar faoin gconradh seirbhíse poiblí nua leanúnachas críche idir an mhórthír agus na hoileáin a áirithiú trí riachtanais iompair an phobail áitiúil a chomhlíonadh (riachtanais oibre agus staidéir den chuid is mó) trí bhíthin seirbhísí muiriompair tráthrialta agus iontaofa (féach aithris 199). Measann an Coimisiún gur cuspóirí dlisteanacha leasa phoiblí iad sin.

(243) A mhéid a bhaineann le riachtanais an phobail áitiúil, mhínigh an Iodáil go raibh na riachtanais sin fós gan athrú substaintiúil thar na blianta, mar a léiríodh leis na comhairliúcháin phoiblí a rinne Réigiún Campania in 2006-2007 agus in 2010-2011 (féach aithris 179) lenar deimhníodh go raibh cónaitheoirí oileáin Mhurascaill Napoli ag brath ar mhuiriompar ar mhaithe lena gcomaitéireacht laethúil chuig an mórthír. I ndáil leis sin, tugann an Coimisiún dá aire go bhfuil staid an tráchta mhuirí i Murascaill Napoli an-neamhghnách mar gheall ar dhlús daonra an-ard oileáin Capri, Ischia agus Procida, mar a mhínigh an Iodáil (féach aithris 182).

(244) Deimhnítear an méid thuas leis na staitisticí mionsonraithe de réir bealaigh a sholáthair an Iodáil maidir leis na paisinéirí, na feithiclí agus an lasta a d'iompair Caremar sna blianta ó 2009 go 2021, lena léirítear go raibh éileamh suntasach ar na bealaí a d'fhreastal Caremar orthu, éileamh a d'fhan seasta le himeacht ama (féach aithris 174).

(245) Ós rud é go raibh an t-éileamh ó úsáideoirí seasta le himeacht ama, lena n-áirítear le linn an 2 bhliain sular cuireadh OSP ar iontaoibh Caremar faoin gconradh seirbhíse poiblí nua, mheas an Iodáil, agus go háirithe na húdaráis réigiúnacha lena mbaineann, i gceart go raibh fíoréileamh ar sheirbhísí paisinéirí muirí agus ar sheirbhísí measctha ar na bealaí i Murascaill Napoli a nascann oileáin Capri, Ischia agus Procida leis an mórthír (Napoli, Sorrento agus Pozzuoli).

Teip mhargaidh a bheith ann

(246) De réir phointe 48 de Theachtaireacht SGEI, 'ní bheadh sé iomchuí OSP sonrach a cheangal le gníomhaíocht atá á soláthar cheana féin ag gnóthais a oibríonn faoi ghnáthdhálaí margaidh, nó ar féidir le gnóthais a oibríonn faoi ghnáthdhálaí margaidh í a sholáthar go sásúil agus faoi choinníollacha, amhail praghas, saintréithe cáilíochta oibiachtúla, leanúnachas agus rochtain ar an tseirbhís, comhsheasmhach le leas an phobail, mar a shainíonn an Stát' ([178]). Dá bhrí sin, ní mór don Choimisiún scrúdú a dhéanamh an mbeadh an tseirbhís neamhleor dá bhfágfaí a soláthar faoi fhórsaí an mhargaidh amháin. Tugtar faoi deara ina leith sin i bpointe 48 de Theachtaireacht SGEI go bhfuil 'measúnú an Choimisiúin teoranta do sheiceáil cibé acu a rinne nó nach ndearna an Ballstát earráid fhollasach'.

(247) Ós rud é go raibh cuideachtaí loingseoireachta eile ag oibriú ar na bealaí a chumhdaítear leis an gconradh seirbhíse poiblí nua (féach aithris 184), déanfaidh an Coimisiún measúnú ar staid iomaíoch gach ceann de na bealaí sin sula dtabharfar an conradh seirbhíse poiblí nua i gcrích chun a fhíorú cé acu a bhí nó nach raibh na seirbhísí a sholáthair na hoibreoirí sin coibhéiseach leis na seirbhísí nach mór do Caremar a sholáthar faoin gconradh seirbhíse poiblí nua agus cé acu a bheadh nó nach mbeadh siad leordhóthanach chun leanúnachas críche idir na hoileáin (Capri, Ischia agus Procida) agus an mhórthír a áirithiú.

([178]) Breithiúnas an 20 Feabhra 2001, *Asociación Profesional de Empresas Navieras de Líneas Regulares (Analir) agus Eile agus Administración General del Estado*, C-205/99, ECLI:EU:C:2001:107.

(248) I ndáil leis sin, ar an gcéad dul síos, tugann an Coimisiún dá aire go n-úsáideann cónaitheoirí na n-oileán sin muiriompar chuig/ó oileáin Mhurascaill Napoli mar iompar áitiúil chun naisc an-mhinic leis an mórthír a cheadú dóibh. Go deimhin, mar a mhínigh an Iodáil (aithris 182), mar gheall ar dhlús daonra an-ard oileáin Capri, Ischia agus Procida tá siad cosúil le ceantar mórthír. Mar gheall ar an staid sin, ní mór an muiriompar a bheith beagnach chomh minic leis an iompar áitiúil ar tír chun freastal ar riachtanais na mac léinn agus na n-oibrithe a bhíonn ag taisteal go dtí an mhórthír nó uaithi ar bhonn laethúil. Ní mór aird chuí a thabhairt ar an ngné áirithe sin sa mheasúnú ar theip mhargaidh a bheith ann.

(249) Léirítear i dTábla 10 staid iomaíoch na n-ocht mbealach arna n-oibriú ag Caremar sa tréimhse 2012 - 2015, is é sin, sular cuireadh an conradh seirbhíse poiblí nua ar iontaoibh, ar bhonn an eolais a sholáthair iomaitheoirí Caremar ina mbarúlacha (féach aithrisí 150, 151, 161, agus 168) agus a sholáthair an Iodáil (féach aithris 184). In aithrisí 250 go 259, soláthraíonn an Coimisiún a mheasúnú ar an staid iomaíoch a thaispeántar i dTábla 10.

Tábla 10

Staid iomaíoch ar na bealaí arna n-oibriú ag Caremar sa tréimhse 2012-2015

Bealach	Caremar	Iomaitheoirí
Capri/ Sorrento	Seirbhísí measctha ar TMV i rith na bliana: ocht seoladh laethúla (ó Capri ar 7.00 a.m., 8.40 a.m., 13.35, agus 18.45; agus ó Sorrento ar 7.45 a.m., 9.25 a.m., 14.30; agus 19.25).	**NLG:** seirbhísí do phaisinéirí amháin. **Aligruson:** seirbhísí measctha ach i dtréimhse an tsamhraidh amháin (ó Sorrento ar 11.30 a.m. agus 14.00; agus ó Capri ar 12.30 agus 18.05) ar théarmaí an mhargaidh. **SNAV:** seirbhísí measctha ach i dtréimhse an tsamhraidh amháin (ó Capri ar 7.35 a.m., 9.15 a.m., 12.10, 15.55, 17.40, agus 18.05; agus ó Sorrento ar 8.10 a.m., 11.25 a.m., 13.50, 16.35) ar théarmaí an mhargaidh.
Capri/ Napoli	Seirbhísí measctha ar TMV i rith na bliana: sé sheoladh laethúla (ó Napoli ar 5.35 a.m., 00.00, 17.25; agus ó Capri ar 10.20 a.m., 15.35, agus 20.15). Seirbhísí measctha ar bhád farantóireachta i rith an tsamhraidh: sé sheoladh laethúla (ó Napoli ar 7.25 a.m., 13.00, 18.35; agus ó Capri ar 5.40 a.m., 9.20 a.m., 14.50). Seirbhísí measctha ar bhád farantóireachta i dtréimhse an gheimhridh: sé sheoladh laethúla (ó Napoli ar 9.00 a.m., 14.20; agus ó Capri ar 6.45 r.n a.m., 11.00 a.m., 16.15, 20.10). Seirbhísí measctha le TMV ón 1 Meitheamh go dtí an 30 Meán Fómhair: dhá sheirbhís laethúil (ó Napoli ar 21.35 agus ó Capri ar 23.50).	**SNAV:** seirbhísí do phaisinéirí amháin. **NLG:** seirbhísí do phaisinéirí amháin. **Neapolis:** seirbhísí do phaisinéirí amháin.
Ischia/ Napoli	Seirbhísí measctha ar bhád farantóireachta i rith na bliana: ceithre sheoladh laethúla (**ó Ischia** ar **8.45 a.m.**; **13.50**; agus **ó Napoli** ar **15.45** agus **20.15**). Seirbhísí do phaisinéirí ar dhuillárthach i rith na bliana: seoladh laethúil amháin (**ó Napoli** ar **14.45**).	**Medmar:** seirbhísí measctha amháin, le linn shéasúr an tsamhraidh den chuid is mó. Ceithre sheoladh laethúla i rith na bliana (**ó Napoli** ar **8.35 a.m.**, **14.10** agus **18.30**; agus **ó Ischia** ar **17.00** (sa samhradh) nó 16.35 (sa gheimhreadh)), iad uile faoi OSP. **Alilauro:** seirbhísí do phaisinéirí amháin, i rith shéasúr an tsamhraidh den chuid is mó. Gan ach cúig sheoladh laethúla i rith na bliana (**ó Ischia** ar **6.30 a.m.**, **9.25 a.m.**, **19.55**; agus **ó Napoli** ar **7.35 a.m.** agus **20.10**), ná cúig cinn faoi OSP.

Bealach	Caremar	Iomaitheoirí
Ischia/ Procida/ Napoli	Seirbhísí measctha ar bhád farantóireachta i rith na bliana: deich seoladh laethúla (ó Napoli ar 6.25 a.m. (ag imeacht ó Procida ar 7.30 a.m.), 10.45 a.m. (ag imeacht ó Procida ar 11.50), 15.10 (ag imeacht ó Procida ar 16.20), 17.30 (ag imeacht ó Procida ar 18.35), ar 19.30 (ag imeacht ó Procida ar 20.30); 21.55 (ag imeacht ó Procida ar 23.00); ó Ischia ar 12.55 a.m. (ag imeacht ó Procida ar 13.35); 15.20 (ag imeacht ó Procida ar 15.50), 17.20 (ag imeacht ó Procida ar 17.50), 19.25 (ag imeacht ó Procida ar 20.30)). Seirbhísí measctha ar bhád farantóireachta ón 15 Meitheamh go dtí an 15 Meán Fómhair: dhá sheoladh laethúla (ó Ischia ar 7.00 a.m. (ag imeacht ó Procida ar 7.25); agus ó Napoli ar 9.25 a.m. (ag imeacht ó Procida ar 10.30 a.m.)). Seirbhísí do phaisinéirí ar dhuillárthach i rith na bliana: naoi seoladh laethúla (**ó Napoli** ar **8.40 a.m.** (ag imeacht ar 9.30 a.m. ó Procida), ar **11.45 a.m.** (ag imeacht ar 12.25 ó Procida), ar **13.10** (ag imeacht ar 13.50 ó Procida), **18.15** (ag imeacht ar 18.55 ó Procida); **ó Ischia** ar **6.45 a.m.** (ag imeacht ar 7.05 a.m. ó Procida), **10.15 a.m.** (ag imeacht ar 10.35 ó Procida), **13.00** (ag imeacht ar 13.15 ó Procida), **14.30** (ag imeacht ar 14.55 ó Procida), **16.25** (ag imeacht ar 16.45 ó Procida)). Seirbhísí do phaisinéirí ar dhuillárthach ón 1 Meitheamh go dtí an 30 Meán Fómhair: dhá sheoladh laethúla (**ó Ischia** ar **19.35** (ag imeacht ar 20.00 ó Procida); agus **ó Napoli** ar **21.05** (ag imeacht ar 21.50 ó Procida)).	**Medmar:** seirbhísí measctha ar bhád farantóireachta: — dhá sheirbhís laethúla i rith na bliana faoi OSP (ó Ischia ar 6.25 a.m. (ag imeacht ó Procida ar 7.25 a.m.) agus 10.35 a.m. (ag imeacht ó Procida ar 11.15 a.m.)); agus — seirbhís amháin (ní gach lá i gcónaí) i dtréimhse an tsamhraidh faoi OSP (ó Ischia ar 22.20 (ag imeacht ó Procida ar 23.00)). De réir na hIodáile, áfach, níor chuir Medmar na seirbhísí ar fáil ráth ar bith nó geall leis sin ar bhealach Ischia/Procida/ Napoli in 2012-2015. **SNAV:** seirbhísí do phaisinéirí ar dhuillárthach: — seoladh laethúla faoi OSP i rith na bliana (**á Napoli** ar **8.25 a.m.** (agus imeacht ó Procida ar 9.05 a.m.), **16.20** (ag imeacht ó Procida ar 17.00), **19.00** (ag imeacht ó Procida ar 19.40); agus **ó Ischia** ar **7.10 a.m.** (ag imeacht ó Procida ar 7.30 a.m.), **9.45 a.m.** (ag imeacht ó Procida ar 10.10 a.m.), **13.50** (ag imeacht ó Procida ar 14.15), **17.40** (ag imeacht ó Procida ar 18.05)); agus — seoladh laethúil amháin ar théarmaí an mhargaidh i dtréimhse an tsamhraidh (**ó Ischia** a1 **11.25 a.m.** (ag imeacht ó Procida ar 11.45 a.m.)).

Bealach	Caremar	Iomaitheoirí
Ischia/ Procida/ Pozzuoli	Seirbhísí measctha ar bhád farantóireachta i rith na bliana: sé sheoladh laethúla (**ó Pozzuoli** ar **10.15 a.m.** (ag imeacht ó Procida ar 10.55 a.m.), ar **14.00** (ag imeacht ó Procida ar 14.30), agus **18.55** (ag imeacht ó Procida ar 19.35); agus **ó Ischia** ar **8.35 a.m.** (ag imeacht ó Procida ar 9.00 a.m.), **11.30 a.m.** (ag imeacht ó Procida ar 11.55 a.m.), **17.30** (ag imeacht ó Procida ar 18.00)). Seirbhísí measctha ar bhád farantóireachta ón 16 Meán Fómhair go dtí an 14 Meitheamh: dhá sheoladh laethúla (**ó Ischia** ar **7.20 a.m.** (ag imeacht ó Procida ar 7.50 a.m.); agus **ó Pozzuoli** ar **9.00 a.m.** (ag imeacht ó Procida ar 9.40).	**Medmar:** seirbhísí measctha ar bhád farantóireachta den chuid is mó gan stad in Procida. Gan ach ceithre sheoladh laethúla le stad in Procida (**ó Ischia** ar **2.30 a.m.** agus **18.55**; agus **ó Pozzuoli** ar **4.10 a.m.** agus **20.30**), iad uile faoi OSP agus i rith na bliana.
Ischia/ Procida	Chomh maith leis na seirbhísí a soláthraíodh ar na bealaí Ischia/ Procida/Pozzuoli agus Ischia/Procida/ Napoli, seirbhís laethúil amháin do phaisinéirí ar dhuillárthach i rith na bliana (**ó Procida** ar **15.30**).	**SNAV:** i dteannta na n-ocht seoladh (seirbhísí paisinéirí) a soláthraíodh ar an mbealach Ischia/Procida/Napoli, sholáthair SNAV na seirbhísí a leanas ar an mbealach Ischia/Procida: — seirbhís laethúil amháin do phaisinéirí ar dhuillárthach i rith na bliana faoi OSP (**ó Procida** ar **13.15**); — seirbhís laethúil amháin do phaisinéirí ar dhuillárthach i rith na bliana ar théarmaí an mhargaidh (**ó Ischia** ar **8.30 a.m.**); — sé sheirbhís laethúla do phaisinéirí ar dhuillárthach i dtréimhse an tsamhraidh ar théarmaí an mhargaidh (**ó Procida** ar **7.50 a.m.**, **11.00 a.m.**, **17.50**, **19.20**; agus **ó Ischia** ar **18.30** agus **19.45**). **Medmar:** soláthraíodh seoltaí mar chuid díobh siúd ar na bealaí Ischia/Procida/Pozzuoli agus Ischia/Procida/Napoli. **Ippocampo/Rumore/Capitan Morgan**: seirbhísí measctha ar théarmaí an mhargaidh ach i dtréimhse an tsamhraidh den chuid is mó agus ní go laethúil i gcónaí. Seirbhís an-éagobhsaí mar go raibh na hoibreoirí ag baint úsáid as cineál soithí nach bhféadfaí a oibriú ach amháin nuair a bhí an aimsir go maith.
Procida/ Pozzuoli	Chomh maith leis na seirbhísí a cuireadh ar fáil ar an mbealach Ischia/ Procida/Pozzuoli, dhá sheirbhís laethúla do phaisinéirí ar dhuillárthach (turas 15 nóiméad) i rith na bliana (**ó Procida** ar **8.10 a.m.**, agus **ó Pozzuoli** ar **8.50 a.m.**).	**Gestour:** naoi seirbhís mheasctha laethúla ar bhád farantóireachta (turas 50 nóiméad) i rith na bliana ar théarmaí an mhargaidh (**ó Pozzuoli** ar **6.00 a.m.**, **8.30 a.m.**, **10.35 a.m.**, **12.55**, **19.50**; **ó Procida** ar **6.50 a.m.**, **9.30 a.m.**, **11.20 a.m.**, **18.55**). **Ippocampo:** ceithre sheirbhís mheasctha ar théarmaí an mhargaidh i rith thréimhse an tsamhraidh, ar an Domhnach amháin den chuid is mó (ó Procida ar 18.45 agus ar 20.00 agus ó Pozzuoli ar 19.20 agus 20.50). **Procida Lines:** de réir na hIodáile, níor sholáthair Procida Lines seirbhís ar an mbealach sa tréimhse 2012-2015.

Bealach	Caremar	Iomaitheoirí
Procida/ Napoli	Chomh maith leis na seirbhísí a soláthraíodh ar an mbealach Ischia/ Procida/Napoli, ceithre sheirbhís laethúla do phaisinéirí ar dhuillárthach (turas 40 nóiméad) i rith na bliana (**ó Procida** ar **6.35 a.m.** agus **9.20 a.m.**; agus **ó Napoli** ar **7.30 a.m.** agus ar **17.45**).	**SNAV:** seirbhísí do phaisinéirí ar dhuillárthach sa bhreis ar na seirbhísí a soláthraíodh ar an mbealach Ischia/Procida/ Napoli: — seirbhís amháin gach lá i rith na bliana faoi OSP (**ó Napoli** ar **12.30**); agus — dhá sheirbhís laethúla i dtréimhse an tsamhraidh ar théarmaí an mhargaidh (ó Napoli ar 18.45). **Medmar:** seirbhísí measctha ar bhád farantóireachta sa bhreis ar na seirbhísí sin a soláthraíodh ar an mbealach Ischia/Procida/Napoli: — seirbhís amháin laethúil i rith na bliana faoi OSP (ó Napoli ar 00.20 a.m.).

(250) Ar bhonn na faisnéise a sholáthraítear i dTábla 10, measann an Coimisiún nach féidir na seirbhísí a thairg iomaitheoirí ón 1 Deireadh Fómhair 2011 ar na bealaí a bhí le hoibriú ag Caremar i Murascaill Napoli faoin gconradh seirbhíse poiblí nua a chur in ionad na seirbhísí a thairg Caremar mar gheall ar na difríochtaí suntasacha a bhaineann le cineál, rialtacht agus acmhainneacht na seirbhísí a thairgtear, mar a leagtar amach thíos (féach aithrisí 251 go 259).

(251) A mhéid a bhaineann le bealach **Capri/Sorrento**, tugann an Coimisiún dá aire gurbh é Caremar an t-aon oibreoir amháin a sholáthair seirbhísí measctha ar an mbealach i rith na bliana. Go deimhin, ar thaobh amháin, níor sholáthair NLG ach seirbhísí paisinéirí, agus, ar an taobh eile, ní raibh na hoibreoirí a sholáthair seirbhísí measctha freisin (Aligruson agus SNAV) gníomhach ach amháin i séasúr an tsamhraidh. Ní raibh aon oibreoir ann a áirithigh seirbhísí iompair measctha idir Capri agus Sorrento sa gheimhreadh, rud a d'fhág cónaitheoirí an oileáin / úinéirí siopa / mic léinn gan an deis a bhfeithicil féin a chur ar an mbád farantóireachta chun taisteal ó mhí na Samhna go mí Aibreáin. Maidir leis na míonna eile den bhliain, leis na seirbhísí measctha, arna soláthar ag Aligruson agus SNAV, d'fhágfaí amanna an lae is mó a bhfuil tóir orthu ag comaitéirí (agus nach mbeadh chomh suimiúil céanna do thurasóirí), gan seirbhís ar bith chun iad a chlúdach, is é sin go luath ar maidin ([179]) agus déanach sa tráthnóna ([180]). Thairis sin, a mhéid a bhaineann le tréimhse an tsamhraidh, ní bheadh amchláir na n-iomaitheoirí ag freastal go sásúil ar riachtanais chomaitéirí laethúla i bhfianaise na ndifríochtaí le tráthchláir Caremar. Ar na cúiseanna sin, ní dhearna an Iodáil earráid fhollasach trína mheas go raibh teip mhargaidh ann a mhéid a bhaineann le seirbhísí muiriompair measctha a sholáthar ar an mbealach sin.

(252) A mhéid a bhaineann le bealach **Capri/Napoli**, tugann an Coimisiún dá aire gurbh é Caremar an t-aon oibreoir amháin a sholáthair seirbhísí measctha ar an mbealach. Déanta na fírinne, níor chuir na trí chuideachta loingseoireachta eile ar an mbealach sa tréimhse 2012 - 2015 (SNAV, NLG agus Neapolis) ach seirbhísí paisinéirí ar fáil. Ní rabhthas in ann leis na seirbhísí sin an t-éileamh ar mhuiriompar le haghaidh úsáideoirí le feithiclí a shásamh, rud a d'fhág go raibh cónaitheoirí an oileáin / úinéirí siopa / mic léinn gan an deis a bhfeithicil féin a chur ar an mbád farantóireachta chun comaitéireacht a dhéanamh. Áirítear leis sin freisin muiriompar otharcharranna chun déileáil le haon éigeandálaí leighis nó eile i gcás nach raibh aeriompar éigeandála ar fáil ar héileacaptar. I ndáil leis sin, tugann an Coimisiún dá aire nach bhféadfadh héileacaptair tuirlingt/éirí de thalamh ach amháin i limistéir atá feistithe don chineál sin aeriompair agus ar choinníoll go gceadaítear sin leis na dálaí aimsire ([181]). Ar oileán

([179]) Go deimhin, in éagmais Caremar (a raibh sé d'oibleagáid air freastal ar an gcéad seoladh ó Capri ar 7.00 a.m. agus an chéad seoladh ó Sorrento ar 7.45 a.m.), ní sholáthródh SNAV an chéad seoladh ar maidin ach ar 7.35 a.m. ó Capri agus ar 8.10 a.m. ó Sorrento. Seachas an dá sheoladh sin, ní bheadh aon deis eile ag úsáideoirí a gceann scríbe a bhaint amach go luath ar maidin ós rud é nach mbeadh na seoltaí ina dhiaidh sin ach ar 9.15 am ó Capri agus 11.25 ó Sorrento.

([180]) Maidir leis an tráthnóna, in éagmais Caremar, bheadh an seoladh deireanach den lá a bhí ar fáil ó Sorrento ar 16.35 (ag SNAV) agus ó Capri ar 18.05 (ag SNAV agus Aligruson), agus bhí sé d'oibleagáid ar Caremar seoladh a ráthú freisin ar 19.25 ó Sorrento agus ar 18.45 ó Capri.

([181]) Mar shampla, féach nuacht an 15 Nollaig 2017 atá le fáil ar an suíomh gréasáin seo a leanas: https://www.ilmattino.it/napoli/citta/mareggiata_capri_corsa_straordinaria_traghetto_naiade_caremar_sorrento-3430586.html (arna rochtain go deireanach an 5.6.2024), agus nuacht an 12 Eanáir 2022 le fáil ar an suíomh gréasáin seo a leanas: https://caprinews.it/?p=31904 (arna rochtain go deireanach an 5.6.2024).

Capri níl ach héileapad amháin ann, tá sé suite i mBardas Anacapri agus freastalaíonn sé ar eitiltí príobháideacha freisin. Úsáidtear héileacaptair de ghnáth le haghaidh tarrthálacha i gceantair nach féidir le hotharcharranna teacht orthu go héasca nó i gcás othar a dteastaíonn iompar práinneach uathu chuig ospidéil ar an mórthír. Os a choinne sin, i gcásanna nach bhfuil chomh práinneach céanna, inar féidir an t-othar a aistriú chuig an ospidéal trí otharcharr nó trí ghluaisteán príobháideach, nó i gcás gaoth ró-láidir nach gceadaítear don héileacaptar tuirlingt / éirí de thalamh ag an héileapad in Anacapri, is é muiriompar ar bhád farantóireachta an cineál iompair is coitianta go dtí an mhórthír. ([182]) Ina theannta sin, gan Caremar, ní bheadh aon oibreoir ag freastal ar iompar maoine poist chuig Capri nó uaidh. Measann an Coimisiún nach mbeadh OSP a bheadh teoranta d'iompar feithiclí agus lasta iomchuí toisc nár leor na seirbhísí do phaisinéirí a sholáthair na hiomaitheoirí ar théarmaí an mhargaidh amháin chun leibhéal leordhóthanach nascachta idir Capri agus Napoli a ráthú. Go deimhin, níor soláthraíodh ach seacht seirbhís laethúla do phaisinéirí i gcaitheamh na mblianta faoi dhálaí an mhargaidh: cúig sheoladh ag Neapolis (ó Capri ar 8.50 a.m., 14.10, agus 17.30; agus ó Napoli ar 10.00 a.m., 16.05) agus dhá sheoladh ag NLG (ó Capri ar 9.35 a.m. agus ar 11.35 a.m.). Ní raibh aon oibreoir margaidh dá bhrí sin ag soláthar seirbhísí go luath ar maidin, ach bhí ar Caremar an chéad seoladh ar maidin ó Capri go Napoli (ar 5.40 a.m. i dtréimhse an tsamhraidh agus ar 6.45 a.m. i dtréimhse an gheimhridh) a áirithiú. Tugann an Coimisiún dá aire go raibh formhór na seoltaí a chuir iomaitheoirí Caremar ar fáil i rith na bliana faoi réir OSP ([183]), rud a thugann le fios i bprionsabal nach soláthrófaí iad leis an margadh in éagmais iarraidh fhoirmiúil ó na húdaráis phoiblí. Ós rud é, mar a mhínigh an Iodáil (aithris 182), nár ráthaíodh leis an gcóras OSP a bhí i bhfeidhm i Murascaill Napoli soláthar éifeachtach na seirbhíse, bhí sé réasúnta seirbhísí do phaisinéirí a áireamh faoin OSP a forchuireadh ar Caremar ar an mbealach sin faoin gconradh seirbhíse poiblí nua. Ar na cúiseanna sin, ní dhearna an Iodáil earráid fhollasach trína mheas go raibh teip mhargaidh ann a mhéid a bhaineann le seirbhísí muiriompair measctha a sholáthar ar an mbealach sin.

(253) Maidir leis an mbealach díreach **Ischia/Napoli**, tugann an Coimisiún dá aire gur chuir Caremar seirbhísí measctha ar fáil ar bhád farantóireachta in iomaíocht le Medmar agus seirbhísí do phaisinéirí ar dhuillárthach in iomaíocht le Alilauro, a chuir roinnt seoltaí laethúla ar fáil i rith na bliana freisin. Mar sin féin, bhí na seoltaí a chuir iomaitheoirí Caremar ar fáil ar an mbealach díreach sin, ar an gcéad dul síos, ag amanna éagsúla den lá ná na seoltaí a chuir Caremar ar fáil ([184]), agus, ar an dara dul síos, bhí siad uile faoi réir OSP. Ag féachaint do na tráthchláir agus do mhinicíocht na seirbhísí a bhí le soláthar ag Caremar i rith na bliana (mar a thuairiscítear i dTábla 10), is léir go raibh sé i gceist leis an OSP a forchuireadh ar Caremar líon íosta leanúnach nasc laethúil a ráthú ag croí amanna an lae nach raibh freastal á dhéanamh ag iomaitheoirí Caremar orthu. Ar an gcúis sin, ní dhearna an Iodáil earráid fhollasach trína mheas go raibh teip mhargaidh ann a mhéid a bhaineann le seirbhísí muiriompair measctha agus seirbhísí do phaisinéirí a sholáthar ar an mbealach sin. Tá an chonclúid seo fíor, fiú agus breithniú á dhéanamh go mbeadh an nasc díreach Ischia/Napoli inionadaithe leis an gceann le stad i Procida, d'ainneoin nach ionann fad an turais ([185]). Go deimhin, mar a mhínítear in aithris 254, níor leor na seirbhísí a chuir iomaitheoirí Caremar ar fáil ar an mbealach Ischia/Procida/Napoli chun naisc rialta leordhóthanacha a ráthú idir Ischia agus Napoli.

(254) A mhéid a bhaineann leis an mbealach **Ischia/Procida/Napoli**, tugann an Coimisiún dá aire, chomh maith le Caremar, gur údaraíodh do Medmar agus Alilauro seoltaí a chur ar fáil ar an mbealach sin. Maidir leis na seirbhísí iompair measctha, áfach, bhí an tairiscint mhargaidh an-teoranta toisc gurbh é Medmar an t-aon soláthraí seirbhísí iompair measctha seachas Caremar, a sholáthair seirbhís mheasctha laethúil amháin i rith na bliana (ó Ischia ar 10.35 a.m.) agus dhá sheirbhís laethúla i dtréimhse an tsamhraidh (ó Ischia ar 22.20 agus ó Napoli ar 00.20) nár

([182]) Féach mar shampla nuacht an 12 Lúnasa 2019 atá le fáil ar an suíomh gréasáin seo a leanas: https://nursetimes.org/capri-lodissea-di-un-turista-brasiliano-soccorsi-lunghi-sei-ore/72139 (arna rochtain go deireanach an 5.6.2024).

([183]) Is é sin, bhí gach ceann de na 13 sheirbhís laethúla do phaisinéirí arna soláthar ag SNAV ar an mbealach i rith na bliana (ar soláthraíodh 11 díobh i gcomhpháirt le NLG) faoi OSP; agus as na 15 sheoladh laethúla a chuir NLG ar fáil ar an mbealach sin i rith na bliana, soláthraíodh 13 díobh faoi OSP (11 díobh i gcomhpháirt le SNAV).

([184]) Maidir leis na seirbhísí measctha a cuireadh ar fáil i rith na bliana, ó Ischia d'oibrigh Caremar ar 8.45 a.m. agus 13.50, ach d'oibrigh Medmar ar 17.00 sa samhradh agus ar 16.35 sa gheimhreadh; ó Napoli d'oibrigh Caremar ar 15.45 agus 20.15 agus d'oibrigh Medmar ar 8.35, 14.10 agus 18.30. Maidir leis na seirbhísí do phaisinéirí a cuireadh ar fáil i rith na bliana, d'oibrigh Caremar ó Napoli ar 14.45, agus d'oibrigh Alilauro ar 7.35 a.m. agus 20.10. Níor oibrigh Caremar seirbhísí iompair do phaisinéirí ó Ischia.

([185]) Maidir leis na seirbhísí measctha ar bhád farantóireachta, cuireann an stad in Procida thart ar 15 nóiméad leis an turas (atá 1h25 ar an mbealach díreach Ischia/Napoli). Maidir leis na seirbhísí do phaisinéirí ar dhuillárthach, cuireann an stad in Procida beagnach 30 nóiméad leis an turas (atá 45 nóiméad ar an mbealach díreach Ischia/Napoli).

soláthraíodh riamh, de réir na hIodáile, d'ainneoin iad a bheith faoi réir OSP. Is léir nár leor tairiscint Medmar chun éileamh úsáideoirí ar naisc rialta idir Ischia, Procida agus Napoli a shásamh. Maidir leis na seirbhísí iompair do phaisinéirí, ní raibh aon oibreoir a sholáthair seirbhísí muirí do phaisinéirí ar an mbealach i rith na bliana ar théarmaí an mhargaidh. Go deimhin, bhí na seacht seoladh laethúla a chuir SNAV ar fáil i rith na bliana faoi réir OSP. Thairis sin, b'éigean seirbhísí SNAV agus seirbhísí Caremar a sholáthar ag amanna éagsúla den lá ([186]). Ba é an t-aon seirbhís a chuir SNAV ar fáil ar théarmaí an mhargaidh ar an mbealach sin ná seoladh laethúil ó Ischia ar 11.25 a.m. i dtréimhse an tsamhraidh. Is léir go raibh an tseirbhís sin ag díriú ar éileamh turasóireachta den chuid is mó agus nár leor í chun éileamh na n-úsáideoirí a shásamh go hiomlán. Ar na cúiseanna sin, ní dhearna an Iodáil earráid fhollasach trína mheas go raibh teip mhargaidh ann a mhéid a bhaineann le seirbhísí muiriompair measctha agus seirbhísí do phaisinéirí a sholáthar ar an mbealach sin.

(255) A mhéid a bhaineann leis an mbealach **Ischia/Procida/Pozzuoli**, tugann an Coimisiún dá aire gur oibrigh Caremar ar an mbealach i gcomórtas le Medmar, a sholáthair seoltaí laethúla ar an mbealach freisin. Mar sin féin, bhí na seoltaí laethúla go léir a cuireadh ar fáil i rith na bliana faoi réir OSP, ina theannta sin bhí siad teoranta ó thaobh lín de (dhá sheoladh laethúla ó Ischia agus dhá sheoladh laethúla ó Pozzuoli) agus cuireadh ar fáil iad ag uaireanta an lae nach ndearna Caremar freastal orthu ([187]). Dá bhrí sin, ní hamháin nach raibh aon oibreoir loingseoireachta ag soláthar seirbhísí ar an mbealach sin i rith na bliana ar théarmaí an mhargaidh, ach freisin ní raibh na seirbhísí a sholáthair Medmar faoi OSP inionadaithe le seirbhísí Caremar lenar clúdaíodh amanna éagsúla den lá. Ar na cúiseanna sin, ní dhearna an Iodáil earráid fhollasach trína mheas go raibh teip mhargaidh ann a mhéid a bhaineann le seirbhísí muiriompair measctha a sholáthar ar an mbealach sin.

(256) A mhéid a bhaineann le bealach **Ischia/Procida**, tugann an Coimisiún dá aire go bhfuil sé d'oibleagáid ar Caremar seirbhís laethúil amháin do phaisinéirí a sholáthar faoin gconradh seirbhíse poiblí nua ar dhuillárthach i rith na bliana (ó Procida ar 15.30) chomh maith leis na seirbhísí a sholáthraítear ar an mbealach Ischia/Procida/Pozzuoli agus Ischia/Procida/Napoli. D'áirigh Réigiún Campania an tseirbhís OSP sin sa chonradh seirbhíse poiblí nua mar fhreagra ar iarraidh shainráite ó Bhardas Procida ar líon níos airde nasc ó Procida i rith na bliana (féach aithris 181). Bhí údar leis an iarraidh sin toisc go raibh formhór na nasc le Procida arna soláthar ag an margadh sa samhradh agus go raibh siad dírithe ar éileamh turasóireachta a shásamh den chuid is mó. Go deimhin, níor sholáthair an margadh ach nasc cobhsaí ([188]) amháin ar théarmaí an mhargaidh i rith na bliana (ó Ischia ar 8.30 a.m., arna oibriú ag SNAV). Mar a luaitear (aithrisí (254) agus (255)), ní raibh aon oibreoir ag soláthar seoltaí laethúla (seirbhísí do phaisinéirí nó seirbhísí measctha) i rith na bliana ar théarmaí an mhargaidh ([189]) ar bhealaí Ischia/Procida/Pozzuoli agus Ischia/Procida/Napoli, agus níor áirithíodh nascacht paisinéirí ó Procida san iarnóin (idir 14.30 agus 17.50) leis na seirbhísí OSP a sholáthair iomaitheoirí Caremar. Ar an gcúis sin, ní dhearna an Iodáil earráid fhollasach trína mheas go raibh teip mhargaidh ann a mhéid a bhaineann le seirbhísí muiriompair measctha a sholáthar ar an mbealach sin.

([186]) Ó Napoli, bhí ar Caremar seoltaí amach a áirithiú ar 8.40 a.m., 11.45 a.m., 13.10, 18.15; agus bhí ar SNAV seoltaí amach a áirithiú ar 8.25 a.m., 16.20, 19.00. Ó Ischia, bhí ar Caremar seoltaí amach a áirithiú ar 6.45 a.m., 10.15 a.m., 13.00, 14.30 agus 16.25; agus bhí ar SNAV seoltaí amach a áirithiú ar 7.10 a.m., 9.45 a.m., 13.50, 17.40.

([187]) D'oibrigh Medmar ó Ischia ar 2.30 a.m. agus 18.55, agus ó Pozzuoli ar 4.10 a.m. agus 20.30; agus d'oibrigh Caremar ó Ischia ar 7.20 (sa samhradh amháin), 8.35 a.m., 11.30 a.m. agus 17.30, agus ó Pozzuoli ar 9.00 (sa samhradh amháin), 10.15 a.m., 14.00 agus 18.55.

([188]) Bhí na seirbhísí measctha a chuir na cuideachtaí loingseoireachta Ippocampo, Rumore agus Capitan Morgan ar fáil ar théarmaí an mhargaidh róbheag agus éagobhsaí chun riachtanais nascachta an daonra áitiúil a shásamh. Mar a luaigh an Iodáil (aithris 185 (f)), ní hamháin go raibh na hoibreoirí sin ag úsáid cineál soithí nach bhféadfadh oibriú ach faoi dhálaí maithe aimsire, ach bhí tairiscint acu freisin a bhí dírithe den chuid is mó ar thréimhse an tsamhraidh, agus ní ar bhonn laethúil i gcónaí. A mhéid a bhaineann le bealach Ischia/Procida, tugann an Coimisiún dá aire go raibh iomaitheoirí Caremar ag feidhmiú den chuid is mó i séasúr an tsamhraidh, agus nach raibh siad ag feidhmiú go laethúil i gcónaí. Níor chuir ach Rumore seirbhís mheasctha laethúil amháin ar fáil i rith na bliana ar théarmaí an mhargaidh (ó Ischia ar 10.40 a.m.).

([189]) Bhí na seirbhísí uile a chuir iomaitheoirí Caremar ar fáil ar na bealaí sin i rith na bliana faoi réir OSP. Ar an mbealach Ischia/Procida/Pozzuoli, sholáthair Medmar ceithre sheirbhís mheasctha laethúla i rith na bliana, iad uile faoi OSP. Ar an mbealach Ischia/Procida/Napoli, bhí ar Medmar seirbhís mheasctha laethúil amháin a sholáthar i rith na bliana faoi OSP agus SNAV seacht seirbhís laethúla do phaisinéirí i rith na bliana, iad uile faoi OSP.

(257) A mhéid a bhaineann leis an mbealach **Procida/Pozzuoli**, tugann an Coimisiún dá aire go raibh ar Caremar dhá sheirbhís laethúla do phaisinéirí a sholáthar ar dhuillárthach ar an mbealach i rith na bliana chomh maith leis na seirbhísí a soláthraíodh ar bhealach Ischia/Procida/Pozzuoli, agus nach raibh iomaitheoirí Caremar (Gestour, Ippocampo agus Procida Lines) ag oibriú ar an mbealach ach seirbhísí measctha ar bhád farantóireachta. Bhí na seirbhísí sin i bhfad níos moille ná iad siúd a chuir Caremar ar fáil (turas 50 nóiméad ar bhád farantóireachta i gcoinne turas 15 nóiméad ar dhuillárthach) agus dá bhrí sin ní féidir iad a ionadú. In aon chás, gan beann ar mhéid inionadaitheachta na seirbhísí paisinéirí agus na seirbhísí measctha, tugann an Coimisiún dá aire maidir leis na seirbhísí a sholáthair iomaitheoirí Caremar i rith na bliana – nár údaraíodh ach do Gestour agus Procida Lines ([190]) seirbhísí a sholáthar i rith na bliana – gur soláthraíodh na seirbhísí sin ag tráthanna éagsúla den lá ná na seirbhísí a d'fhreastail Caremar orthu ([191]),rud a d'fhág go raibh go leor ama den lá gan chumhdach tábhachtach do chomaitéirí laethúla (idir 7.00 a.m. agus 9.00 a.m. ó Procida agus idir 9.00 a.m. agus 10.00 a.m. ó Pozzuoli). Ar an gcúis sin, ní dhearna an Iodáil earráid fhollasach trína mheas go raibh teip mhargaidh ann a mhéid a bhaineann le soláthar seirbhísí iompair do phaisinéirí ar an mbealach sin.

(258) A mhéid a bhaineann le bealach **Procida/Napoli**, tugann an Coimisiún dá aire go raibh ar Caremar ceithre sheirbhís laethúla do phaisinéirí a sholáthar ar dhuillárthach ar an mbealach i rith na bliana chomh maith leis na seirbhísí a soláthraíodh ar bhealach Ischia/Procida/Napoli, cé nár sholáthair Medmar agus SNAV faoi seach ach seoladh laethúil amháin sa bhreis orthu siúd a soláthraíodh ar an mbealach Ischia/Procida/Napoli (Medmar ó Napoli ar 00.20 a.m. agus SNAV ó Napoli ar 12.30), faoi OSP agus ag amanna difriúil den lá leo siúd a ndearna Caremar freastal orthu araon ([192]). Thairis sin, fiú i bhfianaise na seirbhísí a sholáthair SNAV agus Medmar ar an mbealach Ischia/Procida/Napoli, ní raibh aon oibreoir loingseoireachta ag soláthar seirbhísí do phaisinéirí ar an mbealach ar théarmaí an mhargaidh i rith na bliana agus bhí seirbhísí paisinéirí OSP Medmar agus SNAV ag fágáil roinnt sliotán ama den lá gan cumhdach, sliotáin ama a bhí tábhachtach chun nascacht na gcomaitéirí laethúla a áirithiú (idir 6.00 agus 7.00 a.m. agus idir 8.00 a.m. agus 10.00 a.m. ó Procida; agus idir 7.00 agus 8.00 a.m. agus idir 17.00 agus 18.00 ó Napoli). Ar an gcúis sin, ní dhearna an Iodáil earráid fhollasach faoin gconradh seirbhíse poiblí nua trína mheas go raibh teip mhargaidh ann maidir le soláthar seirbhísí iompair do phaisinéirí ar an mbealach sin.

(259) Ag féachaint don mhéid thuas, measann an Coimisiún go bhfuil údar leis an OSP a leagtar síos sa chonradh seirbhíse poiblí nua le Caremar chun na hocht mbealach thuas a oibriú mar gheall ar fhíor-riachtanas poiblí leanúnachas críche a áirithiú. Go deimhin, tráth a cuireadh an conradh seirbhíse poiblí nua ar iontaoibh, ní raibh fórsaí an mhargaidh amháin (fiú nuair a forchuireadh OSP) leordhóthanach chun freastal ar na riachtanais seirbhíse poiblí a shainaithin an Iodáil, ó thaobh minicíochta, leanúnachais agus rialtachta de.

(260) Tá feidhm ag an gconclúid sin freisin maidir leis an tosaíocht feistithe atá ag Caremar chun na seirbhísí a sholáthar faoin gconradh seirbhíse poiblí nua. Mar a luaitear thuas, dheimhnigh an Iodáil nach bhfuil an tosaíocht feistithe infheidhme ach amháin maidir le seirbhísí a sholáthraítear faoin gcóras seirbhíse poiblí agus go bhfuil sí coimhdeach leis na seirbhísí sin chun tairbhe a soláthraí ([193]). Go deimhin, sonraítear go soiléir in Airteagal 19-*ter,* mír 21, de Dhlí 166/2009 go bhfuil gá leis an tosaíocht feistithe chun leanúnachas críche leis na hoileáin a ráthú agus chun an OSP a chur i gcrích (féach aithris 99). Go deimhin, in éagmais tosaíocht feistithe, d'fhéadfadh sé go mbeadh ar Caremar fanacht lena sheal sula bhféadfaidís nascadh agus moill a chur leis an seoladh dá bharr, rud a chuirfeadh an chuspóir atá leis na hoibleagáidí, is é sin nascacht iontaofa agus áisiúil a áirithiú le haghaidh na tomhaltóirí, ar neamhní. Gan amhras, tá gá le hamchlár tráthrialta chun freastal ar riachtanais soghluaisteachta dhaonra na n-oileán agus chun cur le forbairt eacnamaíoch na n-oileán lena mbaineann. Thairis sin, ós rud é go bhfuil oibleagáidí sceidealaithe sonracha sa chonradh seirbhíse poiblí nua maidir le himeacht bhealaí seirbhíse poiblí, cuidítear leis an tosaíocht feistithe lena áirithiú go leithdháileann calafoirt na beartanna feistithe agus na hamanna feistithe ar bhealach a chuireann ar chumas an oibreora seirbhíse phoiblí a oibleagáidí seirbhíse poiblí a chomhlíonadh. Ina fhianaise sin, measann an Coimisiún go ndeonaítear an beart sin chun cur ar a chumas do Caremar a OSP a fheidhmiú, ar fíorsheirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta iad (féach aithris 267).

([190]) De réir na hIodáile, áfach, níor sholáthair Procida Lines an tseirbhís sa tréimhse 2012-2015.

([191]) Ó Procida, d'oibrigh Caremar i rith na bliana ar 8.10 a.m., ach d'oibrigh Gestour i rith na bliana ar 6.50 a.m., 9.30 a.m, 11.20 a.m agus 18.55 (agus bhí Procida Lines ceaptha oibriú ar 5.50 a.m, 7.50 a.m, 10.45 a.m, 12.40, 15.25, 17.30, 19.15). Ó Pozzuoli, d'oibrigh Caremar ar 8.50 a.m, ach d'oibrigh Gestour i rith na bliana ar 6.50 a.m, 9.30 a.m, 11.20 a.m agus 18.55 (agus bhí Procida Lines ceaptha oibriú ar 5.05 a.m, 7.05 a.m, 11.50 a.m, 13.35, 16.25, 18.25, agus 20.00).

([192]) Ó Procida, chuir Caremar seirbhísí laethúla do phaisinéirí ar fáil ar 6.35 a.m. agus 9.20 a.m.; agus, ó Napoli, chuir Caremar seirbhísí laethúla do phaisinéirí ar fáil ar 7.30 a.m. agus 17.45.

([193]) Mar shampla, i gcás Laziomar, nuair a aistríodh na seirbhísí muiriompair ar na trí bhealach in oileánra Pontino ó Caremar go Laziomar, aistríodh an tosaíocht feistithe a bhain leis na calafoirt a ndearnadh seirbhísiú orthu faoi na bealaí sin go huathoibríoch chuig Laziomar.

An cur chuige is lú díobháil

(261) Roghnaigh an Iodáil conradh seirbhíse poiblí a thabhairt i gcrích le hoibreoir amháin (Caremar) d'ainneoin go raibh roinnt oibreoirí, mar a léirítear i dTábla 10, ag freastal ar bhealaí áirithe faoi OSP gan chúiteamh freisin.

(262) Measann an Coimisiún nach raibh an córas OSP gan chúiteamh, nach raibh i bhfeidhm ach go dtí 2017 i Murascaill Napoli ([194]), inchomparáide ar bhealach ar bith leis an OSP a forchuireadh ar Caremar faoin gconradh seirbhíse poiblí nua ar na cúiseanna seo a leanas.

(263) Ar an gcéad dul síos, níorbh ionann an OSP a forchuireadh ar iomaitheoirí Caremar agus na OSPanna a cumhdaíodh leis an gconradh seirbhíse poiblí nua toisc nár bhain siad ach le minicíocht, rialtacht, na cineálacha soithí a úsáideadh (is é sin, do phaisinéirí amháin nó do phaisinéirí, d'fheithiclí agus do lasta) agus uastáillí, ach bhí Caremar faoi réir oibleagáidí freisin ó thaobh phoncúlacht, cháilíocht agus thoilleadh an tsoithigh a úsáideadh de (féach aithris 183).

(264) Ar an dara dul síos, ní raibh an OSP a forchuireadh ar iomaitheoirí Caremar faoi réir pionóis lenar áirithíodh soláthar na seirbhíse i gcomhréir leis an OSP; ach sainaithnítear sa chonradh seirbhíse poiblí nua córas soiléir pionós i gcás neamhchomhlíonadh na OSPanna (féach aithris 90 agus aithris 91). Ar bhonn na faisnéise a chuir an Iodáil ar fáil (féach aithris 183), glacann an Coimisiún leis nárbh fhéidir freastal ar éileamh na n-úsáideoirí trí OSP a fhorchur gan chúiteamh toisc nár chomhlíon iomaitheoirí Caremar an OSP ([195]) roinnt uaireanta nó nár sholáthair siad na seirbhísí faoi OSP toisc go raibh siad i dteideal tarraingt siar óna OSP faoi réir fógra 45 lá a thabhairt, go bhféadfaidís a iarraidh go gcuirfí an tseirbhís ar fionraí nó go bhféadfadh siad diúltú leanúint de bheith ag soláthar an OSP ([196]).

(265) Ar deireadh, fiú nuair a sholáthraítear iad, ní bheadh na OSPanna sin amháin nach gcúitítear leordhóthanach chun an riachtanas seirbhíse poiblí arna shainaithint ag an Iodáil a chomhlíonadh go hiomlán – is é sin, leanúnachas críche idir an mhórthír agus na hoileáin a áirithiú trí riachtanais iompair an phobail áitiúil a chomhlíonadh (riachtanais oibre agus staidéir den chuid is mó) trí sheirbhísí muiriompair rialta agus iontaofa (féach aithrisí 199 agus 242) – toisc gur fágadh roinnt sliotán ama den lá gan cumhdach, sliotáin ama a bhí tábhachtach do na comaitéirí laethúla.

(266) Ina theannta sin, tugann an Coimisiún argóint na hIodáile dá aire go raibh gá le conradh seirbhíse poiblí i bhfianaise phríobháidiú Caremar. Go sonrach, áitíonn an Iodáil go rabhthas in ann leanúnachas na seirbhíse muirí poiblí a áirithiú agus luach a uasmhéadú don Stát trí Caremar a chur amach ar tairiscint in éineacht le conradh seirbhíse poiblí nua. Is ar an gcúis sin a d'aontaigh an Coimisiún (féach aithris 105) go gcuirfeadh an Iodáil Caremar amach ar tairiscint in éineacht le conradh seirbhíse poiblí nua. Agus an méid sin á dhéanamh aige, ghlac an Coimisiún leis freisin, agus athdhearbhaíonn sé sa Chinneadh seo, nach bhféadfadh an Iodáil brath ar PSO breise gan chúiteamh a raibh feidhm aige maidir leis na hoibreoirí uile ach gurbh fhearr leis conradh seirbhíse poiblí a thabhairt i gcrích le Caremar amháin.

Conclúid

(267) Ar bhonn an mheasúnaithe thuas, is é conclúid an Choimisiúin nach ndearna an Iodáil earráid fhollasach agus na seirbhísí a cuireadh ar iontaoibh Caremar á sainiú aici mar sheirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta ar na bealaí a shainaithnítear i dTábla 10. Dá bhrí sin, faightear réidh leis an amhras a chuir an Coimisiún in iúl i gCinneadh Tosaigh 2011 agus i gCinneadh 2012 maidir le Síneadh.

([194]) D'fhan an córas OSP nach gcúitítear i bhfeidhm go dtí an 9 Eanáir 2017. Ón 10 Eanáir 2017, ba é Caremar an t-aon oibreoir muirí a bhí faoi réir OSP i Murascaill Napoli.

([195]) Féach fonóta (138).

([196]) Féach fonóta (137).

(268) Chun teacht ar an gconclúid go bhfuil *Altmark* 1 á chomhlíonadh, ní mór don Choimisiún a sheiceáil fós ar cuireadh OSP a sainíodh go soiléir ar iontaoibh Caremar agus gur comhlíonadh ceanglais Rialachán (CEE) Uimh. 3577/92. A mhéid a bhaineann leis an gcéad phointe, tugann an Coimisiún dá aire go dtugtar tuairisc shoiléir ar OSPanna sa chonradh seirbhíse poiblí nua agus sna hiarscríbhinní a ghabhann leis, agus, mar shampla, sonraíochtaí loinge le haghaidh gach bealaigh (féach aithrisí 83 go 91)) á gcur san áireamh. Ar an gcaoi chéanna, sonraítear na rialacha lena rialaítear an cúiteamh sa chonradh seirbhíse poiblí nua, Dlí 166/2009 agus Plé 111/2007 (féach aithrisí 92 go 96). Tá fad soiléir (9 mbliana) ag an gconradh seirbhíse poiblí nua freisin, sainaithnítear Caremar mar an t-oibreoir seirbhíse poiblí agus tá socruithe ann chun aon róchúiteamh a sheachaint agus a aisghabháil (féach aithris 94). A mhéid a bhaineann leis an dara pointe, tugann an Coimisiún dá aire gur cuireadh an conradh seirbhíse poiblí nua amach ar tairiscint ar bhonn neamh-idirdhealaitheach i leith longúinéirí uile an Aontais, i gcomhréir le hAirteagal 4(1) de Rialachán (CEE) Uimh. 3577/92 (féach aithrisí 69 agus 70). Dá bhrí sin, is é conclúid an Choimisiúin go gcomhlíontar an chéad chritéar *Altmark*.

(269) Ós rud é gur beart atá coimhdeach leis na seirbhísí OSP a shainaithnítear faoin gconradh seirbhíse poiblí nua í an tosaíocht feistithe, comhlíontar leis an tosaíocht feistithe an chéad chritéar de bhreithiúnas Altmark freisin.

9.1.2.2. Altmark 2

(270) Meabhraíonn an Coimisiún gur thug sé an réamhthuairim i gCinneadh 2012 maidir le Síneadh (féach aithris 205 de Chinneadh 2012 maidir le Síneadh) go gcomhlíontar an dara critéar de bhreithiúnas Altmark.

(271) Ina fhianaise sin, tugann an Coimisiún dá aire gur suíodh na paraiméadair a bhí mar bhonn le ríomh an chúitimh roimh ré agus go gcomhlíonann siad na ceanglais trédhearcachta i gcomhréir leis an dara critéar Altmark. Go sonrach, mínítear na paraiméadair ar ríomhadh an cúiteamh ar a mbonn go mion i bPlé 111/2007 agus cuireadh i bhfeidhm iad sa chonradh seirbhíse poiblí nua (féach aithris 93). Sonraítear modh ríofa an chúitimh, lena n-áirítear mar shampla na gnéithe costais atá le cur san áireamh agus an ráta toraidh ar chaipiteal, i bPlé 111/2007 (féach aithris 93). Ós rud é nach bhfuil cúiteamh airgeadais le haghaidh Caremar i gceist leis an tosaíocht feistithe, measann an Coimisiún go gcomhlíontar leis an mbeart sin an dara critéar Altmark.

(272) Dá bhrí sin, tagann an Coimisiún ar an gconclúid go gcomhlíontar an dara critéar de bhreithiúnas Altmark.

9.1.2.3. Altmark 3

(273) De réir an tríú critéar Altmark, ní féidir leis an gcúiteamh a fhaightear chun seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta a chomhlíonadh a bheith níos mó ná an méid is gá chun na costais uile nó cuid de na costais a thabhaítear chun OSP a chomhlíonadh a chumhdach, agus na fáltais ábhartha agus brabús réasúnach as comhlíonadh na n-oibleagáidí sin á gcur san áireamh.

(274) Faoi Airteagal 16 den chonradh seirbhíse poiblí nua, déantar an cúiteamh seirbhíse poiblí a chainníochtú ar bhonn na modheolaíochta a leagtar síos i bPlé 111/2007 ([197]), ar dá réir nár cheart an cúiteamh a bheith níos mó ná an méid is gá chun na glanchostais arna dtabhú chun an OSP a chomhlíonadh (cothromaíocht eacnamaíoch-airgeadais), agus brabús réasúnach san áireamh, a chumhdach. Mar a luaitear thuas (féach aithrisí 55 go 66), de réir Phlé 111/2007, ní mór raon feidhme na seirbhísí, na huastáillí a leagtar amach sa chonradh seirbhíse poiblí agus an cúiteamh a deonaíodh iarbhír a shainiú ionas go ndeonófar cumhdach don soláthraí seirbhíse ar na costais atá nasctha le soláthar na seirbhíse lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta, agus na hioncaim eile agus brabús réasúnach á gcur san áireamh.

(275) Ní thugtar sainmhíniú beacht ar an mbrabús réasúnta i rialú Altmark. De réir Theachtaireacht SGEI, ba cheart glacadh leis go gciallaíonn brabús réasúnach an ráta toraidh ar chaipiteal a theastódh ó ghnáthchuideachta agus breithniú á dhéanamh aige ar cheart nó nár cheart seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta a sholáthar ar feadh thréimhse iomlán na hiontaoibhe, agus an leibhéal riosca á chur san áireamh. Bíonn an leibhéal riosca ag brath ar an earnáil lena mbaineann, an cineál seirbhíse agus saintréithe an tsásra cúitimh.

([197]) Airteagal 16(1) den chonradh seirbhíse poiblí nua.

(276) I gCinneadh 2012 maidir le Síneadh, chuir an Coimisiún amhras in iúl maidir le comhréireacht an chúitimh a íocadh le cuideachtaí iar-Ghrúpa Tirrenia, lena n-áirítear Caremar. Go háirithe, a mhéid a bhaineann leis an gcúiteamh a íocadh ó 2010, ba é réamhthuairim an Choimisiúin nár léiríodh leibhéal iomchuí riosca sa bhiseach seasta 6,5 % toisc nár chosúil *prima facie* gur ghlac Caremar chuige féin na rioscaí a ghlacann oibreoir chuige féin de ghnáth in oibriú seirbhísí den sórt sin. Go sonrach, áirítear sna gnéithe costais chun críoch an cúiteamh a ríomh na costais uile a bhaineann leis an tseirbhís a sholáthar agus na hathruithe i gcostais, e.g. praghsanna breosla. Mar thoradh air sin, mheas an Coimisiún ag an gcéim sin go mb'fhéidir gur tugadh róchúiteamh do Caremar.

(277) Tugann an Coimisiún dá aire gur cosúil go laghdaíonn gnéithe áirithe den mhodh cúitimh mar a leagtar síos sa chonradh seirbhíse poiblí nua an riosca tráchtála a thabhaigh Caremar. Tagraíonn an Coimisiún go háirithe do na forálacha seo a leanas:

— Faoi Airteagal 13 den chonradh seirbhíse poiblí nua is féidir le Caremar coigeartú na dtaraifí úsáideora ar bhoilsciú a iarraidh ar Réigiún Campania ar bhonn bliantúil, cé go bhféadfaidh Réigiún Campania a chinneadh gan an coigeartú a iarradh a dheonú nó an coigeartú a deonaíodh cheana a chur ar fionraí (féach aithris 89).

— Is é is aidhm le hAirteagal 17 den chonradh seirbhíse poiblí nua cothromaíocht eacnamaíoch-airgeadais na seirbhíse poiblí a choinneáil ar bun. Go háirithe, i gcás nach raibh an cúiteamh seirbhíse poiblí leordhóthanach chun costas na seirbhísí a chuirtear ar iontaoibh leis an gconradh seirbhíse poiblí nua a chumhdach, ceadaítear le hAirteagal 17 athbhreithniú a dhéanamh ar an gcóras taraife, ar raon feidhme na seirbhísí poiblí a thairgtear nó ar shócmhainní muirí Caremar. De réir Airteagal 17 den chonradh, fíoróidh na páirtithe a gcoinníollacha cothromaíochta eacnamaíche agus airgeadais gach trí bliana i gcomhréir leis na critéir a leagtar síos i bPlé 111/2007 agus leis na rialacha a leagtar amach sa chonradh. Chuige sin, seolfaidh Caremar, faoin 30 Meitheamh den tríú bliain de gach tréimhse rialála, tuarascáil nuashonraithe ina mbeidh torthaí airgeadais na tréimhse lena mbaineann.

(278) Cé gur cosúil go laghdaíonn na cosaintí sin an riosca tráchtála a thabhaigh Caremar, measann an Coimisiún go bhfanann an chuideachta le bheith nochta don riosca nach mbeadh an cúiteamh leordhóthanach chun na costais a bhaineann le reáchtáil na seirbhíse a chumhdach. Go deimhin, mar a luaitear thuas (aithris 93), ní fhíoraítear comhardú eacnamaíoch agus airgeadais na seirbhíse ach gach 3 bliana agus ní féidir sásra athchothromúcháin a ghníomhachtú ach amháin i gcás tearc-chúitimh de níos mó ná 5 % den chúiteamh iomlán. Má léirítear leis an athbhreithniú sin nach leor an cúiteamh chun an costas seirbhíse poiblí a chumhdach, ní féidir le Caremar ná leis an Iodáil a chomhaontú ach athruithe a dhéanamh don chéad tréimhse 3 bliana eile. Faoi Airteagal 17, is toradh iad na hathruithe sin (más ann dóibh) ar nós imeachta caibidlíochta agus, go dtí go dtiocfar ar chomhaontú, ní mór do Caremar leanúint den tseirbhís phoiblí a oibriú gan athrú. Mar thoradh air sin, tá Caremar fós neamhchosanta go páirteach ar an riosca nach leor an cúiteamh chun na costais a bhaineann le reáchtáil na seirbhíse a chumhdach. Cé gur féidir Airteagal 17 den chonradh seirbhíse poiblí nua a úsáid chun an chothromaíocht eacnamaíoch agus airgeadais a athbhunú, ní dhéantar é sin ach ar bhonn réamhbhreathnaitheach agus ní féidir aon cheartú cúlghabhálach a dhéanamh ar an tearc-chúiteamh.

(279) A mhéid a bhaineann leis an mbrabús réasúnta a cheadaítear faoin gconradh seirbhíse poiblí nua, mar a chuirtear in iúl in aithris 60, foráiltear le Plé 111/2007 go n-úsáidfí biseach riosca 6,5 % chun an toradh ar chaipiteal a chinneadh trí úsáid a bhaint as foirmle WACC.

(280) Cuireann an Iodáil i dtábhacht gur cinneadh an biseach riosca trí úsáid a bhaint as anailísí maicreacnamaíocha lena sanntar meánbhiseach riosca don tír thagartha nó don limistéar tagartha don earnáil lena mbaineann. Sainaithníodh sna hanailísí sin meánbhiseach riosca 6,4 % don Iodáil. Dá bhrí sin, tá an biseach sin go hiomlán i gcomhréir leis an mbiseach riosca 4 % a sainaithníodh i bPlé 111/2007, le méadú 2,5 % le haghaidh seirbhísí neamheisiacha (biseach riosca 6,5 %). Úsáideadh an ráta (comhlán) 6,5 % go dtí mí Iúil 2015, ach ina dhiaidh sin, don chonradh seirbhíse poiblí nua, socraíodh an ráta a cuireadh san áireamh chun críoch cúitimh ar 10,55 %. Áitíonn an Iodáil go bhfuil an ráta níos airde ná mar a bhí sna conarthaí roimhe seo — lenar socraíodh ráta 6,5 % — mar gheall ar an riosca fiontraíochta níos airde a bhfuil Caremar neamhchosanta air mar gheall ar an tearc-chúiteamh dóchúil a d'fhéadfadh teacht chun cinn (féach aithris 198).

(281) I ndáil leis sin, tugann an Coimisiún dá aire nach gcuirtear san áireamh sa chonradh seirbhíse poiblí nua aon chlásal lena gcumasaítear coigeartú cúitimh i gcás dialltaí conarthacha, seachas an fhoráil arb é is aidhm léi raon feidhme na seirbhíse poiblí nó an córas táillí a mhodhnú. Dá bhrí sin, i gcás méadú ar phraghas an bhreosla nó laghdú suntasach ar thrácht paisinéirí, tá Caremar neamhchosanta ar an riosca go dtiocfaidh méadú ar chostas nó laghdú ioncaim agus ar thearc-chúiteamh ina dhiaidh sin. Mar a cuireadh in iúl in aithris 278, soláthraítear leis an gconradh seirbhíse poiblí, i gcás tearc-chúitimh den sórt sin, leigheasanna nach ndéanann difear ach d'oibriú na seirbhíse poiblí amach anseo, ach ní féidir caillteanais a rinneadh cheana a chumhdach go haisghníomhach. Thairis sin, níl feidhm ag na leigheasanna conarthacha sin ach amháin maidir le tearc-chúiteamh is mó ná 5 % den chúiteamh iomlán (féach aithris 277), ach tá an baol ann go dtabhóidh Caremar féin aon tearc-chúiteamh atá cothrom le 5 % nó níos lú, ar léir go gcomhfhreagraíonn sé do mhéid suntasach ar bhonn bliantúil. Fágann sé sin go bhfuil riosca ar leith ag baint le soláthar na seirbhíse, ós rud é nach féidir leis an gcuideachta an cúiteamh sin a fhrithchothromú go haisghníomhach trí mhéadú ar tháillí (nach féidir a choigeartú ach amháin don todhchaí), trí laghdú ar raon feidhme na seirbhísí poiblí a thairgtear nó trí shócmhainní ábhartha na cuideachta chun na seirbhísí a sholáthar.

(282) Tugann an Coimisiún dá aire freisin go nochtar Caremar do riosca tearc-chúitimh leis an sásra thuas atá níos airde ná an riosca a iompraíonn cuideachtaí loingseoireachta eile ar an margadh sa tréimhse chéanna, ar measadh go raibh údar le biseach riosca 6,5 % ina leith. Mar shampla, a mhéid a bhaineann leis na cuideachtaí Compagnia Italiana di Navigazione, is é sin faighteoir Tirrenia di Navigazione, agus Società Navigazione Siciliana, is é sin faighteoir Siremar, mheas an Coimisiún go raibh bonn cirt le biseach riosca 6,5 % faoi na conarthaí seirbhíse poiblí a thug údaráis inniúla na hIodáile i gcrích in 2012 agus 2016 le Compagnia Italiana di Navigazione agus Società Navigazione Siciliana faoi seach, ag féachaint don fhíoras go bhféadfadh na hoibreoirí loingseoireachta athbhreithniú a iarraidh ar chothromaíocht eacnamaíoch-airgeadais an chonartha cheana féin i gcás tearc-chúitimh de bhreis agus 3 % den chúiteamh iomlán ([198]). Dá airde an méid tearc-chúitimh atá le híoc ag an oibreoir, is ea is airde an biseach riosca a d'fhéadfaí a cheadú.

(283) Sa bhreis ar an méid thuas, chun a chinneadh cé acu atá nó nach bhfuil an toradh ar chaipiteal a infheistíodh de 10,55 % le haghaidh Caremar réasúnta, ríomh an Coimisiún ([199]) WACC le haghaidh cuideachtaí Iarthar na hEorpa atá gníomhach san earnáil longthógála agus mhuirí ([200]), agus an riosca tíre don Iodáil á chur san áireamh, don bhliain 2014 (is é sin, an bhliain sular shínigh Caremar an conradh seirbhíse poiblí nua). Toisc go n-athraíonn an ráta saor ó riosca (arna ionadú ag banna ceannasach 10 mbliana na Gearmáine) agus an biseach riosca tíre don Iodáil (arna ionadú trí úsáid a bhaint as rátáil tíre Moody nó bunaithe ar raonta difríochta CDS) i rith na bliana, cinneadh an raon inar ghluais WACC le linn 2014. Don bhliain seo, bhí an WACC do chuideachtaí san earnáil seo idir 10,39 % agus 11,84 %. Ciallaíonn sé sin go mbeadh ar chuideachta atá ag feidhmiú san earnáil longthógála agus mhuirí, amhail Caremar, toradh a ghiniúint laistigh den raon sin in 2014 chun a costas ar mhaoiniú fiachais agus cothromais araon a chumhdach. I bhfianaise an mhéid sin, agus na rioscaí a bhfuil Caremar neamhchosanta orthu ó pheirspictíocht ex ante á gcur san áireamh (féach aithris 281 thuas), bhí an toradh ar chaipiteal infheistithe de 10,55 % le haghaidh Caremar a roghnaíodh trí phróiseas tairisceana oscailte agus iomaíoch, i gcomhréir leis na rioscaí a bheadh ann agus seirbhísí poiblí á n-oibriú aige faoin gconradh seirbhíse poiblí nua. Dá bhrí sin, measann an Coimisiún, sna blianta sular cuireadh cúram ar Caremar, go raibh toradh 10,55 % ar chaipiteal ó pheirspictíocht *ex ante* i gcomhréir leis na rioscaí a bheadh ann agus seirbhísí poiblí á n-oibriú aige faoin gconradh seirbhíse poiblí nua.

([198]) A mhéid a bhaineann le Compagnia Italiana di Navigazione, féach Cinneadh (AE) 2020/1412 ón gCoimisiún an 2 Márta 2020 maidir le bearta SA.32014, SA.32015, SA.32016 (11/C) (ex 11/NN) arna gcur chun feidhme ag an Iodáil le haghaidh Tirrenia di Navigazione agus le haghaidh a fhaighteora Compagnia Italiana di Navigazione (IO L 332, 12.10.2020, lch. 45), aithrisí 244 agus 361. A mhéid a bhaineann le Società Navigazione Siciliana, féach Cinneadh (AE) 2022/448 ón gCoimisiún an 17 Meitheamh 2021 maidir le bearta SA.32014, SA.32015, SA.32016 (2011/C) (ex 2011/NN) arna gcur chun feidhme ag an Iodáil le haghaidh Siremar agus a fhaighteora Società Navigazione Siciliana (IO L 97, 24.3.2022, lch. 1), aithris 362.

([199]) Chun WACC a ríomh, bhain an Coimisiún úsáid as na tacair sonraí a foilsíodh ar shuíomh gréasáin Aswath Damodaran (Ollamh Airgeadais ag Scoil Ghnó Stern in Ollscoil Nua-Eabhrac) agus fuair sé na sonraí stairiúla maidir le bannaí ceannasacha na Gearmáine ó www.worldgovernmentbonds.com.

([200]) Ríomhtar WACC ar bhonn sonraí le haghaidh cuideachtaí atá liostaithe go poiblí. Sa chás sin, is éard atá sa sampla 62 chuideachta Eorpacha atá gníomhach i longthógáil nó san earnáil mhuirí agus atá liostaithe ar stocmhalartán. Is é an sampla seo an comhfhogasú is gaire don earnáil ina n-oibríonn Caremar (nach bhfuil liostaithe go poiblí), is é sin muiriompar paisinéirí, feithiclí agus lasta. D'úsáidfeadh infheisteoir príobháideach grúpa tagarmhairc den chineál céanna chun an toradh a bhfuil súil aige leis ó Caremar a chinneadh.

(284) As iomláine, ó thaobh *ex post* de, tugann an Coimisiún dá aire go bhfuil uasteorainn EUR 10 778 897 in aghaidh na bliana leis an gcúiteamh a deonaíodh do Caremar faoin gconradh seirbhíse poiblí nua, gan beann ar mhéid an bhrabúis réasúnaigh a bhfuil Caremar ina theideal (féach aithris 92). I gcomhréir le pointe 47 de Chreat SGEI 2011, déanann an Coimisiún measúnú ar cibé acu a bhí nó nach raibh róchúiteamh ann le linn thréimhse fhoriomlán an chonartha. Mar a léirítear i dTábla 11, ar bhonn na faisnéise a sholáthair an Iodáil, léirítear sna figiúirí le haghaidh na tréimhse 2015-2021 gur sháraigh an cúiteamh seirbhíse poiblí iarbhír a fuair Caremar i mblianta áirithe an méid cúitimh incháilithe sna blianta sin (cé is moite de na méideanna le haghaidh 2015, 2020 agus 2021, nach raibh leordhóthanach chun glanchostas na seirbhíse a chumhdach, rud a raibh tearc-chúiteamh le haghaidh na mblianta sin mar thoradh air). Mar a luaitear in aithris 96, bhraith Réigiún Campania an róchúiteamh ar fad agus d'aisíoc Caremar é de bhun Airteagal 18 den chonradh seirbhíse poiblí nua.

Tábla 11

Glanchostas na seirbhíse poiblí arna hoibriú ag Caremar le haghaidh na tréimhse 2015-2021

(EUR)

Caremar	2015	2016	2017	2018	2019	2020	2021	Comhiomlán
Ioncaim iomlána	12 941 000	28 392 000	29 807 000	31 807 921	32 885 236	[20 000 000 – 30 000 000]	[20 000 000 – 30 000 000]	182 741 669
- Costais iomlána	18 920 000	35 764 000	37 714 000	35 252 016	36 684 806	[30 000 000 – 40 000 000]	[30 000 000 – 40 000 000]	228 957 910
-Amúchtaí	1 033 000	2 045 000	1 827 000	1 705 330	1 639 441	[1 000 000 – 2 000 000]	[1 000 000 - 2 000 000]	11 380 741
= Glanchostas na seirbhíse poiblí	- 7 012 000	- 9 417 000	- 9 734 000	- 5 149 425	- 5 439 011	-[11 000 000 – 12 000 000]	-[9 000 000 – 10 000 000]	- 57 596 982
+ Toradh ar chaipiteal (10,5 %)	- 202 000	- 775 000	- 645 000	- 751 680	- 697 858	- [700 000 – 800 000]	- [600 000 – 700 000]	- 4 479 446
= Incháilithe le haghaidh cúitimh	- 7 214 000	- 10 192 000	- 10 379 000	- 5 901 105	- 6 136 869	- [10 000 000 – 20 000 000]	- [10 000 000 – 20 000 000]	- 62 076 428
+ Cúiteamh iarbhír	4 961 000	10 778 000	10 778 000	10 363 306	8 462 289	[10 000 000 – 20 000 000]	[8 000 000 – 9 000 000]	64 301 641
= Róchúiteamh/ tearc-chúiteamh	- 2 253 000	586 000	399 000	4 462 201	2 325 420	- 1 000 000 – 2 000 000]	- 1 000 000 – 2 000 000]	2 225 213

(285) An sásra fíorúcháin dá bhforáiltear in Airteagal 17 den chonradh seirbhíse poiblí nua chun coinníollacha cothromaíochta eacnamaíche agus airgeadais na seirbhíse a áirithiú, baineann sé ní hamháin le cásanna tearc-chúitimh ach le cásanna róchúitimh freisin (féach aithris 94). I gcás róchúitimh, tabharfaidh Réigiún Campania an cúiteamh a íocadh le haghaidh na chéad tréimhse rialála eile cothrom le dáta. Déantar foráil in Airteagal 18 den chonradh seirbhíse poiblí nua maidir le róchúiteamh a aisghabháil i leith na tréimhse rialála ábhartha laistigh de 30 lá ón iarraidh ábhartha.

(286) De réir na faisnéise a sholáthair an Iodáil, maidir le méid comhiomlánaithe an róchúitimh a shainaithnítear i dTábla 11, aisghabhadh EUR 2 224 868 cheana féin le haghaidh na tréimhse iomláine 2015 go 2021 (féach aithris 96). Go háirithe, sainaithníodh an méid seo a leanas sa nós imeachta fíorúcháin, ar bhonn figiúirí iniúchta le haghaidh 2015, 2016 agus 2017 agus ar fhigiúirí sealadacha le haghaidh 2018:

— le haghaidh 2015, EUR 2 253 000 (tearc-chúiteamh);

— le haghaidh 2016, EUR 586 000 (róchúiteamh);

— le haghaidh 2017, EUR 399 429 (róchúiteamh);

— le haghaidh 2018, EUR 2 103 400 (róchúiteamh).

(287) D'eascair róchúiteamh iomlán EUR 835 058 as an bhfíorú thuas le linn na tréimhse 2015-2018, róchúiteamh a ghnóthaigh Réigiún Campania (féach aithris 96).

(288) Chomh maith leis sin, le haghaidh na tréimhse 2018-2021, sainaithníodh an méid seo a leanas sa nós imeachta fíorúcháin, ar bhonn figiúirí iniúchta do na blianta 2018, 2019 agus 2020 agus ar fhigiúirí sealadacha le haghaidh 2021:

— le haghaidh 2018, EUR 4 462 201 (róchúiteamh);

— le haghaidh 2019, EUR 2 325 420 (róchúiteamh);

— le haghaidh 2020, EUR 1 676 056 (tearc-chúiteamh);

— le haghaidh 2021, EUR 1 618 352 (tearc-chúiteamh).

(289) D'eascair róchúiteamh iarmharach EUR 1 389 811 as an bhfíorú thuas, le linn na tréimhse 2018-2021, a tugadh ar ais do Réigiún Campania (féach aithris 96) ([201]).

(290) Measann an Coimisiún gur leor na bearta sin chun aon róchúiteamh a d'fhéadfadh a bheith ann a sheachaint agus a bhrath.

(291) Ar na cúiseanna thuas, agus é á chur san áireamh go raibh an toradh ar chaipiteal a bhféadfadh Caremar a bheith ag súil leis ó pheirspictíocht *ex ante* i gcomhréir leis na rioscaí a bhí aige agus na seirbhísí poiblí á n-oibriú aige faoin gconradh seirbhíse poiblí nua agus go bhfuil sásra aisghlámtha sa chonradh seirbhíse poiblí nua lena n-áirithítear nach bhfuil róchúiteamh ann, is é conclúid an Choimisiúin nach sáraíonn an cúiteamh seirbhíse poiblí a deonaíodh do Caremar an méid is gá chun na costais a tabhaíodh i gcomhlíonadh a OSP a chumhdach, agus na fáltais ábhartha agus brabús réasúnach á gcur san áireamh.

(292) Maidir leis an tosaíocht feistithe agus aon róchúiteamh a d'fhéadfadh a bheith mar thoradh ar sin, tugann an Coimisiún dá aire, a mhéid a laghdódh an beart sin costais oibriúcháin nó a mhéadófaí leis ioncaim an oibreora seirbhíse poiblí, go léireofaí na héifeachtaí sin go hiomlán i gcuntais inmheánacha an oibreora trí chostais oibriúcháin chomhfhreagracha níos ísle nó trí ioncaim níos airde. Deimhníodh in anailís an Choimisiúin nár choinnigh Caremar aon róchúiteamh sa tréimhse 2015-2021 (féach aithris 281) agus go bhfuil sásra aisghlámtha iomchuí i bhfeidhm chun a áirithiú nach mbeidh aon róchúiteamh ann (nó nach n-aisghabhfar é) sa tréimhse 2022-2024 freisin (aithris 290).

([201]) Le cuntais Caremar le haghaidh 2018, ar bhonn na faisnéise a sholáthair an Iodáil, léiríodh róchúiteamh EUR 4 462 201. Ós rud é gur íocadh EUR 2 103 400 ar ais cheana féin le Réigiún Campania le haghaidh 2018 le linn an chéad fhíorúcháin le haghaidh na tréimhse 2015-2018 (i gcomhthéacs an iarmhéid EUR 835 058), ríomhadh an difríocht ag EUR 2 358 801, as ar tháinig, in éineacht le torthaí na mblianta eile (2019, 2020 agus 2021) róchúiteamh iomlán EUR 1 389 911, a tugadh ar ais do Réigiún Campania freisin. Thairis sin, d'áitigh an Iodáil go bhfuil sonraí airgeadais 2021 fós sealadach agus go bhfíoróidh Réigiún Campania iad, de bhun Airteagal 17 den chonradh seirbhíse poiblí, i gcomhthéacs na tréimhse rialála deireanaí (2022 go 2024).

(293) Dá bhrí sin, faightear réidh leis an amhras atá ar an gCoimisiún maidir le comhlíonadh an chúitimh seirbhíse poiblí a deonaíodh do Caremar, ag cur an tosaíocht feistithe san áireamh, leis an tríú coinníoll de bhreithiúnas *Altmark*. Ní dhéantar difear don chonclúid sin toisc gur dheonaigh Réigiún Campania EUR 2 155 008 do Caremar in 2015 chun staid airgeadais Caremar a athbhunú ar an leibhéal a bhí i bhfeidhm tráth na tairisceana rathúla chun Caremar a fháil (aithrisí 77 agus 79). Bhí an t-aistriú acmhainní sin coinníollach ar éadáil Caremar ag an tairgeoir rathúil agus bhí sé teoranta go docht chun an titim sa luach a chláraigh cothromas Caremar a chumhdach idir deireadh 2013 agus deireadh 2014 mar gheall ar an dlíthíocht náisiúnta a chuir moill ar dhámhachtain na tairisceana. I gcás laghdú ar luach an mhéid a fhaightear i gcomparáid le luach an mhéid a gheofaí faoi chonradh, is é cleachtas an chómhargaidh go bhfuil creidiúnaí an chomhlíonta i dteideal laghdú ar an bpraghas ([202]). Ós rud é go bhfuil an éifeacht chéanna ag athbhunú staid airgeadais Caremar agus atá ag laghdú ar phraghas Caremar, measann an Coimisiún nach raibh aon bhuntáiste do Caremar ná dá cheannaitheoir i gceist leis an mbeart.

9.1.2.4. Altmark 4

(294) Comhlíontar an ceathrú critéar *Altmark* má roghnaíodh faighteoir an chúitimh chun seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta a oibriú tar éis nós imeachta tairisceana, ar nós imeachta tairisceana é ina gceadaítear an tairgeoir is féidir seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta a chur ar fáil ar an gcostas is lú don phobal a roghnú, nó dá uireasa sin, gur ríomhadh an cúiteamh trí thagairt a dhéanamh do na costais atá ag gnóthas éifeachtúil.

(295) De réir phointe 63 de Theachtaireacht SGEI, is é an bealach is simplí d'údaráis phoiblí an ceathrú critéar *Altmark* a chomhlíonadh nós imeachta soláthair phoiblí oscailte, trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach a sheoladh i gcomhréir le Treoir 2004/17/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([203]) agus Treoir 2004/18/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([204]).

(296) Tugann an Coimisiún dá aire, sa chás seo, gur seoladh an nós imeachta tairisceana roimh theacht i bhfeidhm Threoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([205]) (a bhfuil feidhm aici maidir le conarthaí poiblí arna ndámhachtain chun seirbhísí muiriompair a oibriú) agus Threoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([206]). An tráth sin, bhí Treoir 2004/17/CE agus Treoir 2004/18/CE fós i bhfeidhm. Níl feidhm ag Treoir 2004/17/CE, áfach, maidir le seirbhísí muiriompair, amhail na seirbhísí sin a sholáthraíonn Caremar. Go deimhin, cuirtear in iúl go soiléir in Airteagal 5 de Threoir 2004/17/CE nach dtagann ach seirbhísí iompair d'iarnród, de chórais uathoibrithe, de thrambhealach, de bhus tralaí, de bhus nó de chábla faoina raon feidhme.

(297) Titeann conarthaí poiblí a dhámhann na húdaráis chonarthacha i gcomhthéacs a ngníomhaíochtaí seirbhísí ar son iompar muirí, cósta nó abhann faoi raon feidhme Threoir 2004/18/CE ar bhonn aithris 20 di. Mar sin féin, liostaítear seirbhísí iompair uisce in Iarscríbhinn II B a ghabhann leis an Treoir sin lena dtugtar le fios ([207]) nach bhfuil siad faoi réir ach Airteagail 23 agus 35(4) di amháin. Ciallaíonn sé sin, faoi Threoir 2004/18/CE, nach bhfuil conradh poiblí le haghaidh seirbhísí muiriompair ach faoi réir na n-oibleagáidí a bhaineann le sonraíochtaí teicniúla (Airteagal 23) agus faoi réir na hoibleagáide fógra dámhachtana conartha a fhoilsiú agus faoina réir sin amháin (tar éis don chonradh a bheith dáfa agus ag deireadh an phróisis dámhachtana dá bhrí sin, seachas ag a thús; féach Airteagal 35(4)). Níl feidhm maidir le conarthaí poiblí le haghaidh seirbhísí muiriompair ag na rialacha eile go léir dá bhforáiltear le Treoir 2004/18/CE, lena n-áirítear na forálacha maidir le hábhar na bhfógraí atá le foilsiú (Airteagal 36(1)) agus na forálacha maidir le critéir roghnúcháin (Airteagail 45 go 52).

([202]) Féach, mar shampla, Airteagal 9:401 (An ceart chun praghas a laghdú) de 'Prionsabail Dhlí Eorpach na gConarthaí' (féach Lando, O. agus Beale, H., Prionsabail Dhlí Eorpach na gConarthaí, Codanna I agus II, Kluwer Law International, an Háig, 2000); nó Airteagal III.–3:601 (An ceart chun an praghas a laghdú) den Dréacht-Fhráma Tagartha Coiteann (féach von Bar, C. et al., Prionsabail, Sainmhínithe agus Rialacha Samhla an Dlí Phríobháidigh Eorpaigh, dréacht-Fhráma Tagartha Coiteann: eagrán imlíneach, Foilsitheoirí Dlí Eorpaigh Sellier, München, 2009).

([203]) Treoir 2004/17/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Márta 2004 lena gcomhordaítear na nósanna imeachta um sholáthar de chuid eintiteas a oibríonn in earnálacha an uisce, an fhuinnimh, an iompair agus na seirbhísí poist (IO L 134, 30.4.2004, lch. 1).

([204]) Treoir 2004/18/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Márta 2004 maidir leis na nósanna imeachta um dhámhachtain conarthaí oibreacha poiblí, conarthaí soláthair phoiblí agus conarthaí seirbhíse poiblí a chomhordú (IO L 134, 30.4.2004, lch. 114).

([205]) Treoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar poiblí agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/18/CE (IO L 94, 28.3.2014, lch. 65).

([206]) Treoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar de chuid eintiteas a oibríonn in earnálacha an uisce, an fhuinnimh, an iompair agus na seirbhísí poist agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/17/CE (IO L 94, 28.3.2014, lch. 243).

([207]) Faoi Airteagal 21 de Threoir 2004/18/CE.

(298) Thairis sin, níl feidhm in aon chás ag Treoir 2004/18/CE maidir le lamháltais seirbhíse mar a shainmhínítear in Airteagal 1(4) di ([208]). Tugann an Coimisiún dá aire go bhfanann lamháltais seirbhíse (agus conarthaí poiblí) a mbaineann leas áirithe trasteorann leo le bheith faoi réir phrionsabail ghinearálta trédhearcachta, is iad sin trédhearcacht, neamh-idirdhealú agus cóir chomhionann. Ar bhonn an mhéid thuas, is é conclúid an Choimisiúin nach bhféadfaidh feidhm a bheith ag Treoir 2004/18/CE ach i gcás conartha phoiblí ach nach bhfuil feidhm aici nuair a bhaineann an conradh sin le lamháltas seirbhíse. Ina theannta sin, ós rud é go mbaineann an cás seo le seirbhísí iompair uisce atá faoi réir conradh seirbhíse poiblí, ní bheadh feidhm ach ag ceanglais áirithe den Treoir sin, dá dtagraítear in aithris 305, maidir leo. Ina fhianaise sin, measann an Coimisiún nach féidir leis brath go hiomlán ar chomhlíontacht Threoracha um Sholáthar Poiblí chun comhlíontacht an cheathrú critéir *Altmark* a léiriú.

(299) Ar an gcúis sin, déanann an Coimisiún measúnú thíos ar cibé acu an raibh, nó nach raibh, an nós imeachta a d'úsáid an Iodáil iomaíoch, trédhearcach, neamh-idirdhealaitheach agus gan choinníoll. Chun an measúnú sin a dhéanamh, braitheann an Coimisiún ar an treoraíocht ábhartha a leagtar amach ina Theachtaireacht maidir le Coincheap na Cabhrach ([209]) (go háirithe pointí 89 *et seq*.) agus i dTeachtaireacht SGEI (go háirithe pointí 63 *et seq*.).

Cineál iomaíoch agus trédhearcach na tairisceana

(300) Sonraítear i bPointe 90 den Fhógra maidir le Coincheap na Cabhrach nach mór nós imeachta tairisceana a bheith iomaíoch ([210]) chun ligean do gach tairgeoir a bhfuil suim aige ann agus atá cáilithe lena aghaidh páirt a ghlacadh sa phróiseas. Thairis sin, de réir phointe 91 den Teachtaireacht sin, ní mór an nós imeachta a bheith trédhearcach ionas go mbeidh gach tairgeoir a bhfuil suim aige ann in ann a bheith ar an eolas go cothrom agus go hiomchuí ag gach céim den nós imeachta tairisceana. Cuirtear i dtábhacht sa phointe sin freisin gur gnéithe ríthábhachtacha iad inrochtaineacht na faisnéise, am leordhóthanach a bheith ag tairgeoirí a bhfuil suim acu ann, agus soiléireacht na gcritéar roghnúcháin agus dámhachtana le haghaidh nós imeachta roghnúcháin thrédhearcaigh agus léirítear inti nach mór an tairiscint a phoibliú go leordhóthanach chun go mbeidh gach tairgeoir ionchasach in ann í a thabhairt dá aire.

(301) Sa chás seo, foilsíodh an glao ar léiriú spéise san Fhorlíonadh a ghabhann le h*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, in *Gazzetta Ufficiale della Repubblica Italiana*, agus ar shuíomh gréasáin Réigiún Campania chomh maith (féach aithris 68). Iarradh sa ghlao sin ar aon duine a d'fhéadfadh leanúnachas na seirbhíse mhuiriompair phoiblí agus leanúnachas críche leis na hoileáin i Murascaill Napoli a áirithiú, a spéis a chur in iúl agus níor fhorchuir sé aon choinníoll breise. Tugadh dóthain ama do thairgeoirí féideartha (ón 17 Iúil 2012 go dtí an 21 Meán Fómhair 2012) chun a spéis a chur in iúl go leordhóthanach, rud a thug deis dóibh páirt a ghlacadh sa phróiseas breise ansin. Dá bhrí sin, measann an Coimisiún gur cuireadh díolachán Caremar agus dámhachtain an chonartha seirbhíse poiblí nua ar fáil go forleathan ar bhealach a shroich gach tairgeoir féideartha.

(302) Thairis sin, ní mór na doiciméid agus an fhaisnéis uile a theastaíonn le bheith rannpháirteach sa phróiseas tairisceana a chur ar fáil do na tairgeoirí d'fhonn cur ar a gcumas measúnú ceart a dhéanamh ar an gcuideachta a bhí ar díol. Cuireadh faisnéis den sórt sin ar fáil do thairgeoirí féideartha ar bhealach trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach agus bhí an rochtain chéanna ag gach rannpháirtí a raibh suim aige sa phróiseas ar fhaisnéis ábhartha. Ar na cúiseanna a mhínítear thíos (aithrisí 303 go 308), suíonn an Coimisiún go gcomhlíontar na coinníollacha sin sa chás seo.

(303) Ar an gcéad dul síos, tugadh le fios sa ghlao ar léirithe spéise gur ghá do thairgeoirí a bheith in ann *'leanúnachas na seirbhíse muiriompair a ráthú'*. Cé nár sonraíodh sa ghlao conas a d'fhéadfadh tairgeoirí a chruthú gur chomhlíon siad an ceanglas sin, seachas ceanglais airgeadais áirithe a chomhlíonadh (féach aithris 308), mar réamhshocrú chiallaigh sé sin go bhféadfaí aon mhodh iomchuí fianaise a úsáid. Bhí údar leis an gcritéar roghnúcháin sin, arbh é an t-aon chritéar amháin é a mhéid a bhaineann le rochtain ar an bpróiseas tairisceana, i bhfianaise an chuspóra a bhí á shaothrú agus cuireadh in iúl é do na tairgeoirí leasmhara uile.

([208]) Is é seo a leanas atá in Airteagal 1(4) de Threoir 2004/18/CE: *'Is éard is 'lamháltas seirbhíse' ann conradh den chineál céanna le conradh seirbhíse poiblí ach gurb é atá sa chomaoin le haghaidh soláthar na seirbhísí ach an ceart leis an tseirbhís a shaothrú amháin nó an ceart sin in éineacht le híocaíocht.'*

([209]) Fógra ón gCoimisiún maidir le coincheap na Státchabhrach dá dtagraítear in Airteagal 107(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, (IO C 262, 19.7.2016, lch. 1).

([210]) Sa Teachtaireacht ar Choincheap na Cabhrach, tugann an Coimisiún dá aire go dtagraíonn Cúirteanna an Aontais do nós imeachta tairisceana 'oscailte' go minic i gcomhthéacs Státchabhrach. Ní thagraíonn an focal 'oscailte', áfach, do nós imeachta sonrach faoi na Treoracha um Sholáthar Poiblí. Dá bhrí sin, measann an Coimisiún gur cosúil go bhfuil an focal 'iomaíoch' níos oiriúnaí. Sa Teachtaireacht sin, tugann an Coimisiún dá aire freisin nach bhfuil sé beartaithe atreorú ó na coinníollacha substaintiúla a leagtar amach sa chásdlí.

(304) Ar an dara dul síos, cuireadh in iúl go soiléir do pháirtithe leasmhara le Dlí 166/2009 go dtabharfaí conradh seirbhíse poiblí nua i gcrích nuair a bheadh an nós imeachta tairisceana curtha i gcrích agus gur socraíodh uasmhéid bliantúil an chúitimh seirbhíse poiblí ag EUR 19 839 226 mhilliún in aghaidh na bliana. Ina theannta sin, tugadh le fios sa ghlao ar léirithe spéise gurbh é an cuspóir a bhí ann Caremar a dhíol ar phraghas níos airde ná EUR 6 000 000. Thairis sin, mar a dheimhnigh an Iodáil, cuireadh an fhaisnéis ábhartha uile a mhéid a bhaineann le raon feidhme an díola, lena n-áirítear an conradh seirbhíse poiblí a bheadh le tabhairt i gcrích idir an ceannaitheoir agus an Iodáil, ar fáil do na naoi bpáirtí a ligeadh isteach sa chéad chéim eile den phróiseas tairisceana. Cheadaigh sé seo do na páirtithe seo cinneadh a dhéanamh cibé acu tairiscint a dhéanamh nó gan tairiscint a dhéanamh agus, más amhlaidh, cé mhéad. Ar an mbonn sin, measann an Coimisiún go raibh sé sách soiléir ón nglao ar léirithe spéise go raibh gnó Caremar á dhíol le chéile le conradh seirbhíse poiblí nua. Tar éis a spéis a léiriú, tugadh rochtain do na páirtithe leasmhara ar an bhfaisnéis ábhartha uile is gá chun cinneadh a dhéanamh faoi thairiscint fhéideartha.

(305) Ar an tríú dul síos, measann an Coimisiún gur mheall an glao ar léiriú spéise líon substaintiúil tairgeoirí ionchasacha, deichniúr.

(306) Ar an gceathrú dul síos, fuair na naoi gcuideachta ar fad ar tugadh cuireadh dóibh chuig an gcéad chéim eile den phróiseas tairisceana faisnéis mhionsonraithe ina dhiaidh sin ó Réigiún Campania faoin bpróiseas (féach aithris 73).

(307) Ar an gcúigiú dul síos, bhí an t-íosmhéid faisnéise is gá chun léiriú spéise a chur isteach (i.e. leanúnachas na seirbhíse poiblí) le fáil sa ghlao, agus ní fhéadfadh sé a bheith ina chúis d'oibreoirí muirí eile a bhfuil spéis acu sa phróiseas a eisiamh uaidh. Chinn na húdaráis phleanála leanúnachas na seirbhíse poiblí agus nascacht oileáin Mhurascaill Napoli leis an mórthír a áirithiú. Cuireadh an coinníoll sin in iúl roimh ré, mar a mhínítear thuas, do gach oibreoir féideartha a léirigh spéis a bheith rannpháirteach sa phróiseas tairisceana. Tugann an Coimisiún dá aire freisin gur foráladh don fhaisnéis ábhartha uile maidir leis na critéir roghnúcháin agus maidir le forbairt bhreise an nós imeachta sa chuireadh a seoladh chuig na naoi bpáirtí uile a ligeadh isteach sa chéim tairisceana, a sholáthair an Iodáil don Choimisiún.

(308) Ar deireadh, mar a luadh i gCinneadh 2012 maidir le Síneadh (pointí 138 go 144), áiríodh sa dréachtghlao bunaidh ar thairiscintí le haghaidh Caremar ceanglais theicniúla agus airgeadais áirithe (i.e. méideanna réamhchinntithe de mhuirmhílte agus láimhdeachas in earnáil an mhuiriompair) a d'fhágfadh nach mbeadh ach cuideachtaí loingseoireachta in ann páirt a ghlacadh sa phróiseas tairisceana. Mar a luaitear in aithris 70, áfach, níor áiríodh a thuilleadh sa ghlao foilsithe ar thairiscintí na critéir theicniúla sin ar cuireadh ceanglais airgeadais maidir le hacmhainneacht leordhóthanach eacnamaíoch agus airgeadais ina n-ionad, arna bhfianú le deimhniú ó dhá institiúid airgeadais ar a laghad a bhfuil acmhainneacht eacnamaíoch agus airgeadais EUR 6 mhilliún nó glansócmhainní EUR 6 mhilliún ar a laghad acu (féach aithris 70). Measann an Coimisiún go bhfuil gá leis na ceanglais airgeadais sin, atá nasctha leis an íosphraghas a socraíodh chun Caremar a dhíol (féach aithris 74), chun acmhainneacht airgeadais na dtairgeoirí a bhfuil spéis acu Caremar a cheannach a áirithiú agus chun a ráthú go leanfar de na seirbhísí muirí i Murascaill Napoli de bhun fhorálacha an chonartha seirbhíse poiblí nua. Thairis sin, mar is léir ón bpróiseas tairisceana, níor chuir na ceanglais sin bac ar rannpháirtíocht líon leordhóthanach tairgeoirí féideartha.

(309) An rún a bhí ag Réigiún Campania gnó Caremar a dhífheistiú agus conradh seirbhíse poiblí nua a thabhairt i gcrích le fad mbliana leis an tairgeoir buaiteach, rinneadh é a phoibliú ar bhealach a shroich gach tairgeoir féideartha sa mhargadh réigiúnach nó idirnáisiúnta ábhartha. Thairis sin, cuireann an Coimisiún san áireamh go bhféadfadh tairgeoirí ionchasacha a spéis a chur in iúl go héasca agus nach raibh orthu aon ghealltanas a dhéanamh ag an gcéim sin. Ar choinníoll go bhféadfaidís a thaispeáint gur chomhlíon siad an t-aon chritéar roghnúcháin amháin maidir le leanúnachas na seirbhíse a ráthú, tugadh an fhaisnéis agus an t-am ar fad ba ghá do na páirtithe sin chun ligean dóibh cinneadh a dhéanamh faoin méid a bheadh sa tairiscint a bhí siad ag iarraidh a dhéanamh ar ghnó Caremar agus ar sholáthar na seirbhísí.

(310) Ar deireadh, tugann an Coimisiún dá aire gur lig an chumarsáid leis na tairgeoirí leasmhara dóibh a bheith ar an eolas go cothrom agus go cuí ag gach céim den nós imeachta tairisceana mar a thuairiscítear in aithrisí 67 go 77.

(311) Ar na cúiseanna sin, measann an Coimisiún, ar an iomlán, go raibh an nós imeachta tairisceana iomaíoch agus trédhearcach agus go bhfuarthas réidh leis an amhras a bhí air i gCinneadh Tosaigh 2011 agus i gCinneadh 2012 maidir le Síneadh nach raibh an nós imeachta tairisceana trédhearcach go leordhóthanach mar gheall ar easnaimh a d'fhéadfadh a bheith sa ghlao ar léiriú spéise.

Cineál neamh-idirdhealaitheach na tairisceana

(312) Cuirtear i dtábhacht i bpointe 92 den Teachtaireacht maidir le Coincheap na Cabhrach gur coinníollacha fíor-riachtanacha iad láimhseáil neamh-idirdhealaitheach na dtairgeoirí uile ag gach céim den nós imeachta agus roghnú oibiachtúil agus critéir dhámhachtana a shonraítear roimh an bpróiseas chun a áirithiú go bhfuil an t-idirbheart a eascraíonn as i gcomhréir le dálaí an mhargaidh. Thairis sin, sonraítear sa phointe sin gur cheart go mbeifí in ann comparáid agus measúnú oibiachtúil a dhéanamh ar na tairgeoirí leis na critéir chun an conradh a dhámhachtain chun cóir chomhionann a ráthú.

(313) Mar a sonraíodh thuas, (féach aithris 303), bhí an t-aon choinníoll le fáil sa ghlao ar léirithe spéise, ba é sin, nach mór do thairgeoirí a bheith in ann *'leanúnachas na seirbhíse muiriompair a ráthú'*. Bhí gach ceann de na 10 pháirtí a d'fhreagair ar an nglao agus a chuir spéis in iúl ar an eolas faoin oibleagáid sin. Measann an Coimisiún go raibh an coinníoll sin oibiachtúil agus go ndearna é soiléir go leor do gach páirtí a raibh spéis aige sa ghlao ar léirithe spéise. Sonraíodh sa chuireadh gurbh é an critéar dámhachtana an praghas ab fhearr agus sonraíodh an mhodheolaíocht chun é a ríomh (féach aithris 73). Bhí an critéar sin oibiachtúil, agus cumasaíodh leis comparáid agus measúnú oibiachtúil a dhéanamh ar na tairiscintí toisc go raibh sé bunaithe ar mhéid na lascaine a tairgeadh in aghaidh mhéid an chúitimh uasta a socraíodh sa chuireadh chun tairisceana agus ar an bpraghas a tairgeadh chun Caremar a fháil in aghaidh an phraghais íosta a socraíodh sa chuireadh chun tairisceana.

(314) Ansin iarradh ar naoi dtairgeoir leasmhara a ligeadh isteach sa chéad chéim eile den nós imeachta tairisceana tairiscint a chur isteach tar éis dóibh uile an fhaisnéis chéanna a fháil (féach aithris 73). Bhí an deis ag na tairgeoirí uile soiléirithe a iarraidh roimh an sprioc-am chun an tairiscint a chur isteach agus, chun an trédhearcacht is mó a áirithiú, d'fhoilsigh Réigiún Campania na ceisteanna ba choitianta agus a bhfreagraí roimh an sprioc-am chun na tairiscintí a chur isteach (féach aithris 73). Chuir an coiste tairisceana toradh an nós imeachta roghnúcháin in iúl go poiblí ag an seisiún poiblí a tionóladh an 29 Iúil 2013 agus cuireadh gach tairgeoir ar an eolas faoin nós imeachta fíorúcháin lánroghnach a thionscain Réigiún Campania chun oiriúnacht agus iontaofacht na tairisceana is fearr agus toradh an nós imeachta sin a fhíorú (féach aithris 73).

(315) Dá bhrí sin, réitítear amhras an Choimisiúin i gCinneadh Tosaigh 2011 go bhféadfadh sé nach raibh an glao ar léiriú spéise trédhearcach agus neamhchoinníollach go leordhóthanach. Cuireadh gach páirtí ar an eolas i gceart agus go cothrom feadh na gcéimeanna éagsúla den nós imeachta tairisceana, rud a chuir ar a gcumas tairiscint a dhéanamh agus eolas foriomlán acu ar an nós imeachta agus ar na ceanglais. Measann an Coimisiún freisin gur ceadaíodh do chomparáid agus measúnú oibiachtúil ar na tairgeoirí leis na critéir dhámhachtana.

Áirithiú go gcuirtear na seirbhísí ar fáil ar an gcostas is lú don phobal

(316) Foráiltear i bpointe 65 de Theachtaireacht SGEI, ar bhonn chásdlí na Cúirte Breithiúnais, nach n-eisiann nós imeachta soláthair phoiblí Státchabhair a bheith ann ach amháin i gcás ina ligeann sé do roghnú an tairgeora is féidir an tseirbhís a sholáthar ag 'an costas is lú don phobal'.

(317) Sa chás seo, cuireadh an conradh seirbhíse poiblí nua arna chuachadh le gnó Caremar, seachas an conradh seirbhíse poiblí féin amháin, amach chun tairisceana ar bhonn an phraghais is ísle. Chinn an Iodáil gur cheart an praghas chun gnó Caremar a dhíol a bheith níos mó ná EUR 6 000 000 (féach aithris 74), agus i gcás an chonartha seirbhíse poiblí nua shocraigh an Iodáil uasmhéid le haghaidh fhad iomlán an chonartha seirbhíse poiblí nua, faoi réir athbhreithnithe anuas.

(318) Léirítear le pointe 67 de Theachtaireacht SGEI gur léir go gcomhlíonann an praghas is ísle an ceathrú critéar *Altmark*.

(319) Tugann an Coimisiún dá aire gur chuir an Iodáil béim ar oibreoir a roghnú a chuirfeadh an tseirbhís ar fáil ar an bpraghas is ísle, agus úsáid á baint as an bhfoirmle a thuairiscítear in aithris 73. Ionchorpraítear san fhoirmle a úsáidtear chun an glanphraghas is airde a ríomh ráta coigeartaithe áirithe atá bunaithe ar an toradh ar bhannaí rialtais 9 mbliana, chun fad an chonartha a chur san áireamh. Mar a luaitear thairis sin in aithris 308, baineadh na critéir theicniúla a cuireadh isteach sa dréacht tairisceana bunaidh sular foilsíodh an tairiscint agus cuireadh ceanglais airgeadais ina n-ionad, rud lena n-áirithíodh cineál iomaíoch agus trédhearcach an nós imeachta. Ina

theannta sin, áiríodh sa chuireadh chun tairiscint a chur isteach an fhaisnéis uile ba ghá chun na tairiscintí airgeadais agus teicniúla a líonadh isteach, chomh maith le cuireadh do gach tairgeoir rochtain a fháil ar an 'seomra sonraí', áit a bhféadfaidís féachaint ar aon fhaisnéis ábhartha a bhaineann le Caremar, lena phlean tionsclaíoch agus leis an gcairt seirbhíse agus cóip a dhéanamh di, i gcás inar féidir. Dá bhrí sin, measann an Coimisiún gur chuir úsáid an phraghais is ísle mar chritéar dámhachtana le haghaidh na seirbhíse lena mbaineann arna cuachadh le díol ghnó Caremar ar a cumas don Iodáil iomaíocht éifeachtach a chruthú agus seirbhís a fháil ag a bhfuil an luach is airde is féidir ar an gcostas is lú don phobal.

(320) A mhéid a bhaineann sé go háirithe leis an tseirbhís a chuachadh le díol ghnó Caremar, i gCinneadh 2012 maidir le Síneadh, ba é réamhthuairim an Choimisiúin go mbeadh costas níos ísle don phobal mar thoradh ar an gconradh seirbhíse poiblí nua a chur ar tairiscint gan oibleagáid soithí Caremar is gá chun an tseirbhís phoiblí a dhéanamh a ghlacadh ar láimh.

(321) Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid thuas cheana féin go raibh an nós imeachta tairisceana trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach go leordhóthanach chun rannpháirtíocht a oiread tairgeoirí féideartha agus arbh fhéidir a chumasú. Go deimhin, tar éis fhoilsiú forleathan an ghlao ar léiriú spéise, d'fhreagair deich n-oibreoir mhuirí go dearfach agus ligeadh naoi n-oibreoir isteach sa chéim tairisceana. Soláthraíodh an fhaisnéis ábhartha uile maidir leis an nós imeachta tairisceana sa litir chuiridh a seoladh chuig na naoi n-oibreoir sin.

(322) Tar éis chéim an léirithe spéise, cuireadh trí thairiscint iomaíocha isteach, a ndearna Réigiún Campania meastóireacht orthu.

(323) Tá an coinníoll sainordaitheach chun leanúnachas na seirbhíse poiblí a ráthú agus cuachadh na sócmhainní leis an OSP idirghaolmhar. Go háirithe, trí dhíol Caremar a chuachadh le conradh seirbhíse poiblí nua, bíonn an faighteoir, SNAV/Rifim faoi réir an cheanglais go huathoibríoch chun leanúnachas na seirbhíse poiblí a áirithiú agus dámhtar an tosaíocht feistithe dó. Measann an Coimisiún nach bhfuil praghas níos ísle mar thoradh ar ghnó Caremar a chur ar tairiscint in éineacht leis an gconradh seirbhíse poiblí nua agus dámhachtain na tosaíochta feistithe ná nuair a chuirtear é sin i gcomparáid leis na sócmhainní agus an conradh seo a dhíol ar leithligh, ar son na gcúiseanna seo a leanas.

(324) Ní raibh baint ag gnó Caremar ach le soláthar na seirbhíse poiblí agus leis an leanúnachas críche a áirithiú. Mar sin féin, úsáideadh soithí Caremar go léir don tseirbhís phoiblí agus úsáidtear iad faoi láthair. Thairis sin, comhlíonann soithí Caremar na ceanglais theicniúla dá bhforáiltear sa chonradh seirbhíse poiblí nua. Ciallaíonn sé sin, a bhuí le díol na soithí sin mar aon le cur ar iontaoibh an chonartha seirbhíse poiblí nua, go mbeadh aon chuideachta (fiú iad siúd nach bhfuil soithí acu a chomhlíonann na ceanglais theicniúla a fhorchuirtear faoin gconradh seirbhíse poiblí nua) in ann coinníollacha an chonartha seirbhíse poiblí nua a chomhlíonadh i dtéarmaí an chineáil soithí atá le húsáid chun an tseirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta a sholáthar. Ní féidir a áitiú go bhfaigheadh díoltóir príobháideach praghas níos airde dá ndíolfaí na soithí sin nó roinnt soithí gan an coinníoll sin. Go deimhin, bhain luach shoithí Caremar háirithe lena n-oiriúnacht chun an OSP a chumhdaítear leis an gconradh seirbhíse poiblí nua a chomhlíonadh. In éagmais aon nasc leis an gconradh seirbhíse poiblí nua, mheallfadh soithí Caremar éileamh tráchtála íseal, ach amháin d'fhonn iad a cheannach le haghaidh infheistíochta, athchóirithe agus nuachóirithe thar thréimhse ghearr ama. Mar sin féin, ní dócha go ndíolfaí na soithí chun críoch loingseoireachta, ach amháin dá mbeadh an coinníoll chun leanúint den tseirbhís poiblí mar chuid den mhargadh, ar phraghas níos airde ná an méid a buiséadaíodh ina leith.

(325) Ina theannta sin, dá ndéanfaí an conradh seirbhíse poiblí a thairiscint ar leithligh ó dhíol Caremar, measann an Coimisiún nach dócha go mbeadh acmhainní suntasacha den sórt sin (a bhfuil naoi soitheach agus trealamh tionsclaíoch agus tráchtála i gceist leis) ar fáil go héasca ag tairgeoirí féideartha lena n-ath-imlonnú chun an OSP a leagtar síos sa chonradh seirbhíse poiblí nua a oibriú. Is fíor sin go háirithe ós rud é go bhfuil ceanglais shonracha sa chonradh nua maidir leis na soithí atá le húsáid ar na bealaí éagsúla seirbhíse poiblí (féach aithris 88) agus pionóis i gcás nach gcomhlíontar íoschaighdeáin cháilíochta áirithe (féach aithris 83). Is dócha go n-úsáidfeadh aon oibreoir a raibh na hacmhainní ba ghá aige iad cheana féin ar bhealaí eile agus gur cinnte go mbeadh caillteanas ioncam óna n-úsáid roimhe sin mar thoradh ar a athlonnú i gcomhréir leis an gconradh seirbhíse poiblí nua.

(326) Measann an Coimisiún, dá bhrí sin, gur ceadaíodh praghas níos airde a fháil ar shoithí Caremar trí na longa sin a chuachadh leis an gconradh seirbhíse poiblí ná an praghas a gheobhadh an Iodáil trí na soithí a dhíol ar leithligh. Ós rud é, mar mhalairt ar na soithí a oibriú ar na bealaí seirbhíse poiblí, go bhfaigheadh a bhfaighteoir cúiteamh seirbhíse poiblí ar feadh tréimhse 9 mbliana, bheadh na soithí sin níos tarraingtí ó thaobh gnó de ná mar a bheadh ar bhonn neamhspleách. Ar an mbonn sin, is é conclúid an Choimisiúin nár chuir an Iodáil coinníollacha i gceangal ar dócha go laghdóidís an praghas nó nár n-iarrfadh díoltóir príobháideach.

(327) Is é conclúid an Choimisiúin go bhfuil deireadh leis an amhras a bhí aige nach bhféadfadh costas ní b'ísle don phobal a bheith mar thoradh ar an gconradh seirbhíse poiblí nua a chur amach ar tairiscint in éineacht le gnó Caremar.

(328) I bhfianaise a bhfuil thuas, measann an Coimisiún gurb é an toradh a bhí ar úsáid an phraghais is ísle mar chritéar dámhachtana le haghaidh an chonartha seirbhíse poiblí nua arna chuachadh le gnó Caremar gur léirigh roinnt oibreoirí muirí spéis i ngnó Caremar a cheannach agus tabhairt faoin tseirbhís phoiblí mhuirí lena fhreastalaítear ar oileáin Mhurascaill Napoli.

(329) Ar bhonn a bhfuil thuas, is é conclúid an Choimisiúin go gcomhlíontar critéar Altmark 4 a mhéid a bhaineann leis an mbeart sin.

9.1.2.5. Conclúid

(330) Ós rud é go gcomhlíontar go carnach na ceithre choinníoll a leag an Chúirt Bhreithiúnais amach i gcás *Altmark* is é conclúid an Choimisiúin nach dtugtar buntáiste eacnamaíoch do Caremar ná dá fhaighteoir, SNAV/Rifim, le dámhachtain an chonartha seirbhíse poiblí nua arna chuachadh le gnó Caremar agus leis an tosaíocht feistithe.

(331) Ós rud é nach gcomhlíontar gach ceann de na critéir a leagtar síos in Airteagal 107(1) CFAE, is é conclúid an Choimisiúin nach Státchabhair é dámhachtain an chonartha seirbhíse poiblí arna chuachadh le príobháidiú Caremar agus leis an tosaíocht feistithe do Caremar agus dá fhaighteoir SNAV/Rifim de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE.

9.1.3. *Na bearta a leagtar síos le Dlí 163/2010*

(332) Ba é réamhthuairim an Choimisiúin i gCinneadh Tosaigh 2011 gurb ionann na bearta uile a leagtar síos le Dlí Foraithne 125/2010 arna thiontú le leasuithe i nDlí 163/2010 agus Státchabhair i bhfabhar chuideachtaí iar-Ghrúpa Tirrenia, Caremar san áireamh, a mhéid a bhí na tairbhithe faoi seach in ann na bearta sin a úsáid chun riachtanais leachtachta a chumhdach agus ar an gcaoi sin a staid airgeadais fhoriomlán a fheabhsú.

(333) Ar bhonn na faisnéise a fuarthas le linn an imscrúdaithe fhoirmiúil, measann an Coimisiún gur cheart measúnú a dhéanamh ar na trí bheart ar leithligh.

9.1.3.1. Úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as cistí chun longa a uasghrádú chun críoch leachtachta

(334) Acmhainní stáit: dheonaigh an Stát na cistí atá i gceist óna bhuiséad féin (féach aithris 130) agus cumasaíodh a n-úsáid chun críoch leachtachta le Dlí 163/2010. Tá an beart inchurtha i leith an Stáit dá bhrí sin agus tugtar é trí acmhainní Stáit.

(335) Roghnaíocht: níor deonaíodh an beart sin ach do chuideachtaí iar-Ghrúpa Tirrenia, Caremar san áireamh, agus dá bhrí sin tá sé roghnaíoch.

(336) Buntáiste eacnamaíoch: de réir na hIodáile, bhain Caremar tairbhe as na cistí atá i gceist le haghaidh obair nuachóirithe ar a chabhlach chun é a thabhairt i gcomhréir le caighdeáin sábháilteachta idirnáisiúnta. Bhain dhá aonad de chabhlach Caremar le cuid de na hoibreacha a aistríodh saor in aisce chuig Laziomar (féach aithris 203). De réir na hIodáile, níor úsáideadh na cistí sin riamh chun críoch leachtachta (féach aithris 203) agus níor aimsigh an Coimisiún aon fhianaise chun tacú lena mhalairt.

(337) Ós rud é nár úsáid Caremar na cistí sin chun críoch leachtachta chun costais a sheachaint, a mbeadh air iad féin a chumhdach de ghnáth trí bhíthin a acmhainní airgeadais féin, níl an t-amhras a cuireadh in iúl i gCinneadh Tosaigh 2011 bailí a thuilleadh agus measann an Coimisiún nár tugadh aon bhuntáiste eacnamaíoch do Caremar dá bhrí sin trí úsáid a bhaint as na cistí sin.

(338) Conclúid: ós rud é nach gcomhlíontar gach ceann de na critéir a leagtar síos in Airteagal 107(1) CFAE, is é conclúid an Choimisiúin nach Státchabhair é an beart de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE.

9.1.3.2. Díolúintí fioscacha a bhaineann leis an bpróiseas príobháidithe

(339) Mar a thugtar tuairisc air in aithris 102 (a), de bhun Airteagal 1 de Dhlí 163/2010, tá gníomhartha agus oibríochtaí áirithe a dhéantar chun Grúpa Tirrenia a phríobháidiú agus a dtugtar tuairisc orthu in Airteagal 19-*ter,* míreanna 1 go 15, de Dhlí Foraithne 135/2009, arna thiontú le modhnuithe ina Dhlí 166/2009, díolmhaithe ó aon cháin a bhíonn dlite de ghnáth ar na gníomhartha agus na hoibríochtaí sin.

(340) Tugann an Coimisiún dá aire ar dtús nach mór measúnú a dhéanamh ar dhá thacar aistrithe ar leith: (i) aistrithe iar-fhochuideachtaí Tirrenia Caremar, Saremar agus Toremar ó Tirrenia chuig Réigiúin Campania, na Sairdíne agus na Tuscáine; (ii) aistriú Caremar ó Réigiún Campania go SNAV/Rifim. Is iad na cánacha atá díolmhaithe go háirithe ná dleacht chlárúcháin, táillí cláraithe clár talún agus morgáiste, dleacht stampála, CBL agus cáin ioncaim chorparáideach. Is iad an díoltóir, an ceannaitheoir, nó an dá pháirtí, a bheadh mar thairbhithe an bhirt chabhrach sin. Ní bhaineann an Cinneadh seo ach leis an dara haistriú. ([211])

(341) Ar dtús, tugann an Coimisiún dá aire, faoi Fhoraithne Uimh. 633 ón Uachtarán an 26 Deireadh Fómhair 1972, nach meastar gur soláthar earraí iad aistrithe gnóthas leantach ná aonad gnó chuig cuideachta eile agus, dá bhrí sin, nach dtagann siad faoi raon feidhme CBL. Dá bhrí sin, ós rud é nach bhfuil idirbhearta amhail díol Caremar le SNAV/Rifim faoi réir CBL, ní fhéadfadh an díolúine chánach buntáiste a thabhairt do Caremar maidir le CBL. Thairis sin, tugann an Coimisiún dá aire go luaitear go soiléir sa chonradh díolacháin le haghaidh Caremar nach mór don cheannaitheoir, i.e. SNAV/Rifim, na costais uile a bhaineann leis an díol a íoc (i.e. táillí clárúcháin, costais nótaire, clárlann talún, táillí clárúcháin morgáiste, dleacht stampála etc.), gan tagairt d'aon díolúine atá ag SNAV/Rifim maidir leis na costais sin. A mhéid a bhaineann leis an díolúine ó cháin ioncaim chorparáide, níl feidhm ag an gcáin sin ach amháin maidir leis an ioncam a ghineann an t-eintiteas inchánach. Sa chás seo, áfach, cheannaigh SNAV/Rifim Caremar ó Réigiún Campania, rud a chiallaíonn gur speansas le haghaidh SNAV/Rifim a bhí san idirbheart sin agus dá thoradh sin ní fhéadfadh aon cháin chorparáide a bheith dlite. Dá bhrí sin, níl feidhm ag an mbeart sin maidir le SNAV/Rifim. Is é conclúid an Choimisiúin, i bhfianaise an mhéid thuas, nár thairbhigh Caremar ná SNAV/Rifim de na díolúintí fioscacha sin.

(342) Ar na cúiseanna sin, ní Státchabhair aon cheann de na díolúintí cánach a luaitear de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE.

9.1.3.3. An fhéidearthacht a bhaineann le hacmhainní FAS a úsáid chun freastal ar riachtanais leachtachta

(343) I gCinneadh Tosaigh 2011 agus i gCinneadh 2012 maidir le Síneadh, shainaithin an Coimisiún an fhéidearthacht go n-úsáidfeadh (iar) cuideachtaí Ghrúpa Tirrenia, lena n-áirítear Caremar, acmhainní FAS ([212]) chun freastal ar riachtanais leachtachta reatha. Mar sin féin, le linn an phróisis imscrúdaithe fhoirmiúil, shoiléirigh an Iodáil nach raibh acmhainní FAS ceaptha le bheith ina gcúiteamh breise le haghaidh Caremar ná SNAV/Rifim (nó aon cheann eile de chuideachtaí iar-Ghrúpa Tirrenia ná a bhfaighteoirí faoi seach). Ina ionad sin, cuireadh na hacmhainní sin ar fáil mar fhorlíonadh ar na leithreasuithe buiséid chun na cúitimh seirbhíse poiblí a íoc le cuideachtaí den iar-Ghrúpa Tirrenia, dá dtarlódh sé nár leordhóthanach na leithreasuithe buiséid sin. Go deimhin, le hAirteagal 1, mír 5-*ter,* de Dhlí 163/2010 cuireadh ar a gcumas do na Réigiúin acmhainní FAS a úsáid chun cuid den chúiteamh seirbhíse poiblí tráthrialta a mhaoiniú agus leanúnachas na seirbhísí poiblí muirí a áirithiú ar an gcaoi sin. I bhfocail eile, ní bhaineann an beart seo ach le leithdháileadh acmhainní i mbuiséad Stáit na hIodáile chun na cúitimh seirbhíse poiblí a íoc.

([211]) Rinneadh measúnú ar an gcéad tacar aistrithe i gCinneadh (AE) 2020/1412 (féach aithrisí 417 agus ff. den chinneadh sin).
([212]) Acmhainní *Fondo Aree Sottoutilizzate,* féach aithris 102 (b).

(344) I bhfianaise an mhéid thuas, is é conclúid an Choimisiúin nach bhfuil in acmhainní FAS ach foinse mhaoinithe chun ligean don Stát na cúitimh seirbhíse poiblí a íoc (a dheonaítear ar bhonn an Choinbhinsiúin Tosaigh fhadaithe) agus nach beart ar leithligh iad ar féidir le Caremar tairbhe a bhaint as sa bhreis ar na cúitimh seirbhíse poiblí sin. Dá bhrí sin, ní Státchabhair í úsáid fhéideartha acmhainní FAS de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE.

9.1.4. *An chonclúid maidir le cabhair a bheith ann*

(345) Ar bhonn an mheasúnaithe thuas, suíonn an Coimisiún:

— is Státchabhair de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE é an cúiteamh a deonaíodh do Caremar as bealaí muirí a oibriú sa tréimhse ón 1 Eanáir 2009 go dtí an 31 Iúil 2012 (i.e. fadú an Choinbhinsiúin tosaigh) agus an tosaíocht feistithe atá nasctha le soláthar na seirbhísí sin;

— maidir le dámhachtain an chonartha seirbhíse poiblí nua le haghaidh na tréimhse ón 16 Iúil 2015 go dtí an 15 Iúil 2024, arna chuachadh le príobháidiú Caremar agus leis an tosaíocht feistithe atá nasctha le soláthar na seirbhísí sin, comhlíontar na ceithre chritéar *Altmark* agus, dá bhrí sin, ní Státchabhair í de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE;

— ós rud é nár úsáid Caremar na cistí chun longa a uasghrádú chun críoch leachtachta, mar a chumasaítear le Dlí 163/2010, ní Státchabhair do Caremar é an beart sin de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE;

— ní Státchabhair do Caremar ná SNAV/Rifim iad na díolúintí fioscacha a bhaineann le próiseas príobháidithe Caremar de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE;

— ní Státchabhair de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE í an fhéidearthacht acmhainní FAS a úsáid chun freastal ar riachtanais leachtachta, mar a leagtar síos le Dlí 163/2010.

9.2. **Dlíthiúlacht na cabhrach**

(346) Cuireadh na bearta cabhrach faoi raon feidhme an Chinnidh seo i bhfeidhm sula ndearna an Coimisiún iad a fhormheas go foirmiúil. Dá bhrí sin, a mhéid nach raibh na bearta cabhrach sin díolmhaithe ó fhógra a thabhairt faoi Chinneadh 2005/842/CE nó faoi Chinneadh 2012/21/AE, dheonaigh an Iodáil iad de shárú ar Airteagal 108(3) CFAE ([213]).

9.3. **Comhoiriúnacht na cabhrach**

(347) Ní mór measúnú a dhéanamh ar chomhoiriúnacht an chúitimh seirbhíse poiblí arna dheonú do Caremar faoin gCoinbhinsiún Tosaigh fadaithe agus faoin tosaíocht feistithe nasctha i bhfianaise Airteagal 106(2) CFAE.

(348) Mar a tugadh le fios thuas (roinn 3.1.1), rinneadh an Coinbhinsiún Tosaigh a fhadú tar éis dheireadh 2008 le gníomhartha dlíthiúla ina dhiaidh sin, mar a leanas:

(a) Le Dlí Foraithne 207/2008, arna thiontú i nDlí 14/2009, leagadh síos fadú an Choinbhinsiúin Tosaigh ón 1 Eanáir 2009 go dtí an 31 Nollaig 2009;

(b) Le Dlí Foraithne 135/2009, arna thiontú i nDlí 166/2009, leagadh síos *inter alia* fadú an Choinbhinsiúin Tosaigh ón 1 Eanáir 2010 go dtí an 30 Meán Fómhair 2010;

(c) Le Dlí Foraithne 125/2010, arna thiontú i nDlí 163/2010, rinneadh foráil maidir le fadú breise ar an gCoinbhinsiún Tosaigh ón 1 Deireadh Fómhair 2010 go dtí deireadh phróisis phríobháidithe Tirrenia agus Siremar.

(349) Ina fhianaise sin, tugann an Coimisiún dá aire gur tháinig na trí fhadú sin i bhfeidhm roimh theacht i bhfeidhm Chinneadh 2012/21/AE an 31 Eanáir 2012 agus Chreat SGEI 2011. Mar sin féin, tá rialacha in Airteagal 10 de Chinneadh 2012/21/AE agus i bpointe 69 de Chreat SGEI 2011 lena bhforáiltear go gcuirfear i bhfeidhm iad freisin maidir le cabhair a deonaíodh sular tháinig siad i bhfeidhm.

([213]) Déanfaidh an Coimisiún measúnú arbh amhlaidh a bhí an scéal i ndáiríre i roinn 5.3.1.

(350) Go háirithe, foráiltear an méid seo a leanas in Airteagal 10(a) de Chinneadh 2012/21/AE: 'aon scéim chabhrach a cuireadh i bhfeidhm roimh theacht i bhfeidhm an Chinnidh sin (i.e. roimh an 31 Eanáir 2012), a bhí comhoiriúnach leis an margadh inmheánach agus díolmhaithe ón gceanglas fógra a thabhairt i gcomhréir le Cinneadh 2005 maidir le seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta, go leanfaidh sí ar aghaidh de bheith comhoiriúnach agus díolmhaithe go ceann tréimhse 2 bhliain eile'. Ciallaíonn sé sin go measfar cabhair a deonaíodh sa tréimhse idir teacht i bhfeidhm Chinneadh 2005/842/CE an 19 Nollaig 2005 agus teacht i bhfeidhm Chinneadh 2012/21/AE an 31 Eanáir 2012 a bheith comhoiriúnach leis an margadh inmheánach ach ón dáta a deonaíodh í go dtí an 30 Eanáir 2014, an dáta sin san áireamh, agus ón dáta sin amháin. Thairis sin, luaitear an méid seo a leanas in Airteagal 10(b): 'aon chabhair a cuireadh i bhfeidhm roimh theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo [i.e., roimh an 31 Eanáir 2012] nach raibh comhoiriúnach leis an margadh inmheánach ná nach raibh díolmhaithe ón gceanglas fógra a thabhairt i gcomhréir le Cinneadh 2005/842/CE ach a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar síos sa Chinneadh seo; beidh sí comhoiriúnach leis an margadh inmheánach agus díolmhaithe ón gceanglas fógra a thabhairt roimh ré.'

(351) A mhéid a bhaineann le Creat SGEI 2011, sonraítear i bpointí 68 agus 69 go gcuirfidh an Coimisiún na prionsabail a leagtar amach sa Chreat sin i bhfeidhm maidir le gach tionscadal cabhrach dá dtugtar fógra, cibé acu roimh an 31 Eanáir 2012 nó ina dhiaidh sin a tugadh an fógra, agus maidir le gach cabhair neamhdhleathach a ndéanann sé cinneadh ina leith tar éis an 31 Eanáir 2012, fiú má deonaíodh an chabhair sin roimh an 31 Eanáir 2012. Sa chás deireanach sin, ní hinfheidhme iad forálacha phointí 14, 19, 20, 24, 39 agus 60 de Chreat SGEI 2011.

(352) I bhfianaise an mhéid thuas, ciallaíonn na rialacha maidir le cur i bhfeidhm Chinneadh 2005/842/CE agus Chinneadh 2012/21/AE agus Chreat SGEI 2011 mar a thuairiscítear thuas gur féidir measúnú a dhéanamh ar an gcúiteamh seirbhíse poiblí a deonaíodh do Caremar sa tréimhse ón 1 Eanáir 2009 go dtí an 31 Iúil 2012 le linn an Choinbhinsiúin Tosaigh fhadaithe faoi Chinneadh 2005/842/CE nó, mura gcumhdaítear an chabhair le Cinneadh 2005/842/CE, faoi Chreat SGEI 2011 (gan forálacha phointí 14, 19, 20, 24, 39 agus 60 de Chreat SGEI 2011 a chur san áireamh toisc gur glacadh faduithe uile an Choinbhinsiúin Tosaigh roimh an 31 Eanáir 2012) ([214]).

(353) Tugann an Coimisiún dá aire nach bhfuil feidhm ag Cinneadh 2005/842/CE agus Cinneadh 2012/21/AE araon ach amháin maidir le Státchabhair i bhfoirm cúiteamh seirbhíse poiblí ar naisc mhuirí le hoileáin nach mó ná 300 000 paisinéir an meántrácht bliantúil orthu le linn an 2 bhliain airgeadais roimh an mbliain inar sannadh an tseirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta.

(354) Leis na figiúirí a chuir an Iodáil i láthair (féach Táblaí 3 agus 9 in aithrisí 175 agus 176), ní féidir teacht ar an gconclúid nár mhó an meántrácht paisinéirí bliantúil le linn an 2 bhliain airgeadais roimh gach fadú den Choinbhinsiún Tosaigh ná 300 000 paisinéir. Go deimhin, tá na sonraí a sholáthraítear os cionn na tairsí sin ([215]) nó tá siad neamhiomlán ([216]).

(355) Dá bhrí sin, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann an cúiteamh seirbhíse poiblí a deonaíodh do Caremar chun na bealaí muirí a oibriú faoin gCoinbhinsiún Tosaigh fadaithe (i.e. na hocht mbealach i Murascaill Napoli a oibríodh sa tréimhse 1 Eanáir 2009 – 31 Iúil 2012 agus na trí bhealach in oileánra Pontino a oibríodh sa tréimhse 1 Eanáir 2009 – 31 Bealtaine 2011) coinníollacha Chreat SGEI 2011. Mar a luaitear in aithris 351, ós rud é gur deonaíodh cabhair roimh an 31 Eanáir 2012 (i.e. teacht i bhfeidhm Chreat SGEI 2011), tá Creat SGEI 2011 fós infheidhme, cé is moite d'fhorálacha phointí 14, 19, 20, 24, 39 agus 60.

([214]) Cuireadh síneadh trí huaire leis an gCoinbhinsiún Tosaigh: an 30 Nollaig 2008 (go dtí an 31 Nollaig 2009), an 25 Meán Fómhair 2009 (go dtí an 30 Meán Fómhair 2010), agus an 5 Lúnasa 2010 (go dtí an 31 Iúil 2012).

([215]) Is amhlaidh an cás maidir le trácht paisinéirí ar bhealaí Capri/Sorrento in 2009 agus 2010 agus Capri/Napoli in 2009, 2010, 2011 agus 2012.

([216]) Maidir leis an gcéad fhadú agus an dara fadú (30 Nollaig 2008 agus 25 Meán Fómhair 2009), níor sholáthair an Iodáil sonraí don dá bhliain roimh an bhfadú ábhartha. Maidir leis an tríú fadú, (5 Lúnasa 2010), sholáthair an Iodáil sonraí le haghaidh na mblianta 2009 agus 2010, ach níor sholáthair sí sonraí le haghaidh 2008. In aon chás, le haghaidh na mblianta sin, is iad na sonraí fiúntacha amháin na sonraí sin a bhaineann leis na bealaí Capri/Sorrento agus Capri/Napoli, ach le haghaidh na mbealaí eile soláthraíodh iad i bhfoirm chomhiomlánaithe, i.e., le haghaidh bhealach Ischia/Procida/Napoli gan na deighleoga Ischia/Procida, Procida/Napoli agus Ischia/Napoli a dheighilt, agus le haghaidh bhealach Ischia/Procida/Pozzuoli gan an deighleog Procida/Pozzuoli a dheighilt. Maidir le 2010, cé is moite de na bealaí Capri/Sorrento agus Capri/Napoli, soláthraíodh sonraí i bhfoirm chomhiomlánaithe.

9.3.1. *Fíorsheirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta*

(356) De réir phointe 12 de Chreat SGEI 2011, 'ní mór an chabhair a dheonú do sheirbhís a ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta léi agus atá sainithe i gceart dá dtagraítear in Airteagal 106(2) den Chonradh'. Soiléirítear i bpointe 13 'nach féidir le Ballstáit OSP sonrach a cheangal le seirbhísí atá á soláthar cheana féin ag gnóthais a oibríonn faoi ghnáthdhálaí margaidh nó ar féidir le gnóthais a oibríonn faoi ghnáthdhálaí margaidh iad a sholáthar go sásúil agus faoi choinníollacha, amhail praghas, saintréithe cáilíochta oibiachtúla, leanúnachas agus rochtain ar an tseirbhís, i gcomhréir le leas an phobail, mar a shainíonn an Stát. Maidir leis an gceist cibé acu a d'fhéadfadh nó nach bhféadfadh an margadh seirbhís a sholáthar, tá measúnú an Choimisiúin teoranta do sheiceáil cibé acu atá nó nach bhfuil sainiú an Bhallstáit curtha ó bhail mar gheall ar earráid fhollasach, mura soláthraítear caighdeán níos doichte le forálacha dhlí an Aontais'. Ar deireadh, tagraítear i bpointe 56 de Chreat SGEI 2011 do 'chorrlach lánroghnach leathan an Bhallstáit' maidir leis an gcineál seirbhísí a d'fhéadfaí a aicmiú mar sheirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta.

(357) Ní mór an measúnú ar cibé acu atá nó nach bhfuil seirbhísí lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta fíor a dhéanamh freisin i bhfianaise Theachtaireacht SGEI (féach aithrisí 170 agus 186), Rialachán (CEE) Uimh. 3577/92 (féach aithrisí 173, 174 agus 175) agus an chásdlí (féach aithrisí 176 agus 177). Dá bhrí sin, ní mór don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar an méid seo a leanas maidir leis an tréimhse fadaithe:

(a) an raibh, nó nach raibh, **éileamh ó úsáideoirí ann**;

(b) cibé acu an raibh, nó nach raibh, na hoibreoirí margaigh in ann an t-éileamh sin a chomhlíonadh in éagmais oibleagáid a fhorchuireann na húdaráis phoiblí (**teip mhargaidh a bheith ann**);

(c) nár leor dul i muinín OSP chun an ganntanas sin a leigheas (**an cur chuige is lú díobháil**).

Éileamh ó úsáideoirí

(358) Faoin gCoinbhinsiún Tosaigh fadaithe, cuireadh ar iontaoibh Caremar seirbhísí muiriompair sceidealta do phaisinéirí agus feithiclí (lena n-áirítear feithiclí tarrthála) a sholáthar ar rátaí réamhchinntithe, trí bháid farantóireachta agus soithí tapa (rud a chiallaíonn TMV i gcás seirbhísí measctha nó duillárthach i gcás seirbhísí do phaisinéirí amháin) de réir na sceideal a léirítear sa chlár muiriompair arna leagan amach ag Réigiún Campania, mar a chuirtear i láthair i roinn 3.3.1. Bhain an OSP a forchuireadh ar Caremar leis na calafoirt a bhfreastalaítear orthu, leis an gcineál soithí a shanntar do na naisc mhuirí a oibrítear faoin gcóras seirbhíse poiblí, le minicíocht, sceideal ama agus leanúnachas na seirbhíse, le cáilíocht na seirbhíse, agus leis na huastáillí atá le gearradh (féach aithrisí 40 go 44). Bhí na hoibleagáidí seirbhíse poiblí a forchuireadh ar Caremar tráth na bhfaduithe (i.e. an 1 Eanáir 2009, an 1 Eanáir 2010 agus an 1 Deireadh Fómhair 2010) mar an gcéanna leo siúd dá bhforáiltear faoin gCoinbhinsiún Tosaigh (féach aithris 37).

(359) Meabhraíonn an Coimisiún ar dtús gur fhorchuir an Iodáil an OSP a leagtar síos sa Choinbhinsiún Tosaigh chun leanúnachas críche idir an mhórthír agus na hoileáin a áirithiú den chuid is mó agus chun rannchuidiú le forbairt eacnamaíoch na n-oileán lena mbaineann, trí sheirbhísí muiriompair rialta iontaofa. Ba é conclúid an Choimisiúin cheana féin (féach aithris 242) gur cuspóirí leasa phoiblí iad sin.

(360) A mhéid a bhaineann le héileamh úsáideoirí, tá feidhm ag na breithnithe a cuireadh in iúl cheana in aithrisí 243 agus 244 maidir leis an gCoinbhinsiún Tosaigh fadaithe freisin. Go deimhin, léirítear leis na staitisticí mionsonraithe de réir bealaigh a sholáthair an Iodáil maidir leis na paisinéirí, na feithiclí agus an lasta a d'iompair Caremar sna blianta ó 2009 go 2012 go raibh éileamh suntasach ar na bealaí a bhfreastalaíonn Caremar orthu, éileamh a d'fhan seasta le himeacht ama (féach aithris 174).

Teip mhargaidh a bheith ann

(361) A mhéid a bhaineann le teip mhargaidh a bheith ann ar na bealaí a bhfreastalaíonn Caremar i Murascaill Napoli orthu, ar na cúiseanna a mhínítear in aithrisí 362 go 366 thíos, measann an Coimisiún go bhfuil feidhm freisin ag an gconclúid ar tháinig an Coimisiún uirthi maidir leis an staid iomaíoch a bhí ann tráth a cuireadh an conradh seirbhíse poiblí nua ar iontaoibh (féach aithris 259) maidir leis an tréimhse 2009 – 2012, i.e. tráth fhaduithe an Choinbhinsiúin Tosaigh.

(362) Ar an gcéad dul síos, bhí na bealaí seirbhíse poiblí a d'oibrigh Caremar le linn an Choinbhinsiúin Tosaigh fadaithe i Murascaill Napoli (i.e. sa tréimhse ón 1 Eanáir 2009 go dtí an 31 Iúil 2012) mar an gcéanna leis na bealaí a cuireadh ar a iontaoibh faoin gconradh seirbhíse poiblí nua (féach aithrisí 34(a) agus (84)) agus nach raibh ach difríocht an-bheag idir an OSP a forchuireadh ar Caremar sa tréimhse sin agus na bealaí a forchuireadh faoin gconradh seirbhíse poiblí nua i dtéarmaí minicíochtaí agus tráthchlár, mar a leagtar amach in aithris 39. Go deimhin, faoin gconradh seirbhíse poiblí nua agus faoin gCoinbhinsiún Tosaigh fadaithe araon, bhí Caremar faoi réir na n-oibleagáidí céanna maidir le leanúnachas, minicíocht, rialtacht, poncúlacht, oibleagáidí maidir le líon, cineál agus toilleadh na soithí a sannadh do na bealaí OSP, oibleagáidí taraife, agus oibleagáidí maidir le cáilíocht na seirbhíse.

(363) I dtéarmaí minicíochtaí agus tráthchlár, bhí an clár muiriompair ábhartha do Caremar ar na bealaí sin le haghaidh na tréimhse ón 16 Eanáir 2012 go dtí an 31 Iúil 2012 leagtha amach ag Réigiún Campania i gCinneadh Feidhmiúcháin Réigiúnach Uimh. 443 an 9.8.2011 arna leasú le Cinneadh Feidhmiúcháin Réigiúnach Uimh. 857 an 30.12.2011. Ba ionann an clár sin agus an clár ar ar a bhonn a forchuireadh na hoibleagáidí faoin gconradh seirbhíse poiblí nua (féach aithrisí 83) go 85). Idir an 1 Eanáir 2009 agus an 15 Eanáir 2012, bhí Caremar faoi réir an chláir muiriompair a leag Réigiún Campania amach i gCinneadh Feidhmiúcháin Réigiúnach Uimh. 548 an 1 Aibreán 2007 a glacadh faoin gCoinbhinsiún Tosaigh (féach aithris 36). Tugann an Coimisiún dá aire go raibh na difríochtaí idir clár 2007 agus clár 2011 (mar a leagtar amach in aithris 39) an-bheag, agus gurbh é an ngá atá le seirbhísí Caremar a dhéanamh chomh gar agus is féidir do riachtanais mhuiriompair na bpobal áitiúil ba chúis leo. Mar a mhínigh an Iodáil (aithrisí 178 go 181), leagtar síos an creat nós imeachta le haghaidh sainiú an OSP in earnáil an mhuiriompair ag Réigiún Campania le hAirteagal 17 de Dhlí Réigiúnach Uimh. 3 an 28 Márta 2002 lena ndéantar foráil maidir le fíorú tráthrialta, agus nuashonrú más gá, ar raon feidhme an OSP arna fhorchur ar oibreoirí muiriompair, lena n-áirítear Caremar. Dá réir sin, in 2010 sheol Réigiún Campania comhairliúchán poiblí maidir le raon feidhme an OSP arna oibriú ag Caremar faoin gCoinbhinsiún Tosaigh fadaithe, as ar eascair nuashonrú ar mhinicíochtaí agus ar thráthchláir, ní hamháin maidir le Caremar ach freisin maidir le gach soláthraí seirbhíse OSP i Murascaill Napoli, arna fhormheas le Cinneadh Feidhmiúcháin Réigiúnach Uimh. 443 an 9 Lúnasa 2011. Rinneadh coigeartú imeallach ar an nuashonrú sin le Cinneadh Feidhmiúcháin Réigiúnach Uimh. 857 an 30 Nollaig 2011 maidir le seirbhísí Caremar, chun iarrataí breise ó Bhardas Procida a chur san áireamh, ar iarrataí iad a measadh nach ndearnadh seirbhísiú leordhóthanach orthu faoin gclár muiriompair arna fhormheas le Cinneadh Feidhmiúcháin Réigiúnach Uimh. 443 an 9 Lúnasa 2011.

(364) Mar a mhínigh an Iodáil (féach aithris 184), bhí staid iomaíoch na n-ocht mbealach a d'oibrigh Caremar i Murascaill Napoli sa tréimhse 1 Eanáir 2009 – 15 Eanáir 2012, is é sin, tráth fhaduithe an Choinbhinsiúin Tosaigh, an-chosúil leis an staid sa tréimhse 2012 – 2015, i.e. sular cuireadh an conradh seirbhíse poiblí nua ar iontaoibh, a ndéantar measúnú air in aithrisí 249 go 259. Mar eisceacht air sin, mar a luaigh an Iodáil (aithris 183), idir deireadh mhí na Nollag 2010 agus an 1 Deireadh Fómhair 2011, ba é Caremar an t-aon oibreoir muirí a bhí ag fónamh faoi OSP do na bealaí Capri/Sorrento, Capri/Napoli, Ischia/Napoli, Ischia/Procida/Napoli, Ischia/Procida/Pozzuoli, Ischia/Procida, agus Procida/Napoli; agus gur oibrigh Gestour agus Procida Lines an bealach Procida/Pozzuoli faoi OSP, ós rud é gur dhiúltaigh gach oibreoir loingseoireachta eile na seirbhísí a sholáthar faoi OSP sa tréimhse sin. Sa tréimhse sin, b'éigean do Réigiún Campania raon feidhme an OSP a fhorchuireadh ar Caremar (i dtéarmaí minicíochtaí agus tráthchláir) a mhéadú chun déileáil leis an mbriseadh tobann ar na seirbhísí a sholáthair cuid d'iomaitheoirí Caremar. Is léiriú soiléir é an briseadh tobann sin nach bhféadfadh an pobal áitiúil brath go hiomlán ar na seirbhísí OSP a sholáthair iomaitheoirí Caremar.

(365) I bhfianaise an mhéid thuas agus bunaithe freisin ar an bhfaisnéis a chuir iomaitheoirí Caremar ar fáil ina mbarúlacha (féach aithrisí 150, 151, 161, agus 168), tugann an Coimisiún an méid seo a leanas dá aire:

(a) A mhéid a bhaineann leis an mbealach **Capri/Sorrento**, sa tréimhse 2009 – 2011 ba é Caremar an t-aon oibreoir amháin a sholáthair seirbhísí measctha ar an mbealach i rith na bliana. Go deimhin, níor sholáthair iomaitheoirí Caremar ach seirbhísí muiriompair do phaisinéirí (ba é sin an cás le NLG agus Alimar ([217])) nó d'oibrigh siad seirbhísí measctha freisin ach i dtréimhse an tsamhraidh amháin (ba é sin an cás le SNAV ([218]) agus Aligruson ([219])). Ós rud é nár tháinig aon athrú ar na seirbhísí a sholáthair SNAV agus Aligruson le linn na tréimhse 2009 - 2012 (féach aithris 185 (a)), agus nár athraigh seirbhísí Caremar ach go fíorbheag idir 2009 agus 2012, go príomha mar gheall ar choigeartuithe teoranta ar na tráthchláir (féach aithris 39 (a)), measann an Coimisiún nach ndearna an Iodáil earráid fhollasach trína mheas go raibh teip mhargaidh ann a mhéid a bhaineann le seirbhísí muiriompair measctha a sholáthar ar an mbealach sin.

([217]) Níor oibrigh Alimar ach in 2009 agus 2010.

([218]) A mhéid a bhaineann leis na seirbhísí measctha, údaraíodh do SNAV deich seoladh laethúla a oibriú le TMV (sé cinn ó Capri go Sorrento ar 7.35 a.m., 9.15 a.m., 12.10, 15.55, 17.40, agus 18.05; agus ceithre cinn ó Sorrento go Capri ar 8.10 a.m., 11.25 a.m., 13.50, 16.35) i dtréimhse an tsamhraidh amháin (go háirithe, ón 1 Aibreán go dtí an 3 Samhain).

([219]) Maidir leis na seirbhísí measctha, údaraíodh do Aligruson ceithre sheoladh laethúla a oibriú (dhá sheoladh ó Sorrento go Capri ar 11.30 a.m. agus 14.00; agus dhá sheoladh ó Capri go Sorrento ar 12.30 agus 18.05) i dtréimhse an tsamhraidh amháin.

(b) A mhéid a bhaineann le bealach **Capri/Napoli**, sa tréimhse 2009 – 2011 ba é Caremar an t-aon oibreoir amháin a sholáthair seirbhísí measctha ar an mbealach i rith na bliana. Go deimhin, níor sholáthair iomaitheoirí Caremar (SNAV, NLG, Neapolis agus Metrò del Mare) ar an mbealach ach seirbhísí muiriompair do phaisinéirí agus ní i gcónaí i rith na bliana (féach aithris 185 (b). Mar a mhínítear in aithris 252, ní fhéadfaí a mheas gur rogha mhalartach iad na seirbhísí do phaisinéirí ar na seirbhísí measctha toisc gur fhág siad cuid thábhachtach d'éileamh na n-úsáideoirí gan freastal orthu, is é sin, éileamh ar iompar feithiclí (lena n-áirítear otharcharranna) agus ar sheirbhísí poist. Thairis sin, in 2009 agus 2010, níor soláthraíodh aon seirbhís do phaisinéirí go laethúil i rith na bliana faoi dhálaí an mhargaidh (faoi OSP amháin). In 2011 thosaigh oibreoirí margaidh ag oibriú roinnt seirbhísí faoi dhálaí an mhargaidh i rith na bliana, go háirithe cúig sheoladh ag Neapolis (ó Capri ar 8.50 a.m., 14.10, agus 17.30; agus ó Napoli ar 10.00 a.m., 16.05) agus dhá sheoladh ag NLG (ó Capri ar 9.35 a.m. agus ar 11.35 a.m.), rud nár leor ann féin chun leanúnachas a ráthú idir Capri agus an mhórthír. Ar dtús, ní raibh aon cheann de na seirbhísí sin go luath ar maidin (is é sin, idir 5.00 a.m. agus 8.30 a.m.), rud atá ina am den lá a raibh seirbhísí ag teastáil go mór ó chomaitéirí. Ar an dara dul síos, d'fhreastail na seirbhísí margaidh ar éileamh turasóireachta den chuid is mó toisc go raibh siad ann ag amanna den lá nach raibh oiriúnach do mhic léinn agus d'oibrithe. Go deimhin, bhí formhór na seoltaí a chuir iomaitheoirí Caremar ar fáil le linn na bliana faoi réir OSP, rud a thugann le fios i bprionsabal nach soláthrófaí iad leis an margadh gan forchur foirmiúil ó na húdaráis phoiblí. Mar a mhínigh an Iodáil, áfach, níor ráthaigh forchur OSP an tseirbhís fiú mar is léir ón bhfíoras gur scoir iomaitheoirí Caremar, idir deireadh mhí na Nollag 2010 agus an 1 Deireadh Fómhair 2011, de na seirbhísí OSP a sholáthar ar roinnt bealaí, lena n-áirítear an bealach Capri/Napoli (féach aithris 183 (b)). Ina fhianaise sin, measann an Coimisiún nach ndearna an Iodáil earráid fhollasach trína mheas go raibh teip mhargaidh ann a mhéid a bhaineann le seirbhísí muiriompair measctha a sholáthar ar an mbealach sin.

(c) Maidir leis an mbealach díreach **Ischia/Napoli**, sa tréimhse 2009-2011 chuir Caremar seirbhísí measctha ar fáil ar bhád farantóireachta in iomaíocht le Medmar agus seirbhísí paisinéirí ar dhuillárthach in iomaíocht le Alilauro. Léiríonn an staid iomaíoch ar thug an Iodáil tuairisc uirthi (féach aithris 185 (c)) nár leor na seirbhísí a sholáthair iomaitheoirí Caremar chun riachtanais phoiblí an phobail áitiúil a shásamh. Ar an gcéad dul síos, níor sholáthair iomaitheoirí Caremar aon seirbhís ar théarmaí an mhargaidh ar an mbealach díreach sin agus ní raibh na seirbhísí a soláthraíodh faoi OSP ach sa samhradh amháin (ba é sin cás na seirbhísí measctha a sholáthair Medmar ón 1 Eanáir 2009 go dtí an 30 Meán Fómhair 2011) nó in aon chás ag tráthanna éagsúla den lá ná na seirbhísí a d'fhreastail Caremar orthu ([220]). Ar an gcúis sin, measann an Coimisiún nach ndearna an Iodáil earráid fhollasach trína mheas go raibh teip mhargaidh ann a mhéid a bhaineann le soláthar seirbhísí muiriompair measctha agus seirbhísí iompair do phaisinéirí ar an mbealach sin. Tá an chonclúid sin fós bailí fiú nuair a mheastar go mbeadh an nasc díreach Ischia/Napoli inionadaithe, leis an nasc ina bhfuil stad in Procida, d'ainneoin an difear in fhad an turais ([221]). Go deimhin, mar a mhínítear in aithris 365 (d), níor leor na seirbhísí a chuir iomaitheoirí Caremar ar fáil ar an mbealach Ischia/Procida/Napoli chun naisc rialta leordhóthanacha a ráthú idir Ischia agus Napoli.

(d) A mhéid a bhaineann le is an mbealach **Ischia/Procida/Napoli**, le linn na tréimhse 2009 – 2011 ba é Caremar an t-aon oibreoir loingseoireachta a sholáthair líon leordhóthanach seirbhísí iompair laethúla (measctha agus do phaisinéirí) le linn na bliana ar an mbealach. Maidir leis na seirbhísí iompair measctha, ní raibh aon chuideachta loingseoireachta ag feidhmiú ar an mbealach i rith na bliana ar théarmaí an mhargaidh; go deimhin, d'oibrigh Medmar faoi OSP, arbh é an t-aon chuideachta eile é a chuir seirbhísí measctha ar fáil ar an mbealach, agus de réir na hIodáile, níor comhlíonadh na OSPanna sin, a bhí in aon chás ag tráthanna éagsúla den lá, ná iad siúd a ndearna Caremar freastal orthu (féach aithris 185 (d)). Maidir leis na seirbhísí iompair do phaisinéirí, níor sholáthair SNAV, an t-aon chuideachta eile a sholáthair seirbhísí

([220]) Maidir leis na seirbhísí measctha a cuireadh ar fáil i rith na bliana, d'oibrigh Caremar ó Ischia ar 8.45 a.m., ach (ón 1 Deireadh Fómhair 2011) d'oibrigh Medmar ar 17.00 sa samhradh agus ar 16.35 sa gheimhreadh; ó Napoli d'oibrigh Caremar ar 16.05 agus 20.25 ach (ón 1 Deireadh Fómhair 2011) d'oibrigh Medmar ar 8.35, 14.10 agus 18.30. Maidir leis na seirbhísí do phaisinéirí a soláthraíodh i rith na bliana, d'oibrigh Caremar ó Napoli ón 1 Eanáir 2009 go dtí an 30 Meán Fómhair 2011 ar 7.50 a.m. agus 18.15, agus d'oibrigh Alilauro ón 1 Eanáir 2009 go dtí an 30 Meán Fómhair 2011 ar 9.35 agus ón 1 Deireadh Fómhair 2011 ar 7.35 a.m. agus 20.10; ó Ischia, d'oibrigh Caremar ón 1 Eanáir 2009 go dtí an 30 Meán Fómhair 2011 ar 6.50 a.m. agus 8.50 a.m., agus níor oibrigh Alilauro i rith na bliana ó Ischia sa tréimhse ón 1 Eanáir 2009 go dtí an 30 Meán Fómhair 2011. Ón 1 Deireadh Fómhair 2011, nuair a thosaigh Alilauro ag soláthar seirbhísí OSP ó Ischia go Napoli i rith na bliana, níor oibrigh Caremar seirbhísí iompair do phaisinéirí ó Ischia go Napoli.

([221]) Maidir leis na seirbhísí measctha ar bhád farantóireachta, cuireann an stad in Procida thart ar 15 nóiméad leis an turas (atá 1h25 ar an mbealach díreach Ischia/Napoli). Maidir leis na seirbhísí do phaisinéirí ar dhuillárthach, cuireann an stad in Procida beagnach 30 nóiméad leis an turas (atá 45 nóiméad ar an mbealach díreach Ischia/Napoli).

paisinéirí ar an mbealach, ach aon seoladh laethúil amháin i rith na bliana (bhí na seoltaí eile go léir comhchruinnithe i dtréimhse an tsamhraidh), is é sin, an seoladh a d'imigh ó Ischia (Casamicciola) ar 9.45 a.m. agus ó Procida ar 10.05 a.m. Ba léir nár leor an tseirbhís sin chun freastal ar riachtanais mhuiriompair an phobail áitiúil, ós rud é go raibh an tseirbhís ag am den lá nach raibh oiriúnach do riachtanais na gcomaitéirí (oibrithe agus mic léinn den chuid is mó) ó Ischia agus nach raibh an tseirbhís ach i dtreo amháin. Os a choinne sin, mar a luaitear in aithris 39 (d), ón 1 Eanáir 2009 go dtí an 31 Meán Fómhair 2011, bhí ar Caremar ocht sheirbhís laethúla do phaisinéirí a áirithiú i rith na bliana agus ón 1 Deireadh Fómhair 2011 deich seirbhís laethúla do phaisinéirí i rith na bliana ag tráthanna den lá a bhí oiriúnach do chomaitéirí ([222]), agus dhá sheoladh eile curtha leis sa tréimhse ón 1 Meitheamh go dtí an 30 Meán Fómhair ([223]). Ar an gcúis sin, measann an Coimisiún nach ndearna an Iodáil earráid fhollasach trína mheas go raibh teip mhargaidh ann a mhéid a bhaineann le soláthar seirbhísí muiriompair measctha agus seirbhísí iompair do phaisinéirí ar an mbealach sin.

(e) A mhéid a bhaineann leis an mbealach **Ischia/Procida/Pozzuoli**, sa tréimhse 2009 – 2011 sholáthair Caremar seirbhísí measctha ar bhád farantóireachta in iomaíochta le Medmar ar an mbealach sin. Léiríonn an staid iomaíoch ar thug an Iodáil tuairisc uirthi (féach aithris 185 (e)) nár leor na seirbhísí a sholáthair Medmar ag a raibh stad in Procida chun riachtanais phoiblí an phobail áitiúil a chomhlíonadh mar gheall ar a minicíocht an-teoranta (uair amháin in aghaidh an lae i rith na bliana faoi OSP, le seoladh breise ó Ischia ar 7.30 a.m. le linn na tréimhse scoile ar théarmaí an mhargaidh) agus a gcomhchruinniú go luath ar maidin, rud a d'fhág nár cumhdaíodh go hiomlán an chuid eile den lá ([224]). Ar an gcúis sin, measann an Coimisiún nach ndearna an Iodáil earráid fhollasach trína mheas go raibh teip mhargaidh ann a mhéid a bhaineann le seirbhísí muiriompair measctha a sholáthar ar an mbealach sin.

(f) A mhéid a bhaineann le bealach **Ischia/Procida**, tugann an Coimisiún dá aire nach raibh ar Caremar aon seirbhís a sholáthar sa tréimhse 2009 – 2011 sa bhreis ar na seirbhísí a soláthraíodh cheana ar na bealaí Ischia/Procida/Pozzuoli agus Ischia/Procida/Napoli (féach aithris 39 (f)). Dá bhrí sin, ní gá measúnú a dhéanamh ar staid iomaíoch na deighleoige sin ar leithligh ón staid iomaíoch a dtugtar tuairisc uirthi cheana in aithrisí 365 (d) agus 365 (e) a mhéid a bhaineann leis na bealaí Ischia/Procida/Napoli agus Ischia/Procida/Pozzuoli.

(g) A mhéid a bhaineann leis an mbealach **Procida/Pozzuoli**, sa tréimhse 2009 – 2011 chuir Caremar seirbhísí do phaisinéirí ar fáil ar dhuillárthach in iomaíocht le Procida Lines, Gestour agus Ippocampo a d'oibrigh seirbhísí measctha ar bhád farantóireachta ar an mbealach sin. Mar sin féin, ní raibh seirbhísí Caremar ná na seirbhísí a chuir iomaitheoirí Caremar ar fáil inionadaithe ós rud é go bhfuil na seoltaí ar dhuillárthach i bhfad níos tapúla ná na seoltaí a oibrítear ar bhád farantóireachta (turas 50 nóiméad ar bhád farantóireachta in aghaidh turas 15 nóiméad ar dhuillárthach). In aon chás, gan beann ar mhéid inionadaitheachta na seirbhísí paisinéirí agus na seirbhísí measctha, na seirbhísí a sholáthair iomaitheoirí Caremar i rith na bliana, go háirithe ag Gestour agus Procida Lines toisc nár oibrigh Ippocampo ach i dtréimhse an tsamhraidh, soláthraíodh iad ag tráthanna éagsúla den lá ná na seirbhísí a ndearna Caremar freastal orthu ([225]) (féach aithris 185 (g)). Ar an gcúis sin, measann an Coimisiún nach ndearna an Iodáil earráid fhollasach trína mheas go raibh teip mhargaidh ann a mhéid a bhaineann le soláthar seirbhísí iompair do phaisinéirí ar an mbealach sin.

([222]) Is é sin, ó Napoli ar **8.50** a.m. (go dtí an 1 Deireadh Fómhair 2011), ar **11.45** a.m., ar **13.10**, ar **15.10**, agus ar **18.15**. Ó Ischia ar **7.30** a.m.,ar **10.10** a.m., ar **13.05** (ar 12.00 go dtí an 1 Deireadh Fómhair 2011, ar **14.30** (ar 14.15 go dtí an 1 Deireadh Fómhair 2011), ar **16.30** (ar 16.15 go dtí an 1 Deireadh Fómhair 2011).

([223]) Is é sin, ó Ischia go Procida agus ina dhiaidh sin go Napoli ar **19.35** (ag imeacht ar 20.00 ó Procida); agus ó Napoli go Procida agus ina dhiaidh sin go Ischia ar **20.55** (ag imeacht ar 21.30 ó Procida).

([224]) Ón 1 Eanáir 2009 go dtí an 30 Meán Fómhair 2011, níor sholáthair Medmar ach seirbhís amháin ar théarmaí an mhargaidh, is é sin, ó Ischia ar **7.30** a.m. le linn na tréimhse scoile (ón 16 Meán Fómhair go dtí an 14 Meitheamh) agus dhá sheirbhís faoi OSP i rith na bliana, is é sin ó Ischia (Casamicciola) ar **2.30** a.m.; agus ó Pozzuoli ar **4.10** a.m.

([225]) Ó Procida, d'oibrigh Caremar i rith na bliana ar 8.25 a.m. (8.10 a.m. ón 1 Deireadh Fómhair 2011), agus d'oibrigh Gestour i rith na bliana ar 6.50 a.m., 9.30 a.m., 11.20 a.m.; 14.05 (go dtí 30 Meán Fómhair 2011), 17.05 (go dtí 30 Meán Fómhair 2011) agus 18.55, agus d'oibrigh Procida Lines ar 5.50 a.m., 7.50 a.m., 10.45 a.m., 12.40, 15.25, 17.30, 19.15). Ó Pozzuoli, d'oibrigh Caremar ar 8.55 a.m. (8.50 a.m. ón 1 Deireadh Fómhair 2011), agus d'oibrigh Gestour i rith na bliana ar 6.00 a.m., 8.30 a.m., 10.35 a.m., 12.55, 15.05 (go dtí an 30 Meán Fómhair 2011), 17.55 (go dtí an 30 Meán Fómhair 2011) agus 19.50, agus d'oibrigh Procida Lines ar 5.05 a.m., 7.05 a.m., 9.25 a.m. (go dtí an 30 Meán Fómhair 2011), 11.50 a.m., 13.35, 16.25, 18.25, agus 20.00).

(h) A mhéid a bhaineann leis an mbealach **Procida/Napoli**, sa tréimhse 2009 – 2011 sholáthair Caremar seirbhísí do phaisinéirí ar dhuillárthach in iomaíocht le SNAV agus Medmar. Go dtí an 30 Meán Fómhair 2011, áfach, níor chuir Medmar aon seoladh ar fáil sa bhreis ar na seoltaí a cuireadh ar fáil ar an mbealach Ischia/Procida/Napoli, agus níor chuir SNAV ach seoladh amháin ar fáil i rith na bliana i dteannta na seoltaí sin a cuireadh ar fáil cheana féin ar an mbealach Ischia/Procida/Napoli (ó Procida ar 7.35 a.m.). Ón 1 Deireadh Fómhair 2011, chuir Medmar aon seoladh laethúil amháin ar fáil i dteannta na seoltaí a cuireadh ar fáil ar an mbealach Ischia/Procida/Napoli (ó Napoli ar 00.20 a.m.) agus níor chuir SNAV ach aon seoladh laethúil amháin ar fáil i rith na bliana i dteannta na seoltaí a cuireadh ar fáil cheana féin ar an mbealach Ischia/Procida/Napoli (an uair sin ó Napoli ar 12.30). Soláthraíodh na seoltaí sin go léir faoi OSP agus ag tráthanna den lá a bhí éagsúil ó na seoltaí a ndearna Caremar freastal orthu ([226]) (féach aithris 185 (h)). Thairis sin, fiú i bhfianaise na seirbhísí a sholáthair SNAV agus Medmar ar an mbealach Ischia/Procida/Napoli, ní raibh aon oibreoir loingseoireachta ag soláthar seirbhísí do phaisinéirí ar an mbealach ar théarmaí an mhargaidh i rith na bliana agus bhí seirbhísí paisinéirí OSP Medmar agus SNAV ag fágáil roinnt sliotán ama den lá gan cumhdach, sliotáin ama a bhí tábhachtach chun nascacht na gcomaitéirí laethúla a áirithiú (idir 6.00 agus 7.00 a.m. agus idir 8.00 a.m. agus 10.00 a.m. ó Procida; agus idir 7.00 agus 8.00 a.m. agus idir 17.00 agus 18.00 ó Napoli). Ar na cúiseanna sin, measann an Coimisiún nach ndearna an Iodáil earráid fhollasach trína mheas go raibh teip mhargaidh ann a mhéid a bhaineann le soláthar seirbhísí iompair paisinéirí ar an mbealach sin.

(366) Ag féachaint don mhéid thuas, measann an Coimisiún go bhfuil údar cuí leis an OSP a leagtar síos sa Choinbhinsiún Tosaigh fadaithe maidir le hoibriú na mbealaí i Murascaill Napoli mar gheall ar fhíor-riachtanas poiblí leanúnachas críche a áirithiú.. Go deimhin, tráth fhaduithe an Choinbhinsiúin Tosaigh (2009, 2010), níor leor fórsaí margaidh amháin (fiú nuair a forchuireadh OSP) chun freastal ar na riachtanais seirbhíse poiblí a shainaithin an Iodáil, ó thaobh minicíochta, leanúnachais agus rialtachta de.

(367) A mhéid a bhaineann leis na bealaí in oileánra Pontino, mar a luaitear thuas (féach aithris 34 (b)), sholáthair Caremar seirbhísí do phaisinéirí agus seirbhísí measctha ar na bealaí Ponza/Formia, Ponza/Anzio agus Formia/Ventotene go dtí an 31 Bealtaine 2011. Bhain an OSP a forchuireadh ar Caremar ar na bealaí in oileánra Pontino leis na calafoirt a freastalaíodh orthu, le cineál agus toilleadh na soithí arna sannadh do na naisc mhuirí a oibríodh faoin gcóras seirbhíse poiblí, le minicíocht na seirbhíse agus leis na huastáillí a bhí le gearradh (féach aithrisí 36 (d), 36 (e), 36 (f), agus ó 40 go 44).

(368) Tugann an Coimisiún dá aire, idir an 1 Eanáir 2009 agus an 31 Bealtaine 2011, gur thairg dhá oibreoir eile, Vetor agus/nó SNAP, seirbhís do phaisinéirí ar na bealaí Ponza/Formia, Ponza/Anzio agus Formia/Ventotene. Mar a mhínigh an Iodáil, áfach, níorbh fhéidir a mheas go raibh seirbhísí Vetor agus SNAP inionadaithe ar na seirbhísí a thairg Caremar ó thaobh leanúnachais agus rialtachta de (féach aithris 186).

(369) Go háirithe, ar bhealach **Ponza/Formia**, d'oibrigh Vetor seirbhís laethúil do phaisinéirí i rith na bliana ar dhuillárthach faoi OSP; ach d'oibrigh Caremar i rith na bliana ní hamháin seirbhís laethúil amháin do phaisinéirí ar dhuillárthach ach dhá sheirbhís mheasctha laethúla le soithí freisin (féach aithris 36 (d)). Dá bhrí sin, ní raibh iompar feithiclí agus lasta (e.g. éifeachtaí poist) á chumhdach leis na seirbhísí a sholáthair Vetor, ar seirbhísí iad a bhí fíor-riachtanach, de réir na hIodáile, chun nasc laethúil leis an mórthír a áirithiú do chomaitéirí a bhí ag taisteal lena bhfeithicil. A mhéid a bhaineann le seirbhísí paisinéirí, mhínigh an Iodáil (féach aithris 185 (a)) go raibh sé de cheangal ar Caremar na soithí a choinneáil ar an oileán thar oíche chun an chéad seoladh den lá a áirithiú agus nasc laethúil leis an mórthír a ráthú ar chúiseanna staidéir agus oibre. Bhí sé i gceist freisin go mbeadh soithí ar fáil ar an oileán thar oíche chun muiriompar chuig an mórthír a áirithiú i gcás éigeandáil leighis nach bhféadfaí a shásamh le héileacaptar. Dá bhrí sin, is é conclúid an Choimisiúin nach ndearna an Iodáil earráid fhollasach trína mheas go raibh teip mhargaidh ar an mbealach sin.

([226]) Is é sin, ó Procida go Napoli (turas 40 nóiméad) ar **6.35** a.m., agus ar **9.20** a.m. (ar 9.25 a.m. idir an 1 Deireadh Fómhair 2011 agus an 16 Eanáir 2012); agus ó Napoli go Procida (turas 40 nóiméad) ar **7.30** a.m. agus ar **17.45** (ar 17.30 idir an 1 Deireadh Fómhair 2011 agus an 16 Eanáir 2012).

(370) Ar bhealach **Ponza/Anzio**, d'oibrigh Vetor seirbhís laethúil do phaisinéirí ar dhuillárthach ar théarmaí an mhargaidh le linn an ardséasúir agus ar an Satharn le linn an tséasúir chiúin faoi OSP, cé gur sholáthair Caremar seirbhís laethúil ardluais do phaisinéirí san ardséasúr ó Luan go Satharn agus dhá sheirbhís mheasctha laethúla i rith na bliana ar an Domhnach agus ar laethanta saoire (féach aithris 36 (e)). Mhínigh an Iodáil (féach aithris 185 (b)) go raibh údar leis an OSP ar fhorais forbartha sóisialta agus eacnamaíche agus go raibh sé d'aidhm leis a áirithiú go bhféadfadh paisinéirí le feithiclí turas fillte a bheith acu ó/chuig Ponza i rith na bliana ar an Domhnach agus ar laethanta saoire ar a laghad (e.g. chun cuairteanna teaghlaigh a cheadú). Tugann an Coimisiún dá aire nach raibh na seirbhísí a sholáthair Vetor ag cumhdach an riachtanais seirbhíse poiblí maidir le hiompar feithiclí agus lasta (e.g. maoine poist). Thairis sin, bhí na seirbhísí do phaisinéirí a chuir Vetor ar fáil san ardséasúr faoi dhálaí an mhargaidh dírithe ar earnáil na turasóireachta den chuid is mó, ach bhí sé i gceist le láithreacht Caremar trácht ó thaobh cónaitheoirí a chumhdach, trí tháillí inrochtana a áirithiú freisin. Dá bhrí sin, is é conclúid an Choimisiúin nach ndearna an Iodáil earráid fhollasach trína mheas go raibh teip mhargaidh ar an mbealach sin.

(371) Ar bhealach **Formia/Ventotene**, chuir Vetor seirbhís laethúil amháin do phaisinéirí ar fáil ar dhuillárthach le linn an tséasúir chiúin agus seoladh breise gach Luan le linn an ardséasúir, faoi OSP araon; Sholáthair SNAP seirbhís laethúil amháin do phaisinéirí le linn an ardséasúir ar dhuillárthach ar théarmaí an mhargaidh. Os a choinne sin, d'oibrigh Caremar dhá sheirbhís mheasctha laethúla agus dhá ([227]) sheirbhís laethúla do phaisinéirí ó cheann ceann na bliana (féach aithris 36 (f)). Níor cumhdaíodh leis na seirbhísí a sholáthair Vetor agus SNAP an riachtanas seirbhíse poiblí le feithiclí agus lasta a iompar (e.g. maoine poist) agus, a mhéid a bhaineann le hiompar paisinéirí, níor leor iad chun leanúnachas leis an mórthír a áirithiú mar gheall ar a minicíocht theoranta agus a rialtacht theoranta. Mar a mhínigh an Iodáil (féach aithris 185 (c)), chuir seirbhísí Caremar ar a gcumas do na cónaitheoirí taisteal chuig an mórthír ar chúiseanna gairmiúla nó staidéir. Thairis sin, ós rud é gur fhan soithí Caremar ar an oileán thar oíche, d'áirithigh siad muiriompar chuig an mórthír i gcás éigeandáil leighis. Dá bhrí sin, is é conclúid an Choimisiúin nach ndearna an Iodáil earráid fhollasach trína mheas go raibh teip mhargaidh ar an mbealach sin.

An cur chuige is lú díobháil

(372) Tugann an Coimisiún dá aire, i bhfianaise phríobháidiú beartaithe Caremar agus chun leanúnachas na seirbhísí poiblí a oibríodh faoin gCoinbhinsiún Tosaigh a áirithiú, gur chinn an Iodáil síneadh a chur leis an gCoinbhinsiún Tosaigh gan athrú (seachas an t-athrú ar an modheolaíocht cúitimh is infheidhme ó 2010 ar aghaidh).

(373) Glacann an Coimisiún leis nach bhféadfaí freastal ar éileamh na n-úsáideoirí trí bheith ag brath ar an OSP neamhchúitithe a forchuireadh ar iomaitheoirí Caremar le haghaidh na mbealaí idir lámha, agus air sin amháin. Go deimhin, ar na cúiseanna a luaitear thuas (aithrisí 262 go 265, ní raibh an córas OSP a bhí i bhfeidhm i Murascaill Napoli inchomparáide ar bhealach ar bith leis an OSP a forchuireadh ar Caremar faoin gCoinbhinsiún Tosaigh fadaithe. Is fiú a mheabhrú gur stop iomaitheoirí Caremar (cé is moite de Gestour agus Procida Lines) de bheith ag soláthar na seirbhísí faoi OSP neamhchúitithe idir deireadh mhí na Nollag 2010 agus an 1 Deireadh Fómhair 2011. In éagmais Caremar, ní fhreastalófaí ar fhormhór na mbealaí i Murascaill Napoli (féach aithris 183 (b)). A mhéid a bhaineann leis na bealaí in oileánra Pontino, tugann an Coimisiún dá aire nár chomhlíon an tairiscint a sholáthair na hoibreoirí eile ar na bealaí (gach ceann) na ceanglais maidir le rialtacht, leanúnachas, toilleadh agus praghas agus go mbaineann caillteanas le hoibriú fhormhór na mbealaí (mura mbaineann siad ar fad leo), go háirithe sa séasúr ciúin, agus is dócha nach n-oibreofaí iad ar chor ar bith gan cúiteamh seirbhíse poiblí. Ina theannta sin, glacann an Coimisiún leis, i bhfianaise an phróisis chun Caremar a phríobháidiú, gurbh é fadú an Choinbhinsiúin Tosaigh an t-aon bhealach chun leanúnachas na seirbhísí poiblí a ráthú ar feitheamh phríobháidiú Caremar.

Conclúid

(374) Dá bhrí sin, is é conclúid an Choimisiúin nach ndearna an Iodáil earráid fhollasach agus na seirbhísí a cuireadh ar iontaoibh Caremar á sainiú aici mar sheirbhísí lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta le haghaidh na mbealaí a shainaithnítear in aithrisí 365 agus ó 367 go 371. Dá bhrí sin, faightear réidh leis an amhras a chuir an Coimisiún in iúl i gCinntí 2011 agus 2012 maidir le Síneadh.

([227]) Ceithre sheirbhís laethúla ar an Luan.

9.3.2. *An gá atá le gníomh iontaoibhe lena sonraítear an OSP agus na modhanna chun cúiteamh a ríomh*

(375) Mar a léirítear i roinn 2.3 de Chreat SGEI 2011, ciallaíonn an coincheap maidir le seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta de réir bhrí Airteagal 106 CFAE gur cuireadh oibriú seirbhíse lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta ar iontaoibh an ghnóthais atá i gceist trí bhíthin gníomh oifigiúil amháin nó níos mó.

(376) Ní mór do na gníomhartha sin an méid seo a leanas a shonrú ach go háirithe: (a) cineál beacht an OSP agus an fad a mhairfidh sé; (b) an gnóthas agus an chríoch lena mbaineann; (c) cineál na gceart eisiach; (d) na paraiméadair chun an cúiteamh a ríomh, a rialú agus a athbhreithniú; agus (e) na socruithe chun aon róchúiteamh a sheachaint agus a aisíoc.

(377) I gCinneadh Tosaigh 2011 agus i gCinntí 2012 maidir le Síneadh, chuir an Coimisiún amhras in iúl maidir le cé acu a rinneadh nó nach ndearnadh foráil sa ghníomh iontaoibhe maidir le tuairisc chuimsitheach ar chineál OSP Caremar le linn thréimhse an fhadaithe. Mar sin féin, mheabhraigh an Coimisiún freisin go bhféadfaí gnéithe éagsúla den dul ar iontaoibh a chur i roinnt gníomhartha éagsúla gan amhras a chaitheamh ar oiriúnacht an tsainithe ar na hoibleagáidí. Le linn na tréimhse sínithe, cuireadh san áireamh i ngníomh cúraim Caremar an Coinbhinsiún Tosaigh (arna leasú agus arna shíneadh le himeacht ama), Cinneadh Feidhmiúcháin Réigiúnach Uimh. 548 an 1 Aibreán 2007 lena sainaithnítear an OSP a forchuireadh ar Caremar i dtéarmaí an chineáil soithí, minicíochtaí agus tráthchlár go dtí an 30 Meán Fómhair 2011, le Cinneadh Feidhmiúcháin Réigiúnach Uimh. 443 an 9 Lúnasa 2011 lena sainaithnítear an OSP a forchuireadh ar Caremar i dtéarmaí an chineáil soithí, minicíochtaí agus tráthchlár ón 1 Deireadh Fómhair 2011 go dtí an 15 Eanáir 2012, agus le Cinneadh Feidhmiúcháin Réigiúnach Uimh. 857 an 30 Nollaig 2011 lena sainaithnítear an OSP a forchuireadh ar Caremar i dtéarmaí an chineáil soithí, minicíochtaí agus tráthchlár ón 16 Eanáir 2012 go dtí an 31 Iúil 2012 (féach aithrisí 36 agus 38), sraith de chinntí ad hoc ón Iodáil, Plé 111/2007 agus Dlí 166/2009.

(378) Ina fhianaise sin, tugann an Coimisiún dá aire ar dtús gur lean an Coinbhinsiún Tosaigh fadaithe, arb é atá ann gníomh iontaoibhe Caremar, de bheith infheidhme go hiomlán go dtí an 31 Iúil 2012 (féach aithris 348).

(379) De réir an Choinbhinsiúin Tosaigh fadaithe, sonraítear sna pleananna 5 bliana na bealaí agus na calafoirt atá le seirbheáil, an cineál agus toilleadh na soithí atá le húsáid le haghaidh na naisc mhuirí atá i gceist, minicíocht na seirbhíse agus na táillí atá le híoc, lena n-áirítear táillí fóirdheonaithe, go háirithe le haghaidh cónaitheoirí na réigiún oileánach. Tugann an Coimisiún dá aire, in 2007, i.e. roimh an gcéad fhadú ar an gCoinbhinsiún Tosaigh, gur ghlac Réigiún Campania, trí bhíthin Chinneadh Feidhmiúcháin Réigiúnach Uimh. 548 an 1 Aibreán 2007, an plean cúig bliana le haghaidh na tréimhse 2007-2011, a lean d'fheidhm a bheith aige gan aon athrú a mhéid a bhaineann le raon feidhme an OSP go dtí an 30 Meán Fómhair 2011. Dá bhrí sin, bhí an plean sin infheidhme tráth an chéad fhadaithe ar an gCoinbhinsiún Tosaigh (i mí na Nollag 2008), tráth an dara fadú ar an gCoinbhinsiún Tosaigh (i mí Mheán Fómhair 2009) agus tráth an tríú fadú ar an gCoinbhinsiún Tosaigh (i mí Lúnasa 2010). Ghlac Réigiún Campania an plean cúig bliana le haghaidh na tréimhse 2011-2015 le Cinneadh Feidhmiúcháin Réigiúnach Uimh. 443 an 9 Lúnasa 2011, agus, arna mhodhnú le Cinneadh Feidhmiúcháin Réigiúnach Uimh. 857 an 30 Nollaig 2011, cumhdaíodh leis an tréimhse ón 1 Deireadh Fómhair 2011 go dtí deireadh 2015. Bhí feidhm ag plean cúig bliana 2011-2015 gan aon athrú ar an tréimhse a cumhdaíodh leis an gCoinbhinsiún Tosaigh fadaithe ón 1 Deireadh Fómhair 2011 go dtí go ndeachaigh sé in éag an 31 Iúil 2012. Ar an mbonn sin, is é conclúid an Choimisiúin gur sainíodh OSP arbh éigean do Caremar a chomhlíonadh le linn thréimhse an fhadaithe ar bhealach a bhí soiléir go leor.

(380) Thug an Coimisiún dá aire cheana in aithrisí 239 agus 240 de Chinneadh Tosaigh 2011 gur bunaíodh roimh ré na paraiméadair is gá chun méid an chúitimh a ríomh, agus go dtugtar tuairisc shoiléir orthu. Go háirithe, don bhliain 2009 tá liosta uileghabhálach agus beacht de na gnéithe costais atá le cur san áireamh chomh maith leis an modheolaíocht chun an toradh ar chaipiteal infheistithe a ríomh don oibreoir sa Choinbhinsiún Tosaigh fadaithe (féach aithrisí 48 go 52). Le haghaidh na tréimhse ón 1 Eanáir 2010 go dtí an 31 Nollaig 2012, leagtar amach an mhodheolaíocht ábhartha i bPlé 111/2007 (féach aithris 53). Go sonrach, sonraítear i bplé 111/2007 na gnéithe costais a cuireadh san áireamh agus an toradh ar chaipiteal infheistithe. Áirithíodh leis an gCoinbhinsiún Tosaigh fadaithe go raibh an cúiteamh bunaithe ar na costais agus na hioncaim iarbhír a tabhaíodh chun an tseirbhís phoiblí a sholáthar. Sa bhealach sin, d'fhéadfaí róchúiteamh a aithint agus a sheachaint go héasca. I gcás inarb infheidhme, d'fhéadfadh an Stát an róchúiteamh a aisghabháil ansin ó Caremar.

(381) Ar an mbonn sin, measann an Coimisiún, ar feadh thréimhse fhadaithe an Choinbhinsiúin Tosaigh, gur leagadh síos leis na gníomhartha iontaoibhe sainmhíniú soiléir ar an OSP, an fad, an gnóthas agus an chríoch lena mbaineann, na paraiméadair chun an cúiteamh a ríomh, a rialú agus a athbhreithniú agus na socruithe chun aon róchúiteamh a sheachaint agus a aisíoc, mar a cheanglaítear faoi Chreat SGEI 2011.

9.3.3. *Fad na tréimhse fadaithe*

(382) Mar a léirítear i bpointe 17 de Chreat SGEI 2011, '[...] ba cheart údar a thabhairt d'fhad thréimhse na hiontaoibhe faoi threoir chritéir oibiachtúla amhail an gá le sócmhainní seasta neamh-inaistrithe a amúchadh. I bprionsabal, níor cheart do fhad na tréimhse fadaithe a bheith níos faide ná an tréimhse a theastaíonn le haghaidh dímheasa ar na sócmhainní is suntasaí chun an tseirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta a sholáthar.'.

(383) Tugann an Coimisiún dá aire go raibh gá le faduithe an Choinbhinsiúin Tosaigh chun leanúnachas na seirbhíse poiblí a áirithiú go dtí go dtabharfaí an príobháidiú i gcrích.

(384) Ós rud é go raibh údar le fad na bhfaduithe ar an gCoinbhinsiún Tosaigh mar gheall ar an ngá le Caremar a phríobháidiú, agus nár fhág na faduithe sin gur mhó fad thréimhse iontaoibhe na seirbhíse lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta ná an tréimhse ba ghá le haghaidh dímheasa ar na soithí a d'úsáid Caremar chun an tseirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta a sholáthar (a d'fhéadfadh a bheith níos faide ná 25 bliana), is é conclúid an Choimisiúin go gcomhlíonann an Coinbhinsiún Tosaigh fadaithe pointe 17 de Chreat SGEI 2011.

9.3.4. *Comhlíontacht le Treoir 2006/111/CE*

(385) De réir phointe 18 de Chreat SGEI 2011, '[...] ní mheasfar cabhair a bheith chomhoiriúnach leis an margadh inmheánach ar bhonn Airteagal 106(2) den Chonradh ach amháin i gcás ina gcomhlíonann an gnóthas, i gcás inarb infheidhme, Treoir 2006/111/CE maidir le trédhearcacht caidrimh airgeadais idir Ballstáit agus gnóthais phoiblí chomh maith le trédhearcacht airgeadais laistigh de ghnóthais áirithe ([228])'.

(386) Thairis sin, ceanglaítear an méid seo a leanas le pointe 44 de Chreat SGEI 2011: 'I gcás ina dtugann gnóthas faoi ghníomhaíochtaí atá laistigh agus lasmuigh de raon feidhme na seirbhíse lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta, ní mór go léirítear ar leithligh sna cuntais inmheánacha na costais agus na hioncaim a bhaineann leis an tseirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta agus siúd a bhaineann leis na seirbhísí eile i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar amach i mír 31.'

(387) Dheimhnigh an Iodáil nach raibh Caremar gníomhach ach amháin maidir leis na seirbhísí poiblí a sholáthar faoin gCoinbhinsiún Tosaigh fadaithe. Dá bhrí sin, ní cháilíonn Caremar mar 'gnóthas a gceanglaítear air cuntais ar leithligh a choinneáil ar bun' faoi Threoir 2006/111/CE ([229]) agus níl feidhm ag na ceanglais trédhearcachta dá bhforáiltear faoi Airteagal 1(2) de Threoir 2006/111/CE toisc nach mbaineann siad ach le gnóthais a dhéanann gníomhaíochtaí eile freisin seachas na seirbhísí ar mhaithe leis an leas eacnamaíoch i gcoitinne a gcuirtear ar iontaoibh gnóthais.

(388) Maidir leis na ceanglais trédhearcachta dá bhforáiltear faoi Airteagal 1(1) de Threoir 2006/111/CE, tugann an Coimisiún dá aire, go dtagann méid na gcistí poiblí a chuir na húdaráis phoiblí ar fáil do Caremar chun cinn go soiléir ón gCoinbhinsiún Tosaigh fadaithe, agus an úsáid a baineadh as na cistí poiblí sin go hiarbhír.

([228]) Treoir 2006/111/CE ón gCoimisiún an 16 Samhain 2006 maidir le trédhearcacht caidrimh airgeadais idir na Ballstáit agus gnóthais phoiblí agus chomh maith leis sin maidir le trédhearcacht airgeadais laistigh de ghnóthais áirithe (IO L 318, 17.11.2006, lch. 17).

([229]) Faoi Airteagal 2(1)(d) de Threoir 2006/111/CE, ciallaíonn 'gnóthas a bhfuil sé de cheangal air cuntais ar leithligh a choimeád' aon ghnóthas a bhfuil ceart speisialta nó eisiach aige arna dheonú ag Ballstát de bhun Airteagal 86(1) [106(1)] den Chonradh nó aon ghnóthas a gcuirtear ar a iontaoibh seirbhís ar mhaithe leis an leas eacnamaíoch i gcoitinne a oibriú de bhun Airteagal 86(2) [106(2)] den Chonradh, a fhaigheann cúiteamh seirbhíse poiblí i bhfoirm ar bith i ndáil leis an tseirbhís sin agus a dhéanann gníomhaíochtaí eile.

(389) Dá bhrí sin, measann an Coimisiún go gcomhlíontar pointe 18 de Chreat SGEI agus nach bhfuil pointe 44 de Chreat SGEI 2011 infheidhme.

9.3.5. *An méid cúitimh*

(390) Luaitear i bpointe 21 de Chreat SGEI 2011 '[...] níor cheart go mbeadh méid an chúitimh níos mó ná an méid is gá chun an glanchostas ([230]) a bhaineann le comhlíonadh na n-oibleagáidí seirbhíse poiblí a chumhdach, agus brabús réasúnta san áireamh'.

(391) Sa chás i dtrácht, go háirithe a mhéid a bhaineann le fadú an Choinbhinsiúin Tosaigh, ós rud é gurb ionann an cúiteamh agus cabhair neamhdhleathach a deonaíodh sular tháinig sé i bhfeidhm, foráiltear go sonrach le pointe 69 de Chreat SGEI 2011, chun críche an mheasúnaithe Státchabhrach, nach gá modheolaíocht an ghlanchostais sheachanta a úsáid de bhun phointe 24 de Chreat SGEI 2011. Ina ionad sin, is féidir modhanna malartacha a úsáid chun an glanchostas is gá chun an OSP a chomhlíonadh a ríomh, amhail an mhodheolaíocht atá bunaithe ar leithdháileadh costas. Faoin modheolaíocht dheireanach sin, ríomhfaí an glanchostas mar an difríocht idir na costais agus na hioncaim le haghaidh soláthraí ainmnithe chun an OSP a chomhlíonadh, mar a shonraítear agus mar a mheastar sa ghníomh iontaoibhe. Leagtar amach ar bhealach níos mionsonraithe i bpointí 28 go 38 de Chreat SGEI 2011 conas ba cheart an mhodheolaíocht sin a chur i bhfeidhm.

(392) I gCinneadh Tosaigh 2011 agus i gCinneadh 2012 maidir le Síneadh, chuir an Coimisiún amhras in iúl maidir leis an mbiseach riosca 6,5 %, a raibh feidhm aige ó 2010 ar aghaidh. Go háirithe, cheistigh an Coimisiún cibé acu atá an biseach sin ina léiriú ar leibhéal iomchuí riosca nó nach bhfuil, agus é á chur san áireamh nár dhealraigh sé *prima facie* gur ghlac Caremar chuige féin na rioscaí a ghlactar de ghnáth in oibriú seirbhísí den sórt sin. Go sonrach, áirítear sna gnéithe costais chun críoch an cúiteamh a ríomh na costais uile a bhaineann leis an tseirbhís a sholáthar agus na hathruithe i gcostais, e.g. costais breosla. Mar thoradh air sin, mheas an Coimisiún ag an gcéim sin go mb'fhéidir gur tugadh róchúiteamh do Caremar.

(393) A mhéid a bhaineann le leibhéal an bhrabúis réasúnta, tugann an Coimisiún dá aire gur ríomhadh an toradh ar chaipiteal ar bhonn bhiseach riosca 6,5 % agus foirmle WACC á húsáid ([231]). Mar a tugadh dá aire cheana féin (féach aithris 280), tá an biseach riosca sin go hiomlán i gcomhréir leis an mbiseach riosca 6,4 % a chinn an Ballstát le haghaidh na hearnála agus úsáid á baint as anailísí maicreacnamaíocha.

(394) Thairis sin, rinne an Coimisiún comparáid idir an toradh ar chaipiteal a infheistíodh 6,5 % a cuireadh i bhfeidhm maidir le Caremar agus an toradh airmheánach ar chaipiteal a ghin grúpa tagarmhairc in 2008 agus 2011 (na blianta sular cuireadh cúraimí ar leith ar Caremar). Is éard atá sa ghrúpa tagarmhairc oibreoirí farantóireachta roghnaithe a chuir naisc mhuirí ar fáil laistigh den Iodáil nó idir an Iodáil agus Ballstáit eile ([232]), a mheasann an Coimisiún a bheith ionadaíoch go leor ar staid an mhargaidh. Léirítear san anailís go raibh an toradh ar chaipiteal a cuireadh i bhfeidhm maidir le Caremar comhchosúil leis an meántoradh a ghin na cuideachtaí sa ghrúpa tagarmhairc. Dá bhrí sin, bhí toradh 6,5 % ar chaipiteal ó pheirspictíocht *ex ante* i gcomhréir freisin leis na rioscaí a bhí aige agus seirbhísí poiblí á n-oibriú aige faoin gCoinbhinsiún Tosaigh fadaithe.

([230]) Sa chomhthéacs sin, ciallaíonn an glanchostas an glanchostas mar a chinntear i gcomhréir le pointe 25 de Chreat SGEI 2011 nó costais lúide ioncaim i gcás nach féidir modheolaíocht an ghlanchostais sheachanta a chur i bhfeidhm.

([231]) Thug an biseach riosca a cuireadh leis an ráta saor ó riosca luach chostas an chaipitil riosca is gá chun an ráta toraidh ar chaipiteal arna ríomh ar bhonn WACC a chinneadh.

([232]) Go háirithe, baineann sé le Minoan Lines Shipping, La Méridionale, Moby, Grandi Navi Veloci, Libertylines, Grimaldi Group, Corsica Ferries agus Caronte & Tourist. Eisíodh cuideachtaí eile de chuid iar-Ghrúpa Tirrenia (e.g., CIN, Laziomar, Siremar agus Toremar) ón ngrúpa tagarmhairc.

(395) A mhéid a bhaineann leis an gceist an léiríonn an biseach sin an leibhéal riosca a iompraíonn Caremar in oibriú na seirbhíse lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta, tugann an Coimisiún dá aire nach bhféadfaí éagsúlachtaí i bpraghsanna breosla a chur san áireamh ach amháin trí choigeartú bliantúil a d'fhéadfaí a dhéanamh ar an uasteorainn táillí. Dá bhrí sin, ní gá gur chumhdaigh ríomh an chúitimh méadú ar phraghsanna breosla mura n-aistreofaí an méadú sin go táillí níos airde. Deimhnítear é sin ós rud é, mar a léirítear i dTábla 12, gur tugadh tearc-chúiteamh do Caremar in 2011 agus 2012, mar thoradh ar mhéadú suntasach ar an gcostas breosla agus ar laghdú ar thrácht paisinéirí mar thoradh ar an ngéarchéim eacnamaíoch sna blianta sin. Dá bhrí sin, bhí Caremar neamhchosanta ar rioscaí le linn na tréimhse ábhartha, rud nár chuir ar a chumas tairbhe a bhaint as aon chorrlach brabúis sa chleachtas.

(396) Tugann an Coimisiún dá aire ar deireadh go gcuirtear san áireamh i nDíospóireacht 111/2007 a tíolacadh luachanna margaidh áirithe is infheidhme in earnáil an chabatáiste mhuirí. Forordaítear ann na costais incháilithe chun críoch OSP, chomh maith leis na prionsabail ríofa a bhaineann leis an ráta toraidh ar chaipiteal ar bhonn na faisnéise, na gcoinníollacha agus na rioscaí atá ábhartha don earnáil áirithe sin.

(397) I bhfianaise a bhfuil thuas, measann an Coimisiún go bhfuil an toradh 6,5 % ar chaipiteal réasúnta.

(398) Sa chomhthéacs sin, ar bhonn na gcuntas de réir bealaigh a chuir an Iodáil isteach agus arna gcomhiomlánú i dTábla 12, d'fhíoraigh an Coimisiún nár sháraigh an cúiteamh seirbhíse poiblí iarbhír a íocadh le Caremar an cúiteamh incháilithe lena n-áirítear an toradh 6,5 % ar chaipiteal le haghaidh na dtréimhsí 2009 go dtí Iúil 2012 (an Coinbhinsiún Tosaigh). I ndáiríre, léirítear le torthaí oibriúcháin Caremar mar a ndearnadh iniúchadh orthu le haghaidh na tréimhse iomlán (2009 go 2012) toradh diúltach:

Tábla 12

Glanchostas na seirbhíse poiblí arna hoibriú ag Caremar le haghaidh na tréimhse 2009-Iúil 2012

(EUR)

Caremar	2009	2010	2011	2012	Comhiomlán
Ioncaim iomlána	26 854 000	26 139 000	24 362 000	13 348 000	90 703 000
- Costais iomlána	54 349 000	52 773 000	47 166 000	24 908 000	179 196 000
- Amúchtaí	2 445 000	2 060 000	1 817 000	827 000	7 149 000
= Glanchostas na seirbhíse poiblí	- 29 940 000	- 28 694 000	- 24 621 000	- 12 387 000	- 95 642 000
+ Toradh ar chaipiteal (6,5 %)	- 924 105	- 547 000	- 425 000	- 314 000	- 2 210 105
=Incháilithe le haghaidh cúitimh	- 30 864 105	- 29 241 000	- 25 046 000	- 12 701 000	- 97 852 105
+ An cúiteamh iarbhír	32 474 450	29 869 832	24 018 645	11 473 000	97 835 927
=Róchúiteamh/ Tearc-chúiteamh	1 610 345	628 832	- 1 027 355	- 1 228 000	- 16 178

(399) Le pointe 49 de Chreat SGEI 2011, ceanglaítear ar Bhallstáit a áirithiú nach bhfaighidh gnóthais róchúiteamh (mar a shainmhínítear i bpointe 47 den Chreat sin) mar thoradh ar an gcúiteamh a dheonaítear chun seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta a oibriú. I measc nithe eile, ní mór do Bhallstáit cruthúnas a sholáthar ar iarraidh ón gCoimisiún. Thairis sin, ní mór dóibh seiceálacha tráthrialta a dhéanamh, nó a áirithiú go ndéantar seiceálacha den sórt sin, ag deireadh na tréimhse iontaoibhe agus, in aon chás, ar eatraimh nach mó ná 3 bliana. Áirithítear leis sin nach mó an méid cúitimh ná glanchostais na seirbhíse (a gcuirtear toradh ar chaipiteal leis i bprionsabal).

(400) Dheimhnigh an Iodáil, ar iarraidh ón gCoimisiún, gur fíoraíodh méid an chúitimh a deonaíodh do Caremar, de bhun Plé 111/2007 lena socraítear sásra fíorúcháin ag deireadh gach tréimhse rialála 3 bliana, le haghaidh na mblianta airgeadais 2010, 2011 agus 2012 (go dtí an 1 Lúnasa 2012). Thairis sin, d'áitigh an Iodáil gur fíoraíodh an bhliain airgeadais 2009 freisin, ar chúiseanna trédhearcachta agus cuntasachta, cé nach raibh feidhm ag Plé 111/2007 go fóill. Tar éis na bhfíoruithe sin, bhraith an Iodáil tearc chúiteamh, mar a léirítear i dTábla 12.

(401) I bhfianaise an mhéid thuas, measann an Coimisiún gur leor na bearta sin chun aon róchúiteamh a d'fhéadfadh a bheith ann a sheachaint agus a bhrath. Dá bhrí sin, níor tháinig róchúiteamh de bhun roinn 2.8 de Chreat SGEI 2011 as an méid cúitimh a deonaíodh do Caremar le linn fhadú an Choinbhinsiúin Tosaigh.

9.3.6. *An tosaíocht feistithe*

(402) Sonraítear go soiléir in Airteagal 19-*ter,* mír 21, de Dhlí 166/2009 go raibh gá leis an tosaíocht feistithe chun leanúnachas críche leis na hoileáin a ráthú agus i bhfianaise OSP chuideachtaí iar-Ghrúpa Tirrenia, lena n-áirítear Caremar. Go deimhin, mura mbeadh aon tosaíocht feistithe ann do chuideachtaí a gcuirtear OSP ar a n-iontaoibh, d'fhéadfadh sé go mbeadh orthu fanacht lena seal sula bhféadfaidís nascadh agus, ar an gcaoi sin, moilleanna a thabhú, rud a chuirfeadh ar neamhní an cuspóir maidir le nascacht iontaofa agus áisiúil a áirithiú do na tomhaltóirí. Gan amhras, tá gá le hamchlár tráthrialta chun freastal ar riachtanais soghluaisteachta dhaonra na n-oileán agus chun cur le forbairt eacnamaíoch na n-oileán lena mbaineann. Thairis sin, tá gá leis an tosaíocht feistithe chun a áirithiú go leithdháilfidh calafoirt na bearta feistithe agus na hamanna feistithe ar bhealach a chuirfidh ar chumas an oibreora seirbhíse poiblí a OSP a urramú.

(403) Ina fhianaise sin, measann an Coimisiún gur dámhadh an beart sin chun cur ar a chumas do Caremar a OSP a fheidhmiú, ar fíorsheirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta (SGEI) é (féach roinn 9.3.1). Thairis sin, dheimhnigh an Iodáil nach bhfuil an tosaíocht feistithe infheidhme ach maidir leis na seirbhísí a sholáthraítear faoin gcóras seirbhíse poiblí amháin.

(404) Rinne an Coimisiún measúnú mionsonraithe cheana ar chomhoiriúnacht na seirbhíse lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta agus an chúitimh ghaolmhair do Caremar le linn fhadú an Choinbhinsiúin Tosaigh (féach ranna 9.3.1 go 9.3.5). Measann an Coimisiún dá bhrí sin go bhféadfadh gan a bheith i gceist lena mheasúnú comhoiriúnachta ar an tosaíocht feistithe ach a shuí an bhféadfadh, nó nach bhféadfadh, róchúiteamh a bheith mar thoradh ar an mbeart sin.

(405) Measann an Coimisiún gur theoranta aon bhuntáiste airgeadais a d'fhéadfadh an tosaíocht feistithe a thabhairt (féach aithris 225). Mar thoradh air sin, bheadh an riosca a bhaineann le róchúiteamh ag eascairt as an mbeart teoranta freisin. Anuas air sin, a mhéid a laghdódh an beart sin costais oibriúcháin nó a mhéadódh sé ioncaim an oibreora seirbhíse poiblí, léireofaí na héifeachtaí sin ina n-iomána i gcuntais inmheánacha an oibreora. Dá bhrí sin, tá na seiceálacha róchúitimh a cuireadh i bhfeidhm maidir le Caremar mar a thuairiscítear i roinn 9.3.5 oiriúnach freisin chun aon róchúiteamh a d'fhéadfadh a bheith ann mar thoradh ar an tosaíocht feistithe a bhrath.

(406) Dá bhrí sin, is é conclúid an Choimisiúin go bhfuil an tosaíocht feistithe, a bhí nasctha go dlúth leis an tseirbhís phoiblí a d'fheidhmigh Caremar le linn fhadú an Choinbhinsiúin Tosaigh, comhoiriúnach leis an margadh inmheánach ar bhonn Airteagal 106(2) CFAE agus Chreat SGEI 2011.

9.3.7. *Conclúid maidir leis an gcomhoiriúnacht*

(407) Ar bhonn an measúnaithe in aithrisí 347 go 406, is é conclúid an Choimisiúin go gcomhlíonann an cúiteamh a deonaíodh do Caremar chun na seirbhísí muirí a sholáthar faoin gCoinbhinsiún Tosaigh fadaithe i Murascaill Napoli sa tréimhse ón 1 Eanáir 2009 go dtí an 31 Iúil 2012 agus in oileánra Pontino ón 1 Eanáir 2009 go dtí an 31 Bealtaine 2011, mar aon leis an tosaíocht feistithe, na coinníollacha is infheidhme de Chreat SGEI 2011 agus go bhfuil sé comhoiriúnach dá bhrí sin leis an margadh inmheánach faoi Airteagal 106 CFAE.

10. **CONCLÚID**

(408) Ar bhonn an mheasúnaithe roimhe seo, chinn an Coimisiún go bhfuil an cúiteamh seirbhíse poiblí a deonaíodh do Caremar faoin gCoinbhinsiún Tosaigh fadaithe comhoiriúnach leis an margadh inmheánach faoi Airteagal 106 CFAE. Thairis sin, ós rud é go bhfuil an tosaíocht feistithe nasctha go dlúth le feidhmiú na seirbhíse lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta ag Caremar, tá an beart sin comhoiriúnach leis an margadh inmheánach freisin faoi Airteagal 106 CFAE.

(409) Thairis sin, cinneann an Coimisiún nach Státchabhair iad na bearta seo a leanas de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE:

— an cúiteamh a deonaíodh do Caremar chun seirbhísí muirí a sholáthar faoin gconradh seirbhíse poiblí nua le haghaidh na tréimhse ón 16 Iúil 2015 go dtí an 15 Iúil 2024, arna chuachadh le gnó Caremar agus leis an tosaíocht feistithe do Caremar, toisc go gcomhlíontar leis na ceithre chritéar *Altmark*;

— an úsáid a d'fhéadfadh Caremar a bhaint as cistí chun longa a uasghrádú chun críoch leachtachta, ós rud é nár bhain Caremar úsáid as na cistí sin chun na gcríoch sin;

— na díolúintí fioscacha a bhaineann le próiseas príobháidithe Caremar agus an fhéidearthacht acmhainní FAS a úsáid chun riachtanais leachtachta a chomhlíonadh mar a leagtar síos le Dlí 163/2010.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Is Státchabhair de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE é an cúiteamh do Caremar agus an tosaíocht feistithe chun seirbhísí muirí a sholáthar faoi fhadú an Choinbhinsiúin Tosaigh sa tréimhse ón 1 Eanáir 2009 go dtí an 31 Iúil 2012. Chuir an Iodáil an chabhair do Caremar chun feidhme de shárú ar Airteagal 108(3) CFAE. Tá an chabhair sin comhoiriúnach leis an margadh inmheánach.

Airteagal 2

Ní Státchabhair de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE é dámhachtain an chonartha seirbhíse poiblí nua le haghaidh na tréimhse ón 16 Iúil 2015 go dtí an 15 Iúil 2024, lena n-áirítear an cúiteamh seirbhíse poiblí a íocadh ar bhonn an chúitimh sin, arna chuachadh le díol ghnó Caremar agus leis an tosaíocht feistithe.

Airteagal 3

Maidir leis an bhféidearthacht úsáid a bhaint, ar bhonn sealadach, as na hacmhainní airgeadais a gealladh cheana d'uasghrádú agus do nuachóiriú an chabhlaigh, chun riachtanais phráinneacha leachtachta a chumhdach, mar a leagtar síos le Dlí 163/2010, níor baineadh leas as an bhféidearthacht sin a mhéid a bhaineann le Caremar. Dá bhrí sin, ní Státchabhair do Caremar é de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE.

Airteagal 4

Ní Státchabhair do Caremar ná dá fhaighteoir de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE iad na díolúintí fioscacha a bhaineann le próiseas príobháidithe Caremar mar a leagtar síos le Dlí 163/2010.

Airteagal 5

Ní Státchabhair de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE í an fhéidearthacht acmhainní *Fondo Aree Sottoutilizzate* a úsáid chun riachtanais leachtachta a chomhlíonadh, mar a leagtar síos le Dlí 163/2010.

Airteagal 6

Is chuig Poblacht na hIodáile a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 8 Iúil 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
Margrethe VESTAGER
Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin